AMACH ANSEO

BRENDAN Ó DUFAIGH

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

© Foilsitheoirí na gCnoc agus Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

ISBN: 978-0-9549590-2-9

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála ná ar tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótacóipeáil, a thaifeadadh nó eile, gan cead scríofa a fháil roimh ré ó na foilsitheoirí ach amháin de réir coinníollacha ceadúnas ar bith a cheadaíonn cóipeáil theoranta arna eisiúint ag Gníomhaireacht Cheadúnaithe Cóipchirt na hÉireann, Lárionad Scríbhneoirí na hÉireann, Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

Maoinithe ag Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
An chéad chló: 2011

Buíochas agus Séanadh

Gabhann an t-údar a bhuíochas pearsanta le Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíoctha as an leabhar a mhaoiniú agus go speisialta le Príomhfheidhmeannach na heagraíochta, Muireann Ní Mhoráin, a chaith go proifisiúnta leis i rith an ama. Tá na foilsitheoirí iontach buíoch do Choláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath (leathanaigh 31, 38, 49, 58, 62), An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (leathanaigh 15, 20, 28, 56, 78) agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (leathanaigh 14, 46) as cead a thabhairt dúinn. Gabhann an t-údar buíochas fosta le foireann Choláiste Oiriall, Muineachán, le Faela Nig Aonghusa a rinne an dearadh uilig ar an leabhar agus le Cathal Ó Donnghaile a bhí mar chomhairleoir teanga agus mar cheartaitheoir profaí.

Athraíonn cúrsaí, riachtanais iontrála agus íosriachtanais pointí ó bhliain go bliain. Níl na foilsitheoirí nó an t-údar freagrach as aon eolas míchruinn atá sa leabhar seo. Moltar do mhic léinn réamheolairí agus lámhleabhair coláistí a léamh go cúramach.

Le fáil ó:

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.

Arna fhoilsiú ag Foilsitheoirí na gCnoc, 15 Cloverhill, Muineachán

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

AMACH ANSEO

ROINN 1 – AN BEALACH CHUN AN CHOLÁISTE

1.	Na hÁbhair Ardteiste	7
2.	Riachtanais Iontrála Tríú Leibhéal	13
3.	Scileanna Staidéir	19
4.	Roghnú Cúrsaí agus Líonadh Fhoirm an CAO	27
5.	Treoir maidir le cúrsaí UCAS	33
6.	Treochtaí Institiúidí Tríú Leibhéal	37
7.	Tairiscintí an CAO	45
8.	Breisoideachas	52
9.	Gnóthaí Airgid, Deontais agus Scoláireachtaí	55
10.	Eispéireas an Tríú Leibhéal	61
11.	Peannphictiúir Ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta agus Coláistí Oideachais	64

ROINN 2 – NA CATAGÓIRÍ GAIRME

12.	Eolaíocht	87
13.	Teicneolaíocht Faisnéise	95
14.	Innealtóireacht	101
15.	Foirgníocht agus Ailtireacht	105
16.	Gnó, Rúnaíocht agus Cuntasaíocht	112
17.	Míochaine, Paraimhíochaine agus Banaltracht	115
18.	Ealaín agus Dearadh	128
19.	Státseirbhís agus Rialtas Áitiúil	133
20.	Múinteoireacht, Naíscolaíocht agus Cúram Leanaí	137
21.	Na Meáin agus Cumarsáid	141
22.	Díolacháin, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí	145
23.	Obair Shóisialta, Síceolaíocht agus Comhairleoireacht	149
24.	Fáilteachas agus Turasóireacht	153
25.	Fórsaí Cosanta, Dlí agus Slándáil	158
26.	Siamsaíocht agus Spórt	165
27.	Iompar	169
28.	Faisean agus Cúram Scéimhe	173
29.	Talmhaíocht agus Gairneoireacht	177
30.	Gnó Muirí, Iascaireachta agus Uisce	181

ROINN 3 – BLAISEADH DEN FHOSTAÍOCHT

31.	Iarratas ar phost	187
32.	Agallaimh	192
33.	Cearta Oibrithe, Cánacha agus Íocaíochtaí Leasa Shóisialta	197

	AGUISÍN 1 – SONRAÍ AR CHÚRSAÍ LEIBHÉAL 8 OLLSCOILEANNA (2010)	203
	AGUISÍN 2 – TEAGMHÁIL LE hINSTITIÚIDÍ TRÍÚ LEIBHÉAL	217

ROINN 1

1 AN BEALACH CHUN AN CHOLÁISTE

CAIBIDIL 1

Na hÁbhair Ardteiste

Grúpáiltear na hábhair mar seo a leanas: na Teangacha, na hEolaíochtaí, an Staidéar Gnó, na hEolaíochtaí Feidhmeacha, Ábhair Shóisialta agus Staidéar Ealaíne.

SUIMEANNA & BUANNA

Amharcaimis anois ar na grúpaí seo agus na coinníollacha a bhaineann le gairmeacha atá bainte leo chomh maith leis an chineál pearsantachta a bhíonn ag duine a roghnaíonn na hachair sin.

GRÚPA NA dTEANGACHA

Gaeilge, Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Laidin, Gréigis, Araibis, Seapáinis, Rúisis, Staidéir Chlasaiceacha

Daltaí a bhfuil bua sna Teangacha acu, thig leo ...

- Obair a dhéanamh ar a bhfoclóir féin, nathanna agus cora cainte
- Iarracht a dhéanamh cuairt a thabhairt ar áit ina labhraítear an teanga go nádúrtha
- Iad féin a chur in iúl go maith
- Fuaimeanna agus frásaí a thógáil go maith;
- Ciall bheith acu do na mionsonraí teanga (aimsirí, aontú agus tuisil)
- Suim bheith acu sa chultúr as a n-eascraíonn an teanga

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar theanga eile nua-aimseartha?

- Is mian leat an chuid is mó taitnimh a bhaint as do shaoire thar lear
- Taitníonn fuaimeanna difriúla na teanga coimhthíche *(foreign)* leat
- Is mian leat taisteal agus áiteanna nua a thaiscéaladh.
- Tá tú maith do do chur féin agus do chuid tuairimí in iúl
- Is mian leat an cainéal teilifíse sa teanga choimhthíoch a thuigbheáil
- Tá dúil mhór agat i bhfocail, i bhfrásaí agus sa cheol

GRÚPA NA nEOLAÍOCHTAÍ

Matamaitic, Fisic, Ceimic, Fisic agus Ceimic, Bitheolaíocht, Matamaitic Fheidhmeach.

Daltaí a bhfuil bua sna hEolaíochtaí acu, bíonn ...

- Tuiscint acu ar an mhata mar dhóigh leis an domhan a mhíniú go heolaíoch
- Cumas acu ar scríobh go soiléir agus go hachomair
- Fiosracht acu i leith an domhain atá ina dtimpeall
- Meas acu ar na modhanna eolaíocha le rudaí a oibriú amach
- Mian acu an domhan a thaiscéaladh agus a mhíniú ar dhóigh réasúnach.

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar ábhar eolaíochta?

- Is mian leat dul chun an choláiste le heolaíocht, innealtóireacht, leigheas nó banaltracht a dhéanamh.
- Is mian leat eolaíocht a úsáid le coireanna a fhuascailt
- Tá tú fiafraitheach agus buartha fá chúrsaí timpeallachta
- Is mian leat fáil amach cad chuige a bhfuil ainmhithe móra fíochmhara áirithe ag dul i léig
- Is mian leat fios bheith agat cén dóigh a mbíonn tionchar ag domhantarraingt ar an solas
- Is mian leat nádúr agus contúirt na radaíochta a thuigbheáil

GRÚPA AN STAIDÉIR GHNÓ

Cuntasóireacht, Gnó, Eacnamaíocht

Daltaí a bhfuil bua sa Ghnó acu, bíonn ...

- Suim acu i dtreochtaí tomhaltóirí, luaineacht an mhargaidh (market fluctuation) agus cleachtas lucht gnó
- Cruinneas acu maidir le cláir chomhardaithe (balance sheets) agus cuntais
- Suim acu i saol an ghnó
- Dúil acu nuacht ghnó a leanstan sna nuachtáin, ar an teilifís agus ar an idirlíon
- Cumas acu tuairim agus meastachán a thabhairt agus é a dhearbhú (confirm) le tagairtí;

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar ábhar Gnó?

- Tá tú maith i gceann cuntas agus staidrimh (statistics)
- Is mian leat fáil amach fá chúrsaí cánach agus an dlí
- Is breá leat domhan na tráchtála agus an ghnó
- Léann tú na rannóga gnó sna nuachtáin
- Baineann tú sult as bheith ag plé le daoine

GRÚPA NA n-EOLAÍOCHTAÍ FEIDHMEACHA NÓ NA n-ÁBHAR PRAITICIÚIL

Innealtóireacht, Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, Staidéar Foirgníochta, Eolaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht Talmhaíochta.

Daltaí a bhfuil bua na Praiticiúlachta acu, tig leo bheith ...

- Cruthaitheach nuair a bhíonn siad ag teacht ar réiteach fadhbanna;
- Comhordaithe agus sciliúil agus iad ag cur a gcuid tascanna i gcrích
- Cruinn agus cúramach ag tarraingt líníochtaí agus ag déanamh tascanna
- Loighciúil le smaointe seicheamhacha (sequential) nuair a bhíonn siad ag tabhairt faoi thasc

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar ábhar praiticiúil?

- Bhain tú do chuid bréagán as a chéile le fáil amach cén dóigh ar oibrigh siad
- Bheadh suim agat i bprintíseacht éigin a dhéanamh
- Is breá leat rudaí a dhéanamh, a dheisiú agus a chóiriú
- Is breá leat bheith ag obair le rudaí fisiceacha agus le hábhair
- Is cuma leat fá thormán, salachar agus contúirt
- Tig leat obair néata chruinn a dhéanamh taobh istigh den sprioc-am tugtha
- Is maith leat rudaí a dhearadh agus a phleanáil.

STAIDÉAR EALAÍNE

Ealaín *(ar a n-áirítear Ceardaíocht)*, Ceol.

Daltaí a bhfuil bua san ealaín acu, bíonn ...

- Suim acu i saothair na n-ealaíontóirí móra
- Ní miste leo bheith ag obair ina n-aonair nó mar bhall de ghrúpa
- Bíonn siad díograiseach i leith a gceirde
- Dúil acu i bhféinléiriú agus tá siad tiomanta air sin a fhoirfiú *(make perfect)*;
- Tuiscint acu ar an taobh chruthaitheach agus ealaíonta den saol
- Toil acu díriú ar na cleachtaí agus na teicnící lena gcumas agus a stíl fhoirfe féin a fhorbairt

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar ábhar ealaíonta?

- Tá 'amharc-aireacht' *(visual awareness)* agat
- Tá tú toilteanach obair a dhéanamh le linn am scoile agus i d'am saor agus do shaoirí le cumhdach *(portfolio)* a ullmhú
- Is mian leat na tréithe ealaíonta agus léiritheacha nó mothúchánacha *(expressive)* de do phearsantacht a fhorbairt agus a spreagadh
- Tá meas agat ar cheol maith de gach cineál
- Tá a fhios agat an difríocht idir scáileanna/doimhneacht datha agus toin
- Tig leat ealaín agus ceol a anailísiú agus a mheasúnú
- Tá tú cruthaitheach, samhlaíoch agus ealaíonta

GRÚPA NA nÁBHAR SÓISIALTA

Stair, Tíreolaíocht

Daltaí a bhfuil bua i Stair nó Tíreolaíocht acu, léiríonn siad ...

- Suim sa domhan mar atá sé anois agus mar a bhí anallód
- Cíocras mór maidir le saincheisteanna reatha a mhíniú agus a imscrúdú
- Suim sa léitheoireacht agus bheith ag coimhéad cláir iomchuí *(relevant)* ar an teilifís nó an fhístéip
- Cumas lena gcur féin in iúl go cruinn agus a gcuid argóintí a neartú le heolas ábhartha;
- Meas ar fhoinsí stairiúla agus tuiscint an tíreolaí ar thosca nó chúinsí *(circumstances)*

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar Stair nó Tíreolaíocht?

- Is mian leat fáil amach cad é mar a cruthaíodh tírdhreach na hÉireann
- Is mian leat fáil amach cén dóigh ar bunaíodh Tuaisceart Éireann
- Is cúis imní duit saincheisteanna imshaoil cosúil le Dífhoraoisiú agus Téamh Domhanda.
- Is mian leat níos mó a fhoghlaim fá d'áit chónaithe agus do thimpeallacht
- Is mian leat bheith ábalta léarscáileanna a léamh agus loingsiú nó seoladh dá réir
- Tá suim mhór agat i gcúrsaí reatha agus saincheisteanna tráthúla

GRÚPA NA hEACNAMAÍOCHTA BAILE

Eacnamaíocht Bhaile *(Sóisialta agus Eolaíoch)*, Teagasc Críostaí

Daltaí a bhfuil bua in Eacnamaíocht Bhaile agus Reiligiúin acu, léiríonn siad ...

- Suim sa chócaireacht, ag triail blasanna éagsúla agus cothaithigh *(nutrition)* de réir luach an airgid
- Suim agus eolas i dtaca le cúrsaí reatha, saincheisteanna sóisialta agus saol teaghlaigh agus inniúlacht ar scríobh fúthu sin ag tabhairt tacaíochta dá gcuid tuairimí
- Suim i ndearadh éadaí, ábhair, stíleanna agus fiú mian acu bheith ag déanamh éadaí
- Bua maidir le dearadh tithe, cistineacha agus áiteanna eile sa dóigh is go mbeadh siad feidhmiúil agus éifeachtúil

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar Eacnamaíocht Bhaile nó Eolas Reiligiúnda?

- Tá suim agat sna fadhbanna sóisialta alcólachas, drugaí agus mí-íde
- Tá spéis agat i saincheisteanna ar nós na bochtaineachta agus na coiriúlachta
- Tá suim agat san Altranas, san Obair Shóisialta, sa Chúram Leanaí nó sa Lónadóireacht
- Is mian leat foghlaim fán chócaireacht le haghaidh an ama a bheas tú ar shiúl as baile.
- Is mian leat fios bheith agat an bhfuil sé mícheart bheith ag goid is cuma cad iad na cúinsí.
- Is mian leat níos mó a fhoghlaim maidir le vitimíní, próitéin, carbaihiodráití agus saillte.
- Is mian leat an Diagacht *(Theology)* a fhiosrú.

TÁBHACHT NA MATAMAITICE

Is minic a bhíonn deacrachtaí ag mic léinn leis an mhata agus go mbíonn ráta ard teipthe san ábhar ó bhliain go bliain. Is féidir go dteipfeadh ar suas le 15% den ghrúpa iomlán a ghlacann mata ag an ghnáthleibhéal an grád pas, D3 nó níos airde, a fháil. Glacann níos mó daltaí an mhatamaitic ná aon ábhar eile sa Teastas Sinsearach. Is réamhriachtanas iontrála é don chuid is mó de na coláistí tríú leibhéal (ach ní iad uilig), agus mar sin de, má theipeann ar mhac léinn sa mhata cé go n-éiríonn go maith leis go ginearálta ina chuid ábhar eile, is féidir go ndéanfaí é a dhíbharrú *(debar)* ó dhul isteach ar an chúrsa a roghnaigh sé.

Ón bhliain 2012 ar aghaidh tugtar bronntar bónasphointí d'Ardleibhéal Matamaitic sna hOllscoileanna uilig agus sna Institiúidí Teicneolaíochta. Seard atá i gceist ná 25 pointe a chur le cibé grád a bhaineann dalta amach in Ardleibhéal Matamaitic ag D3 nó níos airde, mar shampla: D3 = 45 pointe + 25 pointe bonais = 70 pointe san iomlán. Mar sin is féidir le dalta uasphointe CAO de 625 pointe a bhaint amach. Ní thugtar aon bhónasphointí, áfach, do ghrád níos ísle ná D. Tá roinnt coláistí, áfach, ag cloí le 600 pointe mar uasmhéid pointí. Tuigtear go mbeidh scéim na mbónasphointí mealltach do dhaltaí a bhfuil sé d'acmhainn acu toradh an-mhaith a bhaint amach ag gnáthleibhéal. Faoin chóras nua tá scór ghrád D ar bith ag ardleibhéal níos fearr ná an scór is airde ag gnáthleibhéal. Tá córas nua seo na mbónasphointí in úsáid do thréimhse thástála ceithre bliana agus déanfar athbhreithniú air i 2014.

Is iad an Mhata agus an Ghaeilge an t-aon dá ábhar sa Teastas Sinsearach a mbíonn rogha iad a dhéanamh ag trí leibhéil dhifriúla, le siollabas bonnleibhéil agus scrúdú chomh maith le gnáth- agus ard-leibhéal mar a thairgtear sna hábhair eile ar fad. Gach bliain glacann lear mór mac léinn (tuairim is 6,000) daltaí mata ag an bhonnleibhéal agus bíonn ráta ard pas ann ag 95% nó mar sin.

An ndéanfadh sé níos mó céille, mar sin de, ag daltaí nach bhfuil ar a gcompord leis an mhata, an t-ábhar a dhéanamh ag an bhonnleibhéal nó an bhfuil míbhuntáistí lena leithéid de chinneadh? An gcomhlíonann mata ag an bhonnleibhéal riachtanais iontrála na gcoláistí?

Is é an freagra go bhfuil bonnleibhéal na matamaitice inghlactha mar ábhar iontrála ar réimse measartha cúrsaí tríú leibhéal, go háirithe in earnáil institiúid na teicneolaíochta, faoi réir rialacha sonracha áirithe. Tá sé choláiste ann atá páirteach sa Lár-Oifig Iontrála (CAO) nach nglacfaidh leis sin, áfach. Tá roinnt coláistí ann, mar DIT, a ghlacfaidh le Bonnleibhéal Mata mar ábhar a shásóidh íosriachtanais iontrála *(minimum entrance requirements)*, ach ní bhronnfaidh siad pointí ar a shon, ná ní ghlacfaidh siad leis mar ábhar a shásóidh riachtanas sonrach cúrsa ina mbíonn mata de dhíth.

BONNLEIBHÉAL

Ta thart ar 16 choláiste áfach agus mórchuid na n-institiúidí teicneolaíochta agus roinnt mhaith coláistí príobháideacha a ghlacfaidh le bonnleibhéal mata mar ábhar pas agus a bhronnfaidh pointí ar a shon mar seo a leanas: A1=20; A2=15; B1=10; B2=5. Sásaítear an riachtanas mata dá lán cúrsaí sa ghrúpa seo le Grád D nó níos airde ag gnáthleibhéal nó le Grád B2 nó níos airde ag bonnleibhéal. Ní ghlactar le bonnleibhéal mata le haghaidh iontrála in aon chéim onórach don altranas.

Mar sin de, b'fhéidir gurb é an Bonnleibhéal Mata an freagra do mhic léinn nach bhfuil ag roghnú cúrsaí tríú leibhéal a bhfuil an mhata mar chomhábhar tábhachtach ann. Má bhíonn an mhata tábhachtach i do rogha chúrsa ba cheart duit ar a laghad an cúrsa gnáthleibhéil a leanstan.

Bíonn ráta teipthe de thart ar 4-5% in Ardleibhéal Mata. Ach in amanna ní leor fiú amháin pas san ardleibhéal le riachtanais chúrsaí áirithe a shásamh. Bíonn Grád C3 de dhíth, cuir i gcás, in Ardleibhéal Mata do chláir chéimeanna onóracha san Innealtóireacht. Cuireann roinnt ollscoileanna, Gaillimh agus Má Nuad mar shampla, scrúduithe speisialta mata ar fáil do mhic léinn innealtóireachta ar theip orthu an grád a bhaint amach. Má éiríonn leat sa scrúdú sin is leor é le dul ar aghaidh leis an chúrsa atá i gceist.

2 RIACHTANAIS IONTRÁLA 3Ú LEIBHÉAL

CAIBIDIL 2

Riachtanais Iontrála Tríú Leibhéal

TEANGACHA

Ní gá go mbeadh an tríú teanga agat do gach institiúid tríú leibhéal. Tá an tríú teanga de dhíth ort le staidéar a dhéanamh sna cúig choláiste de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (NUI). Níl de dhíth ach pas ag Gnáthleibhéal. Seans go mbeidh riachtanas iontrála níos airde, áfach, má bhíonn sé i gceist agat staidéar a dhéanamh ar theanga mar chuid de chúrsa. Seo a leanas na coláistí atá i gceist:

- Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD)
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (UCG)
- Ollscoil na hÉireann, Corcaigh (UCC)
- Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad (NUI, Maynooth)
- Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh (NCAD)
- Coláiste San Aingeal, Sligeach (mar chuid de Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

Tá teanga Mhór Roinne de dhíth le bheith i d'ábhar oifigigh *(cadet)* san Arm nó san Aerchór *(air corps)*. Iarrann Coláiste na Trionóide, Ollscoil Luimní agus Ollscoil Chathair Átha Cliath Béarla agus teanga eile ach sásaíonn an Ghaeilge an riachtanas teanga seo.

Bíonn Fraincis nó Gearmáinis theicniúil mar chuid den staidéar i roinnt cúrsaí Eolaíochta agus Innealtóireachta ach de ghnáth ní bhíonn an teanga mar riachtanas iontrála. Tá C Ardleibhéal Gaeilge riachtanach fá choinne oiliúint bhunscolaíochta sna coláistí oiliúna i bPoblacht na hÉireann. Tá ábhar eolaíochta riachtanach fá choinne oiliúint bhunscolaíochta sa Ríocht Aontaithe. Tá C Gnáthleibhéal Gaeilge riachtanach fá choinne gach cúrsa oideachais (Corpoideachas srl.) in Ollscoil Luimní. Tá C Ardleibhéal Béarla de dhíth fá choinne roinnt cúrsaí cumarsáide agus cúrsaí iriseoireachta.

Tá nuatheanga mar riachtanas iontrála i roinnt cúrsaí sna hInstitiúidí Teicneolaíochta, cúrsaí cosúil le hEalaíona na Meán *(Media Arts)*, Bainistíocht Fóillíochta *(Leisure)*, na hEalaíona Cistineacha *(Culinary)*, Óstán agus Lónadóireacht (Catering), Margaíocht Turasóireachta, Taisteal agus Turasóireacht agus Gnó agus Teanga. Tá ábhar (nó ábhair) Eolaíochta ag an Ardleibhéal ag teastáil ó chuid mhór céimeanna eolaíochta.

EISCEACHTAÍ

Cé gur coláiste de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann é an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, freastalaíonn Ealaín ar an riachtanas iontrála mar an tríú teanga mar féachtar ar Ealaín mar theanga amhairc. Tairgeann Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Corcaigh (UCD, NUI Gaillimh, UCC) cúrsaí céime san Altranas agus níl an tríú teanga mar riachtanas iontrála ar na cúrsaí seo.

GNÓ AGUS CUNTASAÍOCHT

Is fíor-annamh a iarrann cúrsaí go mbeadh Gnó nó Cuntasaíocht san Ardteist mar riachtanas iontrála ach tá roinnt cúrsaí Gnó ann a lorgaíonn B3 Gnáthleibhéal sa Mhatamaitic mar riachtanas iontrála. Deirtear i dtaca le cúrsaí áirithe go múineann siad Cuntasaíocht ó thús ach mar sin féin bíonn na cúrsaí seo an-dian ar mhic léinn nach bhfuil aon eolas acu ar an Chuntasaíocht roimh ré.

EALAÍN AGUS CEOL

Is féidir Ealaín a dhéanamh ag leibhéal na hArdteiste fiú mura mbíonn sé déanta ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Clúdaíonn Ealaín na hArdteiste Stair na hEalaíne, léirthuiscint agus obair phraiticiúil. Tá Ealaín úsáideach fá choinne slite beatha san Ailtireacht, Dearadh Istigh, Grafaicí, Teilifís agus Léiriú Físeán. Tá éagsúlacht agus caighdeán na hoibre a chuirtear ar fáil sa chumhdach cáipéisí *(portfolio)* fíorthábhachtach chun áit a fháil sa chuid is mó de na cúrsaí Ealaíne.

Is ullmhúchán maith é an Ceol fá choinne slite beatha mar eagarthóir ceoil, innealtóir ceoil, meascthóir ceoil, ag plé le bogearraí ceoil, bainistíocht cheoil, díolaíocht cheoil agus tionscnóir coirmeacha ceoil. Tá oscailtí ann fosta daofa siúd a bhfuil bua an cheoil acu nó bua na cumadóireachta acu. Clúdaíonn an cúrsa rac-cheol agus teicneolaíocht an cheoil.

STAIR AGUS TÍREOLAS

Is cúlra úsáideach é an Stair fá choinne slite beatha sa Pholaitíocht, Iriseoireacht, Dlí, Státseirbhís, Turasóireacht, Ginealas, Obair Iarsmalainne agus Taighde.

Clúdaíonn Tíreolas an staidéar ar dhaonra, feirmeoireacht, tionsclaíocht, truailliú, staitisticí, acmhainní agus cúrsaí cumarsáide. Glactar leis an Tíreolas mar cheann de dhá ábhar Eolaíochta a iarrtar le haghaidh céimeanna Eolaíochta nó Cógaisíochta *(Pharmacy)* i gColáiste na Tríonóide.

EACNAMAÍOCHT BHAILE

Tugann Eacnamaíocht Bhaile le chéile obair phraiticiúil (cocaireacht), eolaíocht (fiseolaíocht/cothú), gnó (dlí úsáideoirí), foirgníocht (dearadh tí agus teas). Tá Eacnamaíocht Bhaile úsáideach fá choinne slite beatha sa Lónadóireacht, Cúram Leanaí, Eolaíocht an Bhia, Altranas, Obair Shóisialta agus Socheolaíocht.

NA hÁBHAIR EOLAÍOCHTA

Fisic: Pléann an Fhisic le hábhair cosúil le teas, solas, leictreachas agus maighnéadas *(magnetism)*. Tá sé ríthábhachtach sa Teicneolaíocht agus ríthábhachtach fosta do mhic léinn atá ag smaoineamh ar speisialtóireacht a dhéanamh i mbeagnach gach brainse den innealtóireacht. Bíonn staidéar ar Fhisic mar pháirt de roinnt cúrsaí Paraimhíochaine cosúil le Radagrafaíocht agus Fisiteiripe.

Bitheolaíocht: Staidéar na beatha agus nithe beo is ea an Bhitheolaíocht. Tá sé mar bhunchloch eolais fá choinne na gcéadta slí bheatha ó Mhuireolaíocht *(oceanography)* agus Éiceolaíocht go dtí Leigheas agus Biteicneolaíocht *(biotechnology)*.

Ceimic: Clúdaíonn an Cheimic na dlíthe a bhaineann le hathruithe ceimiceacha. Baineann sé le gach rud a chaithimid agus a úsáidimid mar shampla cógais, ábhair phlaisteacha agus ábhair leasaithe *(preservatives).* Lorgaíonn Ollscoil na Ríona dhá ábhar eolaíochta fá choinne a gcuid cúrsaí Leighis agus Eolaíochta agus ainmníonn roinnt mhaith acu Ceimic mar ábhar amháin atá riachtanach d'iarrthóirí. Tá Ceimic riachtanach fosta do Chothú Daonna agus Diaitéitic *(Human Nutrition and Dietetics)* in Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath (DIT), don Fhiaclóireacht in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh (UCC), don Tréidliacht *(veterinary science)* in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD) agus don Chógaisíocht i gColáiste na Tríonóide.

CÉN t-ÁBHAR EOLAÍOCHTA?

Má bhíonn sé i gceist ag mac léinn iarratas a chur isteach chuig Ollscoil fá choinne céim éigin sa Leigheas, Innealtóireacht, Eolaíocht, Radagrafaíocht, Fisiteiripe, Cothú Daonna, Eolaíocht an Bhia, Cógaisíocht, Altranas nó Eolaíochtaí Saotharlainne Leighis, caithfidh pas a bheith aige ar a laghad in ábhar Eolaíocht Saotharlainne amháin. Ní ghlactar le hEacnamaíocht Bhaile mar ábhar Eolaíocht Saotharlainne.

Mar sin má bhíonn dalta ag smaoineamh ar cheann ar bith de na cúrsaí thuas caithfidh sé ar a laghad ábhar amháin eolaíochta a roghnú fá choinne na hArdteiste. Má bhíonn sé ar intinn agat dul i mbun ceann ar bith de na cúrsaí thuas i gColáiste na Tríonóide caithfidh tú dhá ábhar eolaíochta a bheith déanta agat. Lorgaíonn Ollscoil Uladh dhá ábhar eolaíochta go minic fosta.

Bheadh Bitheolaíocht nó Ceimic níos úsáidí agus níos tairbhí do mhic léinn a bhfuil suim acu sa Leigheas agus san Altranas. Bheadh Fisic níos úsáidí agus níos buntáistí do mhic léinn a bhfuil suim acu san Innealtóireacht, Leictreonaic, Ríomheolaíocht, Radagrafaíocht agus Optaiméadracht *(optometry).*

- Moltar Ceimic agus Bitheolaíocht ina n-ábhair eolaíochta do na naoi gcúrsa céime san Eolaíocht Talmhaíochta in Ollscoil na hÉireann, Áth Cliath (UCD).
- Moltar Ceimic agus Fisic ina n-ábhair eolaíochta san Innealtóireacht in Ollscoil na hÉireann, Áth Cliath (UCD).
- Moltar Ceimic ina hábhar eolaíochta fá choinne cúrsaí míochaine.

CÚRSA	RIACHTANAIS IONTRÁLA
COLÁISTE NA TRÍONÓIDE	
CÓGAISÍOCHT	C Ardleibhéal Ceimice C Ardleibhéal i gceann acu seo: Fisic, Matamaitic nó Bitheolaíocht B Ardleibhéal i gceann acu seo: Fisic, Ceimic nó Bitheolaíocht C Ardleibhéal i gceann acu seo: Fisic, Ceimic nó Bitheolaíocht
LEIGHEAS & FIACLÓIREACHT	B Ardleibhéal i gceann acu seo: Fisic, Ceimic nó Bitheolaíocht ***agus*** C Ardleibhéal i gceann acu seo: Fisic, Ceimic nó Bitheolaíocht
FISITEIRIPE	C Ardleibhéal in dhá ábhar ón liosta seo: Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Matamaitic
TEIRIPE SHAOTHAIR (OCCUPATIONAL)	C Ardleibhéal i gceann acu seo: Fisic, Ceimic nó Bitheolaíocht
TEIRIPE RADAGRAFAÍOCHTA	C Ardleibhéal i gceann acu seo: Fisic, Ceimic nó Bitheolaíocht
EOLAÍOCHT	C Ardleibhéal in dhá ábhar ón liosta seo: Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Matamaitic, Tíreolas
TEIRIPE URLABHRA	C Ardleibhéal i gceann acu seo: Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Matamaitic ***agus*** C Ardleibhéal i gceann acu seo: Fraincis, Gearmáinis, Béarla, Gaeilge, Spáinnis
GÉINEOLAÍOCHT (GENETICS) DHAONNA	C Ardleibhéal in dhá ábhar ón liosta seo: Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Matamaitic
CEIMIC MHÍOCHAINE	C Ardleibhéal in dhá ábhar ón liosta seo: Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Matamaitic, Tíreolas
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA ÁTHA CLIATH (DIT)	
INNEALTÓIREACHT	C Ardleibhéal i Matamaitic agus D3 Gnáthleibhéal san Fhisic nó sa Cheimic
OPTAIMÉADRACHT	C Ardleibhéal in ábhar eolaíochta
EOLAÍOCHT BHITHMHÍOCHAINE	C Ardleibhéal in ábhar eolaíochta
TEICNEOLAÍOCHT AN BHIA	C Ardleibhéal in ábhar eolaíocht
DLÍ-EOLAÍOCHT (FORENSICS) & EOLAÍOCHT IMSHAOIL	B3 Gnáthleibhéal i Matamaitic

MATAMAITIC

- Tá C Ardleibhéal Matamaitice de dhíth fá choinne gach cúrsa céime san Innealtóireacht i ngach ollscoil.
- Tá C Ardleibhéal Matamaitice de dhíth fosta fá choinne Staidéar Achtúireachta *(Actuarial)* agus Airgeadais i gColáiste na hOllscoile, Áth Cliath.
- Tá C Ardleibhéal Matamaitice de dhíth fosta fá choinne Eacnamaíochta agus Airgeadais san ollscoil chéanna
- Tá B1 Ardleibhéal Matamaitice de dhíth fá choinne na nEolaíochtaí Matamaiticiúla agus B2 Ardleibhéal Matamaitice de dhíth don Fhisic Theoiriciúil.
- Tá B3 Gnáthleibhéal Matamaitice riachtanach le fáil isteach i gcuid mhór cúrsaí céime san eolaíocht, gnó, cuntasaíocht agus tráchtáil.

Ón bhliain 2012 ar aghaidh tugtar bronntar bónasphointí d'Ardleibhéal Matamaitic sna hOllscoileanna uilig agus sna Institiúidí Teicneolaíochta. Seard atá i gceist ná 25 pointe a chur le cibé grád a bhaineann dalta amach in Ardleibhéal Matamaitic ag D3 nó níos airde, mar shampla: D3 = 45 pointe + 25 pointe bonais = 70 pointe san iomlán. Mar sin is féidir le dalta uasphointe CAO de 625 pointe a bhaint amach. Ní thugtar aon bhónasphointí, áfach, do ghrád níos ísle ná D. Tá roinnt coláistí, áfach, ag cloí le 600 pointe mar uasmhéid pointí. Tuigtear go mbeidh scéim na mbónasphointí
mealltach do dhaltaí a bhfuil sé d'acmhainn acu toradh an-mhaith a bhaint amach ag gnáthleibhéal. Faoin chóras nua tá scór ghrád D ar bith ag ardleibhéal níos fearr ná an scór is airde ag gnáthleibhéal. Tá córas nua seo na mbónasphointí in úsáid do thréimhse thástála ceithre bliana agus déanfar athbhreithniú air i 2014.

RÉAMHINSINT AR DHEISEANNA FOSTAÍOCHTA AMACH ANSEO

Earcaíonn 40% d'fhostóirí céimithe ó aon disciplin. Tá na torthaí agus na scileanna atá forbartha ag na mic léinn sa choláiste níos tábhachtaí do na fostóirí seo ná ábhair na céime. Bhí titim ollmhór sa tsuim a léirigh mic léinn sna cúrsaí Teicneolaíocht Faisnéise/Ríomhaireachta le linn ré an Tíogair Cheiltigh agus anois tá fostóirí thíos leis. Níl ach 150 céimí bogearraí i mBaile Átha Cliath ach tá na mílte deise do chéimithe san earnáil ach níl fostóirí ábalta iad a líonadh.

Tá fostóirí ag lorg an dara teanga níos mó agus níos mó, bíodh sé Fraincis, Gearmáinis nó Spáinnis. Ba mhaith leo teanga a bheith taobh ar thaobh le céim ghnó, mhargaíochta, dhíolacháin nó chuntasaíochta. I 2011 bhí an National Skills Bulletin á thuar go mbeidh ganntanas ceimiceoirí, innealtóirí, innealtóirí bogearraí, cuntasóirí, dochtúirí, sainaltraí, radagrafaithe, lucht díolacháin agus margaíochta agus céimithe leis an dara teanga oibre in Éirinn gan mhoill.

Seo a leanas torthaí staidéir earcaíochta a rinneadh a thaispeáin an líon is mó céimithe a earcaíodh in Éirinn i 2010/2011. Sa chéad áit bhí Cuntasaíocht agus Bainistíocht Airgeadais, ansin Baincéireacht, Árachas agus Seirbhísí Airgeadais, ansin Innealtóireacht agus Déantúsaíocht, ansin Teicneolaíocht na Faisnéise agus Telecoms agus ansin Miondíol agus Díolachán. D'ainneoin an éilimh d'innealtóirí níl na cúrsaí ollscoileanna agus cúrsaí Institiúidí Teicneolaíochta ag mealladh go leor iarrthóirí chun iad a líonadh.

3 SCILEANNA STAIDÉIR

CAIBIDIL 3

Scileanna Staidéir

An bhfuil tú ag fáil luach do shaothair don am atá á chaitheamh agat ag staidéar? An mbíonn tú ag brionglóideach? An mbíonn tú ag déanamh dearmaid láithreach ar eolas atá foghlamtha agat? Sa tseomra ranga ná suigh ansin i do thost. Cuir ceisteanna, déan iarracht ar fhreagairt, breac síos nótaí, glac páirt sa cheacht.

OBAIR BHAILE

Ó thaobh obair bhaile de ná cóipeáil amach as an leabhar í. Léigh an leabhar i dtús ama, druid é agus ansin déan do dhícheall. Má bhíonn tú san fhaopach, oscail an leabhar, seiceáil an t-eolas, druid arís é agus lean ort ag obair. Foghlaimíonn tú ó do chuid botún. Coinnigh cuimhne go bhfuil tú ag déanamh réidh fá choinne scrúduithe gan leabhair agus in éadan an chloig. Is féidir drochnósanna a fhoghlaim má thógann tú chomh fada agus is mian leat ag obair bhaile mar beidh sé doiligh agat do chuid scrúduithe a chríochnú taobh istigh den am atá leagtha amach.

Bíonn tionchar mór ag an ionad staidéir ar an mhéid a fhoghlaimíonn an duine. Bíodh ionad staidéir buan agat - seomra leapa, seomra suite. Coimeád na leabhair, pinn, gléasanna mata srl. ansin. Seachain 'ceantar' clainne sa teach, áiteanna atá torannach nó callánach agus lán de mhearaí.

Bíonn go leor solais de dhíth fá choinne léamh ginearálta. Bíodh an seomra compordach gan an iomarca teasa. Cinntigh go ligtear aer úr isteach sa seomra – an fhuinneog oscailte rud beag, b'fhéidir.

Is fearr suí agus staidéar a dhéanamh ar chathaoir le cúl crua uirthi in aice le tábla nó deasc. Ní áit mhaith í a bheith i do shuí ar leaba nó i gcathaoir uilleach, go háirithe má bhíonn scríobh le déanamh agat. Déan cinnte go bhfuil an áit nó an t-ionad staidéir saor ó bharraíocht torainn nó mearaí cosúil le teilifís, raidió, teileafón agus cuairteoirí.

FOGHLAIM GHNÍOMHACH

Ciallaíonn foghlaim ghníomhach *(active learning)* ag plé leis an ábhar agus ag smaoineamh fríd na téamaí, na modhanna, na smaointe agus na coincheapa. Is bealach róshimplí agus rófhalsa é an leabhar a thabhairt amach agus é a léamh in ionad bheith ag oibriú amach dóigheanna chun ábhar a thuiscint. Is féidir tabhairt faoi fhoghlaim ghníomhach fríd:

- Tógáil ar an eolas atá agat cheana féin
- Ag cur ceisteanna de shíor fán ábhar atá idir lámha agat
- Ag breacadh nótaí agus a leithéidí sin.

Má tá tú ag súil leis go n-éireoidh leat ag staidéar caithfidh inspreagadh *(motivation)* a bheith agat agus caithfidh tú a bheith ag iarraidh foghlaim. Beidh nósanna agus stíleanna faoi leith a mbeidh dúil agat iontu ach coinnigh cuimhne go mbeidh scileanna eile níos luachmhaire duit do thascanna faoi leith.
Le bheith ag foghlaim go héifeachtach caithfidh tú bheith ábalta do chuid ama a bhainistiú ar na ballaí seo:

- Bheith eagraithe agus áit a roghnú le bheith ag staidéar
- Ag pleanáil agus ag tabhairt tosaíochta d'ábhair faoi leith i rith an ama
- Gan dul ar seachrán nó bheith bainte de do threoir.

Déan an obair is casta nuair atá do chumas dianmhachnaimh ag an staid is láidre. Glac sosanna go rialta. Ní gá a bheith slachtmhar nó néata le bheith eagraithe. Tá tú ag iarraidh córas a oibríonn duitse a aimsiú sa dóigh go mbeidh sé níos fusa agus tú ag staidéar.

CEIRD NA FOGHLAMA

Tá trí pháirt sa phróiseas foghlama: an t-eolas a thuiscint sa rang, ag eagrú agus ag stóráil an eolais (obair bhaile) agus ag cuimhneamh ar an eolas nuair is gá (dul siar). Cuimhnímid ar 10% den mhéid a léimid, 20% den mhéid a chloisimid, 30% den mhéid a fheicimid, 50% den mhéid a chloisimid agus a fheicimid, 70% den mhéid a deirimid agus 90% den mhéid a dhéanaimid.

FAD AMA AG STAIDÉAR

Tá sé rófhurasta am a chur amú. Is scil thábhachtach í bheith ábalta do chuid ama a úsáid go héifeachtach. Oibrigh in éadan an chloig i gcónaí mar is in éadan an chloig a bheas tú sna scrúduithe.

? CÁ HUAIR BA CHEART STAIDÉAR A DHÉANAMH?

- Nuair atá an t-eolas úrnua i d'aigne agus nuair atá tú ar aire agus san airdeall
- Chomh luath agus is féidir tar éis scoile i ndiaidh sos gearr a bheith agat
- Ná déan staidéar i ndiaidh 10.00 i.n.
- Lig do scíth tamall roimh dhul a luí duit.
- Gach lá ach tóg sos ag an deireadh seachtaine. Glac oíche Aoine nó an Satharn nó an Domhnach saor
- Ná stop den staidéar le linn na laethanta saoire
- An t-am céanna gach lá - déan iarracht bheith rialta agus cloí leis an ghnátham chéanna staidéir gach lá.

Tabhair le fios do do chairde na hamanna a mbeidh tú ag staidéar agus nach mbeidh tú ag freagairt an ghutháin. Maireann do réise dianmhachnaimh *(concentration span)* thart fá 20-30 bomaite. Mar sin de, bíodh briseadh beag agat gach leathuair. B'fhéidir go mbeifeá ábalta do thréimhse staidéir a mhéadú le taithí nó le himeacht ama. Bris síos do chuid oibre ina tascanna beaga.

Déan amach sceideal nó plean staidéir duit féin agus cuir isteach rudaí mar seo a leanas: bualadh le cairde, traenáil peile, féachaint ar an teilifís. Mura bhfuil go leor ama fágtha don staidéar b'fhéidir go gcaithfidh tú atheagar a chur ar chúrsaí do shaoil agus tú féin a athrú.

Cá fhad a ba cheart dom caitheamh ag staidéar? Athraíonn seo ó dhuine go duine agus ó ábhar go hábhar. Caith timpeall 1½ - 2 uair a chloig ag déanamh obair bhaile agus 1 – 2 uair ag staidéar (daltaí sinsearacha amháin).

BUNTÁISTÍ AMCHLÁIR

Bíonn a fhios agat cad ba cheart duit a bheith a dhéanamh ag am faoi leith. Cuidíonn amchlár leis an fhócas má bhíonn ort staidéar a dhéanamh ar ábhar faoi leith ar feadh tréimhse faoi leith. Bíonn do chuid oibre eagraithe agus mar sin bíonn sé níos fiúntaí. Leagann sé amach cothromaíocht idir am spraoi agus am oibre i do shaol. Ní fhágtar na hábhair nach maith leat ar lár nuair a leantar amchlár.
Is féidir le hamchlár a bheith solúbtha. Mura bhfuil sé ag obair caithfear é a athrú. Oibrigh amach an bhfuil go leor ama leagtha amach agat fá choinne obair bhaile agus staidéir. Cuir ceist ort féin ar éirigh leat dul siar a dhéanamh ar ábhar nó dhó ag deireadh an tseisiúin agus an féidir leat feabhas a chur ar an amchlár ina iomláine.

AIDHMEANNA STAIDÉIR A LEAGAN AMACH

Bíodh cuspóirí gearrthéarma agat. Cad é a dhéanfaidh mé inniu sna tréimhsí staidéir? An léifidh mé nótaí nó an ndéanfaidh mé nótaí de mo chuid féin amach? An bhfuil tú sásta roinnt athruithe a dhéanamh i do shaol ar mhaithe leis an staidéar? An bhféachfaidh tú ar níos lú clár teilifíse, b'fhéidir, nó níos lú ama a chaitheamh ar an ghuthán nó níos lú ama a chaitheamh ag traenáil peile?

Níl ann ach cur amú ama má dhéanann tú iarracht staidéar a dhéanamh agus gan plean soiléir bheith leagtha amach agat. Déan plean do d'am staidéir, ní hamháin an áit nó an t-ionad staidéir, ach cad é a dhéanfaidh tú agus cad é mar a dhéanfaidh tú é. Socraigh seo roimh ré (réamhphleanáil).

Má roghnaíonn tú Stair mar ábhar staidéir is tús é, ach is fearr a bheith cruinn beacht mar gheall air agus fios iomlán a bheith agat i d'intinn cad é an t-eolas nó an fhoghlaim go díreach a mbeidh tú ag tabhairt fúithi. *Seo a leanas roinnt samplaí*:

Stair:	Creatlach aiste a chur le chéile mar gheall ar ról Pharnell i ngluaiseacht an Rialtais Dúchais.
Béarla:	Anailís ar phríomhcharachtair Ghníomh a hAon den dráma Hamlet.
Gaeilge:	Mórphointí a réiteach i bhfoirm paragraf fá choinne aiste ar Spórt in Éirinn.
Fraincis:	Liosta de bhriathra neamhrialta san aimsir chaite a chleachtadh agus a scríobh amach.

Déan plean den mhéid oibre a ba mhaith leat a bheith déanta agat ag am faoi leith. Ná déan iarracht barraíocht foghlama a dhéanamh mar beidh díomá ort nuair nach n-éireoidh leat. Is fearr méid réalaíoch a dhéanamh i gceart agus ansin beidh tú sásta. Bí dáiríre agus díreach leat féin.

Déantar foghlaim níos fearr nuair a bhristear an tréimhse staidéir le sosanna beaga. Oibrigh ar feadh ½ uair. Tóg sos 5 bomaite. Gabh amach, faigh aer úr agus siúil timpeall le linn an tsosa sin.
Déan staidéar arís ar feadh ½ uair eile. Ná déan níos mó ná dhá uair ag aon seisiún amháin.

NA hÁBHAIR AR CHEART STAIDÉAR A DHÉANAMH ORTHU

Bíonn ábhair áirithe ann a thaitníonn níos mó linn ná ábhair eile. Bheadh sé iontach furasta go leor ama a chaitheamh ag foghlaim na n-ábhar seo. Tá sé amaideach an t-am ar fad a chaitheamh ar ábhar nó dhó.

? CAD É MAR A THIG LIOM BRÚ A CHUR ORM FÉIN OIBRIÚ AR NA hÁBHAIR NACH dTAITNÍONN LIOM?

- Abair go dtaitníonn ábhar 'A' leat ach gur fuath leat ábhar 'B'. Diúltaigh cead a thabhairt duit féin ábhar 'A' a dhéanamh go dtí go bhfuil 'B' déanta. Is féinsmacht é seo, agus an duais duit, is é sin ábhar 'A' ag an deireadh.
- Athraigh an t-ord ina ndéanann tú na hábhair éagsúla.
- Déan staidéar ar ábhar nach dtaitníonn leat ag am socraithe gach lá, mar shampla roimh chlár teilifíse a thaitníonn leat agus an duais duit, is é sin féachaint ar an chlár nuair atá an staidéar déanta agat.

DIANMHACHNAMH

Is féidir staidéar a dhéanamh in áiteanna éagsúla le linn laethanta saoire: gairdín cúil, sa chistin ar an bhus. Úsáid léaráidí, cartúin, dathanna, cruthanna chun cuidiú le do chuimhne. Is maith le roinnt daoine a bheith ag staidéar le ceol sa chúlra. Cuidíonn sé leo dianmhachnamh *(concentration)* a dhéanamh ar an staidéar. Bí cinnte go bhfaigheann tú aer úr nó aclaíocht. Músclaíonn sé duine roimh sheisiún staidéir agus cuidíonn sé le daoine a scíth a ligint nuair a bhíonn an staidéar thart. Seachain béile trom roimh staidéar.

Is féidir leat do chumas dianmhachnaimh a fheabhsú ar na dóigheanna seo a leanas:

- Bris an obair síos ina haonaid bheaga is féidir a láimhseáil agus ansin déan aonad amháin ag an am.
- Bíodh tuairim chinnte agat cad é ba mhaith leat a bhaint amach i seisiún staidéir.
- Ná cuir am amú ar rudaí nach dtuigeann tú.
- Bí gníomhach agus tú i mbun staidéir – ag scríobh nótaí, ag cur scrúdú ort féin, ag tarraingt léaráidí.
- Athraigh ábhar nuair a imíonn an t-eolas as do cheann nó má theann d'intinn ar seachrán.
- Tabhair duais nó luach saothair duit féin nuair a chríochnaíonn tú do chuid oibre.

CÁ FHAD BA CHEART A CHAITHEAMH AG GACH ÁBHAR DIFRIÚIL?

Ba cheart an méid céanna ama a chaitheamh ar gach ábhar – ní go laethúil ach go seachtainiúil. Déan iarracht gan níos lú na 2 –2½ uair sa tseachtain a chaitheamh ar gach ábhar.

Coimeád suas chun data. Seo an riail is tábhachtaí mar gheall ar fhoghlaim de. Má thiteann tú siar ag foghlaim in aon ábhar, beidh sé damanta deacair breith ar an obair níos moille. Nuair a bhíonn tú as láthair de bharr tinnis tá sé ríthábhachtach duit fáil amach an obair a bhí déanta sna hábhair nuair nach raibh tú ar scoil.

Stair agus Béarla: Tá cuid mhaith léitheoireachta agus breacadh síos nótaí ag baint leis na hábhair seo. Bí ag léamh go leor agus cuir béim ar scileanna léitheoireachta le cabhrú leat na nótaí a ghlacadh. Bí réidh chun achoimre a dhéanamh. Cabhraíonn nótaí scríofa leis an chuimhne sa todhchaí. Déan na mionphointi mar a bheadh liosta siopadóireachta ann.

Mata: Níl an méid céanna breacadh síos nótaí ag baint le mata as siocair gur ábhar lán de chéimeanna atá ann. Tógtar téama nua ar na téamaí a bhí déanta roimhe seo. Caithfidh gach céim a bheith ar eolas agat sa slabhra, sula dtéann tú ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Cuir ceisteanna sa rang nuair nach bhfuil tú ró-chinnte fá rud éigin. Déan an oiread cleachta ar cheisteanna agus is féidir le déanamh cinnte go bhfuil gach céim ar eolas agat.

Teanga Iasachta: Níl an bhéim chéanna ar mhionsonraí anseo ach tá rialacha gramadaí, réimse focal, struchtúr abairtí, leathnú stór focal, cleachtadh foghraíochta, éisteacht le téipeanna agus frásaí an-tábhachtach. Tá géarghá le hathrá agus le cleachtadh rialta anseo.

AG EAGRÚ DO CHUID ÁBHAR

- Coinnigh na nótaí do gach ábhar scartha óna chéile
- Bíodh fillteán agat do gach ábhar
- Is cur amú ama é bheith ag lorg nótaí le linn am staidéir
- Bíodh a fhios agat cá bhfuil na téacsleabhair chuí
- Déan cinnte go bhfuil a fhios agat cad é go díreach atá de dhíth ar an mhúinteoir. Cuir ceisteanna air nó uirthi chun go dtuigfidh tú gach tasc go beacht.
- Ná cuir aon am amú ag scríobh freagraí an obair bhaile díreach amach as an leabhar. Ní fhoghlaimíonn tú mórán an dóigh sin
- Léigh an t-eolas ar fad
- Scríobh na pointí tábhachtacha ar phíosa páipéir. Ansin fág an obair sin.

Déan rud eile, agus tar éis cúpla bomaite, tar ar ais agus déan iarracht an obair bhaile a dhéanamh agus do leabhar dúnta. Má bhíonn tú san fhaopach amharc ar do chuid mion-nótaí agus mura gcabhraíonn sin, téigh air ais go dtí an leabhar agus léigh an obair arís.

Is féidir obair iontach a chur i gcríoch sa tseomra ranga. Ná suigh ar chúl an tseomra, in aice leis an fhuinneog nó in aice le daltaí a bhíonn ag amaidí. Breac síos roinnt nótaí scríofa i ngach ceacht. Cuir ceisteanna ar an mhúinteoir. Gach uair a bhuaileann an clog ar scoil ag deireadh ranga cuir an cheist seo ort féin: cad é atá ar eolas agam tar éis an ranga seo?

Braitheann do dhul chun cinn ar scoil ar do dhearcadh. Caithfidh sé a bheith mar bhunchuspóir agat féin go n-éireoidh leat. Ná lig do rud ar bith drochmhisneach nó beaguchtach a chur ort. Is cinnte go mbeidh díomá ort ó am go ham ach is féidir foghlaim uaidh sin fosta.

MODH STAIDÉIR

1. Carn focal – cad é atá ar eolas agam cheana féin? (3 bhomaite)
2. Fotheidil, grafaicí, léarscáileanna, léaráidí (bomaite)
3. Sprioc réalaíoch a leagan síos (bomaite)
4. Léigh na ceisteanna sa téacsleabhar nó sna seanpháipéir scrúduithe
5. Léigh go gasta, gabh siar agus glac nótaí
6. Carn focal – cad é atá ar eolas agam anois?
7. Cuir ciorcal néata ar do leathanach de nótaí maithe thart ar rud ar bith a ndearna tú dearmad air nó rud ar bith a bhí mícheart.

Tá tú ag cur eolais faoi ghlas i do chuimhne fhadtéarma nuair a dhéanann tú na botúin a thaifeadadh. Coinníonn tú greim ar eolas má théann tú siar air go rialta. Caith ar shiúl na cairn focal agus stóráil do chuid nótaí maithe. Cuidíonn an modh staidéir thuas le daltaí eolas fíorasach *(factual)* a thabhairt chun cuimhne ach bíonn cleachtadh ar scríobh amach freagraí iomlána riachtanach chomh maith.
Déan do dhícheall, mar sin, ord agus eagar a chur ar do chuid staidéir sa bhaile chun do chumas foghlama a mhéadú.

Moltar na ceisteanna seo a chur ort féin sula dtoisíonn tú a staidéar:

- Cad iad na hábhair atá pleanáilte agam le déanamh inniu?
- Cén téama nó miontéama nó caibidil de na hábhair sin a dhéanfaidh mé?
- Cad iad na spriocanna a ba mhaith liom a chur i gcríoch inniu?
- An bhfuil an trealamh/fearas, leabhair, nótaí srl. do na hábhair sin agam don staidéar?
- An bhfuil me ag cur ábhar nó téama éigin ar ceal nó ar leataobh?
- Má tá obair scríofa le déanamh agam an bhfuil a fhios agam cad é go díreach atá de dhíth?

Má bhíonn freagraí sásúla agat ar na ceisteanna thuas, tá tú ar an bhealach cheart i dtreo staidéir atá éifeachtach tairbheach.

CORP SLÁINTIÚIL

Cuir romhat a bheith sláintiúil. Cuidíonn cleachtadh coirp le croí sláintiúil agus le meáchan sláintiúil a bheith agat. Tonaíonn sé do chorp agus feabhsaíonn sé do chruth. Cuidíonn sé le do mhuinín agus le d'fhéinmheas agus cuidíonn sé leat feabhas a chur ar do chuid staidéir. Cuidíonn sé leat deileáil le strús, go háirithe ag druidim leis na scrúduithe agus tugann sé breis fuinnimh duit.

Amharc ar chleachtadh coirp mar chuid de do ghnáthlá. Cuir am i leataobh dó agus leag síos spriocanna seachtainiúla duit féin. Cuimhnigh ar cad chuige ar thosaigh tú. Cuir ceol ar siúl fad a bhíonn tú ag gabháil don chleachtadh coirp. Ith go sláintiúil ach seachain caiféin agus ól neart uisce. Ná bain úsáid as drugaí, alcól nó tobac. Bí cinnte go bhfaigheann tú neart codlata go leanúnach gach oíche. Foghlaim an dóigh le cúrsaí a láimhseáil agus an dóigh le fadhbanna a láimhseáil.

Lean gnáthamh faoisimh gach lá chun cuidiú leat fáil réidh le himní neamhriachtanach agus caith saol níos folláine. Is é analú ceann de na bealaí is fearr chun do scíth a ligean. Luigh siar, dírigh d'aire ar chodanna difriúla de do chorp, tóg cúpla anáil dhomhain agus ansin scaoil saor aon teannas.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ SCRÚDUITHE

Is mór an méid a thig libh foghlaim taobh istigh de mhí roimh thús na scrúduithe má chuireann sibh chuige. Déanaigí dearmad fá dhul amach nó fá pheil nó fá shaol sóisialta. Beidh go leor ama agaibh nuair a bheas na scrúduithe thart. Bí cinnte go bhfuil leagan amach gach páipéir i ngach ábhar ar eolas agat – na fo-rannóga, fad freagraí, líon marcanna, na roghanna, fad ama le caitheamh orthu, na ceisteanna le díriú isteach orthu agus na ceisteanna le seachaint.

Toisíonn gach scrúdú maidine ag 9.30 am. Toisíonn na scrúduithe tráthnóna ag amanna difriúla – ó 1.30 ar aghaidh. Seiceáil an clár ama. Mura bhfuil géarghá millteanach ag baint leis agus mura bhfuil sé pléite agat le do mhúinteoir ní mholtar leibhéal ábhair a athrú ar an lá. Ná tar amach luath as scrúdú. Bí cinnte go mbeadh gach rud agat a bheas de dhíth ort sa scrúdú .i. pinn/pinn luaidhe srl. Ní bheidh cead agat aon uirlisí a fháil ar iasacht agus tú istigh sa scrúdú. Ná déan iarracht aon teagmháil a dhéanamh le haon dalta eile istigh sa seomra scrúduithe mar is féidir tú a dhícháiliú.

Ná scríobh d'ainm nó do sheoladh in áit ar bith ar pháipéar, go díreach do scrúduimhir amháin. Bí cinnte go mbíonn sí ar eolas agat nó scríobh síos í ar rialóir.Tabharfaidh an scrúdaitheoir páipéar duit. Ná tóg aon pháipéar de chineál ar bith isteach sa scrúdú. Caithfidh tú gach píosa páipéir a thabhairt ar ais, obair gharbh, fiú. Faigh leagan Béarla de gach scrúdú. Cuirfear ceist oraibh ar mhaith libh cóip Bhéarla den scrúdú. Tóg é.

Bí cinnte go bhfaigheann sibh aer úr idir scrúduithe ag am lóin. Tá sé maith agat. Ní fiú barraíocht ama a chaitheamh ag caint fá scrúdú nuair a bhíonn sé thart. Cuirfidh sé isteach ort cluinstin faoi na botúin a rinne tú. Gabh ar aghaidh láithreach i d'intinn go dtí an chéad scrúdú eile.

4 ROGHNÚ CÚRSAÍ & LÍONADH FHOIRM AN CAO

CAIBIDIL 4

Roghnú Cúrsaí agus Líonadh Fhoirm an CAO

Bíonn níos mó ná 60,000 iarratasóir ag cur isteach ar chóras an Lároifig Iontrála gach bliain. Is comhlacht príobhaideach é an Lár-Oifig Iontrála atá faoi smacht na gcoláistí tríú leibhéal. Is í an chead cheist a bhíonn ag déanamh buartha daofa cén dóigh leis na cúrsaí cearta a roghnú agus iad a chur san ord cheart tosaíochta. Le linn na dtrí bliana deiridh ar scoil tugann mórchuid na mac léinn faoi shraith ghníomhaíochtaí a chuidíonn leo mionathruithe a dhéanamh ar a gcuid roghanna gairmeacha. Bíonn teagmháil réasúnta rialta acu le comhairleoir gairmthreorach le linn an chúigiú agus an tséú bliain.

Beidh tástáil chumais mar chuid den chlár treorach agus cuirfear cuid suimeanna na mac léinn san áireamh fosta. Is féidir an t-eolas sin a úsáid leis na deiseanna gairme a thaiscéaladh sna réimsí is mó a oireann dá gcuid scileanna agus suimeanna.

Tá Qualifax ar fáil i ngach scoil dara leibhéal sa Stát. Is bunachar sonraí é ar gach cúrsa atá ar fáil go náisiúnta, ag Céim Onóracha Bhaitsiléara (leibhéal a 8), Gnáthchéim Bhaitsiléara (leibhéal a 7), agus Ardteastas (leibhéal a 6) agus iar-Ardteist. Daofa siúd a bhfuil an t-idirlíon sa bhaile acu, tá sé ar fáil ag www.qualifax.ie. Is áis trí Ghaeilge an suíomh gréasáin www.saoloibre.ie dóibh siúd ar mhian leo a ngairm a phleanáil. Tá eolas úsáideach ar fáil ar an suíomh d'aon duine a bheadh ag iarraidh gairm a phleanáil – is cuma cé acu tú mac léinn scoile, iarchéimí ollscoile nó duine atá ag smaoineamh ar ghairm a athrú tú.

DOMHAN FAIRSING OIBRE

Tá an-éagsúlacht go deo oibre ar fáil. Is domhan an-fhairsing é domhan na hoibre. Aithnítear suas le 5,000 gairm dhifriúla. Maidir le gairm ar bith acu sin a bhfuil suim agat inti, moltar duit machnamh ar na ceisteanna seo ina taobh:

- Cad chuige a bhfuil suim agam sa ghairm seo nó cad é an tarraingt a bhaineann léi?
- Cad é is maith liom fúithí go háirithe?
- An dtiocfadh liom mé féin a shamhlú ag obair i bpost mar sin?
- Cad é an todhchaí a bheadh agam sa ghairm seo i ndiaidh dom roinnt blianta a chaitheamh léi?

Maidir leofa sin nach bhfuil aon suim agat iontu:

- Cad iad na gnéithe den obair seo nach dtaitníonn liom?
- Cad é mar a mhothóinn dá gcaithfinn an obair sin a dhéanamh?
- Dá mbeadh an obair difriúil ar bhealach éigin sa phost seo an mbeadh níos mó dúile agam inti?
- Cad iad na smaointe agus na focail a thig isteach i mo cheann nuair a smaoiním ar an obair seo?

An bhfuil siad fírinneach nó an réamhchlaonta iad go díreach a fuair mé ó fhoinsí agus ó dhaoine thart orm thar na blianta?

Smaoinigh ort féin agus ar an dóigh a dtig leat tú féin a shuíomh i ndomhan seo na hoibre. Má aimsíonn tú post nó achar éigin a bhfuil an dúshuim agat ann, b'fhéidir gur cheart duit tionscadal gairme a dhéanamh air sin, ag lorg oiread eolais faoi agus is féidir leat.

Roghnaíonn go leor mac léinn cúrsaí leathana sna healaíona ag an tríú leibhéal agus dóchas acu go bhfaighidh siad astu an tsolúbthacht *(flexibility)* a bhíonn de dhíth anois agus coinníollacha i margadh an tsaothair de shíor ag athrú. Ní hionadh ar bith é gur ardaigh líon na n-iarratas sna healaíona le cúpla bliain anuas agus míle mac léinn breise bheith ag cur isteach orthu.

SCILEANNA

Is iad na caoinscileanna *(soft skills)* a mbíonn fostóirí sa tóir orthu anois níos minice ná riamh, .i. obair foirne, cumarsáid agus scileanna chur i láthair. Is iad seo na scileanna a bhíonn de dhíth ar dhaoine óga agus iad ag dul isteach sa mhargadh fostaíochta:

- Fios bheith acu cén dóigh le faisnéis a aimsiú agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi.
- Ag cur an eolais atá acu i bhfeidhm ar shuíomhanna nua.
- Bheith eolach ar obair thrasdisciplíneach, ag dul i gcomhar/i bpáirt le daoine eile agus ag déanamh cumarsáid éifeachtach leo.
- Ag léiriú tionscnaíocht phearsanta *(personal initiative)*, cruthaitheacht shamhlaíoch, agus scileanna san fhadhbfhuascailt agus sa chinnteoireacht réamhghníomhach *(pro-active decision-making)*.
- Bheith ábalta oibriú ina n-aonar agus mar bhall foirne.
- Ag forbairt scileanna fiontraíochta.
- Tiomanta ar rudaí nua a fhoghlaim ar feadh a saoil.

Ta teachtaireacht shoiléir ann ó thuarascálacha a dhéanann réamhaisnéis ar threochtaí fostaíochta gur fearr i bhfad na deiseanna fostaíochta a bhíonn ag duine má bhíonn céim aige. Meastar de réir na dTuar Fostaíochta Saothair atá déanta ag ESRI gur i méid a rachaidh líon na ngairmeacha ag barr an scála scileanna. Áirítear ina measc sin daoine gairmiúla, agus teicneoirí in achair na heolaíochta, na hinnealtóireachta, na seirbhísí gnó agus na Teicneolaíochta Faisnéise.

OIBRITHE ILOILTE

Nuair a aistrítear ceist seo na scileanna anonn go cineálacha oibre, faighimid gairmeacha in earnálacha eolaíochta, innealtóireachta, gnó, dlí agus bainisteoireacht ag méadú agus róil neamhsciliúla in obair láimhe, talmhaíochta agus tógála ag laghdú sa líon daoine fostaithe. Sa todhchaí beidh líon níos mó daoine féinfhostaithe, beidh fócas ar oibrithe bheith iloilte, céimithe bheith eolach ar dhisciplíní cóngaracha agus beidh il- nó dátheangachas ina bhuntáiste.

Meastar go mbeidh teaglamaí nó comhcheangail chumhachtacha eolais ag daoine sa todhchaí a chuimseoidh:

- Loighistic *(logistics)* agus Teangacha
- Margaíocht/Díolaíocht agus Teangacha
- Eolas ar Dhíolachán agus ar Tháirgí
- Airgeadas agus Dlí
- Staidreamh agus Samhaltú Bogearraí *(software modelling)*
- Ailtireacht Bhogearraí agus Dearadh Gréasán Gnó
- Beochan *(animation)* agus Ríomhchlárú *(computer programming)*

SUÍOMHANNA GHAIRME

Is suíomhanna iad seo a bhéarfaidh eolas ginearálta ar ghairmeacha éagsúla. Ní bheidh an t-eolas uilig ar na suíomhanna idirnáisiúnta bainteach le hÉirinn, ach tugann siad réimse cuimsitheach jabanna agus cur síos orthu nach bhfuil ar fáil ar na suíomhanna Éireannacha.

BUNACHAIR SHONRAÍ GAIRME ÉIREANNACHA

1. **www.saoloibre.ie**, **www.fas.ie** *agus* **www.careerdirections.ie**
2. A lán eolas ginearálta agus eolas maidir le gairmeacha
   www.scoilnet.ie *agus* **www.skool.ie** .

BUNACHAIR SHONRAÍ GAIRME IDIRNÁISIÚNTA

1. KIWI. Bunachar sonraí na Nua-Shéalainne.
   www.careers.co.nz
2. Prospects. Eolas den scoth ar phoist chéime.
   www.prospects.ac.uk
3. An dá ghréasán treoshuíomh gairme *(career orientation sites)* is fearr i Meiriceá.
   www.jobhuntersbible.com **www.rileyguide.com**

COLÁISTÍ TRÍÚ LEIBHÉAL

1. Coláistí Éireannacha
   www.cao.ie
2. Coláistí Breisoideachais agus tríú leibhéal
   www.qualifax.ie *agus* **www.saoloibre.ie**
3. Coláistí sa Bhreatain **www.ucas.com**

TRAENÁIL

FÁS, Fáilte Ireland agus Teagasc
Oiliúint Ghairmiúil agus Taighde san Eoraip
www.trainingvillage.gr **www.euroguidance.org.uk** **www.ncge.ie**

ÁIT IONTACH LE TOISEACHT: LEABHARLANN GHAIRME NUI MHÁ NUAD

http://careers.nuim.ie/students/careers/virtuallibrary.shtml

CUMAS TUILLIMH

Aontaítear go forleathan go mbeidh rath i gcúrsaí gairme san am atá le teacht ag siúl leis an lucht saothair atá ardoilte. Níor chóir go mbeadh céimithe ag súil le conair ghairme líneach sheasmhach *(linear fixed professional pathway)* a leanstan. Beidh orthu bheith ábalta athrú, nuáil *(innovate)* agus bheith cruthaitheach le fanacht iomaíoch *(competitive)* sa mhargadh fostaíochta.

Beidh éifeacht dhomhain ag an chéim a bhíonn ag duine ar a chumas tuillimh *(earning potential)* ar feadh a shaoil. Ar an mheán, bíonn thart ar 6% de dhaoine a bhfuil céim onóracha tríú leibhéal acu dífhostaithe i gcomparáid le tuairim agus 14% de dhaoine a bhfuil leibhéil níos ísle cáilíochtaí acu.

I dTuarascáil 2010 de chuid an Tascfhórsa ar son na Nuálaíochta, tagraíodh don tábhacht le hoideachas agus foghlaim "Is é an córas oideachais … an eochair chun cáilíochtaí cineálacha *(generic qualifications)* a chothú san fhadhbfhuascailt, sa chruthaitheacht agus i bhforbairt scileanna pearsanta eile ar féidir leo tionchar agus iarmhairtí forleathana *(wide-reaching effects)* bheith acu ar chumas nuálaíochta shochaí na hÉireann. Mar sin de, is í an chéim a thabharfaidh dár gcuid daoine óga buntáiste soiléir fostaíochta, fiúntas níos mó agus lena chois scileanna so-aistrithe *(transferable skills)* a bhfuil an-tóir orthu i measc fostóirí.

Is é an chomhairle is fearr iomlán an eolais atá le fáil sna heolairí ar Qualifax agus ar Saoloibre faoin chúrsa ar leith a léamh go mion, sin agus/nó amharc ar líon láithreáin an choláiste agus fiosrú iomlán a dhéanamh ansin ar an chúrsa é féin agus ar an choláiste. Nuair atá tú meáite ar choláiste faoi leith agus réasúnta cinnte gur ansin a rachaidh tú, is fearr cuairt a thabhairt air. Níl aon rud cosúil le cuairt ar an láthair go bhfeice tú saol an choláiste faoi mar atá sé ó lá go lá.

? CAD É MAR A SHEACHNAÍTEAR NA BOTÚIN?

Is é an rud a tharlaíonn go minic go roghnaíonn mórán mac léinn an cúrsa nó an t-ionad contráilte agus go dteipeann orthu fríd easpa suime sin nó go dtiteann said amach roimh dheireadh na chéad bhliana. Cad é is féidir le mic léinn nó a dtuismitheoirí a dhéanamh le nach dtarlódh a leithéid sin daofa?

- Sa chéad dul síos, ná roghnaigh cúrsa ar bith gan é a phlé le do thuismitheoir agus do chomhairleoir gairmthreorach agus gan amharc ar na háiseanna atá ann le cuidiú leat rogha a dhéanamh.
- Léigh go cúramach aon litríocht a bhíonn ann ar an chúrsa. Gach bliain titeann na mílte mac léinn amach mar nach maith leo na hábhair a mhúintear ar an chúrsa a roghnaigh siad, cé go bhfuil siad mínithe go hiomlán in eolaire an choláiste.
- Roghnaigh an cúrsa s'agat de réir an mhéid is mian leat é a dhéanamh dáiríre, agus ní de réir na roghanna a dhéanann do chara nó cén coláiste a bhfuil íomhá núúil ag baint leis nó a bhfuil an saol sóisialta is fearr aige. Ní bhíonn tábhacht ar bith leis na nithe sin, má chríochnaíonn tú agus fuath agat ar do chuid léachtóirí agus ar deireadh tú titim amach as an chúrsa a roghnaigh tú.
- Is féidir go ndéanfadh mac léinn rogha mhaith chúramach dá gcúrsa tríú leibhéal sna chéad chúrsaí a líonann siad isteach ar an fhoirm ach ansin éirí míchúramach sna cúrsaí ina dhiaidh sin, agus gan amharc orthu dáiríre. I ndiaidh na scrúduithe, nuair a thairgtear áit daofa ar cheann de na cúrsaí a tháinig go híseal sa tosaíocht s'acu glacann siad leis gan seiceáil ar bith a dhéanamh air roimh ré. Bí cinnte nach dtarlaíonn a leithéid duitse.

IARRATAIS AR LÍNE

Agus rogha chúrsaí aimsithe ag an mhac léinn arbh fhéidir leo bheith fóirsteanach, ba chóir dó mion-staidéar a dhéanamh orthu, sula gcuirfí ar fhoirm CAO iad. Le deireanas is ar líne is mó a bhíonn mic léinn ag seoladh a n-iarratais isteach. Is í sin is rogha leis an CAO fosta, nó cealaíonn sin an chuid is mó de na hearráidí is gnách le mic léinn a dhéanamh ar iarratas ar pháipéar – ar nós cód a chur isteach do chúrsa nach ann dó a thuilleadh nó ag cur isteach a ndáta breithe in áit dáta an lae inniu – mar a dhéanann suas le 20% de na mic léinn a chuireann iarratas lámhscríofa isteach.

Ba é ab fhearr an próiseas ar fad a bhaineann leis an Lároifig Iontrála a chríochnú roimh dháta druidte na n-iarratas ag 5:15 i.n. ar an chéad lá de mhí Feabhra. Is féidir tairbhe a bhaint as an áis athrú intinne *(change of mind facility)* agus is é an dáta deiridh is féidir sin a dhéanamh an 1ú lá d'Iúil, is é sin dhá sheachtain iomlána i ndiaidh duit scrúduithe na hArdteiste a chur díot. Is féidir le mac léinn iarratas a chur isteach fiú gan aon chúrsa a liostú ar chor ar bith, agus iad a chur isteach níos moille. Ní féidir sin a dhéanamh, áfach, más cúrsa le hiarratas teoranta *(restricted entrance)* é.

SEACHAIN BOTÚIN!

Maidir leis an phróiseas ghinearálta iarratais, is iontach a oiread botún simplí is féidir le hiarratasóirí a dhéanamh bliain i ndiaidh bliana. Is próiseas fíorthábhachtach é seo a chuirfidh sa tsiúl sraith imeachtaí (a train of events) a athróidh do shaol. Is fiú am a ghlacadh lena dhéanamh i gceart. Má chuireann mac léinn foirm isteach agus botúin uirthi caithfidh an CAO í a sheoladh ar ais agus táille bhreise a ghearradh ort leis an bhotún a chur ina cheart. Má sheolann tú iarratas isteach ar líne seachnaíonn tú mórchuid na mbotún agus sábhálann tú airgead ort féin.

Ní ligeann an leagan ar líne d'iarratasóirí earráidí simplí a dhéanamh, ar nós na gcód contráilte a chur isteach, mar sin de ar deireadh tá se níos éifeachtúla. Is féidir an obair ar líne a dhéanamh ó aon ríomhaire, sa scoil, sa bhaile nó sa leabharlann phoiblí más gá. Déantar na hiarratais ar líne ag www.cao.ie. Mura bhfuil pacáiste iarratais ag mic léinn ar chúis éigin, is féidir sin a fháil ach ríomhphost a sheoladh chuig help@cao.ie agus a n-ainm agus a seoladh a thabhairt. Cuirfidh an CAO pacáiste amach sa phost láithreach. Is féidir labhairt leo ar an ghuthán fosta ag (091) 509800.

Is cúrsaí le hiarratas teoranta na cinn nach mbeidh aon ghlacadh le hiarratas fána gcoinne i ndiaidh an chéad dáta iarratais 1ú Feabhra.

5 TREOIR MAIDIR LE CÚRSAÍ UCAS



CAIBIDIL 5

Treoir maidir le cúrsaí UCAS

Is é is UCAS ann Seirbhís Iontrála Choláistí agus Ollscoileanna na Ríochta Aontaithe. Cuireann tuairim agus 6,000 mac léinn ón Deisceart iarratas ar aghaidh chuig UCAS gach bliain agus súil acu tabhairt faoi chéim ó thuaidh nó sa Bhreatain. De ghnáth glacann thart ar a leath leis an tairiscint má thugtar daofa í. Bíonn chóir a bheith 600,000 iarratasóir ar fad sa chóras Bhriotanach go bliantúil.

Tháinig laghdú sa líon iarratasóirí ó Phoblacht na hÉireann mar gheall ar 1) ardú ar líon na n-áiteanna ollscoile sa bhaile, 2) táillí teagaisc bheith curtha ar ceal in ollscoileanna na hÉireann agus 3) táillí nua bheith orthu siúd a roghnaíonn staidéar a dhéanamh i gceann de na hinstitiúidí sa Ríocht Aontaithe .i. iasachtaí a thugtar do mhic léinn ach a chaithfidh siad a dhíol ar ais don stát i ndiaidh a gcéime.

Bíonn suim i gcónaí ag mic léinn áirithe anseo dul anonn go Sasana, agus is é sin an tír is mó a roghnaítear, ansin Albain, na Sé Chontae agus an Bhreatain Bheag. Is iad na céimeanna is coitianta a roghnaítear Míochaine, Cógaisíocht, Fisiteiripe, agus achair eile sláinte agus an mhúinteoireacht ag idir fhochéim agus iarchéim. Ní hé gur fusa áit a fháil ar cheann de na cúrsaí céime míochaine thall ach is léir go bhfeictear do mhic léinn gur fiú triail a bhaint as. Déanann go leor daoine cúrsaí iarchéime don bhunmhúinteoireacht sna hinstitiúidí thar teorainn anseo (sna Sé Chontae) chomh maith.

DÁTA DEIRIDH

Is é 15 Eanáir de ghnáth an dáta druidte ar iarratais chuig UCAS, ach más cúrsa míochaine, fiaclóireachta nó tréidliachta atá tú ag iarraidh a dhéanamh nó más go Cambridge nó Oxford is rún leat a dhul, caithfidh tú an fhoirm iarratais UCAS a chur ar ais roimh 15 Deireadh Fómhair na bliana roimhe. Déantar an t-iarratas ag Apply, an córas iarratais ar shuíomh idirlín UCAS www.ucas.co.uk. De ghnáth, déantar iarratas fríd an scoil, agus is riachtanas éigeantach é teistiméireacht a fháil ó mhúinteoir, chomh maith le ráiteas pearsanta ó gach mac léinn.

Tugann suíomh UCAS scothchomhairle ar an dóigh le ráiteas pearsanta a scríobh. Lean na naisc do '*Students*', ansin '*Applying*', ansin '*How to apply*' agus gheobhaidh tú cur síos ar na céimeanna uilig a bhaineann leis an iarratas agus '*Personal Statement*' san áireamh. Sa ráiteas pearsanta bíonn cead agat thart ar 600 focal a scríobh ina míníonn tú cad chuige a bhfuil tú ag iarraidh an cúrsa áirithe sin a

dhéanamh. Má luann tú do shuimeanna pearsanta agus do chaithimh aimsire déan iarracht iad a cheangal leis na scileanna agus an taithí atá de dhíth sa chúrsa.

TORTHAÍ IARRATAIS

Is féidir le gach iarratasóir cur isteach ar oiread le 5 cúrsa/institiúid dhifriúla ach ní féidir ach le ceathrar acu dul chuig míochaine/fiaclóireacht/tréidliacht srl. Nuair a fhaigheann UCAS iarratas ó mhac léinn, seoltar ar aghaidh é chuig na hinstitiúidí a roghnaigh an t-iarratasóir. Déanann na hinstitiúidí an t-iarratas a mheas agus déanann siad cinneadh dá réir. Seolann siadsan a gcuid freagraí ar ais chuig UCAS a chuireann ar aghaidh iad chuig na hiarratasóirí. Is féidir ceann amháin de thrí thoradh bheith air sin: (a) tairiscint neamhchoinníollach *(unconditional offer)* nach ndéantar ach sa chás go bhfuil torthaí maith go leor ag an mhac léinn cheana féin le háit a fháil ar chúrsa; (b) tairiscint choinníollach, ag brath ar na torthaí a fhaigheann iarratasóir sna scrúduithe atá ag teacht aníos; nó (c) diúltú.

De ghnáth cuirtear an t-eolas sin amach chuig iarratasóirí roimh dheireadh mhí Mhárta. Má fhaigheann mic léinn níos mó ná dhá thairiscint choinníollacha, is féidir leo glacadh go cinnte le ceann amháin, agus glacadh go coinníollach leis an cheann eile.

Tarlaíonn Córas nó Próiseas Imréitigh *(Clearance System)* UCAS i dtrátha an ama chéanna agus a dhéantar é abhus. Tá an córas s'acu difriúil sa mhéid is go ndéanann na hollscoileanna agus na coláistí thall, agus ó thuaidh, 'tairiscint choinníollach' roimh eisiúint na dtorthaí, agus má éiríonn le mic léinn na coinníollacha a chomhlíonadh .i. na gráid chuí a fháil, is leo an áit. Mura n-éiríonn leo na torthaí riachtanacha a fháil áfach, cailleann siad an áit, a théann ar ais isteach sa Phróiseas Imréitigh.

CÓRAS IMRÉITIGH

Ritear an Próiseas Imréitigh seo ag deireadh an chúrsa iarratais le cuidiú le mic léinn nár chinntigh áit daofa féin ceann de na háiteanna folmha a aimsiú. Gach duine nach bhfuair áit ón chéad bhabhta tairiscintí, iontráiltear sa chóras Imréitigh iad agus cuirtear Foirm Iontrála Imréitigh (CEF) amach chucu, agus luíonn an fhreagracht orthu féin ansin dul i dteagmháil leis na hinstitiúidí éagsúla agus áit a lorg.

Is féidir le duine ar bith iarratas a chur isteach ar áit le linn Imréitigh, fiú amháin daoine nár chláraigh le UCAS roimhe sin. Níl cal ag iarratasóirí bheith ag súil le háit fholamh a fháil ar chúrsaí an-iomaíocha *(competitive)* nó is éadóiche go bhfuil a leithéidí ann ach tá a lán deiseanna ann mar sin féin. Postáiltear liostaí de na háiteanna ar fad atá ar fáil ar shuíomh idirlín UCAS **www.ucas.co.uk** agus foilsítear iad san Independent thall agus i roinnt nuachtán eile.

FOLÚNTAIS

Nuair a bhíonn mic léinn ag cur isteach ar fholúntas *(vacancies)*, iarrtar orthu dul i dteagmháil go díreach le hoifig iontrála an choláiste a bhfuil spéis acu ann agus tugann UCAS féin treoir daofa fríd líne chabhrach ghutháin. Is den chríonnacht gach rud a dhéanamh go sciobtha gasta ag an staid seo nó bíonn gach duine ag lorg na bhfolúntas is tarraingtí. Is cuma cén faitíos nó aiféala a bhíonn orthu is fearr i gcónaí don mhac léinn an t-iarratas a dhéanamh iad féin seachas iarraidh ar a dtuismitheoir é a dhéanamh ar a son. Moltar do mhic léinn caitheamh leis an iarratas fríd an Imréiteach mar a bheadh iarratas poist ann.

Seoltar corradh le 50,000 áit ollscoile fríd an chóras imréitigh seo .i. chóir a bheith 10% de na háiteanna ar fad a thugtar amach do mhic léinn. Den chuid is mó ní phostáiltear folúntais ar na liostaí Imréitigh go dtí go bhfoilsítear torthaí na scrúduithe Ard Leibhéal GCSE, rud a tharlaíonn de ghnáth ar 20 Lúnasa. Ní i gcónaí a bheidh na torthaí sin amuigh ag an am chéanna le torthaí na hArdteiste anseo ná le torthaí

na ‘Highers’ in Albain, agus is fiú cuimhneamh gur féidir go dtosódh roinnt coláistí in Albain ar an phróiseas Imréitigh a rith roimh choláistí i Sasana nó sna Sé Chontae.

Maidir leis na táillí a théann le cúrsaí sa Ríocht Aontaithe (tuairim is £3,300 sa bhliain gan trácht ar chostais mhaireachtála), ní chaithfidh mic léinn airgead a dhíol chun tosaigh sula dtéann siad chuig an ollscoil ná le linn daofa bheith ag staidéar. Is e rud a thugtar iasacht airgid do mhic léinn a chaithfidh siad a dhíol ar ais don stát nuair a thosóidh siad a shaothrú thar íosthairseach *(minimum threshold)* de £15,000.

Mar achoimre, seo a leanas roinnt céimeanna simplí le cuidiú leat rochtain éasca a fháil ar chúrsaí ollscoile fríd Imréiteach:

- Labhair le d’oide Gairmthreorach ar scoil fá na cúrsaí a mheasann tú a bheadh oiriúnach.
- Seiceáil aon chúrsa ina bhfuil folúntais imréitigh ar shuíomh idirlín UCAS.
- Déan teagmháil le hollscoileanna/coláistí ina bhfuil cúrsaí a bhfuil cuma shuimiúil orthu.
- Tabhair Uimhir Imréitigh Iontrála (ar leathanach fáilte Tracks).
- I ndiaidh tairiscintí neamhfhoirmiúla a fháil, smaoinigh cén ceann ba mhaith leat.
- Nuair a ghlacann tú tairiscint choinníollach, cliceáil ar "add clearing choice," agus cuir isteach sonraí an chúrsa.

IARRTHÓIRÍ ÉIREANNACHA

Chuir 7,380 mac léinn ó Phoblacht na hÉireann iarratas isteach ar an chóras UCAS i 2011. Bhí 647,008 iarrthóir ann san iomlán. Ghlac 3,015 iarrthóir ón Phoblacht le háiteanna in ollscoileanna i Sasana, sa Bhreatain Bheag, in Albain agus i dTuaisceart Éireann i 2010. Ó Mheán Fómhair 2012, ceadaítear d’ollscoileanna Shasana táillí teagaisc a ardú ó £3,290 go dtí £6,000 nó fiú go £9,000 in aghaidh na bliana. Tabharfaidh rialtas na Breataine iasachtaí do mhic léinn chun na táillí a chlúdach agus díolfaidh siad ar ais iad nuair a bhaineann siad céim amach agus nuair a thosaíonn siad ag saothrú sa mhargadh oibre. Tá polasaithe difriúla ag ollscoileanna na Breataine Bige agus na hAlban agus níltear ag súil leis na hardaithe céanna is atá i Sasana. Tá sé i gceist ag rialtas Thuaisceart Éireann gan na táillí a ardú ar chor ar bith.

6 TREOCHTAÍ INSTITIÚIDÍ TRÍÚ LEIBHÉAL

CAIBIDIL 6

Treochtaí Institiúidí Tríú Leibhéal

Nuair a bhíonn éileamh ar chineál amháin cúrsa tiocfaidh méadú sa líon pointí is gá le dul isteach sa chúrsa sin agus b'amhlaidh an cás don ghnó. Nuair a tháinig méadú ar na pointí ba ghá a fháil ar thaobh an ghnó chonaic muid a mhalairt ag tarlú i dtaca leis na healaíona, na heolaíochtaí sóisialta agus na réimsí a bhain le talmhaíocht srl. Is i gColáiste na Tríonóide amháin a thagann méadú gach bliain chóir a bheith sna pointí riachtanacha d'fhormhór a gcuid cúrsaí. De ghnáth fanann na pointí réasúnta seasta do chóir a bheith gach cúrsa in Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus in Ollscoil Chorcaí, roinnt ag ardú, roinnt ag ísliú.

ÉILEAMH CÚRSAÍ AG ATHRÚ

Agus muid go fóill ag éirí aníos as an chúlú eacnamaíochta a bhuail an stát chomh trom sin, tá éileamh níos mó anois ar chúrsaí eolaíochta agus beagán d'ardú ar chúrsaí ealaíne le cois titim sna cúrsaí a bhain go dlúth le tionscal na tógála, mar shampla, ailtireacht agus innealtóireacht shibhialta, bainistíocht réadmhaoine *(real estate management)* agus suirbhéireacht chainníochta *(quantity surveying)*. Is beag an mhuinín ata ag mic léinn agus a gcuid tuismitheoirí, a bhíonn, níos minice ná a mhalairt, ag cur comhairle ar a gcuid páistí maidir leis na hiarratais CAO, is beag a shíleann siad go dtiocfaidh an mar-gadh réadmhaoine chun cinn go luath.

Tháinig fás níos mó ar iarratais chéad rogha ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ná ar iarratais aon ollscoile eile in Éirinn i 2011 agus chuir siad fáilte roimh 2,000 mac léinn nua fochéime mar thoradh. Tháinig ráchairt mhór ar ábhair áirithe san ollscoil mar Shíceolaíocht (505 pointe), Staidéar na Meán (455 pointe) agus Oideachas in Eolaíocht (470 pointe). D'ardaigh cúrsa BSc i gCeimic Chógaseolaíoch agus Bithleighis ó 365 pointe go 400 pointe.

TÓGÁIL AGUS AILTIREACHT

Níl mórán crann tógála ag casadh timpeall ar léaslíne Bhaile Átha Cliath anois i bhfarradh is (i gcomparáid le) mar a bhí i 2006 agus is beag duine a bhfuil dóchas aige go dtiocfaidh cor chun feabhais go luath sa tionscal tógála. Bhí praghsanna tithe agus talaimh go fóill ag titim i 2011 agus lean poiblíocht dhiúltach an líon innealtóirí agus ailtirí a bhí dífhostaithe agus an laghdú mór a tháinig san obair thíolacais (conveyance work) ar na scéimeanna móra foirgníochta a bhí ar fáil d'abhcóidí.

Tá titim thubaisteach san éileamh ar chúrsaí a bhaineann le cúrsaí tógála le traidhfil blianta. I 2011 chuaigh Ailtireacht síos 10 bpointe go 485 i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, síos 25 pointe go 420 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus síos 65 pointe go 525 in Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath. Ní dheachaigh an riachtanas iontrála pointí síos, áfach, in Ollscoil Luimní nó in Institiúid Teicneolaíochta Phort Lairge i 2011 ach caithfear a chur san áireamh anseo gur thit líon na bpointí do na cúrsaí seo go substaintiúil dhá bhliain roimhe sin i 2009. Ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta i 2008 go dtí 2011, tá laghdú aon trian tagtha ar líon iarratas chéad rogha d'Ailtireacht. Thit Innealtóireacht Struchtúr le hAitireacht i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath 35 phointe go 410.

EOLAÍOCHT

Cúis ghliondair ab ea é don rialtas go raibh méadú dá réir sin sa ráchairt ar chúrsaí eolaíochta. Dá bharr sin mhéadaigh na riachtanais pointí ina lán cúrsaí eolaíochta go mór. D'ardaigh na pointí riachtanacha iontrála san eolaíocht in UCD ó 300 i 2008 go 435 i 2010. Roimhe seo bhí mic léinn sa tóir ar ghairmeacha ceangailte le réadmhaoin nó le bainistíocht airgeadais, anois áfach, tá siad ag tabhairt faoin eolaíocht as siocair na n-ionchas *(expectations)* maith fostaíochta san earnáil sin. Bhí ceannairí gnó ag maíomh ar feadh tamaill roimhe sin go raibh deiseanna móra fostaíochta ann do chéimithe eolaíochta. Bhí sin ag teacht go dlúth le hiarrachtaí straitéiseacha an rialtais maidir le cur chun cinn agus forbairtí gníomhaíochta i dtaighde eolaíochta na hÉireann agus an 'geilleagar cliste' atáthar ag iarraidh a fhás anseo.

I 2011 chuaigh an riachtanas iontrála pointí d'Eolaíocht i UCD suas go 455 pointe. Bhí níos lú ná 300 pointe de dhíth cúig bliana roimhe sin. Chuaigh an riachtanas iontrála d'Eolaíocht suas 15 phointe go 475 i gColáiste na Trionóide, suas 10 bpointe go 375 in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, suas 20 pointe go 370 in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus suas 25 pointe go 440 in Ollscoil Chathair Átha Cliath. I gCorcaigh léim na pointí d'Eolaíocht Bhitheolaíochta agus Cheimice 25 pointe go dtí 400.

LEIGHEAS

D'imigh an riachtanas iontrála pointí suas do chúrsaí fóchéime Leighis ach d'imigh sé síos do chúrsaí iarchéime leighis i 2011. Chuaigh na pointí suas 10 bpointe go 741 i gColáiste na Trionóide, suas 10 bpointe fosta go 733 i gColáiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna, suas 13 phointe go 738 i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, suas 9 bpointe go 729 in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus suas 9 bpointe fosta go 734 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Chuaigh Fisiteiripe i gColáiste na Trionóide suas 10 bpointe go 540, chuaigh Teiripe agus Traenáil Aclaíochta in Ollscoil Chathair Átha Cliath suas 20 pointe go 500 agus chuaigh Teiripe Cheirde i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh suas 10 bpointe go 515.

Is cosúil nach bhfuil ag éirí leis na Trialacha Inniúlachta (Aptitude Tests) conspóideacha, ar a dtugtar HPAT, a tugadh isteach i 2009 chun an brú a laghdú ar iarrthóirí CAO mar chuaigh na pointí Leighis suas gach bliain ó shin. Faoin chóras seo déantar cónascadh idir pointí na hArdteiste agus an scór ó na Trialacha Inniúlachta HPAT chun iarrthóirí a roghnú do Leigheas (fochéime). Chuaigh Leigheas suas 19 bpointe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, suas 12 phointe i gColáiste na Trionóide, suas 18 bpointe i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus suas 16 phointe in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa tréimhse 2009-11. Deir Comhairle um Taighde Oideachasúil na hAstráile, an dream a leagann amach na trialacha, nach dtagann feabhas ar bith ar thorthaí má thugann mac léinn faoin triail an dara huair. Ní ghlacann roinnt coláistí a reáchtálann cúrsaí sna Trialacha Inniúlachta abhus anseo leis an tuairim seo, áfach, ag glacadh sampla amháin, áit a ndeachaigh scór an mhic léinn suas ó scór 171 go dtí 208 nuair a rinne sé an triail athuair.

RÍOMHAIREACHT

Bhí ardú sa riachtanas iontrála pointí céanna le feiceáil do na cúrsaí Eolaíocht Ríomhaireachta i 2011: suas 35 pointe go 410 i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, suas 30 pointe go 385 i gColáiste na Trionóide agus suas 15 phointe go 330 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá Gnó agus Ríomhaireacht imithe suas 45 pointe go 420 i gColáiste na Trionóide. Chuaigh Eolaíocht Ríomhaireachta agus Teicneolaíocht Faisnéise in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh suas 65 pointe go 390 agus chuaigh Córais Ríomhaireachta in Ollscoil Luimní suas 40 pointe go 340.

INNEALTÓIREACHT

D'ardaigh líon na n-iarratas do chúrsaí Innealtóireachta agus Teicneolaíochta rud beag i 2011 go dtí 6,250 iarratas chéad rogha ach ní hé seo le rá, áfach, gur ardaigh na pointí i ngach coláiste tríú leibhéal. D'ardaigh na pointí i naoi gcúrsa, chuaigh siad síos i gcúig chúrsa agus d'fhan siad mar a bhí siad an bhliain roimhe sin i ndá chúrsa eile. Chuaigh Innealtóireacht Mheicitreonach suas 60 pointe go 370 in Ollscoil Chathair Átha Cliath, chuaigh Innealtóireacht i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath suas 5 phointe go 430 agus chuaigh Innealtóireacht Bhithleighis in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh suas 20 pointe go 425. Chuaigh Innealtóireacht Leictreonach in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad suas 35 pointe go 350 ach thit Innealtóireacht Shibhialta agus Chomhshaoil i gColáiste na hOllscoile Corcaigh 25 pointe go 405.

NA hEALAÍONA

Is sna healaíona/eolaíochtaí sóisialta i gcónaí áfach a bhíonn an líon is mó iontrálacha gach bliain – suas le 25% de na hiarratais chéime go léir. Roghnaíonn mic léinn ceann amháin de réimse cúrsaí leathana ealaíne mar a gcéad rogha de bhrí go dtugann siad cáilíochtaí daofa ina mbíonn an sórt scileanna cineálacha inaistrithe *(generic transferable skills)* acu a bhíonn de dhíth sa lá atá inniu ann le haistriú ó phost go post de réir mar is gá. Is rogha chéillí í sin do mhic léinn ar mian leo gan dul sa tseans, le linn don gheilleagar bheith guagach, ach fanacht go bhfeice siad an mbeidh biseach ar an tír i gceann trí nó cheithre bliana.

Thréig mic léinn a bhain pointí arda amach na hEalaíona i 2011, áfach, as siocair imní faoi dheiseanna oibre níos moille. Bhí an riachtanas iontrála pointí do na hEalaíona thíos 10 bpointe go 355 in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Tá cúrsa Ealaíon an choláiste ar an chúrsa fóchéime is mó sa Phoblacht le 1,200 áit. I nGaillimh chuaigh pointí do na hEalaíona síos 15 phointe go 340 – an leibhéal iontrála ab'ísle do chúrsa ardléibhéil céime sna hEalaíona le blianta. Meallann cúrsaí Ealaíne/Eolaíocht Shóisialta níos mó iarrthóirí ná aon rannóg eile cúrsaí cé gur tháinig laghdú beag air sin i 2011. Bhí na cúrsaí seo mar an chéad rogha ag 18,127 iarrthóir, anuas ó 18,455 an bhliain roimhe sin.

GNÓ

Cionn is an geilleagar bheith éiginnte go ginearálta, bhí sin le feiceáil sna hiarratais ar chúrsaí céime gnó. Thit an líon pointí riachtanacha ina lán cúrsaí gnó agus tráchtála. Mar gheall ar an mhíshuaimhneas a bhí ann i dtaca leis an gheilleagar baile, d'fhás an t-éileamh i gcúrsaí a raibh blas idirnáisiúnta ag roinnt leo. Tosaíodh ar chéim nua in DCU, Gnó Idirnáisiúnta agus Teangacha ina gcaitheann mic léinn bliain dá gcuid ag staidéar thar sáile agus ag iad foghlaim teanga iasachta, Fraincis, Gearmáinis nó Spáinnis.

Tháinig meath ar an éileamh ar chúrsaí gnó i 2011 mar gheall ar dhrochstaid geilleagar na tíre. Thit líon na n-iarratas chéad rogha sa rannóg Ghnó/Riaracháin rud beag ó 10,815 i 2010 go dtí 10,438 i 2011. Thit na pointí do Thráchtáil i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ach níor tháinig aon athrú ar phointí do chúrsaí Gnó nó Eacnamaíochta i gColáiste na Trionóide. D'ardaigh líon na bpointí ar roinnt cúrsaí fosta. Chuaigh Staidéir

Ghnó agus Fraincis i gColáiste na Trionóide suas 20 pointe go 525, chuaigh Gnó Eorpach (Staidéir Thrasatlantacha) in Ollscoil Chathair Átha Cliath suas 20 pointe go 530. Chuaigh Cuntasaíocht suas 5 phointe go 355 in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus suas 10 bpointe go 260 in Institiúid Teicneolaíochta Ath Luain. Chuaigh Tráchtáil le Spáinnis suas 35 pointe go 380 in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

MÚINTEOIREACHT

Ba é an teagasc an chéad rogha ag níos mó na 5,000 mac léinn le cúpla bliain anuas, in ainneoin bagairtí i bpoist mhúinteoireachta. I ndiaidh blianta de na pointí bheith ag ardú níor athraíodh na pointí do Mhúinteoireacht Bunscoile i gColáiste Phadraig, Droim Conrach i 2011 agus chuaigh na riachtanais iontrála síos rud beag i gColáiste Mhuire, Marino agus i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach ach chuaigh siad suas do na cúrsaí d'iarrthóirí Gaeltachta. Chuaigh na pointí suas go substaintiúil i gColáiste Oideachais Eaglais na hÉireann ó 375 pointe go dtí 400.

TALMHAÍOCHT

Tá cúrsaí talmhaíochta faoi bhláth le linn an Ghéarchor Eacnamaíochta. Agus an brú creidmheasa go fóill ag éirí níos measa agus na deiseanna fostaíochta ag imeacht le gaoth thoisigh mic léinn a aistriú ón tógáil go dtí an talmhaíocht agus iad ag roghnú cúrsaí céime san fheirmeoireacht. Roinnt blianta ó shin bhí obair mhór ag coláistí talmhaíochta teacht ar na mic léinn a mhéad a bhí daoine óga ag iarraidh imeacht ón talamh. Ach tháinig athrach ar an athrach. Mórán mór acu seo a roghnaíonn an talmhaíocht tagann siad ó Bhaile Átha Cliath agus ní bhíonn aon chur amach acu ar thalmhaíocht ná aon chúlra feirmeoireachta taobh thiar daofa. I gcás roinnt eile is mic léinn tuaithe iad atá ag pilleadh ar an fheirm theaghlaigh lena mbeatha a thabhairt i dtír.

Tháinig méadú 50% i 2009/10 sa líon mac léinn a roghnaigh cúrsaí a raibh baint acu le feirmeoireacht, an chuid is mó díobh ag UCD agus d'fhás an líon áiteanna sna hinstitiúidí teicneolaíochta chomh maith chóir a bheith 40%. Tuigeadh do na mic léinn, ó tharla gurb é an talmhaíocht agus cúrsaí bia an tionscal dúchais is mó agus is tábhachtaí sa tír, gur san earnáil seo ab fhearr a d'éireodh leo a dtodhchaí fostaíochta a chinntiú. Rud eile de, is mná tuairim agus leath na n-iarratasóirí a thug faoin chúrsa ag UCD i 2010. Déantar cúrsa ginearálta sa chéad bhliain agus ansin speisialtóireacht in achair ar nós táirgeadh ainmhithe agus barra, ailtireacht tírdhreacha, eolaíocht bhia nó foraoiseacht sna blianta a leanann. Chuaigh na pointí do chúrsaí talmhaíochta suas go suntasach i 2011 mar gur tháinig ardú 27% ar

éileamh ar áiteanna. Táthar ag súil leis go mbeidh fás ollmor fostaíochta sa Ghnó Agraibhia amach anseo. I 2011 chuaigh Eolaíocht Talmhaíochta suas 10 bpointe go 430 i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath – an cúrsa talmhaíoctha is mó sa tír. Chuaigh Bia-Eolaíocht suas 20 pointe i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus 30 pointe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Chuaigh Tréidliacht (iontráil fochéime) suas 5 phointe go 565 agus chuaigh Altranas Tréidliachta suas 15 phointe go 450 i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath fosta.

Ní théann mórchuid na mac léinn talmhaíochta seo ar aghaidh le bheith ina bhfeirmeoirí – ina áit sin úsáideann siad a saineolas i bpoist a bhaineann le heolaíocht, tionscal an bhia, sábháilteacht bhia, comhairleacht, cothúchán agus na meáin. Chuidigh an bhéim bhreise a cuireadh ar chaomhnú an chomhshaoil leis an treocht seo, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le daonra níos mó a chothú agus cén dóigh le bithbhreoslaí *(biofuels)* agus fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt.

Tuigtear anois gur gnó í an fheirmeoireacht atá ar leac an dorais againn agus gur gá í a fhorbairt. San fhadtéarma, in ainneoin na ndeacrachtaí a bhaineann le séasúracht na feirmeoireachta agus an éiginnteacht, a shíleann Teagasc (grúpa taighde talmhaíochta an stáit), a ritheann le todhchaí na gcúrsaí ag Goirtín, Cluain an Choillte agus Pailís Chaonraí i Luimneach, beidh an t-éileamh ar bhia áitiúil a sholáthar do mhuintir na hÉireann ag fás go seasta sna blianta amach romhainn.

GNÓTHAÍ GAEILGE

Ag bunús na n-ollscoileanna ó dheas agus ó thuaidh tá an Ghaeilge ar fáil mar ábhar céime B.A. I gColáiste na Trionóide, fiú, thig leat Gaeilge a dhéanamh mar chéim aon ábhair. I gColáiste na Trionóide fosta cuirtear an Ghaeilge ar fáil mar cheann de thrí theanga sa B.Sc. i Ríomheolaíocht, Teangeolaíocht agus Teanga. I ndámh na Tráchtála in UCD tá an Ghaeilge mar rogha amháin as 6 theanga Eorpacha, mar chuid den chúrsa 4 bliana B.Comm. (Idirnáisiúnta) le Gaeilge. In Ollscoil na hÉireann, Corcaigh tá an Ghaeilge mar rogha amháin as 5 theanga Eorpach sa chúrsa B.Comm. Eorpach le Gaeilge. Tá B.A. i nGaeilge agus Ceol ar fáil ansin i gCorcaigh fosta.

Tá ról lárnach ag an Ghaeilge sna coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí. Tá bunchaighdeán de C3 de dhíth ar pháipéar Ardleibhéil Gaeilge sna coláistí oiliúna ó dheas. Tá an Ghaeilge mar ábhar roghnach i gColáiste Oiliúna Ollscoile Naomh Mhuire, Béal Feirste. Chuir fás Raidio na Gaeltachta, TG4 agus Foinse le forbairt na meán Gaeilge. Tá an Ghaeilge mar mhodúl roghnach sa chúrsa B.A. san Iriseoireacht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Tá an Ghaeilge mar rogha amháin as 3 theanga sa B.A. san Iriseoireacht agus Teanga in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT).

Tá ceannrodaíocht déanta ag DCU i staidéar an ghnó trí Ghaeilge. Cuireann siad cúrsa clúiteach B.Sc.i bhFiontraíocht, Ríomhairí agus Airgeadais ar fáil trí Ghaeilge, darb ainm Fiontar, chomh maith le cúrsa iarchéime M.Sc.i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais. Sa choláiste chéanna tá an Ghaeilge mar rogha de roinnt teangacha sna cúrsaí iarchéime M.A san Aistriúchán agus an M.A. in Ateangaireacht Comhdhála.

Cuireann Ollscoil na hÉireann, Corcaigh cúrsa céime BCL agus an Ghaeilge ar fáil. Tá dualgas bunreachtúil ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh cúrsaí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Mar sin thig le micléinn Tíreolaíochta, Staire, Trachtála, Fraincise agus Eolaíochta a gcuid foghlama nó cuid dá gcuid foglama a dhéanamh trí Ghaeilge. Is féidir an tArd Dioplóma in Oideachas a dhéanamh trí Ghaeilge i nGaillimh fosta.

Tá an Ghaeilge mar rogha de roinnt teangacha sa chúrsa M.A. i Staidéar an Aistriúcháin in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, in DCU agus in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Cuireann Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo B.A. i nGnó agus Cumarsáid ar fáil trí Ghaeilge agus cuireann cuid eile de na hInstitiúidí Teicneolaíochta eile modúl Gaeilge ar fáil i gcuid dá gcúrsaí céime.

RÁS NA BPOINTÍ 2011 – CÚRAM SLÁINTE

CÚRAM SLÁINTE - LEIBHÉAL 8	BABHTA 1 2011	BABHTA 1 2010
OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH		
Leigheas	729	720
Teiripe Cainte agus Teanga	520	520
Teiripe Ceirde	505	505
COLÁISTE NA hOLLSCOILE, BAILE ÁTHA CLIATH		
Fisiteiripe	540	535
Leigheas (iontráil d'fhochéimí)	738	725
Radagrafaíocht	535	525
COLÁISTE RÍOGA NA LIANNA & NA MÁINLIANNA		
Fisiteiripe	530	525
Leigheas (iontráil d'fhochéimí)	733	723
Cógaisíocht	535	535
COLÁISTE NA TRIONÓIDE		
Leigheas	741	731
Teiripe Ceirde	500	495
Teiripe Radaíochta	525	515
Cógaisíocht	550	545
Fisiteiripe	540	535
Eolaíocht Dhéadach	575	580
OLLSCOIL NA hÉIREANN, CORCAIGH		
Leigheas (iontráil d'fhochéimí)	734	725
Teiripe Ceirde	515	505
Teiripe Cainte agus Teanga	520	500
Cógaisíocht	545	540
Fiaclóireacht	570	570

RÁS NA BPOINTÍ 2011 – EOLAÍOCHT		
EOLAÍOCHT - LEIBHÉAL 8	BABHTA 1 2011	BABHTA 1 2010
OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH		
Eolaíocht Bhithleighis	515	485
COLÁISTE NA hOLLSCOILE, BAILE ÁTHA CLIATH		
Eolaíocht	455	435
Seandálaíocht agus Geolaíocht	360	345
OLLSCOIL CHATHAIR ÁTHA CLIATH		
Géineolaíocht agus Bitheolaíocht Cheallach	455	410
Fisic le hEolaíochtaí Bithleighis	420	370
COLÁISTE NA TRIONÓIDE		
Fisic Theoiriciúil	520	500
Eolaíocht	475	460
Géineolaíocht Dhaonna	535	520
OLLSCOIL NA hÉIREANN, CORCAIGH		
Eolaíocht Bhitheolaíoch agus Cheimice	400	375
Géineolaíocht	460	425
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA ÁTHA CLIATH		
Anailís Dlí-eolaíochta agus Imhshaoil	335	335
Eolaíocht Bhithleighis	430	420
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA GAILLIMH-MAIGH EO		
Eolaíocht	330	330
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ		
Eolaíocht (Iontráil Chomónta)	310	320
Eolaíocht Bhithleighis (clár comhpháirtíochta UCC le CIT)	495	490

7 TAIRISCINTÍ AN CAO

Caibidil 7

Tairiscintí an CAO

Rinne coláistí tríú leibhéal níos mó tairiscintí i 2011 ná bliain ar bith eile roimhe sin agus d'ardaigh an t-éileamh go suntasach fá choinne áiteanna ar chúrsaí eolaíochta, ríomhaireachta, talmhaíochta agus teicneolaíochta. Ba chosúil go raibh mic léinn ag roghnú cúrsaí a mbeadh na deiseanna fostaíochta ab fhearr ag dul leo amach anseo. Ar an lámh eile tháinig lagdú ar an iomlán ar éileamh fá choinne áiteanna ar chúrsaí ealaíne agus gnó – cúrsaí a bhíodh mar bhunchloch an chórais ar feadh fiche bliain roimhe sin.

Fuair 75% d'iarrthóirí go dtí an Lár-Oifig Iontrála (CAO) an chéad nó an dara nó an tríú rogha a d'iarr siad. Tugadh 36,685 tairiscint do chúrsaí Leibhéal 8 agus tugadh tairiscint chéad rogha do 17,415 iarrthóir nó 47.4% den iomlán acu. Sa chatagóir Leibhéal 7/6 tugadh 35,873 tairiscint agus fuair 27,971 iarrthóir nó 77.9% den iomlán acu a gcéad rogha ón liosta sin. Ar ndóigh fuair roinnt mic léinn dhá thairiscint.

AN DÓIGH LE DO SCÓR POINTÍ A RÍOMH

An chéad rud le cuimhneamh air maidir le pointí gurb iad an nós imeachta deiridh iad sa phróiseas roghnúcháin d'áiteanna agus go n-úsáidtear iad nuair a bhíonn níos mó iarratasóirí cáilithe ann do chúrsa áirithe ná atá d'áiteanna ar fáil.

Tá íosriachtanas iontrála ar leith a chaithfidh gach iarratasóir a fháil le go bhfaighidh siad áit. Bíonn ar a laghad cúig phas ag teastáil ó iarratasóirí ina n-Ardteist, agus Mata agus Béarla ina measc sin, le haghaidh gnáthchéime agus cúrsaí ardteastais.

Bíonn ar a laghad sé ábhar de dhíth ar iarratasóirí ina n-Ardteist agus ar a laghad dhá ghrád C nó níos airde ar pháipéir ardleibhéil, le haghaidh cúrsaí céimeanna onóracha. Éilíonn Coláiste na Tríonóide ar a laghad 3 grád C3 ar pháipéir ardleibhéil sula dtairgfidh siad áit d'iarratasóir. Nuair a chomhlíonann iarratasóirí gach coinníoll a bhaineann le cúrsa, aithnítear iad mar mhic léinn cáilithe, agus rangaítear iad in ord céimnithe a gcuid pointí. Tugtar na háiteanna atá ar fáil d'iarratasóirí de réir a n-áite ar an liosta pointí.

Ríomhann tú do chuid pointí fríd na scóir sna sé hábhair is fearr atá agat a shuimiú. Glacann bunáite na mac léinn seacht n-ábhar san Ardteist, cé go bhfuil roinnt daoine cróga a ghlacann ochtar nó níos mó. Ní chaithfidh tú a chur sa chuntas sin toradh ábhar éigin atá ina riachtanas ar leith don chúrsa s'agat. Má chaithfidh tú, cuir i gcás, grád áirithe a fháil sa mhata, agus go bhfuair tú é, ach go raibh na gráid sna hábhair eile s'agat níos airde, bhuel, ansin cuntaiseann tú an seisear eile le haghaidh líon do chuid pointí a fháil. Más rud é go ndearna tú Gairmchlár na hArdteiste, is féidir leat an scór a fuair tú leis sin a chuntas i measc an tseisir is fearr atá agat. Coinnigh cuimhne go bhfuil 25 phointe bonais do ghrád Ardleibhéal Matamaitic D3 nó níos airde ann ón bhliain 2012 ar aghaidh.

TRÉIMHSE FHOILSIÚ NA dTORTHAÍ

Chomh maith leis na torthaí Ardteiste a fhaigheann daltaí ag tarraingt ar an Chéadaoin dheireanach de mhí Lúnasa, faigheann siad foirm iarratais ar scripteanna a bhreathnú. Mura mbíonn dalta sásta leis na gráid a fuair sé, tig leis iarratas a chur isteach chun féachaint ar a chuid páipéar. Mura mbíonn sé sásta go fóill tig leis athsheiceáil nó achomharc a lorg ach táille a íoc agus iarratas a dhéanamh fríd an scoil.

Má bhíonn dalta ag iarraidh amharc ar aon cheann dá chuid scripteanna caithfidh sé an fhoirm iarratais líonta a chur ar ais chuig an scoil taobh istigh de roinnt laethanta. Beidh suas le trí sheisiún breathnaithe scripteanna sa scoil agus duine de na múinteoirí i gceannas orthu. Tabharfar cuireadh do na daltaí sin teacht chuig ceann amháin de na seisiúin bhreathnaithe: oíche Aoine, maidin Shathairn nó iarnóin Shathairn.
Beidh tairiscintí Chéad Bhabhta ag teacht fríd an phost nó le feiceáil ar shuíomh idirlín an CAO **(www.cao.ie)** ó 6.00 am ar an Luan tar éis fhoilsiú na dtorthaí. Ag an am chéanna scríobhfaidh an CAO chuig gach duine nach bhfuair tairiscint.

Is é seo an t-am a bhfaighfear amach cá mhéad pointe atá de dhíth le tabhairt fá chúrsa ar bith. Beidh an t-eolas seo bunaithe ar líon na ndaltaí a chuir iarratas isteach do na cúrsaí éagsúla. Is féidir glacadh le tairiscintí ar líne. Ná glac le tairiscint ar líne **agus** fríd an phost. Ní féidir ach glacadh le tairiscint amháin. Ní chuirfidh seo isteach ar do sheansanna ar thairiscint níos airde a fháil sa Dara Babhta. Bíonn seachtain ag daltaí glacadh le tairiscintí Chéad Bhabhta.

Beidh tairiscintí Dara Babhta ar fáil fríd an phost agus ar líne an tseachtain dár gcionn *(go luath i Meán Fómhair)*. Bíonn níos lú ná seachtain ag daltaí chun glacadh le tairiscintí Dara Babhta.

Má chuir tú iarratas isteach fríd UCAS, cuir cóip de do chuid torthaí chuig an coláiste láithreach. Murar chuir tú isteach ar áit ar bith i gcoláiste, thig leat iarratas a dhéanamh d'fholúntas nó Vacant Place fríd an CAO nó fríd UCAS. Beidh na folúntais seo fógartha ar shuíomh idirlín an CAO **(www.cao.ie)** agus ar shuíomh idirlín UCAS **(www.ucas.com)**.

Má bhíonn tú ag lorg achomhairc caithfidh d'fhoirm líonta a bheith sa scoil ar an chéad Luan de Mheán Fómhair mar caithfidh siad a bheith ag an Choimisiún Scrúduithe Stáit ar an Chéadaoin ar a dhéanaí.

I 2010 rinne 55,783 dalta an Ardteist agus chuir 77,123 duine iarratas isteach fríd an chóras CAO. Bhí thart fá 45,000 áit chéad bhliana ar fáil fríd an chóras CAO do chúrsaí oideachais tríú leibhéal. Leanfaidh an CAO ar aghaidh ag cur áiteanna ar fáil chomh fada is a bheas folúntais ann agus chomh fada is atá iarrthóirí ar an liosta. Cé go dtugtar an Chéad Bhabhta ar na tairiscintí, bíonn roinnt tairiscintí eisithe cheana féin ag an CAO. Go luath i mí Iúil eisíonn siad roinnt tairiscintí **(Babhta A)** d'iarrthóirí a chaithfidh socruithe víosa a dhéanamh, d'iarrthóirí a chuir tairiscintí ar athlá anuraidh agus d'iarrthóirí aibí. Ag tús mhí Lúnasa eisíonn an CAO roinnt tairiscintí **(Babhta a Náid)** d'iarrthóirí eile nach bhfuil ag fanacht ar thorthaí scrúduithe nó d'iarrthóirí a n-úsáidtear critéir eile chun iad a mheas.

ÁIRITHEOIR POINTÍ ARDTEISTE

GRÁD	ARDLEIBHÉAL	GNÁTHLEIBHÉAL
A1	100	60
A2	90	50
B1	85	45
B2	80	40
B3	75	35
C1	70	30
C2	65	25
C3	60	20
D1	55	15
D2	50	10
D3	45	5

NA TAIRISCINTÍ

Bíonn dhá cholún le feiceáil i ndiaidh gach cúrsa i raon tairisceana CAO. Tugann an chéad cholún an SCOITHPOINTE DEIRIDH *(the last cut-off point)*, nó i bhfocail eile, an scór i bpointí a fuair an t-iarratasóir deireanach ar tairgeadh áit dó ar an chúrsa áirithe sin an bhliain sin.

Tugann an dara colún an figiúr MEÁNACH, is é sin an scór i bpointí a fuair an t-iarratasóir a tháinig leath bealaigh idir na hiarratasóirí is airde agus is ísle ar tairgeadh áit daofa. Níl iarratasóirí a fhaigheann áit mar dhaoine lánfhásta san áireamh sa reicneáil seo ach amháin má tá siad ag déanamh cúrsa altranais.

MÍNIÚCHÁN AR NA SIOMBAILÍ

Ciallaíonn an tsiombail * i ndiaidh scoithphointe nár tairgeadh áit do gach duine a bhain an pointe sin amach. Úsáideadh roghnú randamach daofa siúd a bhí ar comhtharraingt nó cothrom ag an scoithphointe.

Ciallaíonn an tsiombail ** gur cuireadh sa mheá iarratasóirí a cháiligh ach go raibh cead isteach ar an chúrsa ag brath ar a fheabhas a d'éirigh leo in agallamh nó i scrúdú ceoil.

Ciallaíonn an tsiombail *** go rangaítear iarratasóirí faoi mar a dhéantar i gcúrsaí eile ach go bhfuil an cinneadh deiridh ag brath ar a gcur i láthair le linn agallaimh.

Bíonn punann le cur faoi bhráid na hinstitiúide do mhórchuid na gcúrsaí ealaíne agus deartha agus bíonn léiriú ceoil le déanamh de ghnáth mar scrúdú do chúrsa ceoil. I gcásanna áirithe níl de dhíth ach go n-éireodh leat sa scrúdú. I gcásanna eile, bronntar pointí ar an phunann agus cuirtear iad le pointí na hArdteiste – is é sin an fáth a mbíonn, dar leat, pointí iontrála an-arda ag roinnt cúrsaí.

Ciallaíonn an tsiombail # roimh scoithphointe gur úsáideadh teisteanna roghnaithe le cois scrúdú na hArdteiste. Sna cásanna sin, rangaíodh iarratasóirí ar éirigh leo ina scrúduithe, rangaíodh iad de réir ord a gcuid pointí san Ardteist.

Ciallaíonn an tsiombail # leis féin de ghnáth gur tairgeadh áiteanna do mhic léinn ar bhonn na teiste nó na punainne a rinne siad, a fhad is gur éirigh leo ar a laghad an t-ioschaighdeán pointí riachtanacha a bhaint amach san Ardteist.

Ciallaíonn an tsiombail + roimh scór an scoithphointe go bhfuil scór tionscnaimh nó punainne san áireamh sa scór sin a fheictear.

POINTÍ BREISE

Ó 2012 ar aghaidh tá gach ollscoil agus gach institiúid teicneolaíochta ag bronnadh pointí bónais d'Ardleibhéal Mata. Go dtí sin bronnadh pointí bónais do ghráid A1 go C3 in Ardleibhéal Mata do chúrsa ar bith in Ollscoil Luimní agus do dhá chúrsa i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Bhronn Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath pointí bónais don mhata agus do roinnt ábhar eolaíochta mar shampla, Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice. Bronnadh pointí ar mhaithe le scrúduithe inniúlachta agus agallamh i gcéim onóracha Ailtireachta in Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath (DIT) agus do chúrsaí i mBainisteoireacht Óstán i gColáiste na Sionainne. Cuireadh na pointí sin i ngach cás le torthaí Ardteiste an iarratasóra. Bhronn roinnt Ard-Institiúidí Oideachais pointí do ghráid A1 go B2 (20, 15, 10, 5) i mbonnleibhéal matamaitice.

San áit a bhfuil na litreacha AQA le feiceáil in áit phointí, ciallaíonn sé gur tairgeadh áit do gach iarratasóir a bhí cáilithe do chúrsa. In amanna ciallaíonn sin go bhfuair an t-iarratasóir deireanach ar tairgeadh áit dó, go bhfuair se 100 pointe ach ní bhíonn sin i gcónaí amhlaidh.

Ar deireadh ciallaíonn an litir *v* gur osclaíodh comórtas d'áiteanna nua a bheadh folamh nó ar fáil.

STAIDREAMH POINTÍ DON BHLIAIN 2011

(Scór ainmnitheach pointí gan tagairt do cháilitheacht *(eligibility)*)
Na sé hábhair is fearr (6) a chuntaistear don scóráil.

LÍON IOMLÁN IARRATASÓIRÍ ISTIGH AR LCE :	54,341	SCÓIR CHARNACHA
Iarratasóirí ag scóráil 600 pointe:	141 (0.3%)	141 (0.3%)
Iarratasóirí ag scóráil ó 500 - 599:	4,643 (8.5%)	4,784 (8.8%)
Iarratasóirí ag scóráil ó 400 - 499:	12,254 (22.6%)	17,038 (31.4%)
Iarratasóirí ag scóráil ó 300 - 399:	13,873 (25.5%)	30,911 (56.9%)
Iarratasóirí ag scóráil ó 200 - 299:	10,002 (18.4%)	40,913 (75.3%)
Iarratasóirí ag scóráil ó 100 - 199:	7,494 (13.8%)	48,407 (89.1%)
Iarratasóirí ag scóráil níos lú ná 100:	5,934 (10.9%)	54,341 (100%)

SCRÚDUITHE MATAMAITICE DARA SEANS

Tugann scrúduithe dara seans deis eile do mhic léinn riachtanas iontrála a bhaint amach do chúrsaí áirithe – cúrsaí innealtóireachta leibhéal 8, de ghnáth. Eagraítear na scrúduithe seo an tseachtain chéanna a fhoilsítear na tairiscintí chéad bhabhta CAO. Cuireann roinnt coláistí ranganna ullmhúcháin ar fáil, fiú. Reáchtáltar ceardlann dhá lá ullmhúcháin in Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus dianchúrsa seachtaine in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh roimh na scrúduithe dara seans seo. Tugann scrúdú na Gaillimhe deis do mhic léinn clárú ansin ar na cúrsaí innealtóireachta, sa BSc san Eolaíocht Ríomhaireachta agus Teicneolaíocht Faisnéise agus sa BSc. sa Bhainistíocht Tionscadal agus Foirgníochta má éiríonn leo pas a bhaint amach.

Freastalaíonn scrúdú Mhá Nuad ar mhic léinn atá ag iarraidh tabhairt faoi chéim innealtóireachta ansin ach nach bhfuil Ardleibhéal C3 aimsithe acu san Ardteist. Díríonn scrúdú dara seans Ollscoil Luimní ar mhic léinn atá ag iarraidh cúrsa eolaíochta nó cúrsa innealtóireachta a dhéanamh ansin ach nach bhfuair

an riachtanas gráid sa Mhatamaitic san Ardteist. Bíonn leagan gnáthléibhéil agus leagan ardleibhéil den scrúdú ann ag brath ar an íosriachtanas Matamaitic don chúrsa áirithe fochéime. Eagraíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí scrúdú dara seans fosta.

AG GLACADH LE TAIRISCINTÍ

I 2010 glacadh le 45,583 áit CAO. B'áiteanna Leibhéal 8 beagnach 70% nó 31,722 acu seo agus b'áiteanna Leibhéal 7/6 thart ar 30% nó 13,861 acu seo.

Moltar d'iarrthóirí caitheamh leis an tairiscint chéad bhabhta mar an t-aon cheann a gheobhaidh siad agus gníomhú dá réir sin. Níl aon chinnteacht ann go mbeidh aon tairiscintí eile ann agus níl aon chinnteacht ann go dtitfidh na pointí i do chúrsa chéad rogha sa chéad bhabhta eile. Má ghlacann tú leis an tairiscint chéad bhabhta, áfach, cuirfear ar fáil duit aon tairiscint ar rogha níos airde a thiocfaidh do bhealach i mbabhta níos déanaí. Ansin is féidir leat an tairiscint nua a ghlacadh nó cloí leis an chéad cheann.

Moltar do gach iarrthóir fianaise éigin a choinneáil gur ghlac siad le tairiscint. Má bhíonn iarrthóir ag glacadh le tairiscint ar líne ba cheart admháil a phriontáil amach. Má bhíonn iarrthóir ag glacadh le tairiscint tríd an phost ba cheart dó teastas postála a fháil in Oifig an Phoist.

Cuireann oifigigh iontrála na gcoláistí níos mó tairiscintí ar fáil sa chéad bhabhta ná mar atá áiteanna le líonadh acu chun iarracht a dhéanamh na háiteanna uilig a líonadh ar a gcuid cúrsaí. Go rialta, áfach, bíonn folúntais ar roinnt cúrsaí agus eisítear áiteanna do na chéad mhic léinn eile ar an liosta feithimh i litir fhoirmiúil sa dara babhta.

Tabhair gach eolas ar an fhoirm CAO, mar shampla, má d'éirigh leat sa Ghaeilge anuraidh agus tá tú ag athdhéanamh na hArdteiste i mbliana ach nach bhfuil tú ag tabhairt faoin Ghaeilge, ní bhfaighfidh tú tairiscint ar bith d'institiúid ar bith a bhaineann le hOllscoil Náisiúnta na hÉireann (NUI) mar beidh an CAO ag déanamh amach nach bhfuil Gaeilge agat mar riachtanas iontrála mura gcuireann tú iad ar an eolas faoi seo.

LEIBHÉAL 8 V LEIBHÉAL 7/6

Eisíonn an CAO tairiscintí ar liosta Leibhéal 8 agus ar liosta Leibhéal 7/6 neamhspléach ar a chéile. Mar sin is féidir le hiarrthóir dhá thairiscint a fháil má chuir siad isteach ar an dá chatagóir. Is féidir le mac léinn glacadh le tairiscint céime onóraigh ag Leibhéal 8 agus ansin a intinn a athrú agus glacadh le tairiscint Leibhéal 7/6 ina áit - chomh fada is a chuir sé sin in iúl don Lár-Ionad Iontrála (CAO) roimh an spriocdháta freagartha a bhí ar an fhógra tairisceana. Cuirfidh glacadh níos déanaí aon ghlacadh *(acceptance)* níos luaithe ar ceal. Ar ndóigh ní féidir ach glacadh le cúrsa amháin ag deireadh an chéad bhabhta. Mura bhfuil tú i dteideal aon tairiscint sa chéad bhabhta cuirfidh an CAO tú ar an eolas maidir leis seo.
Níl sé ceart i gcónaí glacadh le rogha níos ísle ar do liosta Leibhéal 8 gan smaoineamh go domhain ar do chéad rogha ar do liosta Leibhéal 7/6. Tá mórán cúrsaí Leibhéal 7/6 atá ar comhbhrí le cúrsaí Leibhéal 8. Abair nach raibh go leor pointí agat do chúrsa ag Leibhéal 8 ach go raibh go leor pointí agat dá mhacasamhail de chúrsa ag Leibhéal 7/6, b'fhiú smaoineamh ar an chúrsa sin a dhéanamh agus go minic má éiríonn leat grád 60% a bhaint amach ag deireadh na dara bliana den chúrsa Leibhéal 7/6, is féidir aistriú go dtí tús na dara bliana sa chúrsa atá ar comhbhrí leis ag Leibhéal 8.

Nuair atá tairiscint curtha ar fáil ag an CAO d'iarrthóir don rogha is airde cúrsa atá ag dul dó de réir a chuid torthaí Ardteiste, cuirtear as an áireamh é láithreach do chúrsa ar bith atá níos ísle ina ord rogha nó ina ord tosaíochta.

8

BREISOIDEACHAS

Caibidil 8

Breisoideachas

Is iad na hollscoileanna, na hinstitiúidí teicneolaíochta, na coláistí oideachais agus roinnt saincholaistí ainmnithe eile atá in earnáil na gcoláistí tríú leibhéal. Tugtar anois de ghnáth Institiúidí Ardoideachais *(HEIs)* orthu sin. Feidhmíonn na coláistí breisoideachais go hiondúil faoi choimirce an Choiste áitiúil Gairmoideachais (CGO).

De ghnáth maireann cúrsaí gairmoideachais bliain amháin, cé go maireann roinnt díobh dhá bhliain nó níos mó. Is meascán de theoiric agus de chleachtadh iad na cúrsaí seo agus bíonn siad ar fáil i réimse ollmhór ábhar. Is aonad iontu féin iad na cúrsaí breisoideachais/iar-Ardteiste (FE/PLC), agus téann mic léinn go díreach isteach san fhostaíocht go minic i ndiaidh daofa iad a chríochnú. Lena chois sin áfach, is ardán iad óna dtig le mic léinn leanstan den staidéar tríú leibhéal. Bíonn cáiliúchán ag gabháil leis an mhórchuid díobh (Leibhéal a 5 nó Leibhéal a 6) ó Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC). Is fusa de ghnáth áit a fháil ar chúrsa de chuid FETAC ná ar chúrsa tríú leibhéal.

DUL AR AGHAIDH

Bíonn níos mó iarratasóirí de chuid FETAC ag teacht chun cinn le hiarratas CAO gach bliain agus éiríonn lena lán áit a chinntiú daofa féin. Tá roinnt scéimeanna ag FETAC le dul chun cinn a dhéanamh ar a dtugtar conairí forchéimnithe *(progression paths)*. Is í an chéad scéim acu sin scéim na nasc ardoideachais (HELS) a tugadh isteach blianta ó shin. Faoin scéim áirithe sin coinnítear líon áirithe áiteanna i sainchúrsaí in earnáil na n-institiúidí teicneolaíochta do mhic léinn a mbíonn cáiliúcháin nasctha de chuid FETAC acu, cáilíocht atá nasctha ina ábhar leis an chúrsa atá siad ag brath a dhéanamh ar ollscoil.

Tháinig an dara conair forchéimnithe chun cinn nuair a thoisigh bunús na n-ollscoileanna a choinneáil siar cuótaí beaga áiteanna ar a lán clár céime onóracha d'iarratasóirí a raibh cáilíochtaí Leibhéal a 5 nó a 6 de chuid FETAC acu. Is féidir nach nglacfaí isteach sna cúrsaí seo ach triúr nó ceathrar mac léinn agus bíonn an iomaíocht géar dá réir.

Ba iad na céimeanna onóracha altranais na chéad chinn sa chóras CAO a d'oscail a gcuid doirse le ligean do chuóta iarratasóirí teacht chun cinn a raibh dámhachtain bhainteach de chuid FETAC acu. Arís is líon beag áiteanna a bhíonn ar fáil ar na cúrsaí altranais seo sna hInstitiúidí Ardoideachais agus

ní mór do na hiarratasóirí ar a laghad cúig phas le gradam a fháil as a n-ocht modúl FETAC – agus fiú amháin ansin ní féidir bheith cinnte den áit. Nuair a bhíonn cuóta mar sin i gceist, is in iomaíocht le hiarratasóirí eile de chuid FETAC a bhítear chun áit a fháil ar an chúrsa.

RIACHTANAIS

Taispeánann gach Réamheolaire HEI na modúil de chuid FETAC a bhíonn de dhíth don chéim ata i gceist. Ní ghlacann gach clár céim onóracha le cáilíocht de chuid FETAC mar riachtanas iontrála. Ceann de na bealaí is úire le dul chun cinn sa chóras, ar forbairt thábhachtach í, is ea bealach iontrála píolótach FETAC a fheidhmíonn na hinstitiúidí teicneolaíochta agus roinnt eile institiúidí ardoideachais.

Faoin scéim seo, téann iarratasóirí a bhfuil cáilíocht de chuid FETAC acu in iomaíocht le hiarratasóirí Ardteiste don chuid is mó de na cúrsaí san institiúid atá i gceist. Níl siad teoranta do shainchuótaí FETAC, ná ní chaithfidh nasc bheith idir an cúrsa FETAC a rinne siad agus ábhar an chúrsa HEI atá siad ag iarraidh a dhéanamh.

Liostaítear iarratasóirí do chúrsaí faoin scéim seo in ord fiúntais .i. tuilleamas a gcuid pointí cibé acu pointí Ardteiste iad nó pointí dámhachtana FETAC iad. Úsáidtear scála pointí ar leith le cuid scór na ndaoine a bhfuil dámhachtain de chuid FETAC acu a aistriú, agus de ghnáth is é 400 an t-uaslíon pointí.

Ní bhaineann an scéim sin le cláir altranais. Tá na cáilíochtaí a fhaightear le FETAC ag oscailt níos mó doirse ar an ardoideachas, ach is den riachtanas é seiceáil leis na coláistí nó le FETAC roimh ré (www.fetac.ie) agus tú ag pleanáil do chonaire chun cinn.

9 GNÓTHAÍ AIRGID, DEONTAIS AGUS SCOLÁIREACHTAÍ

Caibidil 9

Gnóthaí Airgid, Deontais & Scoláireachtaí

Cibé acu a cháilíonn tú do dheontas nó nach gcáilíonn, is costasach an beart é ceithre bliana a dhéanamh ag an choláiste. Is tábhachtach dá réir sin go gcoinneoidh tú do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar an eolas maidir le do chuid pleananna. Ar dtús seiceáil do theidlíocht maidir le deontas. Gheobhaidh tú an buneolas a bhíonn de dhíth fríd an sainsuíomh idirlín www.studentfinance.ie. atá dírithe ar chúrsaí airgeadais agus deontas.

TEIDLÍOCHT

Caithfidh tú na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh le cáiliú le haghaidh Deontas Ardoideachais:

- Is fochéimí céaduaire tú
- Tá Náisiúntacht Eorpach agat – nó stádas oifigiúil teifigh
- Tá cónaí ort in Éirinn ar a laghad le trí cinn de na cúig bliana roimh iontráil ar chúrsa tríú leibhéal.

? CÉN RUD É SCÉIM DHEONTAIS ARDOIDEACHAIS?

Soláthraíonn an scéim seo deontais de réir tástáil acmhainne do mhic léinn atá ina dteideal agus atá ag iarraidh cúrsa ceadaithe lánaimseartha a leanstan. Chun go mbeifeá incháilithe do dheontas caithfidh an t-ioncam atáthar a mheas bheith ag, nó níos lú ná, méid sainithe *(a specified amount)* .i. an teorainn 'ioncaim inríofa' *(reckonable income limit)*. Cuireann tú iarratas chuig d'údarás áitiúil agus tú ag úsáid na foirme speisialta is féidir a íoslódáil ó www.studentfinance.ie. Éilíonn an fhoirm sin a leithéidí seo eolais fá chúrsaí ioncaim:

- Pá/Tuarastal
- Brabús
- Pinsean
- Díbhinní
- Leas cíosa

? CAD É A CHLÚDÓIDH AN DEONTAS?

Tagann an deontas ina dhá chuid: cothabháil agus táillí. Is annamh a chlúdaíonn deontas do chuid costas uilig. Is minic mar sin de a chuireann mic léinn airgead lena ndeontas fríd fhostaíocht pháirtaimseartha. Is gá áfach an méid ama a chaitear ar obair pháirtaimseartha a rialú go maith nó féadann sé bheith ina chúis teipthe ag mic léinn nó ina chúis go n-éireodh siad as a gcúrsa go luath. Cuimhnítear má thiteann tú amach sa chéad bhliain duit ní íocfar do chuid táillí ollscoile nuair a thabharfaidh tú faoi in athuair.

Nuair a bhíonn a fhios agat an cúrsa ata tú ag dul a dhéanamh, is é an chead chéim eile impleachtaí airgeadais do rogha a fhiosrú. Thiocfadh leat socrú, cuir i gcás, ar chónaí ar shiúl ón bhaile laistigh den champas nó i lóistín ar cíos. Mura mbíonn tú ar campas beidh costais eile taistil i gceist le cois costais mhaireachtála ó lá go lá gan trácht ar leabhair agus ar shiamsaíocht.

IMEACHT I MBÉAL DO CHINN

Na costais a bhaineann le cónaí ar shiúl as baile

CAITEACHAS	IN AGHAIDH NA MÍOSA	IN AGHAIDH NA BLIANA
Cíos (go náisiúnta)	€287	€2,583
Leictreachas, Gas, Bruscar	€31	€275
Bia	€169	€1,521
Taisteal (ticéad míosúil)	€96	€864
Leabhair/Nithe Acadúla Eile	€70	€630
Eadaí/Cúram Leighis	€42	€378
Fón Soghluaiste	€31	€279
Saol Sóisialta	€129	€1,161
IOMLÁN	€855	€7,691

FANACHT IN ÁIT NA mBONN

Na Costais Mhíosúla a bhaineann le cónaí sa bhaile agus tú ar choláiste

CAITEACHAS	IN AGHAIDH NA MÍOSA	IN AGHAIDH NA BLIANA
Cuidiú le billí an tí sa bhaile	€29	€261
Bia	€64	€576
Taisteal (ticéad míosúil)	€96	€864
Leabhair /Nithe Acadúla Eile	€70	€630
Eadaí/Cúram Leighis	€42	€378
Fón Soghluaiste	€31	€279
Saol Sóisialta	€129	€1,161
IOMLÁN	€443	€3,987

- Is treoir náisiúnta í seo agus tá an méanchíos níos airde i mBaile Átha Cliath – b'fhéidir €389 in aghaidh na míosa. Is féidir le cíos i mBaile Átha Cliath bheith chomh híseal le €300 nó chomh hard le €700 in aghaidh na míosa.
- Níl an táille mic léinn san áireamh thuas. Tá an táille seo €2,000 don bhliain 2011/2012 ach má bhíonn tú i dteideal deontais, díolfaidh an t-údarás áitiúil deontais é ar do shon.
- Foinsí: daft.ie rental report, Consumer Price Index, Aibreán 2011 agus Tráchtaireacht Mhíosúil Eacnamúil an ESRI

GNÉITHE EILE LE CUIMHNEAMH ORTHU

Tá táille cláraithe ann do mhic léinn atá thart ar €1,500. Athróidh na praghsanna seo maidir le bia, taisteal, lóistín agus costais fuinnimh srl. de réir rataí boilscithe.

SCÉIMEANNA TACAÍOCHTA AIRGEADAIS

Tá ceithre bhunscéim deontais ar fáil do mhic léinn a bhíonn ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar ollscoil, ar choláiste, ar scéim oiliúna nó in institiúid bhreisoideachais.

1. Scéim na nDeontas Ardoideachais
2. Scéim Scoláireachtaí na gCoistí Gairmoideachais
3. Scéim na nDeontas Cothabhála Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe
4. Scéim Iar-Ardteiste

Don bhliain 2011/2012 ghlac 22 Coiste Gairmoideachais as 33 acu agus 13 údarás áitiúil as 33 acu le hiarratais ag lorg deontas tríú leibhéal ar líne ag **www.studentfinance.ie** don chéad uair ariamh. Bhí na dreamanna seo freagrach as 80% de na deontais ar fad. Ó 2012 ar aghaidh is é Coiste Gairmoideachais Chathair Átha Cliath atá i bhfeighil chóras lárnach na ndeontas do mhic léinn ar fud na tíre.

FAOISEAMH CÁNACH

I ndiaidh do chuid taighde, b'fhéidir go bhfaighfeá amach nach bhfuil tú incháilithe do dheontas táillí ar bith. Ní hé sin deireadh an scéil áfach, b'fhéidir go gcáilíonn do thuismitheoirí don fhaoiseamh cánach.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

Tá dhá chineál scoláireachta a chuireann an Roinn ar fáil:

- 7 Scoláireacht Chuimhneachán Sheachtain na Cásca
- 50 scoláireacht a thugtar do mhic léinn a théann ar scoil i gceantar Gaeltachta.

SCOLÁIREACHTAÍ IONTRÁLA

Tá roinnt institiúidí tríú leibhéal ann a bhronnann scoláireachtaí ar mhic léinn a fhaigheann 500 pointe san Ardteist. Ní gá iarratas a chur chucu.

SCOLÁIREACHTAÍ NA gCOISTÍ GAIRMOIDEACHAIS

Má tá tú ag cur isteach ar chúrsa PLC nó ar chúrsa i gColáiste Breisoideachais, nó ar chúrsa in Institiúid Teicneolaíochta ba cheart duit dul i dteagmháil le do Choiste Gairmoideachais áitiúil le haghaidh foirm iarratais.

SCÉIM SCOLÁIREACHTAÍ BHANC NA hÉIREANN/UCD

Is fiontar nua suimiúil é Scéim Scoláireachtaí Bhanc na hÉireann/UCD do bhaill ó ghrúpaí eitneacha mionlaigh as lasmuigh den AE, a chónaíonn anois i bPoblacht na hÉireann (ROI). Amharctar ar an suíomh idirlín www.ucd.ie/newirishscholarships fá choinne tuilleadh eolais.

SCOLÁIREACHTAÍ UILE-ÉIREANN

Bainfidh níos mó ná 1,300 mac léinn tríú leibhéal tairbhe as scéim atá á tionscnamh ag J.P Mc Manus. Is scéim e seo atá dírithe ar na mic léinn ó chúlra míbhuntáiste is fearr a n-éiríonn leo san Ardteist. Bronnfar ar a laghad dhá cheann i ngach contae agus níos mó de réir mar a cháilíonn daoine daofa. Is fiú €6,750 gach ceann acu agus beidh 120 le bronnadh sna Sé chontae is Fiche agus tuilleadh ó thuaidh. Tuilleadh sonraí ar **www.education.ie**

MIC LÉINN FAOI MHÍBHUNTÁISTE

Déanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta scoláireachtaí a bhronnadh, i gcuimhne ar Donogh O'Malley, ar mhic léinn a chónaíonn i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste.

TEAGASC

Tugann an áisíneacht Teagasc scoláireachtaí tarraingteacha do mhic léinn a roghnaíonn cúrsaí a dhéanamh i gcoláistí talmhaíochta nó gairneoireachta.

SCOLÁIREACHTAÍ SPÓIRT

Agus gach duine in iomaíocht le chéile chun áit ardoideachais a fháil, is furasta dearmad a dhéanamh gur próiseas débhealaigh atá ann agus go mbíonn na coláistí in adharca a chéile fosta ag iarraidh mic léinn a mhealladh chucu féin.

Is uirlis choitianta earcaíochta anois é ag ollscoileanna in Éirinn scoláireachtaí spóirt a thairiscint do dhaoine a bhfuil ardchalabra nó éirim spóirt iontu. Baineann mic léinn a bhfuil taifead suntasach éachtaí spóirt acu, baineann siad tairbhe as deontas maoinithe agus tacaí eile, agus ag an am chéanna baineann coláistí stádas agus clú amach cionn is go bhfuil sárghníomhairí spóirt ag caitheamh dathanna an choláiste.

Bíonn leibhéil éagsúla mhaoinithe ann ach de ghnáth is leor é le cuidiú le costais agus le cinntiú nach gá obair pháirtaimseartha a dhéanamh. An t-am is fiúntaí agus is luachmhaire ar fad na scoláireachtaí nuair a thugann siad deis don mhic léinn teacht ar áiseanna traenála den scoth, ardchomhairle cothúcháin agus oiliúnú barrleibhéil *(top level coaching)*.

Is féidir le mic léinn atá tiomanta don spórt ag an leibhéal is airde, cibé acu a bhíonn siad ag imirt dá gclub, dá gcontae, nó ag iomaíocht ar son a dtíre, is féidir leo barr feabhais a bhaint amach go hacadúil fosta. In amanna áfach, cuireann an t-am agus an fuinneamh a bhíonn riachtanach don spórt, cuireann sé isteach ar a dtorthaí Ardteiste. Agus iad á aithint sin, tá sé ag éirí níos coitianta i measc coláistí lamháltas *(concession)* a dhéanamh ar phointí i dtaca le mic léinn áirithe ag a bhfuil scoláireacht spóirt.

RÉIMSE LEATHAN

Tá i bhfad níos mó scoláireachtaí spóirt ann anois ná na cinn thraidisiúnta de chuid Chumann Lúthchleas Gael, lucht rugbaí, snámha agus gleacaíochta a bhíodh ann le fada. Cuirtear san áireamh anois

olléagsúlacht chaitheamh aimsire agus spórt, ar a n-áirítear snúcar ag Má Nuad, creagdhreapadóireacht *(rock climbing)* i nGaillimh agus ealaíona comhraic *(martial arts)* ag IT Cheatharlach. Tá scoláireacht rámhaíochta ag Ollscoil Luimní a tharraingíonn aird a lán mac léinn.

Aithníonn DIT rothaíocht fána, lámhach créphlátaí *(clay pigeon shooting)* agus taecuandó. Aithníonn Ollscoil Chorcaí 22 spórt éagsúla, ina measc cosdornáil, trampailín, eitpheil agus trí-atlan *(triathlon).* Bíonn thart ar 125 scoláire spóirt anseo in Éirinn atá páirteach i 14 spórt agus ar na mallaibh thoisigh an ollscoil ar Acadamh Éilíteach nua do mhic léinn ag fíorbharr leibhéal ionadaíoch a spóirt, agus a bhfuil cumas iontu éachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhaint amach. Ní roghnófar don acadamh ach líon an-bheag sárghníomhairí agus cuirfear socruithe speisialta iontrála i bhfeidhm.

Bronnann DCU scoláireachtaí ag dhá leibhéal imreoirí tallannacha agus scothimreoirí nó an éilít. Is é uasluach na scoláireachta €5,000 agus i measc na dtairbhí áirítear giomnáisiam ardghníomhaíochta, linn bhisigh 25 m, fuarfholcadáin, raon ráibe faoi dhíon, lóistín fóirdheontais ar campas agus tacaíocht airgeadais. Ina scéim sin scoláireachtaí spóirt dáileann Ollscoil na Gaillimhe amach corradh le €100,000 in aon bhliain amháin ar níos mó ná 80 mac léinn.

Ba chóir do mhic léinn a bhfuil suim acu scoláireacht spóirt a fháil, ba chóir daofa cur isteach ar chóras CAO ar an ghnáthdhóigh, agus iarratas scartha díreach a dhéanamh chuig a rogha choláiste a lorg scoláireachta. Is féidir an t-eolas ar fad maidir le dátaí druidte srl. a fháil ar shuíomhanna idirlín na gcoláistí éagsúla.

DEONTAS COTHAITHE

Tháinig laghdú 4% ar rátaí deontais tríú leibhéal mar thoradh ar cháinaisnéis 2011. D'athraigh an cháinaisnéis chéanna an fad a bhí ag mac léinn le bheith ina chónaí ar shiúl ó institiúid tríú leibhéal sula mbeadh an ráta deontais neamhchóngarach *(non-adjacent)* ag dul dó. Ardaíodh an fad ó 24 chiléamadar go dtí 45 chiliméadar. Tá an liúntas cothaithe níos ísle má bhíonn mac léinn ina chónaí sa bhaile mar meastar go bhfuil níos lú costas air.

Tá scála aistritheach *(sliding scale)* ann chun an deontas cothaithe a oibriú amach. Is féidir go mbeadh an deontas iomlán cothaithe ag dul do mhac léinn nó go mbeadh 75% nó 50% nó 25% de ag dul dó ag brath ar ioncam an teaghlaigh agus an líon páistí sa teaghlach. Tá trí bhanda de mhéid teaghlaigh ann ó thaobh íocaíochtaí deontas de: níos lú ná ceathrar páiste, idir ceathrar agus seachtar páiste agus ochtar páiste nó níos mó.

Is é an deontas iomlán cothaithe ag an ráta neamhchóngarach ná €3,120 sa bhliain agus is é an deontas iomlán cothaithe ag an ráta cóngarach ná €1,250 in aghaidh na bliana. Is é an liúntas cothaithe is ísle ná €780 don ráta 25% neamhchóngarach agus €315 don ráta 25% cóngarach.

10 EISPÉIREAS AN TRÍÚ LEIBHÉAL

Caibidil 10

Eispéireas an 3ú Leibhéal

Tuigeann mic léinn go ndéanann an Coláiste tríú leibhéal níos neamhspleáiche iad mar dhaoine agus go gcaithfidh siad foghlaim le cinntí a dhéanamh daofa féin. Ta réimse daoine i bhfad níos leithne ar an choláiste, aoiseanna éagsúla, cultúir dhifriúla, mic léinn ó bhailte eile agus ó thíortha eile. Bíonn sé suimiúil casadh leis na daoine seo agus aithne a chur orthu. Athraíonn an caidreamh leis na hoidí a bhíonn agat fosta. Bíonn na léachtóirí níos cosúla le cara de do chuid ná le múinteoir in iar-bhunscoil. Bíonn sin ina chuidiú mór agus mothaíonn tú gur duine fásta thú.

Maidir leis an ualach oibre agus an méid staidéir a dhéanann tú, tá an tríú leibhéal go hiomlán difriúil ón taithí iar-bhunscoile. Tá an fhreagracht ort féin an obair a dhéanamh agus ní bhíonn múinteoirí agat a bhíonn ag síorsheiceáil agus ag ceartú. Feictear do go leor mac léinn go mbíonn an chéad seimeastar réasúnta éasca óir bíonn go leor den ábhar á chlúdach arís a rinne tú ar scoil ach ina dhiaidh sin, i seimeastar a 2, is minic gur scéal eile ar fad é agus bíonn tréan nithe nua le foghlaim.

B'fhéidir go sílfeá go bhfuil sé leadránach bheith i láthair do gach rud ach dáiríre beidh do shaol ollscoile i bhfad níos fusa san fhadtéarma ach tú freastal i rith an ama ar do chuid léachtaí agus ranganna teagaisc. Ní féidir bheith ag brath ar théacsleabhair agus ar nótaí cúrsa amháin – déanann léachtóirí an t-ábhar a thaiscéaladh i bhfad níos mine agus tugann siad comhairle maidir le haistí, staidéar, scrúduithe srl. Cuirfidh tú aithne ar do chuid léachtóirí chomh maith, gheobhaidh tú amach uathu cad é atá siad a lorg dáiríre sna ceisteanna a thugann siad agus beidh sé níos fusa agat dul a fhad leo má bhíonn ceist agat fán chúrsa nó gné éigin eile a thig leo a réiteach duit.

TRÍNA CHÉILE

Ná déan dearmad go bhfuil gach duine eile i do rang sa chás chéanna leat féin, b'fhéidir go bhfuil siadsan níos trína chéile ná tú féin fiú. Déan cairdeas le daoine eile agus is féidir libh tacú le cheile agus bheith ag comhoibriú le chéile chun sannacháin *(assignments)* a chur díbh. Nuair a bhíonn aithne agat ar dhuine/dhaoine eile sa rang, is mó an spéis a bheidh agat fosta freastal ar do chuid léachtaí.

Gabh i dteagmháil le d'aontas mac léinn agus cláraigh leo. Is é post an aontais do chuid ceart a chosaint agus do leas a dhéanamh, mar sin de, is maith aithne a chur orthu agus leideanna ar bith a bhíonn acu a

fháil, rudaí le seachaint, aicearraí chun rudaí a fháil srl. Bíonn áiseanna éagsúla in Aontas na Mac Léinn a bhíonn saor agus bíonn go leor spraoi agus dea-chomhairle ann chomh maith. Sínigh le cumann nó club éigin a bhfuil suim agat ann. Is bealach iontach é sin le haithne a chur ar dhaoine nua lasmuigh de do ranganna/chéim. Is féidir dul ar thurais leo agus bheith páirteach i gcomórtais sheach-churaclaim. Is féidir leis an chéad bhliain bheith an-chostasach ar choláiste go háirithe má bhíonn tú ag stopadh i gcathair mhór; caithfidh tú foghlaim go gasta an dóigh le fanacht laistigh de do bhuiséad pearsanta féin agus gan dul i bhfiacha le barraíocht ragairne. Cónaíonn go leor mac léinn ar láthair na hollscoile sa chéad bhliain agus déanann siad post páirtaimseartha le cur lena gcuntas coigiltis.

CÉN SÓRT LÓISTÍN IS CÓIR A LORG?

Is fachtóir thábhachtach i saol na hollscoile agus tú ag socrú isteach lóistín mhaith a aimsiú. Is fiú go mór am agus dua a chaitheamh chun an ghné seo de do thaithí chéad bhliana a fháil ceart. Go minic is é an socrú is fearr do lucht na chéad bhliana fanacht in árasán ar campas ar feadh cúig nó seacht lá na seachtaine. Tá sé chóir a bheith chomh maith le cónaí sa bhaile, agus clúdaíonn an praghas cíosa na bunriachtanais ar nós teasa agus solais. In amanna, fiú, clúdaíonn sé bunbhéilí fosta. Rogha choitianta eile i measc lucht na chéad bhliana is ea bogadh isteach i loistín atá saintógtha *(purpose-built)* agus a bhíonn laistigh d'achar siúil ón champas de ghnáth.

Braitheann na praghsanna ar cé acu atá an chóiríocht á roinnt agus atá áiseanna ar nós seomra folctha en suite ann nó nach bhfuil. Is gnáthrud é anois sna hollscoileanna ar fad agus i mórán coláistí teicneolaíochta go mbíonn áras cónaithe do mhic léinn ann, go speisialta áras do Ghaeilgeoirí. Is fiú d'ainm a chur ar liosta chomh luath agus a bhíonn a fhios agat go bhfuil áit agat.

CÍOS CHUN TOSAIGH

Iarrtar airgead chun tosaigh agus íoctar an cíos de ghnáth in dhá thráthchuid. Is fiú go mór teagmháil a dhéanamh le seirbhísí cóiríochta *(accommodation)* an choláiste nó le haontas na mac léinn má bhíonn cuidiú de dhíth. Bíonn liosta acu de ghnáth den loistín is fóirsteanaí ar campas nó ar cíos príobháideach, ach go moltar do mhuintir na chéad bhliana de ghnáth gan bacadh leis an dara rogha, más féidir.

Moltar don mhac léinn dul i gcuideachta a thuismitheoirí a amharc ar an chóiríocht a chinntiú go bhfuil an suíomh agus caighdeán na n-áiseanna sásúil sula síneoidh siad aon rud nó sula ndéanfaidh siad aon cheangaltas *(commitment)*. Má bhíonn tú ag dul isteach i lóistín phríobháideach, moltar an cháipéisíocht ar fad a léamh go maith roimh dhul isteach i gcomhaontú tionóntachta *(tenancy agreement)*. Bíonn ceangal dlíthiúil ort cloí le haon chonradh a shínítear ina dhiaidh sin agus ba chóir treoir a lorg roimh ré ó chomhairleoirí sa choláiste nó in aontas na mac léinn.

11 PEANNPHICTIÚIR OLLSCOILEANNA, INSTITIÚIDÍ TEICNEOLAÍOCHTA AGUS COLÁISTÍ OIDEACHAIS

Caibidil 11

Peannphictiúir

OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH (DCU)

DÁMHA:
Scoil Ghnó
Innealtóireacht agus Ríomhaireacht
Eolaíocht & Sláinte
Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta
Cianoideachas

Líon na Mac Léinn: Os cionn 10,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 1,200
Suíomh Idirlín: **www.dcu.ie**

Tá DCU suite ar champas fairsing 85 acra go díreach trí mhíle ó thuaidh ó lár na cathrach. Tá sí ar na hollscoileanna is óige in Éirinn, nó d'oscail sí den chéad uair i 1980 agus rún aici an t-ard-oideachas a nuachóiriú le níos mó smaointe nuálaíocha. Ceann de na bealaí ina ndearnadh sin is ea na socrúcháin oibre a thug siad isteach mar chuid de chláir chéime. Tá os cionn 80 clár acu, a leath díobh sin ina n-iarchéimeanna, agus os cionn 10,000 mac léinn ag freastal ar an ollscoil seo.

D'fhorbair DCU a cuid speisialachas féin, agus chruthaigh sí roinnt lárionad barr feabhais náisiúnta a bhíonn ag comhoibriú le hollscoileanna eile agus le hearnáil na tionsclaíochta ar bhonn idirnáisiúnta. Chuaigh na lárionaid taighde seo lasmuigh de na teorainneacha traidisiúnta agus síneadh iad chun go nglacfaí isteach comhcheangail de dhisciplíní acadúla ar nós na biteicneolaíochta, na hinnealtóireachta leictreonaí, na fisice agus na ceimice.

Cuirtear béim ar thábhacht na hacadúlachta ach lena chois sin déantar freastal ar spóirt agus ar shiamsaíocht i Halla Spóirt na hOllscoile ina bhfuil linn snámha 25 m, sabhna, seomra gaile, giomnáisiam hallaí spóirt, Lárionad Sacair agus cúirteanna scuaise. Tá os cionn 40 club spóirt ar féidir clárú leo.

Is é an Mol *(Hub)* an t-ionad lárnach atá ag na mic léinn; is ansin atá Aontas na Mac léinn agus go leor spásanna siamsaíochta a chothaíonn tréan gníomhaíochtaí bríomhara sóisialta do gach mac léinn. Is ansin chomh maith a fhaightear eolas ar chóiríocht (agus os cionn 2000 mac léinn ag stopadh ar an champas) agus eolas i dtaobh na gcumann éagsúil (thart fá 60) atá ann.

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH (NUI GAILLIMH)

DÁMHA:

Coláiste Ealaíne, Eolaíochtaí Sóisialta & Staidéar Ceilteach
Coláiste Gnó, Polasaí Poiblí agus Dlí
Coláiste Innealtóireachta agus Faisnéisíochta
Coláiste Leighis, Altranais agus Eolaíochtaí Sláinte
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Coláiste Eolaíochta

Líon na Mac Léinn: Os cionn 16,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 2,000
Suíomh Idirlín: **www.nuigalway.ie**

Soláthraíonn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh rogha fhairsing chlár thar chúig Choláiste agus tairgeann chomh maith réimse de chláir pháirtaimseartha agus chianfhoghlama. Cuireann OÉG béim mhór ar bheith ag forbairt agus ag feabhsú go leanúnach na roghanna atá ar fáil do mhic léinn a thiocfadh chugainn.

Is í an phríomhthaighde dhomhanda a thiomáineann an teagasc chun cinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh: feabhsaítear an timpeallacht foghlama agus mic léinn á dteagasc ag acadóirí a bhíonn ar thús cadhnaíochta ina sainábhair agus a thugann na smaointe agus na fionnachtana is deireanaí agus is nuálaí isteach sna léachtlanna. Cuireann Ollscoil na Gaillimhe an-bhéim fosta ar shaol an mhic léinn chomh maith leis na gnéithe oideachais. Fríd an Chlár Saorálaíochta ALIVE tugtar a lán deiseanna do mhic léinn scileanna saoil a fhorbairt agus iad lasmuigh den seomra léachta.

Tugadh faoi chlár infheistíochta €400 milliún ar na mallaibh, an clár forbartha caipitil is mó ar thug an ollscoil faoi riamh. Leis sin tógadh Lárionad taibhseach Spóirt agus Linn Snámha, Lárionad Cultúrtha agus scothfhoirgneamh nua Innealtóireachta a thugann an Roinn Innealtóireachta uile faoin aon díon amháin. Agus an ollscoil lonnaithe i gceartlár na cathrach bíonn deis ag mic léinn tairbhe a bhaint as na háiseanna uile a chuirtear ar fáil i gcathair nua-aimseartha. Tá an clú amuigh ar Ghaillimh gur cathair óg í a bhfuil tarraingt ag mic léinn uirthi, arb ionann iad agus 20% den daonra.

OLLSCOIL NA hÉIREANN, MÁ NUAD (NUI, MÁ NUAD)

DÁMHA:

3 Dhámh ina bhfuil 26 Roinn agus 9 nInstitiúidí.

Líon na Mac Léinn: Os cionn 8,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: Níos mó ná 500 as 50 tír éagsúla
Suíomh Idirlín: **http://international.nuim.ie/**

Is í Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, an t-aon bhaile ollscoile in Éirinn. Is é an campas is baile do 8,000 mac léinn a thagann as níos mó ná 50 tír dhifriúla. Agus í ag tógáil ar thraidisiún na scoláireachta agus na scothoibre i ngach gné dá cuid gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus taighde i gcúrsaí na

saorealaíona agus na n-eolaíochtaí, tá OÉMN suite ar bheith ina lárionad foghlama agus fionnachtain acadúil den chéad ghrád atá á thiomáint ag scoth an taighde. Táthar tiomanta san ollscoil chomh maith ar thimpeallacht a chruthú ina dtig le mic léinn foghlaim, forbairt agus fás in aibíocht.

Soláthraítear réimse an-leathan clár fochéime, iarchéime agus taighde trí 26 roinn acadúil agus institiúidí taighde. I measc na gcúrsaí is mó a bhfuil éileamh orthu áirítear eolaíocht, eolaíocht shóisialta agus daonnachtaí chomh maith le cúrsaí nua nuálaíocha ar nós eolaíochtaí bithmhíochaine, imdhíoneolaíocht, sláinte dhomhanda agus córais nua fuinnimh inathnuachana.

Fáiltítear roimh mhic léinn ar chúrsaí iomlána nó ar scéimeanna iasachta staidéir ar feadh seimeastair nó bliana. Gealltar do gach duine go mbeidh ardeispéireas acu i Má Nuad ina bhfuil teagasc agus áiseanna foghlama den chuid is fearr, foireann teagaisc chuidiúil chairdiúil, campas álainn agus am iontach spraoi agus spleodair ar fáil.

COLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA CLIATH (TCD)

DÁMHA:
Na hEalaíona, na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta
An Innealtóireacht, an Mhatamaitic agus an Eolaíocht
Na hEolaíochtaí Sláinte.

Líon na Mac Léinn: Os cionn 15,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 2,300
Suíomh Idirlín: www.tcd.ie

Is é Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an ollscoil is sine in Éirinn agus áirítear í ar an 25ú hollscoil is fearr san Eoraip. Ta an Coláiste lonnaithe i gceartlár Bhaile Átha Cliath agus cuimsíonn a champas seanfhoirgnimh áille mar aon le saotharlanna agus léachtlanna nua-aimseartha. Tá sé de phribhléid ag Leabharlann Choláiste na Tríonóide (ó 1801) cóip a fháil de gach leabhar a fhoilsítear in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Ta an Coláiste ar cheann de na hollscoileanna dlúth-thaighde is mó ceannaireacht sa domhan, rangaithe ar an 13ú ceann san Eoraip agus ar an 43ú ceann sa domhan. Déantar taighde i ngach mórdhisciplín acadúil agus fócas straitéiseach againn ar na hachair seo a leanas: Comhpháirtíocht Eorpach agus Idirnáisiúnta, Cultúr agus Ealaíona Cruthaitheacha, Ábhair agus Córais Chliste, Bitheolaíochtaí & Taighde Aistritheach agus Iompar, agus Fuinneamh agus Imshaol. I ngach ceann de na hachair sin déanann Coláiste na Tríonóide taighde úimléideach ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá 50 club spóirt sa Choláiste agus tuairim is 100 cumann mac léinn. Is iomaí áis ata ann leithéidí, beáir, bialanna agus Aontas na Mac Léinn ar champas. I measc na bhforbairtí is deireanaí, luaitear an Lárionad nua Spóirt ina bhfuil linn snámha 25 méadar.

Agus campas TCD i lár na cathrach mar atá, níl i bhfad le dul ag mic léinn an choláiste le teacht ar shiamsa lasmuigh den ollscoil. Cuireadh tús ar na mallaibh leis an ghréasán www.tcdlife.ie a fhéachann le heolas a sholáthar do mhic léinn faoi na cumainn agus na seirbhísí éagsúla atá ann. Tá áitreabh na mac léinn lonnaithe ar agus lasmuigh den champas. De ghnáth cuirtear an chóiríocht intí ar fáil do mhic léinn ata sa bhliain dheireanach, agus tarraingíonn mic léinn ó lasmuigh den Eoraip ar sheomraí ar leith a chuirtear ar fáil dóibh lasmuigh den champas.

COLÁISTE NA hOLLSCOILE, CORCAIGH (UCC)

DÁMHA:

Na hEalaíona, Staidéar Ceilteach agus na hEolaíochtaí Sóisialta
An Gnó agus an Dlí
An Eolaíocht, an Innealtóireachta agus an Bhia-Eolaíocht
An Mhíochaine agus an tSláinte

Líon na Mac Léinn: Os cionn 16,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: Os cionn 2,400 a thagann as tuairim agus 80 tír ar fud an domhain.
Suíomh Idirlín: www.ucc.ie

Is é an Oifig Oideachais Idirnáisiúnta an t-ionad ilfhreastail sa Choláiste ina bhfaightear gach treoir agus tacaíocht phraiticiúil a theastaíonn ó mhic léinn maidir lena saol ollscoile.

Tá seacht nDámh ag Ollscoil Chorcaí agus áirítear í ina hinstitiúid tosaigh i gcúrsaí taighde – níl aon ollscoil eile in Éirinn is mó a thuilleann ioncam taighde-bhunaithe ná í.

Tá os cionn 110 cumann do mhic léinn ann agus dhá bheár ar an champas. Is san ollscoil anseo fosta atá an Mardyke Arena lonnaithe, lárionad spóirt a chuimsíonn linnte snámha, sabhnaí, seomraí gaile, giomnáisiamaí, páirceanna sacair agus hacaí, cúirteanna leadóige agus rianta rásaíochta. Tá stáisiún raidió ag Aontas na Mac Léinn agus a nuachtán féin, The University Express, agus fáilte dá réir roimh mhic léinn dul a phlé leo. Tá Dánlann Lewis Glucksman lonnaithe san ollscoil chomh maith, a chuireann na hamharcealaíona chun cinn agus a áirítear mar chroí cultúrtha champas na hollscoile.

Ta cúig choimpléasc éagsúla i gceist le cóiríocht Ollscoil Chorcaí do mhic léinn agus d'oscail an ceann is deireanaí acu sin, Halla na hOllscoile, ina bhfuil áiseanna agus seomraí den chineál is nua-aimseartha, d'oscail sé i 2006.

COLÁISTE NA hOLLSCOILE, BAILE ÁTHA CLIATH (UCD)

DÁMHA:

An Agraibhia, an Cothú agus an Eolaíocht Chomhshaoil
An Ailtireacht agus an Ailtireacht Tírdhreacha
Na hEalaíona
An Gnó
An Innealtóireacht
An Dlí
An Mhíochaine agus an Eolaíocht Sláinte
An tAltranas agus an Cnáimhseachas
An Eolaíocht agus na hEolaíochtaí Sóisialta
An Mhíochaine Tréidliachta

Líon na Mac Léinn: Os cionn 23,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: Os cionn 3,500
Suíomh Idirlín: **www.ucd.ie**

Is campas fairsing é UCD atá lonnaithe 4 chiliméadar ó dheas ó lár chathair Bhaile Átha Cliath agus a bhíonn ag fás de shíor. Tá os cionn 70 cúrsa céime ann ar féidir tarraingt astu sna dámha thuasluaite. Tá thar 25% de dhaonra na mac léinn faoi láthair ag plé le taighde céime agus scoláireachtaí. Tá cúig choláiste ar leith ann a bhfuil a sainscoil chéimithe féin acu agus é mar aidhm acu cur leis an oiliúint iarchéime chun tacú leis an straitéis náisiúnta Éire a bheith mar phríomhfhoinse oideachais agus taighde ag an 4ú leibhéal.

Seachas na cúrsaí soláthraíonn UCD réimse suntasach áiseanna eile. I measc na n-áiseanna ar an champas áirítear lárionad spóirt ina bhfuil roinnt hallaí spóirt, giomnáisiam, sabhna agus cúirt scuaise. Tá thart ar 60 club spóirt ann a bhaineann tairbhe as an oll-líon páirceanna rugbaí, sacair agus CLCG atá ar an láthair.

Dóibh siúd ar lú a n-iúl i gcúrsaí spóirt agus ar mó a suim i gcúrsaí sóisialta tá líon mór cumann eile ann: gach rud ó fhuirseoireacht go ficheall. Is é Aontas na Mac Léinn an lárphointe do riachtanais agus eolas uile na mac léinn. Níor dhócha ocras teacht ort anseo mar go bhfuil 11 caifelann agus 4 bhialann ar champas mór UCD.

Tá cóiríocht do 2, 500 mac léinn le fáil ar campas ag Belfield agus An Charraig Dhubh. Cuirtear níos mó ná 600 seomra díobh sin i leataobh do mhic léinn idirnáisiúnta.

OLLSCOIL LUIMNÍ

DÁMHA:
Na hEalaíona, a Na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta
Scoil Ghnó Kemmy
An Eolaíocht agus an Innealtóireacht
An tOideachas agus na hEolaíochtaí Sláinte.

Líon na Mac Léinn: Os cionn 10,500
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 1,100
Suíomh Idirlín: **www.ul.ie**

Is ollscoil neamhspleách í Ollscoil Luimní a bunaíodh ag an Rialtas i 1972 mar institiúid Ardoideachais agus a rangaíodh mar ollscoil i 1989. Tá sí lonnaithe i bPáirc Teicneolaíochta Náisiúnta na hÉireann ar bhruacha Abhainn na Sionainne gar do chathair Luimní a bhfuil daonra 80,000 aici.

Is institiúid í ollscoil Luimní a bhfuil fócas idirnáisiúnta aici. Tá 1,200 ball foirne aici agus is ollscoil óg fhuinniúil agus fhiontraíoch í a bhfuil taifead iontach aici i nuálaíocht san oideachas agus scoth an taighde agus an léinn. Is é a misean foghlaim agus eolas a chur chun cinn agus a fheabhsú trí theagasc, thaighde agus léann i dtimpeallacht a spreagann nuálaíocht agus a chaomhnaíonn prionsabail an tsaorfhiosrúcháin agus an fhéinléirithe. Tugtar aird ar leith do ghiniúint an eolais atá bainteach le riachtanais fhorbairt leanúnach shocheacnamaíoch na hÉireann.

Tairgeann OL réimse clár go leibhéil dochtúireachta agus iardhochtúireachta sna disciplíní seo: An Gnó, an tOideachas, an Innealtóireacht, na Daonnachtaí, an Fhaisnéisíocht & an Leictreonaic, agus an Eolaíocht. Tá naisc acadúla aici le Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO (GMIT)

DÁMHA:
Innealtóireacht (Meicniúil, Fuinneamh, Sibhialta, Leictreonaic)
Eolaíocht (Beatha agus Eolaíocht Fhisice, Mata agus Ríomhaireacht)
Turasóireacht agus Fáilteachas
Daonnachtaí
Gnó
Eolaíochtaí Sláinte

Líon na Mac Léinn: 9,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 225
Suíomh Idirlín: **www.gmit.ie**

Is institiúid ilchampais í GMIT a bhfuil os cionn 9,000 mac léinn inti i gceann ar bith de chúig champas i nGaillimh agus i Maigh Eo. Tá Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Maigh Eo bródúil as éachtaí a

cuid céimithe. Aithnítear ár gcuid clár ar fad go hidirnáisiúnta agus tá treocht ghairmiúil ag roinnt leo, a thugann pas duit dul chuig ionaid oibre ar fud an domhain.

Tairgeann GMIT céimeanna fochéime sa Ríomhaireacht san Innealtóireacht Leictreach agus Mheicniúil, san Eolaíocht Cheimice agus Bhithchógaisíochta san Fhisic agus Ionstraimíocht, san Fháilteachas agus Bainisteoireacht Turasóireachta, sa Staidéar Oidhreachta, agus sa Ghnó agus Cuntasóireacht. Tairgtear Máistreachtaí teagasctha sa Ríomhaireacht, agus i gCórais Ghnó agus Imshaoil. Tairgtear cláir taighde chomh maith ag leibhéil na Máistreachta agus na Dochtúireachta le sainspeisialachas in innealtóireacht mheicniúil agus in eolaíocht na mara. Éascaíonn na naisc láidre atá againn le lucht gnó agus tionscail intéirneacht mac léinn agus fostaíocht dár gcuid céimithe.

Tabharfaidh an réimse leathan clubanna agus cumann sóisialta, cultúrtha agus spóirt atá ag GMIT, tabharfaidh siad deiseanna duit do chuid scileanna, inniúlachtaí agus cairdeas a fhorbairt agus feabhsófar agus saibhreofar d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil dá réir.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA ÁTHA LUAIN

DÁMHA:
Scoil Ghnó
Scoil Eolaíochta
Scoil Daonnachtaí
Scoil Innealtóireachta.

Líon na Mac Léinn: os cionn 6,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: os cionn 600
Suíomh Idirlín: www.ait.ie

Is coláiste beo bríomhar é Institiúid Teicneolaíochta Átha Luain atá lonnaithe i gcroílár na hÉireann. Ta ceithre scoil san Institiúid: gnó, daonnachtaí, innealtóireacht agus eolaíocht agus os cionn 6,000 mac léinn ag freastal orthu. Is as thar lear 10% de na mic léinn lánaimseartha a bhíonn againn agus tá páirtíocht againn le 220 ollscoil agus coláiste ar fud an domhain.

Bíonn faill ina lán de na cúrsaí dul ar socrúchán oibre, mar a dtig le mic léinn an méid a bhíonn siad a fhoghlaim sna léachtaí a chur i bhfeidhm san fhíordhomhan. Bhí trí cheathrú dár gcéimithe onóracha gafa le fostaíocht lánaimseartha go díreach sé mhí i ndiaidh dóibh a gcúrsa a chríochnú i 2008. Is é sin ceann de na rátaí fostaíochta céimithe is airde sa tír. Is in AIT chomh maith atá trí cinn de na hinstitiúidí náisiúnta taighde a bhfuil fócas ar leith acu .i. Ábhair, Bithcheimic, agus Bogearraí.

Is féidir le mic léinn tarraingt as áiseanna spóirt ar chaighdeán domhanda ar a n-áirítear raon lúthchleasaíochta atá faofa ag IAAF, páirc AstroTurf FIFA 2-réalta, chomh maith le tailte CLCG agus Rugbaí, airéine spóirt faoi dhíon agus giomnáisiam. Is féidir tairbhe a bhaint fosta as scéim scoláireachta tharraingteach spóirt ar fiú thar €6,000 í thar cheithre bliana. Ar deireadh agus an bhéim reatha ar choigilt airgid, ba chóir go dtuigfeadh mic léinn gur thuairisc Daft.ie le deireanas go bhfuil cóiríocht do mhic léinn in Áth Luain ag na praghsanna is iomaíche sa tír.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

DÁMHA:

Dámh Gnó agus Daonnachtaí
Dámh Innealtóireachta agus Eolaíochta
Scoil CIT Chorcaí don Cheol
Coláiste CIT Crawford don Ealaín agus Dearadh
Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann

Líon na Mac Léinn: os cionn 17,000
Suíomh Idirlín: **www.cit.ie**

Tá IT Chorcaí comhdhéanta de dhá Dhámh agus trí Choláiste. Tá ceithre champas ag an Choláiste agus is é Baile an Easpaig an ceann is mó acu sin. Is ansin a bhítear ag tabhairt faoin ghnó agus faoin eolaíocht agus is ann fosta atá Lárionad na Mac Léinn, ina bhfaightear réimse leathan seirbhísí, ina measc Aontas na Mac Léinn agus an t-ollmhargadh.

Tá Coláiste Crawford atá 200 bliain d'aois agus é lonnaithe i lár na cathrach, tá sé bródúil as an traidisiún i réimsí na mínealaíne, dearadh ceirmeach, oiliúint mhúinteoirí ealaíne agus teiripe na healaíne.

Ceann eile de champais CIT is ea Scoil Cheoil Chorcaí a ndearnadh cóiriú uirthi le déanaí. Ar an láthair seo tá leabharlann, os cionn 50 stiúideo, halla éisteachta, amharclann agus stiúideo ceol leictreonach.

Tá Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann (CNMÉ) lonnaithe i Rinn an Scide i gCuan Chorcaigh, agus tá áiseanna traenála acu ansin atá ar comhchéim le caighdeáin idirnáisiúnta. I measc na n-achar speisialaithe a chlúdaítear, áirítear teicnící marthana, comhrac dóiteán agus áiseanna báid tarrthála agus lamairne. Tá 42 cumann do mhic léinn ann idir na campais ar fad. Ar na háiseanna spóirt atá ar fáil ag Baile an Easpaig, luaitear halla spóirt, giomnáisiam, páirceanna imeartha agus cúirteanna leadóige.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH (DIT)

DÁMHA:

Dámh na hEalaíne Feidhmí
Dámh an Ghnó
Dámh na Timpeallachta Tógtha
Dámh na hInnealtóireachta
Dámh na hEolaíochta
Dámh na Turasóireachta agus an Bhia

Líon na Mac Léinn: os cionn 22,000
Suíomh Idirlín: www.dit.ie

Le bunú DIT i 1992 tugadh le chéile sé choláiste ardoideachais agus cruthaíodh an institiúid tríú leibhéal is mó in Éirinn sa lá atá inniu ann. Anois tá ocht n-ionad ag DIT scaipthe thart ar Lár na hardchathrach i gCearnóg Mhuinseo, Sráid Bolton, Sráid Chathail Brugha, Sráid Aungier, Sráid Chaoimhín, Bóthar Adelaide, Ráth Maonais, Rae Portland, Barr an Teampaill, Rae Chatham, Gráinseach Ghormáin agus Sráid Pembroke.

Ba dheacair ag daoine gan teacht ar chúrsa a mbeadh suim acu ann agus an oll-líon roghanna atá ar fáil i ngach ceann de na coláistí seo. Ta soláthar ann a bhaineann le sé phríomhachair oideachais: Ealaín Fheidhmeach, An Timpeallacht Thógtha, Gnó, Innealtóireacht, Eolaíocht agus Turasóireacht agus Bia. Roinntear iad seo ar fad ina n-ábhair is sainiúla ná sin.

Baineann áiseanna spóirt an-tarraingteacha le DIT. Ar Shráid Bolton tá giomnáisiam agus halla spóirt lánfheistithe agus, lena chois sin, ar Shráid Chaoimhín tá teacht ar ghiomnáisiam agus linn snámha 18m. Tá os cionn 40 club spóirt in DIT, ag soláthar do gach spéis agus gach ábaltacht i ngníomhaíochtaí ó ióga go hiomáint.

Tá Aontas na Mac Léinn (DITSU) ar an cheann is mó sa tír a chuimsíonn os cionn 150 cumann a síneann a dtéamaí ó chúrsaí polaitíochta go cúrsaí na dtaibh-ealaíon.

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA & TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE

DÁMHA:

Scoil Ghnó agus Daonnachtaí
Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha.

Líon na Mac Léinn: os cionn 2,000
Suíomh Idirlín: www.iadt.ie

Tairgeann IADT cláir nuálaíocha a dhírítear go príomha ar na hamharcealaíona agus ealaíona na meán, na meáin dhigiteacha agus an teicneolaíocht, agus na hearnálacha gnó agus cultúir. Tá sé comhdhéanta de thrí scoil: Gnó agus Daonnachtaí, Ealaíona Cruthaitheacha, agus Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha. Is in IADT chomh maith atá an Scoil Náisiúnta Scannánaíochta.

Tá réimse leathan sainchúrsaí agus cúrsaí taitneamhacha ar fáil. Cuir i gcás: Beochan, Fiontraíocht, Síceolaíocht Fheidhmeach, Léiriúchán Scannán agus Teilifíse, Dearadh don Ardán agus don Scáileán, Teicneolaíocht Chlosamhairc na Meán, Bainistíocht na nEalaíon agus Grianghrafadóireacht. Reáchtálann IADT chomh maith scoileanna samhraidh inar féidir tabhairt faoi chúrsaí seachtracha, ar nós cúrsaí le haghaidh ullmhú punainne.

Bíonn teacht go réidh ag mic léinn a thagann go IADT ar áiseanna leabharlainne, ríomhaireachta, stiúideo agus sainásiseanna eile den chéad scoth. I measc na seirbhísí atá ar fáil ag mic léinn, áirítear lárionad sláinte, comhairleoir, oifigeach rochtana, oifigeach gairmthreorach, oidí scríbhneoireachta agus taighde, agus oifigeach spóirt agus caithimh aimsire. Freastalaíonn líon mór cumann agus clubanna ar gach díol spéise ó réimse an rugbaí agus na n-ealaíon comhraic, go ceol agus aisteoireacht.

Cé nach bhfuil aon chóiríocht do mhic léinn ar campas, tugann oifigigh an choláiste agus Aontas na Mac Léinn go leor cuidithe do mhic léinn a bhíonn ar lorg lóistín nó cóiríocht phríobháideach ar cíos sa cheantar.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN DEALGAN (DKIT)

DÁMHA:

Scoil Ghnó agus Daonnachtaí
Scoil na hInnealtóireachta
Scoil Faisnéisíochta
Ceol agus na Meáin Chruthaitheacha
Scoil na Sláinte agus na hEolaíochta.

Líon na Mac Léinn: os cionn 4,500
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 450
Suíomh Idirlín: **www.dkit.ie**

Tá os cionn 4,000 mac léinn lánaimseartha in DkIT agus iad ag leanúint clár ar nós Teicneolaíocht an Cheoil, Altranas, Sláinte agus Gníomhaíocht Fhisiceach, Bainistíocht Idirnáisiúnta, Caidrimh Phoiblí,

agus Staidéar Luath-óige. Is í an Institiúid faoi láthair an t-aon cheann a thairgeann Céim Leibhéal a 8 sa Chnáimhseachas in Éirinn. Agus Amharclann Taibh-Ealaíona nuathógtha againn le deireanas a choinníonn 250 duine, táimid anois sa dóigh go dtig linn céim nua trí bliana a thairiscint sna Taibh-Ealaíona. Mar fhreagairt ar an ghéarchor chun donais eacnamaíochta, tá an Institiúid ag ofráil níos mó Ard-Dioplómaí i gcúrsaí Gnó agus Ríomhaireachta.

Le tacú le saol na mac léinn ar an champas tá Leabharlann fhairsing agus Ionad Acmhainní Eolais againn chomh maith le giomnáisiam, raon bogshodair, bialann nua, halla spóirt, siopa, Oifig Rochtana agus lárionad sláinte. Tá an foirgneamh úr Staidéar Altranais agus Sláinte feistithe amach le haireagail ospidéil insamhlaithe ardteicneolaíochta, aonad T & É idirghníomhach agus gairdín na gcéadfaí. I measc na bpríomhachar taighde in DkIT áirítear Aosú agus Sláinte, Faisnéisíocht agus an Timpeallacht, na Meáin Chruthaitheacha, Ceol agus Fiontraíocht.

Istigh i lár Dhún Dealgan tá tréan áiseanna suimiúla eile, ina measc, páirceanna miondíola, lárionaid siopadóireachta, staidiam spóirt agus cruinneachán sacair, pictiúrlanna, amharclann agus bialanna. Tá cóiríocht shaintógtha againn do 192 mac léinn de chóir phríomhchampas an choláiste. Tá lena chois sin soláthar líonmhar árasán agus tithe nuathógtha de dheas don champas, atá fóirsteanach le glacadh ar cíos. Is é €75 an duine, seomra i bpáirt, an gnáthphraghas sa tseachtain ar árasán acu seo.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA SHLIGIGH

DÁMHA:
Gnó agus Daonnachtaí
Innealtóireacht agus Eolaíocht

Líon na Mac Léinn: 3,914 lánaimseartha agus 1395 páirtaimseartha
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 80
Suíomh Idirlín: **www.itsligo.ie**

Tá IT Shligigh ar cheann de bharrinstitiúidí tríú leibhéal na hÉireann. I 2010 bhí os cionn 6,000 mac léinn ag plé le ceann den réimse uileghabhálach clár lán- agus páirtaimseartha ag an Institiúid. Tig 8% de na mic léinn as tír isteach chugainn ó 30 tír dhifriúla ar fud an domhain.

Tá cáilíochtaí uile IT Shligigh ag teacht le rialacháin Bhologne agus aithnítear iad go hidirnáisiúnta tríd an Chreatlach Cháilíochtaí Eorpach. Bronnann an Institiúid Ard-Dioplómaí (2 bhliain); Céimeanna Baitsiléara (3 bliana); agus Céimeanna Onóracha (4 bliana) chomh maith le Sainchéimeanna Máistreachta agus Dochtúireachta.

Tá timpeallacht foghlama úrscothach ann maille lena cuid léachtlanna, saotharlanna, stiúideonna agus ceardlanna atá ar fad feistithe le hardteicneolaíocht; mar a bhfaigheann mic léinn traenáil ar threalamh sofaisticiúil eolaíochta, innealtóireachta agus gnó. Seachadtar a lán clár ar líne. Tá áiseanna spóirt agus siamsaíochta den chuid is nua-aimseartha ann fosta, ar a n-áirítear páirceanna imeartha craoibhe agus páirceanna traenála faoi thuilsoilse, raon lúthchleasaíochta úrnua agus halla mór spóirt faoi dhíon le giomnáisiam. Tá sainionad ann chomh maith atá ceaptha do mhic léinn ina bhfuil seirbhísí sláinte, comhairleoireachta, gairmthreorach agus céimithe agus ina bhfaightear oifigeach idirnáisiúnta.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA THRÁ LÍ

DÁMHA:
Scoil Ghnó agus Staidéar Sóisialta
Scoil Innealtóireachta agus Staidéar Foirgníochta
Scoil Eolaíochta agus Ríomhaireachta

Líon na Mac Léinn: os cionn 3,500
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 300
Suíomh Idirlín: www.ittralee.ie

Tá IT Thrá Lí ar thús cadhnaíochta maidir le soláthar oideachais san Iardheisceart agus os cionn 3,500 mac léinn ag tarraingt orainn. Tá sí lonnaithe ar dhá champas, a bhfuil rochtain réidh acu ar bhaile mór Thrá Lí.

Tá trí scoil in ITT. Tá an Scoil Ghnó agus Staidéar Sóisialta roinnte ina Roinn Faisnéisíocht Ghnó, ina Roinn Staidéar Gnó agus Daonnachtaí agus ina Roinn Óstán, Lónadóireachta agus Turasóireachta.

Tá an Scoil Innealtóireachta agus Staidéar Foirgníochta comhdhéanta den Roinn Talmhaíochta agus Déantúsaíocht Innealtóireachta, den Roinn Innealtóireacht Shibhialta agus Staidéar Foirgníochta, den Rannóg Phrintíseachta agus den Rannóg Luathaithe Teicneoirí.

Cuimsíonn an Scoil Eolaíochta agus Ríomhaireachta an Roinn Ríomhaireachta agus Matamaitice, an Roinn Cheimice agus Eolaíochtaí Beatha, an Roinn Sláinte agus Staidéar Fóillíochta, agus an Roinn Altranais agus Staidéar Cúram Sláinte.

I measc na n-áiseanna atá ar fáil sa Choláiste, tá Stiúideo Aeróbach agus giomnáisiam lánfheistithe, agus sa Lárionad Spóirt agus Fóillíochta atá le hais an champais tá linn snámha agus áiseanna eile. Léiríonn an rath atá ar an fhoireann peile CLCG tábhacht an spóirt sa Choláiste: bhain siad Corn Sigerson trí bliana as a chéile.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA THAMHLACHTA (ITT BAILE ÁTHA CLIATH)

DÁMHA:
Scoil Ghnó agus Daonnachtaí
Scoil Innealtóireachta
Scoil Eolaíochta agus Ríomhaireachta

Líon na Mac Léinn: os cionn 2,500
Suíomh Idirlín: www.ittdublin.ie

Thosaigh Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta mar institiúid ardoideachais i 1992 agus soláthraíonn anois cláir do bhreis agus 2,500 mac léinn. I measc na nDámhachtainí a bhronntar áirítear ard-dioplómaí, gnáthchéimeanna agus céimeanna onóracha i ngach ceann de thrí scoil na hinstitiúide: Gnó agus Daonnachtaí, Innealtóireacht agus Eolaíocht agus Ríomhaireacht.

B'fhéidir go mba dhíol spéise é ag lucht leanta Jamie Oliver amuigh ansin an Teastas Náisiúnta atá ann i gCócaireacht Ghairmiúil; cuimsíonn an cúrsa dhá bhliain seo socrúchán oibre 10 mí le pá agus tugann léargas iontach agus taithí leathan ar shaol anordúil na cócaireachta.

Is in Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta atá na háiseanna ríomhaireachta is úire riamh. Ta teacht go réidh ag mic léinn ar chrua-earraí atá ar chaighdeán tionsclaíochta: ríomhairí pearsanta, printéirí, scanóirí srl. I measc na n-áiseanna tairbhiúla eile atá ann, tá an Oifig Rochtana agus Míchumais, chomh maith leis na háiseanna sláinte, séiplíneachta, agus leabharlainne atá ar fáil. Tá réimse mór cumann agus clubanna ann, a dhéanann freastal ar gach cineál spóirt agus caithimh aimsire ó chlubanna aclaíochta go hióga, agus tá ionaid sacair agus snámha ann do dhaoine ar suim leo na spóirt níos coitianta ná sin.

Níl aon chóiríocht ar an champas é féin do mhic léinn; ach tá clárliosta in áit a liostaíonn na cineálacha éagsúla tithíochta ata ar fáil sa cheantar. Cuireann an tSeirbhís Chóiríochta sa choláiste é sin ar fáil.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE BHLAINSÉIR

DÁMHA:
Ríomhaireacht; Innealtóireacht; Daonnachtaí; Gnó; Staidéar Idirdhisciplíneach

Líon na Mac Léinn: 1556 lánaimseartha
Suíomh Idirlín: **www.itb.ie**

Is eol dúinn ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir gur próiseas leanúnach athraitheach é gnó na foghlama agus dá réir sin táimid ag cruthú timpeallacht foghlama atá oiriúnach mar go bhfuil sí beoga, nuálaíoch agus solúbtha.

Is é an misean atá againn ag Institiúid Teicneolaíoctha Bhaile Bhlainséir feabhas a chur ar dheiseanna agus rochtain oideachasúla. Is mian linn cur go mór leis an rathúnas agus an fhorbairt eacnamaíoch leanúnach sa cheantar máguaird agus i ndúichí Chill Dara, Fhine Gall agus na Mí.

Tá an campas ar phríomhbhóthar an M50, agus mar sin de, cuimsíonn an léanncheantar s'againn Baile Bhlainséir agus na bruachbhailte comharsanachta i mBÁC thiar thuaidh chomh maith le contaetha Fhine

Gall, na Mí agus Chill Dara. Is ceantair iad seo ina bhfuil réimse an-leathan comhphobal agus gníomhaíochtaí acadúla agus is anseo atá roinnt de na tailte talmhaíochta agus gairneoireachta is fearr in Éirinn.

Cuirtear fáilte roimh ár gcuid mac léinn agus tugaimid tacaíocht daofa agus muid ag iarraidh timpeallacht foghlamtha a sholáthar atá cuimsitheach agus a fhreagraíonn do gach aoisghrúpa agus gach cúlra. Tá tábhacht ag baint leis na foirgnimh fhisiceacha ar champas ar bith. Is tábhachtach an teicneolaíocht agus na háiseanna is nua-aimseartha dá bhfuil ar fáil bheith ann agus tá sin ar fad againn.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA LEITIR CEANAINN

DÁMHA:
Scoil Ghnó
Scoil Innealtóireachta
Scoil Eolaíochta
Scoil Turasóireachta.

Líon na Mac Léinn: os cionn 3,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 100
Suíomh Idirlín: www.lyit.ie

Is é Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT) is baile léinn do chorradh is 3,000 mac léinn. Tairgeann an Coláiste cúrsaí in achair a bhaineann le Gnó, Innealtóireacht, Eolaíocht, Altranas, Ríomhaireacht agus Dearadh.

Sa bhliain 2007 rinneadh scoil de chuid LYIT de Choláiste Turasóireachta na gCealla Beaga, ag nascadh na rannóg bia agus fáilteachais le cuid na teicneolaíochta agus na heolaíochta. Tá éileamh mór ar chúrsaí sa réigiún, Ar na mallaibh cuireadh cláir úra ar fáil: Meáin Dhigiteacha Chruthaitheacha, Teicneolaíocht Ailtireachta, Cúram Luath-óige, Innealtóireacht Bhithmhíochaine, Slándáil Ríomhaireachta agus Fóiréinsic Dhigiteach, Turasóireacht Idirnáisiúnta agus Saineolas Cócaireachta Idirnáisiúnta.

Lena chois sin is in LYIT a lonnaíodh lárionaid taighde feidhmeach i réimsí na biteicneolaíochta muirí, braiteoirí gan sreang agus táirgeadh leictreonaice.

Déantar soláthar ar spóirt agus áiseanna fóillíochta i lárionad nua ilfheidhmeach, ina bhfuil chomh maith leis sin Aontas na Mac Léinn agus oifigí na gclubanna agus na gcumann san Institiúid, ar a n-áirítear: tumadóireacht, cnocadóireacht, curachóireacht (canúáil), cispheil agus dlí. Mar bharr air sin, tá tréan deiseanna sóisialaithe ar fáil i mbaile mór Leitir Ceanainn atá lámh linn.

Tá seirbhís sláinte saor in aisce ar fáil do gach mac léinn, chomh maith le leabharlann dhá urlár ina dtig le 377 agus 93 duine suí ag RP gréasánach. Ó tharla go bhfuil an Institiúid lárnach go maith is iomaí cineál lóistín ata ar fáil ar shiúlóid 20 bomaite ón champas. Bailíonn agus nuashonraíonn Aontas na Mac Léinn liosta den chóiríocht uile atá ar fáil gach bliain.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCTHA LUIMNÍ

DÁMHA:
Scoil Ealaíne agus Dearaidh Luimní
Scoil na Timpeallachta Tógtha
Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Scoil na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta Faisnéise

Líon na Mac Léinn: os cionn 4,000
Suíomh Idirlín: www.lit.ie

Freastalaíonn os cionn 4,000 mac léinn lánaimseartha ar cheann de cheithre scoil Institiúid Teicneolaíochta Luimní (LIT): Ealaíon agus Dearadh, Innealtóireacht & TF, Gnó & Daonnachtaí, agus an Timpeallacht Thógtha.

Is institiúid oideachais í LIT a bhíonn ag síorfhorbairt, cuireadh síneadh €9.5 milliún leis an scoil Ealaíne agus Dearaidh agus €12.9 milliún eile i dtreo Lárionad nua Acmhainní Foghlama agus Faisnéise. Is féidir le corradh agus 350 duine suí in Amharclann na Mílaoise le haghaidh imeachtaí ar nós aithrisí agus siamsaíocht eile bheo. I measc na ngníomhaíochtaí taighde atá idir lámha i LIT, áirítear an Bhiteicneolaíocht, Fuinneamh Inathnuaite, Teicneolaíocht Foirgníochta, Gnó Idirnáisiúnta agus Ealaíon & Dearadh.

Ní luíonn LIT siar ar a maidí ach oiread chomh fada agus a bhaineann sé le spórt agus siamsa. Spreagtar inti gníomhaíochtaí ar nós iomána, camógaíochta, gailf agus Taecuandó. Is cúis bhróid don institiúid fosta a oiread clubanna ata aici gan a lua ach na cinn CLCG, sacair agus rugbaí. Bíonn leorsholáthar spáis ann ar cheann de thrí páirceanna lánmhéide agus páirc uile-aimseartha.

I dtaca le gnóthaí sóisialta de, bíonn tóir mhór ar reáchtáil stáisiún raidió na mac léinn. Bíonn tarraingt mhór ag mic léinn ar fhoirgneamh Aontas na Mac Léinn ar champas Pháirc Mhaoilis agus ar an dá bhialann. Tá seirbhís chóiríochta ar fáil do mhic léinn ar iarratas.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCTHA PHORT LÁIRGE (WIT)

DÁMHA:

Scoil an Ghnó
Scoil an Oideachais
Scoil na hInnealtóireachta
Scoil na nEolaíochtaí Sláinte
Scoil na nDaonnachtaí
Scoil na hEolaíochta.

Líon na Mac Léinn: os cionn 10,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: os cionn 600
Suíomh Idirlín: www.wit.ie

Tá chóir a bheith 10, 000 mac léinn cláraithe le hInstitiúid Phort Láirge (WIT) ar bhonn páirt- agus lán-aimseartha agus is amhlaidh gurb í an soláthraí oideachais is mó san Oirdheisceart agus an Institiúid Teicneolaíochta is mó lasmuigh de BÁC. Forbraítear cláir oiliúna sna réimsí seo a leanas: Gnó, Innealtóireacht, Eolaíochtaí Sláinte, Daonnachtaí agus Eolaíocht. Tá WIT bunaithe ar cheithre lonnaíocht ar fud na cathrach. De réir Phlean Straitéiseach 2007-2010 na hInstitiúide cuirfear forbairtí nua breise ar bun agus i bhfeidhm le freastal ar an líon mhéadaitheach iontrálacha chun na hInstitiúide.

Tá breis agus 30 club spóirt faoi lán seoil ag WIT, i measc na gceann is mó a bhfuil gnaoi na mac léinn orthu áirítear cadhcáil, júdó agus clubanna seoltóireachta. Tá saor-rochtain ag na mic léinn ar fad ar Lárionad Spórt Chriostal Phort Láirge agus bíonn cead isteach saor in aisce acu chuig Lárionad Réigiúnach Spóirt Phort Láirge. Maidir le gné ríthábhachtach an tsaoil shóisialta, tá líon ollmhór roghanna agus 25 cumann ag tabhairt go leor leor deiseanna do dhaoine bheith páirteach in imeacht amháin nó eile. Is iomaí damhsa a eagraítear i rith na bliana ag leithéidí na ngrúpaí Gnó agus Cúram Sóisialta.

Is féidir le mic léinn cur fúthu i gceann ar bith de thrí ionad cóiríochta: Páirceanna an Choláiste, Sráidbhaile an Mhainéir nó Balcea & Calder, i gcás ar bith bíonn mic léinn i dtólamh gar do chathair bheoga Phort Láirge, an cúigiú cathair is mó sa Deisceart.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHEATHARLACH (IT CARLOW)

DÁMHA:
Gnó agus Daonnachtaí
Innealtóireacht agus Timpeallacht Thógtha
Eolaíocht agus Ríomhaireacht.

Líon na Mac Léinn: 4,000
Líon na Mac Léinn Idirnáisiúnta: 400
Suíomh Idirlín: **www.itcarlow.ie**

Cuireann Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach fearadh na fáilte romhat chuig ceann ar bith dá réimse leathan clár fochéime. Tá 40 bliain taithí againn san Institiúid ag forbairt agus ag seachadadh clár a dtagann dámhachtainí dá mbarr atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus atá bainte le hearnálacha tionsclaíochta agus tráchtála idirnáisiúnta. Baineann an Institiúid lántairbhe as infheistíocht an rialtais i dtimpeallacht foghlama na mac léinn agus tá scoth na n-áiseanna ríomhaireachta, ilmheáin, agus leabharlainne againn inár Lárionad Acmhainní Foghlama úrscothach. Tá clú idirnáisiúnta ag an Institiúid chomh maith as ucht a taighde i réimsí na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus an Ghnó.

Tá Ceatharlach suite in Oirdheisceart na hÉireann, go díreach 80 km ó phríomhchathair Bhaile Átha Cliath.Tá an campas fairsing s'againn suite ar bhruacha áille Abhainn na Bearú atá fá shiúlóid chúig bhomaite de lár an bhaile mhóir. Tá sainoifigí againn do mhic léinn as tír isteach agus naisc chomhoibrithe le fada an lá againn le hollscoileanna ar fud an domhain: i dtíortha ar nós na Stát Aontaithe, na Síne, na Malaeisia, na Cóiré Theas agus ar fud an AE. Cuirtear fíorchaoin fáilte roimh mhic léinn chéime agus iarchéime as gach cearn den domhan chun staidéar a dhéanamh i dtimpeallacht shócúlach thacúil Cheatharlach.

COLÁISTÍ OIDEACHAIS

Más mian leat bheith i do mhúinteoir bunscoile in Éirinn, caithfidh tú traenáil ag ceann de na hocht gColáiste Oideachais thart timpeall na tíre.

Coláiste Oideachais Eaglais na Éireann *(Co. Bhaile Átha Cliath)*;	**www.cice.ie**
Coláiste Mhuire, Marino *(Co. Bhaile Átha Cliath)*;	**www.mie.ie**
Coláiste Oideachais Froebel *(Co. Bhaile Átha Cliath)*;	**www.froebel.ie**
Coláiste Mhuire Gan Smál *(Co. Luimnigh)*;	**www.mic.ul.ie**
Institiúid Oideachais Mater Dei *(Co. Bhaile Átha Cliath)*;	**www.materdei.ie**
Coláiste Naomh Aingeal *(Co. Shligigh)*;	**www.stangelas.com**
Coláiste Naomh Pádraig *(Co. Bhaile Átha Cliath)*;	**www.spd.dcu.ie**
Coláiste Naomh Pádraig *(Co. Thiobraid Árann)*;	**www.stpats.ie**

Cuireann gach coláiste Céim Bhaitsiléara san Oideachas ar fáil do mhic léinn agus ullmhaíonn iad chun ábhair a theagasc ag an bhunleibhéal. Tugann siad chomh maith scileanna teagaisc ionas gur féidir le múinteoirí amharc go maith i ndiaidh rang lán daltaí.

Is cúrsaí lánaimseartha iad de ghnáth agus maireann siad trí bliana. Sna croíchúrsaí déantar staidéar ar Ghaeilge agus ar Bhéarla chomh maith le forbairt teanga agus matamaitic. Ar na hábhair eile a theagasctar sa churaclam bunscoile áirítear: ceol, ealaín, corpoideachas agus eolas imshaoil.

Is féidir traenáil mar mhúinteoir iar-bhunscoile i roinnt coláistí oideachais in ábhair ar nós Eacnamaíocht Bhaile agus/nó Reiligiún cuir i gcás. De ghnáth áfach, sna hábhair eile, déanann ábhair mhúinteoirí don dara leibhéal céim fochéime i gcoláiste nó in ollscoil eile agus ansin téann ar aghaidh chun Dioplóma Iarchéime san Oideachas a dhéanamh a ghlacann bliain amháin.

Tá na Coláistí Oideachais ceangailte le, nó tá naisc acu le, ceann éigin de na hollscoileanna. Bíonn an ollscoil ag forbhreathnú cúrsaí caighdeáin agus ceadaíonn go hoifigiúil na céimeanna a thugtar. Bhí ról ollmhór ag an chreideamh, go stairiúil, i gcúrsaí oideachais in Éirinn, agus go traidisiúnta dá réir sin, bhí dlúthnasc ag na Coláistí Oideachais leis an príomheaglaisí. Agus sochaí na hÉireann ag éirí níos éagsúla ó thaobh ileitneachais de, tá an oiliúint a bhíonn ar fáil do mhúinteoirí ag athrú beagán ar bheagán le freastal ar riachtanais an phobail.

Ó tharla an Ghaeilge bheith chomh tábhachtach sin sna bunscoileanna, is riachtanas iontrála é go mbeadh caighdeán maith Gaeilge ag iarrthóirí ar chúrsaí múinteoirí san oideachas bunscoile. Is féidir le roinnt Coláistí Oideachais an deis a thairiscint do mhic léinn tabhairt faoi chéim onórach, a mbaineann an ceathrú bliain staidéir léi. Is féidir le mic léinn bheith ag obair mar mhúinteoirí lánaimseartha agus iad i mbun an cheathrú bliain staidéir seo.

Níl gach cúrsa bainte go díreach le hoiliúint mhúinteoirí. Tairgeann roinnt Coláistí Oideachais cúrsaí eile seachas céimeanna san Oideachas – i measc na gcúrsaí eile sin luaitear Ealaíona agus Daonnachtaí, Staidéar Reiligiúnach agus Altranas (Coláiste Naomh Aingeal).

ÁISEANNA AGUS ACMHAINNÍ

Tá an réimse áiseanna agus acmhainní a bhíonn ar fáil ag Coláistí Oideachais leagtha amach sa dóigh is go bhfreastalaíonn siad go díreach ar riachtanais ábhar múinteoirí. Ina measc, áirítear leabharlanna a bhfuil stoc breá leabhar iontu, ionaid chompordacha staidéir, agus áiseanna TE i ngach coláiste. Má tá sainoiliúint i gceist i gColáiste (m.s. Eacnamaíocht Bhaile) beidh saotharlanna nua-aimseartha agus na háiseanna eile cuí iontu le cuidiú le soláthar an chúrsa áirithe sin.

Tugtar aird mhór do chúrsaí spóirt agus gníomhaíochtaí eile siamsa agus fóillíochta trí go leor spáis bheith tugtha do pháirceanna imeartha, giomnáisiamaí, agus conláistí sóisialta atá ann ar mhaithe leis na mic léinn. Cuireann Coláistí Oideachais foirne spóirt chun tosaigh sna comórtais éagsúla idirollscoile, agus bíonn naisc acu le coláistí eile tríú leibhéal trí chlubanna agus chumainn ar nós lucht na drámaíochta agus an cheoil.

Bíonn cóiríocht atá saintógtha do mhic léinn ag dul le bunús na gcoláistí, ar nó gar dá gcampas. De ghnáth bíonn a seomra féin ag mic léinn agus roinneann siad an spás cócarála agus an seomra suí le triúr nó cheathrar eile. I mórchuid na gcásanna is ionaid nuathógtha iad na hionaid chónaithe seo agus is timpeallachtaí nua-aimseartha taitneamhacha iad dá réir le cur fút iontu.

Ó tharla na Coláistí Oideachais bheith níos sainiúla ina gcur chuige agus sna cúrsaí a thairgeann siad ní bhíonn an réimse seirbhísí agus áiseanna díreach chomh leathan céanna agus a bhíonn in institiúidí móra ollscoile – ach is minic an coláiste bheith nasctha le hollscoil, agus bíonn fáilte roimh na hábhair mhúinteoirí lántairbhe a bhaint as áiseanna na hollscoile sin (m.s. leabharlann, giomnáisiam, beár agus aontas na mac léinn srl.).

ROINN 2

NA CATAGÓIRÍ GAIRME

12 EOLAÍOCHT

Caibidil 12

Eolaíocht

Bíonn ráchairt mhór ar chéimithe eolaíochta i bpríomhthionscail na hÉireann (talmhaíocht, cógaisíocht *[pharmaceuticals]*, agus teileachumarsáid). Tá fuascailt choiriúlachta anois ag brath cuid mhór ar imscrúduithe *(investigations)* agus conclúidí eolaíochta a thugann fianaise dhlí-eolaíoch *(forensic)* dúinn. Bíonn an earnáil thionsclaíoch ag comhoibriú níos minice anois le hollscoileanna i gcúrsaí taighde agus tá an rialtas tiomanta do na naisc seo idir cúrsaí tionsclaíochta agus oideachais trína ndaingniú i bhfiontair oideachais cheathrú leibhéal.

Ba chóir go dtabharfaí faill do mhic léinn anois agus feasta turgnaimh agus breathnóireacht *(observation)* a dhéanamh iad féin seachas bheith ag amharc ar thaispeántais díobh sa dóigh is go mbeidh taithí láimhe acu ar an ábhar agus cur chuige teagmhálach *(hands-on)* ag baint leis. Léiríonn comórtais ar nós Eolaí Óg an chumhacht agus an réimse a bhaineann le taighde eolaíochta nuair a spreagtar mic léinn le bheith dílis dá gcuid suimeanna féin agus is minic torthaí dochreidte agus draíochtúla dá bharr.

ROGHANNA GO LEOR

Ar bhain tú sult as bheith ag staidéar bitheolaíochta, ceimice, fisice, eolaíocht talmhaíochta, matamaitice nó tíreolaíochta fiú le linn do chuid ama ar scoil. Más amhlaidh gur bhain, seans maith go mbeadh céim eolaíochta fóirsteanach go maith duit. Tá a lán roghanna ann do mhic léinn a shocraíonn ar ghairm sna heolaíochtaí in Éirinn. Rinne an tÚdarás um Ardoideachas mórinfheistíocht i lárionaid forbartha agus taighde eolaíochta roinnt blianta ó shin.

Tháinig mórchomhlachtaí cógaisíochta chun cinn go mór sa Phoblacht le deich mbliana anuas agus iad ag lainseáil forbairtí foirgníochta agus fostaíochta a chruthaigh a lán deiseanna sna heolaíochtaí. Dar lena lán áfach, a mbíonn suim acu san eolaíocht, go bhfuil rogha na gcúrsaí ollscoile a bhíonn ar fáil casta.

Tá réimse leathan agus éagsúil roghanna ann do mhic léinn a bhfuil suim acu in achar sainspéise *(special interest)*. Tá níos mó ná 130 cúrsa á dtairiscint ag coláistí fríd an CAO a bhfuil baint acu leis na heolaíochtaí, ón bhia-eolaíocht go réalteolaíocht go zú-eolaíocht. Tá na disciplíní chomh éagsúil sin anois - d'fhéadfá bheith ag plé, cuir i gcás, le hábhair a úsáidtear in aerárthaigh, modhanna nua chun táirgeacht barr *(crop production)* a mhéadú, breoslaí nó ábhair nua a fhorbairt, nó trealamh máinliachta nó drugaí nua a fhorbairt.

SCILEANNA AGUS SLITE ISTEACH

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh eolas domhain ag oibrithe a bhíonn ag plé le heolaíocht ar an achar staidéir a mbíonn siad ag plé leis. Ag brath ar an achar staidéir, bíonn scileann ag teastáil in oibriú trealaimh, reáchtáil nósanna imeachta saotharlainne, scríobh clár bogearraí agus bainistiú bunachar sonraí. Bíonn scileanna anailíseacha agus uimhearthachta de dhíth chun bheith inniúil ar shonraí a léirmhíniú, torthaí a anailísiú agus ríomh staitistiúil a dhéanamh.

Bíonn scil litearthacht ríomhaireachta i bpacáistí ar nós MS Office, bunachar sonraí, ríomhphost agus uirlisí bogearraí sainiúla riachtanach. Caithfidh eolaí a bheith ábalta ar fhadhbanna a réiteach agus dul i gceann fadhbcheartaithe ar bhealach loighciúil agus praiticiúil agus bheith ábalta oibriú as a stuaim féin agus mar bhall d'fhoireann. Bíonn an teicneolaíocht ag athrú de shíor agus bíonn dúshlán ann i gcónaí scileanna nua a fhoghlaim i bpoist a bhaineann le heolaíocht.

Is féidir staidéar a dhéanamh le haghaidh céim Onóracha BSc in Ollscoileanna ar nós UCD, TCD, DCU agus UCC agus sna hInstitiúidí Teicneolaíochta éagsúla ar fud na tíre. Maireann mórchuid na gclár sna céimeanna Onóracha Eolaíochta ceithre bliana. Ta céim Onóracha Baitsiléara ag Leibhéal NFQ 8.

Tá an-chuid roghanna gairme ar fáil do chéimithe Eolaíochta agus tá siad an-éagsúil, mar sin de tá gach cosán gairme difriúil. Glacann a lán céimithe eolaíochta poist ag an leibhéal iontrála sna hearnálacha cógaisíochta, teicneolaíocht faisnéise agus baincéireachta. I ndiaidh daofa cur lena gcuid scileanna agus taithí oibre is féidir le céimithe ansin dul ar aghaidh chuig leibhéil níos sinsearaí laistigh den chomhlacht chéanna nó aistriú go comhlacht eile. Mar shampla, d'fhéadfadh Anailísí Saotharlainne ardú céime a fháil go post an Anailísí Shinsearaigh, ansin go Maor, ansin Bainisteoir agus fiú dul ar aghaidh le bheith ina Stiúrthóir.

CEIRD AN EOLAÍ

Is féidir go mbeadh eolaí ag obair i saotharlann mar anailísí - ag socrú trealaimh, ag ullmhú samplaí le haghaidh a n-anailíse, ag freastal ar chruinnithe saotharlainne, ag reáchtáil tástálacha, ag scríobh tuairiscí, ag anailísiú sonraí, ag fabhtcheartú agus ag réiteach fadhbanna, ag scríobh nósanna imeachta agus ag freastal ar sheisiúin traenála.

Is féidir go mbeadh sé ag gabháil do thaighde fosta - ag léamh agus ag athbhreithniú litríocht eolaíochta, ag dearadh turgnamh, ag socrú turgnamh, ag scríobh amach torthaí, ag anailísiú sonraí, ag freastal ar chruinnithe, ag scríobh páipéar ócáideach taighde, ag cur cainteanna agus póstaeir i láthair ag comhdhálacha. Bíonn eolaí Imshaoil ag tabhairt cuairte ar shuíomhanna chun trealamh monatóireachta a sheiceáil, ag calabrú (nó ag coigeartú) trealaimh, ag bailiú samplaí, ag anailísiú samplaí i saotharlann, ag scríobh tuairiscí, ag anailísiú sonraí ag cur torthaí i láthair agus ag bualadh le cliaint.

FOSTAÍOCHT AGUS TUARASTAL

Tá an margadh fostaíochta an-iomaíoch, mar sin de is minic a bhíonn céim níos airde ag teastáil ar nós Máistreachta nó PhD le bheith incháilithe do roinnt jabanna agus le haghaidh roinnt de na féidearthachtaí ar ardú céime laistigh de chomhlachtaí. Glacann sé na blianta gairm a thógáil, do chuid scileanna a fhorbairt agus bogadh suas dréimire na gairme agus ní mór duit bheith toilteanach scileanna nua a fhoghlaim agus do chuid eolais a chur in oiriúint do chroíghnó an chomhlachta a mbeifeá leis. Ach tú bheith foighdeach agus oibriú go dian dícheallach is féidir luach maith saothair a thuilleamh.

Thiocfadh le hAnailísí Micribhitheolaíochta a raibh aon go trí bliana taithí aige/aici tuilleamh idir €26,000 agus €35,000 agus dá mbeadh trí bliana nó níos mó taithí acu thiocfadh leo bheith ag tuilleamh idir

€35,000 agus €48,000 sa bhliain. Thiocfadh le céimí ceimice le bliain go trí bliana taithí tosú amach mar Cheimiceoir Anailíseach agus é/í ag saothrú idir €30,000 agus €40,000 agus le taithí agus ardú céime thiocfadh leis bheith ina Bhainisteoir Cáilíochta ar €55,000 - €75,000 nó fiú dul chun cinn le bheith ina Stiúrthóir Cáilíochta ar thuarastal de €90,000 - €120,000.

AN CHEIMIC

Baineann an cheimic le bun-nádúr an damhna – an dóigh a nascann adaimh le chéile chun móilíní a chruthú. Roinntear an cheimic ina trí achar ghinearálta: fisiceach, orgánach agus neamhorgánach. Amharcann an ghné fhisiceach ar na próisis cheimiceacha, a ghasta a théann siad agus na dóigheanna lena ndéanamh níos gasta arís. Is í an ghné orgánach scéal an charbóin agus na milliúin comhbhall a bhaineann leis – is é a thug pianmhúcháin *(painkillers)* dúinn ar nós aspairín, dúigh dathúcháin *(ink colouring)* agus tionscal iomlán an phlaistigh. Amharctar sa ghné neamhorgánach ar na comhbhaill nach roinneann le carbón ar nós an iarainn agus a ról ag iompar ocsaigine thart ar an chorp. Is réimse ríthábhachtach beatha é an cheimic anailíseach i dtionscail ar nós na cógaisíochta.

Is féidir na cúrsaí a roinnt ina nglan-cheimic *(pure)* agus ina gceimic fheidhmeach *(applied)*. Díríonn UCD mar shampla ar an ghlancheimic cé go dtairgeann sé fosta bithcheimic. Is í an cheimic fheidhmeach a dhéantar in DIT. Bíonn speisialtóireachtaí ceimice ina gcuid céimeanna eolaíochta ag gach ceann de na hollscoileanna. Tairgeann Má Nuad an cheimic mar chuid den cheimic íceolaíochta *(pharmacology)*; tá an cheimic thionsclaíoch agus íceolaíochta agus an bhithcheimic thionsclaíoch ar fáil in Ollscoil Luimní; eolaíochtaí ceimice agus íceolaíochta in DCU agus ceimic mhíochaine i gColáiste na Tríonóide.

Déanann Ollscoil Chorcaí céim in eolaíochtaí bitheolaíocha agus ceimice a mbíonn thart ar 375 pointe ag teastáil lena haghaidh. Tá eolaíocht íceolaíoch ar fáil fosta i Luimneach i gcuideachta anailís dhlí-eolaíoch nó fhóiréinseach. Is féidir teastas a dhéanamh sa cheimic fheidhmeach sna hIT in Áth Luain, Ceatharlach, Corcaigh, Dún Dealgáin, Gaillimh, Leitir Ceanainn, Sligeach, Tamhlacht, Trá Lí, Luimneach agus Port Láirge. Tá céim sa tocsaineolaíocht *(toxicology)* indéanta chomh maith in Institiúid Teicneolaíochta Átha Luain. Le haghaidh tuilleadh faisnéise déantar teagmháil le hInstitiúid Cheimice na hÉireann: **www.instituteofchemistry.org.**

AN FHISIC

Breathnaíonn fisiceoirí ar dhamhna agus fuinneamh le fáil amach cad é mar a fheidhmíonn, mar a oibríonn agus mar a idirghníomhaíonn *(interact)* siad. Déanann fisiceoirí teoiriciúla iarracht ceisteanna faoi thús na cruinne agus cad é as a bhfuil se déanta a fhiosrú agus a réiteach. Féachann siad le tuiscint a fháil ar dhlíthe an domhain fhisicigh, go príomha trí bhithin na matamaitice. Oibríonn fisiceoirí feidhmeacha in achair atá fíorphraiticiúil. Forbraíonn siad ábhair chasta, nuafhoinsí fuinnimh, trealamh míochaine agus gléasanna leictreonacha agus optúla *(optic)*.

Is féidir céim ghinearálta fisice a dhéanamh in UCC, fisic theoiriciúil i gColáiste na Tríonóide agus in UCD agus tá céim fisice agus mata ar fáil i Má Nuad, ar thart ar 570 pointe. Tá an fhisic thurgnamhach *(experimental)* agus an fhisic mhatamaiticiúil le fáil in UCD chomh maith. Tairgeann Ollscoil Luimní, Gaillimh agus DCU an fhisic fheidhmeach. Déantar fisic mar aon le réaltfhisic in DCU, Má Nuad, Corcaigh agus Gaillimh.

Is féidir an fhisic le réalteolaíocht a dhéanamh in DCU agus teicneolaíocht fisice in DIT agus, ag an ghnáthleibhéal céime eolaíochtaí fisice agus beatha. Le haghaidh tuilleadh faisnéise téitear i dteagmháil le hInstitiúid na Fisice in Éirinn: **www.tcd.ie/IOP/**.



AN BHITHEOLAÍOCHT

Déanann bitheolaithe staidéar ar gach ní beo, ón phlanda aoncheallach is bunúsaí go dtí ainmhithe ilcheallacha *(multicelled)* ardchasta ar nós an duine. Oibríonn bitheolaithe i réimsí éagsúla, ó thaighde eolaíoch go caomhnú agus monatóireacht comhshaoil *(environmental monitoring)* go hobair theicniúil sa tionscal bia agus deochanna. Grúpáiltear í le heolaíochtaí eile beatha ar nós na micribhitheolaíochta agus na bithcheimice. Sna céimeanna eolaíochta déantar an bhitheolaíocht a fhoroinnt ina trí réimse ar a laghad – luibheolaíocht (plandaí), zó-eolaíocht (ainmhithe) agus micribhitheolaíocht (orgánaigh).

Tá NUI Má Nuad i measc an lín bhig ollscoileanna a thairgeann céim sa bhitheolaíocht agus déantar í mar ábhar ealaíne.Tá fás mór tagtha ar chúrsaí a bhaineann le géinitic *(genetics)* agus is féidir céim a dhéanamh sa ghéineolaíocht in DCU, TCD agus UCC. Faigheann céimithe fostaíocht san earnáil íceolaíochta i dtionscal a tháirgeann gairis chúram sláinte, sin nó in institiúidí taighde nó i dtionscal na biteicneolaíochta *(biotechnology)*.

Cuirtear an bhitheolaíocht i bhfeidhm ina lán réimsí den bhiteicneolaíocht agus tá an t-ábhar sin féin ar fáil ag leibhéal na céime in DCU, Gaillimh agus Má Nuad. Tá cúrsaí i mbitheolaíocht fheidhmeach, ina ndéantar staidéar ar na gnéithe den bhitheolaíocht a bhaineann le tionsclaíocht, ar fáil in IT Gaillimh - Maigh Eo, Cheatharlach, Luimní agus Phort Láirge agus idir 240 – 330 pointe ag teastáil lena n-aghaidh. Chun teacht ar thuilleadh eolais is féidir teagmháil a dhéanamh le hInstitiúid na Bitheolaíochta in Éirinn: **www.may.ie/ibi.**

EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

Is in UCD amháin atá céim sa réimse seo ina ndéanann mic léinn na croí-ábhair eolaíochta sa chéad bhliain, agus ansin roghnaíonn siad a bpríomhábhar céime ó cheann ar bith de naoi n-ábhar céime ar a n-áirítear pórú agus táirgeadh síl *(seed breeding and production)*, bitheolaíocht ainmhithe, gnó feirmeoireachta, innealtóireacht teicneolaíochta, eolaíocht ghairneoireachta, gairneoireacht tírdhreacha *(landscape horticulture)* agus foraoiseacht. Oireann an cúrsa seo do mhic léinn nach bhfuil cinnte go hiomlán cén bealach is rogha leo maidir le speisialtóireachtaí sa talmhaíocht. Faigheann céimithe fostaíocht ag bainistiú fiontar i dtionscal an bhia agus na talmhaíochta, i seirbhísí teicniúla agus comhairleoireachta, ag dearadh agus ag bainistiú tírdhreacha, i réimsí taighde, oideachais, margaíochta, cumarsáide agus ag plé le táirgeadh príomhúil scoth-tháirgí bia agus snáithíní *(fibres)*.

Tá cúrsa in eolaíocht chothúcháin *(nutrition)* agus cúrsa eile i bhforbairt idirnáisiúnta agus polasaí bia ag UCC. Tá an chéim dheireanach sin dírithe ar shaincheisteanna forbartha a bhaineann leis an tríú domhan. Díríonn eolaíocht an bhia ar airíonna *(characteristics)* fisiceacha, ceimiceacha agus bitheolaíocha an bhia ar feadh an tslabhra táirgeachta agus margaíochta, ón am a dtairgtear ar an fheirm é go dtí go n-itear é.

TEICNEOLAÍOCHT BHIA

Tairgeann Ollscoil Luimní cúrsa céime i dteicneolaíocht bhia. Clúdaíonn an clár seo topaicí ar nós teicneolaíocht bhia, cáilíocht, comhábhair, ceimic, micribhitheolaíocht, próiseáil agus sábháilteacht. Cuirtear céimithe ar thaithí oibre tionsclaíoch le linn bhliain a 3 i dtionscal bia. Bíonn gairmeacha ar fáil in iliomad réimsí de thionscal an bhia: táirgeadh, próiseáil, bainistiú agus margaíocht srl.

Tairgeann UCD céim chomh maith i ngairneoireacht, bainistíocht tírdhreacha agus scraith spóirt *(sports turf)* agus faigheann céimithe gairmeacha i ndearbhú cáilíochta *(quality assurance)*, bainistiú barra caomhnaithe *(protected crops)*, tionscail na muisiriún agus na scraitheanna féir, bainistíocht ionad garraíodóireachta, comhairleoireacht theicniúil, oideachas, teiripe gairneoireachta agus poist sna meáin, taighde i mbiteicneolaíocht phlandaí agus i mbainistíocht chorparáideach *(corporate management)*.

IMSHAOL

Agus daoine níos buartha anois ná riamh fán chomhshaol, tá a lán clár in eolaíocht an imshaoil ar fáil sna hinstitiúidí difriúla. In Ollscoil Chorcaí, cuir i gcás, tá céim san eolaíocht imshaoil agus sa teicneolaíocht inbhuanaithe *(sustainable)*, a dhíríonn aird na bhfisiceoirí agus na gceimiceoirí chun an t-imshaol a mhonatóiriú agus a chosaint fríd theicneolaíochtaí inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá céimeanna fosta ag DCU, DIT, Ollscoil na Gaillimhe, UCD agus i Luimneach gan ach roinnt a lua.

Beidh go leor de na mic léinn a thagann amach as an ollscoil le céim san Eolaíocht Imshaoil ag iarraidh a gcuid scileanna a úsáid san earnáil tionsclaíochta agus iad ag glacadh freagrachta as monatóireacht, measúnú nó bainistiú imshaoil. Ós ábhar ilghnéitheach *(multifaceted)* é seo bíonn céimithe dea-cháilithe le haghaidh post mar oifigigh imshaoil laistigh den earnáil tionsclaíochta nó den ri-altas áitiúil, mar a nglacfadh siad freagracht as cuidiú lena bhfostóirí cloí leis na dualgais atá orthu i leith an imshaoil de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

De bhrí go dtugtar a lán taithí praiticiúil do chéimithe i roinnt disciplíní imshaoil i rith chlár na céime bíonn siad an-oiriúnach do phoist i réimse méadaitheach na comhairleachta imshaoil *(growing field of environmental consultancy).* Oibríonn comhairleoirí imshaoil i ngach réimse den chomhshaol, ag meas go minic éifeacht forbairtí atá ann cheana nó a mholtar, ag meas modhanna chun drochiarmhairtí imshaoil na bpróiseas tionsclaíoch a laghdú agus ag déanamh faireachán *(monitoring)* dá réir ar cháilíocht an aeir, an uisce agus na cré.

DLÍ-EOLAÍOCHT

Déanann DIT eolaíocht imshaoil i gcuideachta na dlí-eolaíochta. Baineann an dlí-eolaíocht le hanailís fhóiréinseach a dhéanamh ar shubstaintí le fáil amach cad as a bhfuil siad déanta, nó cá has a dtáinig siad. Tá an ghné seo den eolaíocht fíorchlúiteach anois de thairbhe a húsáid i bhfuascailt choireanna, ach úsáidtear í fosta le truailleáin *(pollutant)* a mhonatóiriú. Cruthaíonn an chéim seo fostaíocht i gcúrsaí faireacháin ar thruailleáin náisiúnta agus tionsclaíocha, in anailís cheimiceach mar a dhéantar saintréithriú *(characterisation)* ar mheascáin choimpléascacha chun fadhb a réiteach, agus in anailís fhóiréinseach chun coireanna a fhuascailt.

Tá baint an-fhada ag NUI Gaillimh le réimse na muireolaíochta agus tá céim ar fáil ansin in eolaíocht an domhain agus na n-aigéan agus céim eile sa mhuireolaíocht ina ndéantar staidéar ar chomhshaol na mara, an dóigh ar foirmíodh é, agus tionchar na gníomhaíochta daonna air. Bíonn fostaíocht ar fáil in Institiúid na Mara, leis an Bhord Iascaigh, i dtionscal na hiascaireachta, sa dobharshaothrú *(aquaculture)* agus i dtionscnaimh oideachais agus taighde chomh maith le poist a bhaineann le monatóireacht truailleán.

MÚINTEOIREACHT EOLAÍOCHTA

Daofa siúd ar suim leo an teagasc, tá eolaíocht le céim oideachais ar fáil in Ollscoil Luimní (bitheolaíocht le fisic nó ceimic, nó fisic agus ceimic). Mic léinn in Ollscoil Chorcaí a dhéanann an chéim in eolaíocht cheimiceach, is féidir leo eolaíocht, mata agus ríomhaireacht a cheangal le gairm theicniúil, ghnó, oideachais nó bhainistíochta. I ndiaidh na chéad bhliana ina leantar de réimse leathan ábhar eolaíochta roghnaíonn an mac léinn speisialtóireacht sa cheimic, ceimic le heolaíocht fhóiréinseach, fisic cheimiceach nó oideachas sna heolaíochtaí fisice.

Tairgeann DCU céim oideachais le heolaíocht agus, ina diaidh, bíonn mic léinn réidh le dul díreach isteach i scoileanna. Bíonn cleachtadh múinteoireachta mar chuid leanúnach den chúrsa. Déantar eolaíocht spóirt agus sláinte ansin fosta agus ullmhaíonn se céimí le haghaidh gairme a bhaineann leis na gnéithe teiripe, teicniúla, fiseolaíochta nó síceolaíocha den tsláinte, clúdaíonn sé réimsí ar nós aclaíocht athshlánaitheach *(rehabilitation exercises)*, ullmhúchán síceolaíoch le haghaidh comórtas, anailís ar ghluaiseacht, cúrsaí cothúchán agus traenáil nirt.

Don té a bhfuil suim aige i saincheisteanna sábháilteachta agus sláinte tá cláir chéime in Ollscoil na Gaillimhe agus in Ollscoil Luimní agus tá éileamh mór ar chéimithe le saineolas i réimse na sláinte sábháilteachta trasna gach earnála: tionsclaíocht, eagraíochtaí seirbhíse poiblí, áisíneachtaí stáit, comhlachtaí comhairleachta *(consultancy companies)* agus údaráis áitiúla.

Tá céim dírithe ar shláinte an phobail agus cur chun cinn na sláinte i measc an phobail ag Ollscoil Chorcaí agus cúrsa ar chothúchán an duine agus diaitéitic in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Bíonn an saineolaí bia ag iarraidh galair a chosc fríd dhea-nósanna itheacháin a chothú agus galair a laghdú fríd chuidiú leis an duine aonair a aiste bia a athrú agus a rialú. Is é seo an t-aon chúrsa ar chothúcháin agus diaitéitic sa Phoblacht a thugann cáilíocht ghairmiúil agus tá scothdheiseanna fostaíochta ag roinnt leis in Éirinn agus thar sáile.

ROINNT GAIRMEACHA

Cógaiseoir Anailíseach, Anailísí Micribhitheolaíochta, Anailísí Gnó Foghlama, Oifigeach Imshaoil, Eolaí Bailíochtaithe *(Validation Scientist)*

Déanann bitheolaithe agus teicneoirí saotharlainne bitheolaíochta speisialtóireacht in achair ar leith, an luibheolaíocht, an zó-eolaíocht, an hidri-bhitheolaíocht agus an mhicribhitheolaíocht.

Déanann fisiceoirí agus teicneoirí saotharlainne fisice speisialtóireacht in achair ar leith, an fhuaimeolaíocht, an mheicnic, soilsiú, leictreachas, leictreonaic, fisic núicléach, fisic, adamhach agus mhóilíneach, meitéareolaíocht, réaltfhisic agus geoifisic.

Déanann ceimiceoirí agus teicneoirí saotharlainne ceimice speisialtóireacht in achair ar leith, ceimic orgánach, neamhorgánach agus fhisiceach, bithcheimiceoir.

Speisialachais eile eolaíochta: Geolaíocht, Bithfhisic, Mianreolaíocht *(mineralogy)*, Pailé-ointeolaíocht *(palaeontology)*, Bia-eolaíocht agus Teicneolaíocht, Rialú Cáilíochta *(quality control)*, Staitisteoir, Oibreoir Ríomhaireachta, Ríomhchláraitheoir, Anailísí Ríomhaireachta.

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Is gá i gcónaí nósanna imeachta sábháilteachta a leanstan, nó thiocfadh leat bheith ag láimhseáil substaintí contúirteacha.
- Tá roinnt scóip ann do chuid smaointe féin a fhorbairt ag na leibhéil arda.
- Bíonn obair foirne ann ar roinnt tograí.
- Is furasta scileanna a aistriú ó phost go post.
- Tá deiseanna maithe ar ardú céime sa réimse seo.
- Obair ar fáil go forleathan.
- Pá agus coinníollacha oibre iontach maith.
- Seasmhacht fostaíochta réasúnta cinnte.
- Obair sciliúil a éilíonn aird iontach ar mhionsonraí.
- Obair laistigh i dtimpeallacht a thig bheith contúirteach agus ina mbíonn drochbholadh.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE 13

Caibidil 13

Teicneolaíocht Faisnéise

Is í Éire an t-easpórtálaí is mó bogearraí ríomhairí sa domhan agus an t-easpórtálaí crua-earraí is mó san Eoraip. Tá oibríochtaí abhus in Éirinn ag na hainmneacha is mó ar domhan sa teicneolaíocht faisnéise. Is mealladh amháin é an cháin íseal chorparáideach atá againn ach tá tuilleadh ann. Is tosca tarraingteacha *(key factors)* iad go bhfuil an Béarla ag muintir na hÉireann, go bhfuil córais teileachumarsáide den scoth againn agus go háirithe go dtig bheith ag brath ar linn mhór d'oibrithe díograiseacha oilte. Chuir Éire a lán infheistíochta i bhforbairt na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide i measc a lucht oibre.

Cá mhéad de do shaol atá bunaithe ar na ríomhairí? Tá siad gach áit ón ghuthán póca go dtí an córas treodóireachta satailíte *(satnav)* sa charr. Ta siad fiú ar fáil anois i bhfoirm dhigiteach i gcúrsaí ceoil agus sa ghrianghrafadóireacht. Déanann tionscal na gcluichí ríomhaireachta níos mó de bhrabús anois ná gnó na scannán agus na bhfíseán. Is mór an difear áfach idir bheith ag súgradh le ríomhairí agus á ndéanamh. Chun go n-oibreoidh feidhmchlár *(application)* teastaíonn a lán cód agus treoracha agus tá a lán foghlama le déanamh chomh maith lena lán den smaointeoireacht loighciúil agus chruthaitheach *(logical and creative thinking)*.

Murab ionann agus an déantúsaíocht a éilíonn costais ísle don lucht saothair - sa teicneolaíocht faisnéise is gá go mbeadh fórsa oibre ann atá dea-oilte, sciliúil, agus cruthaitheach agus bíonn comhlachtaí sásta díol go maith as an obair a dhéanann na fostaithe sin. Tá éileamh chomh mór sin ar chéimithe ríomhaireachta gur thoisigh an rialtas straitéis ardscileanna agus chruthaigh siad breis áiteanna sna coláistí leis an bhearna a líonadh. Bhí de thoradh air sin gur íslíodh na pointí iontrála agus go raibh an chuma ar an scéal go bhfuil na cúrsaí simplí agus nach fiú mórán iad.

TEICNEOLAÍOCHT CHEANNRÓDAÍOCH

Bíonn comhlachtaí in iomaíocht le chéile chun céimithe a earcú le tairiscintí mealltacha. Ní bheifeá i do shuí os comhair scáileáin i rith an lae ar fad ach bheifeá mar bhall d'fhoireann ag obair ar thogra ar leith agus mar sin de tá scileanna maithe sóisialta/daonna de dhíth fosta. Beidh tú ag obair in oifig gheal nua-aimseartha agus ó tharla go mbíonn an obair dírithe ar theicneolaíocht cheannródaíoch, bítear go síoraí ag brú siar na dteorainneacha ar cad é is féidir a bhaint amach agus a shamhlú i gcúrsaí teicneolaíochta.

Arbh fhéidir go dtitfeadh seo uilig as a chéile san am atá le teacht? Ar ndóigh thiocfadh (níl aon bharántas go mairfidh tionscal ar bith) ach má smaoiníonn tú air, an dóigh leat go mbeidh níos mó nó níos lú teicneolaíochta in úsáid againn sa todhchaí? An mbeidh tú ag baint níos lú úsáide as guthán póca, nó as an idirlíon, nó ag imirt níos lú cluichí ríomhaire nó ag úsáid níos lú teicneolaíochta sa charr? Mar sin de, nuair a amharcann tú ar an teicneolaíocht agus a smaoiníonn tú cad é an chéad rud eile a dtiocfaidh siad aníos leis, cuir ceist ort féin arbh fhéidir leatsa bheith i measc na ndaoine sin a cheapann agus a chumann aireagáin *(inventions)* úra don lá amárach!

CÚRSAÍ CRUA-EARRAÍ

Más i gcúrsaí crua-earraí atá do shuim (na hinnill iad féin a dhéanann an obair) is féidir obair a lorg le ceann ar bith de na hainmneacha is airde sa tionscal. Tá monarchana tábhachtacha ag comhlachtaí ar nós Apple agus HP in Éirinn agus tá siad ar fad ag éileamh céimithe le leictreonaic, meicníocht agus déantúsaíocht. Cé go mb'fhéidir go mbogfadh an déantúsaíocht féin chuig tír a mbeadh costais saothair níos lú inti, is gnách go bhfanann gnéithe innealtóireachta agus díolacháin an tionscail anseo.

Tá an rud céanna ag tarlú in achan tionscal. Coinnítear na feidhmeanna arda *(higher functions)* ar nós dearaidh, innealtóireachta agus nuálaíochta abhus ach bogann 'na hoibríochtaí scriúire' a bhaineann leis an chur le chéile uilig, bogann sin thar sáile. Is féidir go leor oibre a lorg i gcúrsaí coinneála, ag cothabháil na líonraí agus na n-inneall a bhfuil an oiread sin infheistíochta curtha isteach againn iontu. Bíonn Mata de dhíth ar na hinnealtóirí agus ar na teicneoirí leictreonaice agus crua-earraí agus tá an-tóir ar an dá chineál.

Is achar eile fáis é tionscal na gcluichí agus tá roinnt cúrsaí ann ina dtig leat foghlaim an dóigh le do chuid cluichí féin a scríobh agus a chódáil. Cuimhnigh áfach, cé go mb'fhéidir gurb agat atá na hordóga is gasta amuigh ansin, ní gá go mbeifeá in inmhe na cóid a scríobh a dhéanann na cluichí fiúntach agus sultmhar. Tá difear an-mhór idir bheith ag imirt cluichí ríomhairí agus ag scríobh clár ríomhairí ach más dóigh leat go bhfuil ciall agus scil agat sa dá rud ba chóir duit amharc ar a bhfuil ar fáil in IT Cheatharlaigh, Leitir Ceanainn agus in Ollscoil Luimní.

RÍOMHEOLAÍOCHT

I gclár ríomheolaíochta déantar staidéar ar an dóigh a ndeartar, a dtógtar agus a n-úsáidtear córais chrua-earraí agus bhogearraí ríomhaireachta chun tacú le gníomhaíochtaí lucht gnó srl. Scrúdaítear an dóigh a n-úsáidtear ríomhairí le fadhbanna dúshlánacha a réiteach, an dóigh a n-oibríonn siad, an dóigh a bhforbraítear na bogearraí, an dóigh a ndeartar na crua-earraí don mhargadh agus na bealaí a bhíonn acu le cumarsáid a dhéanamh le chéile. Gheobhaidh tú eolas ardcháilíochta ar na deiseanna a roinneann leis an ríomheolaíocht i ngairmeacha STEM in Éirinn (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata) ar an suíomh www.careersportal.ie

Ag brath ar an chineál comhlachta atá ann, bíonn cláraitheoirí ríomhaireachta ag scríobh, ag anailísiú agus ag tástáil cóid bhogearraí, ag freastal ar chruinnithe le cliaint, ag soláthar réití dearaidh le haghaidh táirgí bogearraí. Úsáideann riarthóirí bunachair shonraí bogearraí bunachar sonraí le bainistiú a dhéanamh ar an dóigh a gcoinníonn comhlacht eolas ar nós taifead cliant, orduithe agus fardail *(inventory)*. Is féidir chomh maith go mbeadh siad freagrach as cinntiú go bhfuil na sonraí ar fad slán agus go bhfuil cúltaca in áit.

ROINNT GAIRMEACHA

Bainisteoireacht: Ceannaire Foirne, Ceannaire Tionscnamh, Bainisteoir Próiseála Sonraí, Bainisteoir Teicneolaíochta Faisnéise, Bainisteoir Córas Faisnéise *(information systems manager)*, Bainisteoir Táirgí, Bainisteoir Tionscnamh, Stiúrthóir Teicneolaíochta Faisnéise *(director of information technology)*, Bainisteoir Margaíochta, Bainisteoir Díolachán

Neamh-bhainisteoireacht: Anailísí Gnó, Riarthóir Idirlín, Riarthóir Bunachar Sonraí, Scríbhneoir Teicniúil, Taighdeoir, Tástálaí Bogearraí/Táirgí, Comhairleoir Tacaíocht Theicniúil *(technical support consultant)*, Oiliúnaí Bogearraí *(software trainer)*, Sainchomhairleoir, Innealtóir Díolacháin, Cláraitheoir/Forbróir Bogearraí/Innealtóir Bogearraí, Anailísí, Dearthóir Córas *(systems designer)*, Dearthóir Bunachar Sonraí, Innealtóir Córas, Ríomhchláraitheoir Córas *(systems programmer)*, Anailísí Córas *(systems analyst)*

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Obair laistigh faoi éide neamhfhoirmiúil agus in oifigí nua-aimseartha.
- Baineann an obair thacaíochta le bheith ag réiteach fadhbanna ríomhaireachta na gcliant ar an ghuthán.
- Éilíonn an obair smaointeoireacht loighciúil, ardchumas i réiteach fadhbanna agus réitigh chruthaitheacha.
- Déantar an obair de ghnáth i ngrúpaí tionscnaimh mar sin de tá an obair foirne tábhachtach.
- Tig leis na huaireanta oibre bheith iontach mírialta.
- Gá i gcónaí go mbeifeá ag foghlaim scileanna nua agus teicnící nua le coinneáil suas chun dáta le forbairtí teicneolaíocha.
- Tá an obair ar fáil chóir bheith áit ar bith.
- Coinníollacha oibre agus pá den chéad scoth.
- Obair iontach mionsonraithe *(detailed)* a éilíonn ardchruinneas
- Is minic a bhítear ag míniú fadhbanna teicniúla le daoine nach bhfuil aon chur amach acu ar an teicneolaíocht.

INNEALTÓIREACHT 14



Caibidil 14

Innealtóireacht

Ar nós a lán gairmeacha beatha eile, oibríonn innealtóireacht ag ceithre leibhéal. Ag an chéad leibhéal bíonn na hoibrithe a oibríonn agus a úsáideann an t-innealra. Ag leibhéal a dó bíonn na ceardaithe a dhéanann seirbhísiú ar an innealra agus an ghléasra (feisteoirí, meicneoirí, leictreoirí srl.), a mbíonn cúrsa printíseachta ceithre bliana déanta acu. Ag leibhéal a trí bíonn teicneoirí ann a bhfuil cúrsaí déanta acu ag na hInstitiúidí Teicneolaíochta a dhéanann tástálacha, anailís agus monatóireacht ar na córais agus a chuireann tuairiscí ar aghaidh chuig teicneolaithe a bhíonn ag leibhéal a ceathair.

Is iad an dream ag leibhéal a ceathair na hinnealtóirí gairmiúla a thuigeann an próiseas uilig, agus a bhíonn i gceannas air, a rialaíonn é agus a bhíonn freagrach as. Is ag leibhéal a ceathair amháin a bhíonn Matamaitic Ardleibhéal de dhíth do gach cúrsa céime innealtóireachta i ngach ollscoil. Is í an innealtóireacht a thug dúinn an tslí mhaireachtála chompordach theicneolaíoch a mbainimid sult aisti.

FADBANNA A RÉITEACH

Is é sin an obair a dhéanann innealtóirí, réitíonn siad fadhbanna fríd eolaíocht, mhatamaitic, loighistic agus smaointeoireacht chruthaitheach. Is cuma cé acu fadhb atá ann; cén dóigh chun leictreachas a ghiniúint le cuidiú na dtonnta, nó cén dóigh chun fón póca níos lú agus níos stílí a dhearadh nó cén dóigh le sciathán bréagach a cheangal leis an chóras néarógach chun go mbeadh sí inúsáidte, is iad na hinnealtóirí na daoine a thig aníos leis na réitigh.

Baineann cur chuige ginearálta comónta le gach cineál innealtóireachta ach d'fhorbair sí ina lán cineálacha difriúla speisialachas ó chúrsaí san innealtóireacht shibhialta (bóithre, uiscebhealaí agus droichid), sa leictreonaic (ríomhairí agus cumarsáid), san innealtóireacht bhithleighis *(biomedical engineering)* ag plé le cromáin shaorga agus córais seachadta drugaí go dtí an innealtóireacht bhithchóras (talmhaíocht agus bia). Is cosúil go n-éiríonn an rogha níos leithne gach bliain, agus ar an dea-uair, is amhlaidh do rogha na ndeiseanna fostaíochta. Bíonn tionscail i gcónaí ag lorg innealtóirí.

AN INNEALTÓIREACHT MAR GHAIRM

Cé gur tháinig moill in earnáil na tógála le cúpla bliain anuas, tá éileamh ar innealtóirí i gcúrsaí leictreonaice agus i gcógaisíocht agus braitheann go leor de dhul chun cinn na sochaí daonna agus gheilleagar na hÉireann ar scileanna agus buanna ár gcuid innealtóirí. Ach ní bhíonn do dheiseanna fostaíochta teoranta do thaobh teicniúil an ghnó amháin, óir is minic a fhaigheann innealtóirí ardú céime chuig poist bhainisteoireachta agus fiú ag reáchtáil comhlachtaí.

Téann a lán daofa ar aghaidh fosta le bheith ina gcomhairleoirí bainisteoireachta mar a ndéanann siad anailís ar chásanna agus a molann siad réitigh le barr éifeachtúlachta agus brabúsachta a bhaint amach. Is iad aireagán, fionnachtain agus nuálaíocht na croíluachanna a bhaineann le gairm na hinnealtóireachta agus tá seacht n-oiread seansanna go mbeidh innealtóir ina Phríomhfheidhmeannach ar chomhlacht ná aon chineál eile gairme.

SAINSTAIDÉAR

Tá réimse fíorleathan roghanna laistigh den innealtóireacht. Is féidir sainstaidéar a dhéanamh i gceann ar bith de na rannóga seo a leanas, agus níos mó: innealtóireacht struchtúr, gheoiteicniúil, imshaoil, iompair, aerloingseoireachta *(aeronautics)*, uathghluaisneach *(automotive)*, bithinnealtóireacht agus innealtóireacht déantúsaíochta, leictreonaice, leictreach nó néarach *(neural)*. Mura mbíonn tú cinnte cén ceann ab fhearr leat díreach ag an tús, is féidir an cinneadh sin a chur siar cúpla bliain ach tú céim iontráil choitinn a phiocadh cosúil leis an cheann atá ar tairiscint ag TCD.

Is fiú a lua fosta go gcríochnaíonn a lán innealtóirí ag obair i réimse nach mbaineann go speisialta le hinnealtóireacht. An fáth atá leis sin go bhfaigheann siad oiliúint le bheith ina réiteoirí maithe fadhbanna agus aithníonn a lán earnálacha eile é sin go maith. Téann a lán innealtóirí ar aghaidh le bheith ina mbainisteoirí críochnúla. Oibríonn roinnt mhaith eile in institiúidí airgeadais.

Glacann céim onóracha innealtóireachta leibhéal a 8 ceithre bliana ach le bheith i d'innealtóir cairte le hInnealtóirí Éireann beidh ort bliain eile a chaitheamh agus céim chreidiúnaithe máistreachta *(accredited masters degree)* a chur díot (leibhéal a 9).

INNEALTÓIREACHT STRUCHTÚRTHA

Is réimse den innealtóireacht í an innealtóireacht struchtúrtha a bhíonn ag plé le dearadh córais struchtúrtha agus é mar aidhm aige tacaíocht nó friotaíocht a thabhairt d'ualaí éagsúla. Is gnách go mbíonn an t-innealtóir struchtúrtha bainte le dearadh foirgneamh agus le struchtúir nach foirgnimh iad, ach tá ról lárnach aige/aici chomh maith i ndearadh innealra sa chás go mbíonn tionchar ag sláine struchtúrtha an ní ata le dearadh ar shábháilteacht agus iontaofacht. Caithfidh ionchur bheith ag innealtóir struchtúrtha i nithe móra de dhéantús an duine, ó mhíreanna troscáin go trealamh míochaine go réimse feithiclí éagsúla.

Is é an difear idir innealtóir struchtúrtha agus ailtire gurb é an t-ailtire an té a bhíonn bainte le pleanáil, dearadh agus forbhreathnú thógáil foirgnimh. Sa chiall is leithne, is é an t-ailtire an té a aistríonn riachtanais an úsáideora ina réiteach fisiceach tógtha. Is é ról an innealtóra struchtúrtha ansin an modh is eacnamaíche a mholadh – idir go struchtúrtha agus go heacnamúil – leis an fhís a leagann an t-ailtire amach a thabhairt i gcrích go fisiceach. Éilíonn sin comhréiteach ón dá thaobh chun teacht ar dhearadh a mbeidh an chuma cheart air ach a bheidh fosta ina struchtúr slán sábháilte agus daingean.

I measc ghnáthdhualgais an innealtóra struchtúrtha bheadh cruinnithe le foirne dearaidh agus cliaint, ullmhúchán líníochtaí agus dearadh mionsonraithe, ceadú na míreanna sin, iniúchadh suíomhanna agus obair maidir le rialú cáilíochta agus rialú foirgníochta.

Níl ach fíorbheagán sainchúrsaí Innealtóireacht Struchtúrtha in Éirinn. Tá cúrsa ar fáil áfach, i ngach mór-ollscoil in Éirinn don Innealtóireacht Shibhialta, agus a bhfuil an innealtóireacht struchtúrtha ina modúl de. Le cois an dea-chlú atá ar na cúrsaí sin in Ollscoileanna Náisiúnta na hÉireann, tá mórán Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre a sholáthraíonn cúrsaí den scoth.

RIACHTANAIS IONTRÁLA

Beidh íosghrád sa mhatamaitic, ar nós B3 onóracha i measc riachtanas iontrála na gcúrsaí, m.s. in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá institiúidí eile ann a thairgeann iontráil ghrád níos ísle agus féachtar chuige i rith an chúrsa go dtugtar gach mac léinn aníos chuig an leibhéal céanna. De ghnáth iarrtar íosghrád in ábhar eolaíochta fosta. Moltar – ach níl sé riachtanach – ábhair a ghlacadh ar nós na Fisice, na Ceimice, an Dearaidh Ghrafaigh agus an Dearaidh Innealtóireachta. Ba chóir a lua go gclúdaítear an t-ábhar Ardteistiméireachta uile le linn na chéad bhliana i siollabas an choláiste.

De ghnáth maireann na cúrsaí ceithre bliana agus is féidir go mbeadh tréimhsí sínte de thaithí oibre i gceist leis sin. Ag brath ar an ollscoil, is féidir go mbeadh bliain amháin nó dhá bhliain d'innealtóireacht ghinearálta le déanamh ina gclúdaítear na disciplíní difriúla ar bhonn níos ginearálta sula roghnaítear sainábhar ar leith. Tá coláistí eile ann áfach, nach ndéantar aon innealtóireacht ghinearálta iontu ach a dhéanann speisialachas i ndisciplín áirithe ón leibhéal iontrála.

ÉIGEANTACH

Faoin bhliain 2013 beidh sé éigeantach ag gach innealtóir MA bheith acu in Innealtóireacht chun stádas cairte gairmiúil a bhaint amach, mar sin de ón am sin amach mairfidh an cúrsa cúig bliana. Roinntear an innealtóireacht struchtúrtha go minic ina dhá príomhachar: dearadh droichead agus dearadh tógála agus is iad príomhearnálacha na fostaíochta an chomhairleoireacht nó na comhlachtaí conradh-bhunaithe. Agus sin ráite, bhéarfaidh céim in aon disciplín innealtóireachta a fhad le cosáin ghairme éagsúla thú agus tuairim is 80% de na poist is airde bainisteoireacht in Éirinn á líonadh ag innealtóirí i raon leathan gnólachtaí.

Ó shuirbhéanna a rinneadh ar chéimithe innealtóireachta meastar gur sa raon €24,000 go €36,000 an gnáth-thuarastal a fhaigheann innealtóirí sa bhliain. Tá 20% eile de na hinnealtóirí arb airde ná sin a dtuarastal ach nach eol cá mhéad go díreach a fhaigheann siad.

RANNÓGA EILE

Tuigtear go forleathan nach bhfuil gá le hinnealtóirí anois i dtionscal na tógála, leoga is deacair a shamhlú cá huair a bheidh oiread céanna innealtóirí de dhíth orainn arís agus a bhí ann nuair a bhí an borradh i mbarr a réime, go háirithe san earnáil a bhain le tógáil tithe, ach beidh innealtóirí de dhíth orainn le hobair a dhéanamh i rannóga eile. Cuimhnítear gur tharla an cineál céanna géarchéim eacnamaíochta go mall sna hochtóidí – d'imigh na hinnealtóirí óga thar sáile ar feadh cúpla bliain ag obair ar thionscadail mhóra shuimiúla dhúshlánacha innealtóireachta áit a bhfuair siad taithí an-tairbheach.

Má tá suim mhór agat san innealtóireacht mar ábhar agus bua agat inti, moltar duit gan ligean do na cúr-saí reatha fostaíochta cur as duit barraíocht. Smaoinigh ar thosca eile chomh maith, cuir i gcás, do láidreachtaí in ábhair theicneolaíocha, an dúil atá agat bheith ag oibriú amach cén dóigh a bhfeidhmíonn innill agus rud. I dtéarmaí ginearálta, má bhíonn dúil agus spéis ag mic léinn san ábhar a dhéanann siad mar chéim déanann siad jab níos fearr den ollscoil agus dá ngairm.

Buaireamh mór eile a bhíonn ar mhic léinn atá ag cuimhneamh ar innealtóireacht mar ghairm is ea an mhatamaitic. Ní chaithfidh tú bheith ar fheabhas Éireann ag an mhata le bheith i d'innealtóir ach caithfidh tú bheith réasúnta cumasach inti chun í a úsáid mar uirlis leis an obair innealtóireachta is mó is suim leat a dhéanamh. Is é sin an fáth a n-iarrtar ar mhic léinn HC3 a fháil sa mhatamaitic san Ardteist. Is dúshlán suimiúil inti féin í an chéim innealtóireachta. Le cois do chuid léachtaí, déanfaidh tú obair ar thionscnaimh dhearadh innealtóireachta.

MIC LÉINN CHLISTE

Bíonn mic léinn chliste de dhíth san earnáil seo le teacht aníos le réiteach ar chuid de na fadhbanna móra náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag déanamh tinnis do dhaoine aonair, do rialtais agus do phobail. Chonaic muid uilig le cúpla bliain anuas na hiarmhairtí tubaisteacha a lean droch-choinníollacha aimsire in airde áirithe in Éirinn agus thar sáile. Is fuascailtí innealtóireachta a theastaíonn le cuid mhaith de na deacrachtaí sin a sheachaint nó a réiteach.

Is dúshlán mór eile é an fuinneamh. Níl ach méid finideach ola ar an domhan agus go bhfios dúinn, tá a leath úsáidte againn cheana féin. Lena chois sin, tá na breoslaí iontaise ag éirí gann agus mar is mó a dhóitear iad mar is measa an téamh domhanda. Is measa arís a bheas na fadhbanna seo sa todhchaí. Tá foinsí nua fuinnimh ag teastáil ón domhan. Tá Éire ag freagairt don dúshlán sin ag fócasú go háirithe ar fhuinneamh gaoithe agus taoide. Arís eile, is innealtóirí óga a bheidh de dhíth orainn le teacht aníos le freagraí agus le cuidiú linn réiteach iontaofa, sábháilte agus éifeachtúil a fháil ar na ceisteanna móra seo.

ARDÉILEAMH

Bíodh a fhios agat mar sin de go bhfuil a lán deiseanna fostaíochta go fóill le fáil san innealtóireacht. Tá ardéileamh ar innealtóirí sa chógaisíocht, sna gairis mhíochaine, sa réimse digiteach, i gcúrsaí uisce, i gcúram sláinte, i gcúrsaí cumarsáide, i bhfuinneamh ailtéarnach agus in infrastruchtúr. Is iad na réimsí is mó áfach a bhfuil ganntanas céimithe innealtóireachta iontu an innealtóireacht leictreonaice, déantúsaíocht mhíochaine agus innealtóireacht mheicniúil.

Tá líon na gcéimithe in Éirinn a bhfuil disciplín teicniúil acu i gcúrsaí ríomhaireachta tite go mór agus tá an-ráchairt orthu dá réir. Is aisteach an treocht é sin sa mhéid go mbíonn roghanna gairme fadtéarmacha den chéad scoth ag ríomheolaithe, ag innealtóirí leictreonaice agus ag gairmithe Teicneolaíocht Faisnéise (TF).

ROINNT GAIRMEACHA

Innealtóir (meicniúil, táirgeacht, leictreonaic, struchtúrtha, leictreach), Teicneoir Leictreonaice, Teicneoir Innealtóireacht Mheicniúil, Oifigeach Líníochta agus Innealtóireachta, Dearthóir Tionsclaíoch, Oifigeach Sábháilteacht Thionsclaíoch, Innealtóir Tionsclaíoch, Miotalóir, Teicneolaí Gloine, Oifigeach Rialú Cáilíochta, Déanamh agus deisiú uaireadóirí, Feisteoir *(fitter)*, Oibrí Miotail, Teicneoir Eircom faoi oiliúint, Oibrí Miotail Leatháin *(sheet metal worker)*, Déantóir Uirlisí, Deileadóir *(turner)*, Táthadóir *(welder)*, Ceardaí Teilgcheárta *(foundry craftsman)*, Oibrí Phróiseas Táirgeachta, Innealtóir Tionsclaíoch, Oibrí Forc-ardaitheora, Ceardaí Cuisniúcháin *(refrigeration craftsperson)*, Printísigh i mBord na Móna agus B.S.L., Cigire Tionsclaíochta, Leictreoir, Gabha copair, Déantóir Coirí *(boiler maker)*, Gabha, Déantóir Patrúin.

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Bíonn scileanna maithe láimhe de dhíth ort le haghaidh innealtóireachta ag an leibhéal ceirde.
- Tá deiseanna maithe ann ar ardú céime agus dul chun cinn.
- Tá an obair ar fáil chóir a bheith áit ar bith
- Bíonn an pá agus na coinníollacha oibre iontach maith de ghnáth.
- Caithfidh innealtóirí gairmiúla cumas bainisteoireachta bheith acu.
- Bíonn ardchumas matamaitice agus eolaíochta de dhíth ort le haghaidh innealtóireachta ag an leibhéal ghairmiúil.
- Bíonn scileanna teicniúla, líníocht chruinn agus scileanna tomhais de dhíth ort le haghaidh innealtóireachta ag an leibhéal theicniúil.
- Tá sé barrthábhachtach go leanfadh gach duine na nósanna imeachta sábháilteachta.
- Bíonn na huaireanta oibre mírialta, bíonn roinnt sealoibre i gceist agus oibríonn tú faoi bhrú go minic.
- Is obair sciliúil í a éilíonn cruinneas agus aird ar na mionsonraí ag gach leibhéal.

15

FOIRGNÍOCHT AGUS AILTIREACHT

Caibidil 15

Foirgníocht agus Ailtireacht

Laistigh de thríocha bliain rinneadh Éire a athrú ó bhonn ó gheilleagar a bhí measartha neamhfhorbartha go raibh sé i measc na dtíortha is saibhre san Eoraip. Ansin thit an tóin go hiomlán as arís. Ba é tionscal na foirgníochta agus na tógála ceann de na fórsaí is mó a thiomáin an fhorbairt seo in Éirinn agus geilleagar na hÉireann go ginearálta chun cinn. Is eol dúinn anois go mbíonn margadh na tithíochta thuas seal thíos seal. Baineann foirgníocht le níos mó ná tithe ar ndóigh agus bítear de shíor ag tógáil struchtúr nua. Fiú nuair a thagann moill sa tionscal ní stadann sé choíche agus bíonn roinnt oibre ar fáil i gcónaí i dtionscal na tógála.

Ar nós a lán cineálacha eile tionscal, bíonn daoine ag obair ag ceann amháin de cheithre leibhéil i dtionscal na tógála. Is é an chéad leibhéal, ceann an oibrí, an té a mheascann an stroighin agus an moirtéal. Is iomaí duine díobh a éiríonn sciliúil ina gcuid oibre agus a oibríonn crainn tógála, tochaltóirí, agus dumpairí nó a thógann scafall. An chéad leibhéal eile suas an cheardaíocht. Is anseo a bhíonn na ceardaithe agus iad i mbun a gceirde mar bhríceadóirí, phláistéirí agus phluiméirí agus beidh printíseacht déanta acu uilig faoi FÁS.

TEICNEOIRÍ

Oibríonn na teicneoirí (innealtóireacht shibhialta, ailtireacht agus suirbhéireacht) ag leibhéal a trí agus beidh cúrsa déanta acu sin uilig ag Institiúidí Teicneolaíochta agus oibreoidh siad i gcomhpháirt leofa sin ag leibhéal 4, na hinnealtóirí gairmiúla, na hailtirí agus na suirbhéirí cainníochta *(quantity surveyors)*. Le gairm a bhaint amach ag an leibhéal deiridh seo beidh céim tríú leibhéal de dhíth ort agus fócas ar leith inti ar mhata nó na heolaíochtaí.

Cé acu is mian leat bheith ag obair ag leibhéal 1 nó 4 braitheann sin ar oiread oideachais agus ba mhaith leat a dhéanamh sula dtoisí tú ag obair nó ar oiread is mian leat obair phraiticiúil, obair theicniúil nó obair eolaíoch a dhéanamh. I dtéarmaí ginearálta mar is airde an leibhéal a bhfuil tú ag obair aige mar is mó do phá agus mar is mó do chuid freagrachtaí. Tá poist ar fáil ag gach leibhéal, ar ndóigh. Is é an chéad chéim le glacadh teastas an Phas Shábháilte a fháil nó gan é ní thig leat dul ar láithreán tógála. Is ionaid an-chontúirteacha iad agus i gcuideachta do Phas Shábháilte faigheann tú an oiliúint agus an tuiscint atá ag teastáil uait.

TIONSCAL NA TÓGÁLA

I measc na nithe a chuir leis an bhorradh eacnamaíoch áirítear an scéim ollmhór mótarbhealaí a cuireadh i bhfeidhm a cheanglaíonn ár gcuid príomhchathracha, sin mar aon leis an tithíocht nua incheannaithe a lean é sna bailte agus sna sráidbhailte – agus iad níos lú ná dhá uair am-tiomána chuig ionaid oibre daoine. Cé go bhfuil an fás laghdaithe go mór le tamall anuas, agus praghsanna éirithe réasúnta arís cionn is gur shásaigh an t-ardleibhéal soláthair a bhí ann an t-éileamh ar thithíocht a chruthaigh an daonra síormhéadaitheach *(constantly growing population)* in Éirinn, leanann an t-éileamh ard ar chéimithe i ngach disciplín ar aghaidh in earnáil na foirgníochta.

Is é an chéad rogha a dhéanann mic léinn de ghnáth a bhíonn ag iarraidh oibre i dtionscal na tógála cúrsa in innealtóireacht shibhialta nó in ailtireacht. Tá an tionscal seo chomh coimpléascach anois áfach gurb iomaí disciplín eile atá ann, seachas an dá chlár sin, atá fíorshuimiúil agus dúshlánach. Ceann acu sin is ea innealtóireacht seirbhísí tógála. Leis sin a mhíniú, cuir i gcás más iad na hinnealtóirí sibhialta a dhearann cnámharlach an choirp dhaonna is iad na hinnealtóirí seirbhísí tógála a dhearann na féitheoga, na hartairí agus an córas néarógach.

Sa dóigh is go mbeidh greim níos fearr ag céimithe óga ar chóras na seirbhísí tógála roghnaíonn go leor acu dul a dh'obair le comhairleacht dhearadh innealtóireachta sula dtéann siad isteach i dtaobh na gconarthaí den tionscal. Tá an-éagsúlacht oibre ag baint le bheith i do bhainisteoir conarthaí le comhlacht tógála óir ní bhíonn aon dá lá mar an gcéanna. Tá tréan cúrsaí ar fáil sna hollscoileanna agus sna hinstitiúidí teicneolaíochta ag mic léinn a bhfuil dúil acu i ngairm a bhaineann le tionscal na foirgníochta agus na tógála.

AILTIREACHT

Is iad na hailtirí a fhorbhreathnaíonn dearadh na bhfoirgneamh. Tá dhá chúrsa céime san ailtireacht fríd an CAO a mhaireann cúig bliana in DIT Sráid Bolton. Is fríd phointí amháin a fhaightear áit in UCD. Maidir le cúrsa DIT, glactar le líon teoranta iarratas agus ansin déantar triail inniúlachta agus leantar de sin le hagallamh agus cur i láthair phunainne *(portfolio presentation)*. Bronntar suas le 200 pointe le linn an phróisis seo. Is é an líon pointí a éilítear do na cúrsaí seo thart ar 500 in UCD agus thart ar 600 in DIT. Tugann an Áisíneacht Tógála Náisiúnta (**www.nba.ie**) scoláireachtaí amach le haghaidh ailtireachta do mhic léinn as cúlra míbhuntáisteach.

Is féidir fosta céim thrí bliana in innealtóireacht struchtúrtha agus ailtireacht a dhéanamh in UCD, ach thart ar 450 pointe a fháil. An aidhm atá leis an chéim sin teanga na matamaitice a úsáideann innealtóirí a nascadh leis an teanga radhairc agus ghrafach a úsáideann ailtirí. Críochnaítear na scrúduithe sa chéim seo i mí Mhárta rud a ligeann do mhic léinn cúig mhí a chaitheamh ar thaithí oibre ceadaithe in Éirinn nó thar sáile fríd na scéimeanna malartaithe i gcomhar leis an Fhrainc, an Ghearmáin, an Eilvéis agus an Ostair.

TEICNEOIRÍ AILTIREACHTA

De ghnáth oibríonn teicneolaithe ailtireachta, ar a dtugtar in amanna teicneoirí ailtireachta, oibríonn siad le taobh ailtirí. Ullmhaíonn siad an obair pháipéir a úsáidtear i bhfoirgníocht chomh maith le sceidil oibre agus dearaí saorláimhe agus ríomhchuidithe *(computer-aided designs)*. Tairgeann na hinstitiúidí seo a leanas uilig cúrsaí leibhéal a 7: DIT, IT Chorcaigh agus IT Phort Láirge.

Céimithe a rinne Ailtireacht/Dearadh Intí (interior design) oibríonn siadsan le hailtirí chomh maith. Tá cúrsaí i nDearadh agus Ailtireacht Intí ar fáil ag IT Chorcaigh agus IT Shligigh. Is minic a fhiafraíonn mic

léinn a dhéanann an cineál sin cúrsa an féidir leo ina dhiaidh sin staidéar a dhéanamh ar an ailtireacht. Is beag seans áfach go nglacfaí le mic léinn ar cheachtar den dá chúrsa céime ar ailtireacht i bPoblacht na hÉireann. Ní hamhlaidh atá áfach maidir leis an Ríocht Aontaithe. Is iomaí céimí a bhfuil an disciplín seo acu a ghlactar ar chúrsa céime ailtireachta sa Ríocht Aontaithe, agus faigheann siad díolúintí éagsúla *(concessions)* bunaithe ar a gcuid cáilíochtaí.

CAD É A DHÉANANN AILTIRE?

Faigheann an t-ailtire coimisiún (nó conradh) ó chliant. Thiocfadh dó gur dearadh foirgneamh singil a bheadh ann nó grúpa foirgneamh agus na spásanna idir eatarthu. Is féidir gur duine é an cliant, nó bord stiúrthóirí, roinn rialtais, gnó nó fiú an t-ailtire iad féin. Stiúrann an t-ailtire foireann de shainchomhairleoirí ina bhfuil innealtóirí struchtúrtha, meicniúla agus leictreacha chun an dearadh a dhearadh agus cur i gcrích an dearaidh a bhainistiú.

Caithfidh tuiscint mhaith bheith ag an ailtire chomh maith ar na cóid tógála agus gach duine a choinneáil in am agus laistigh den bhuiséad. Is den riachtanas é go mbeadh eolas teicniúil, scileanna maithe idirphearsanta agus ciall gan-aon-amaidí do chúrsaí gnó ag ailtirí leis na tascanna seo a dhéanamh. Caithfidh ailtirí bheith cruthaitheach ach praiticiúil – ag cur eochairscileanna cumarsáide i bhfeidhm: líníocht, scríbhneoireacht agus labhairt.

GNÁTHLÁ AN AILTIRE

Ní hionadh ar bith é a rá nach bhfuil a leithéid de rud ann agus gnáthlá: tá an post seo fíoréagsúil agus is í an éagsúlacht féin sin is breá le hailtirí. D'fhéadfaí a rá gurb iad na huaireanta 9 go 5 na gnáthuaireanta oibre, ach ní rud neamhghnách é go mbíonn ailtirí ag obair ar feadh uaireanta fada, go háirithe má tá sprioc-am i gceist a gcaithfear cloí leis. Oibríonn ailtirí i réimse suíomhanna ó oibríochtaí beaga aon duine amháin go hoibríochtaí móra ilnáisiúnta. I rith an aon lá ar bith thiocfadh le hailtire bheith ag plé le sraith jabanna beaga a thiocfadh bheith ag staideanna difriúla a gcomhlíonta nó thiocfadh leis bheith ag díriú a airde ar fad ar dhearadh mór coimpléascach amháin a d'fhéadfadh cúpla bliain a ghlacadh lena chur i gcríoch.

I dtéarmaí ginearálta beidh baint acu le roinnt de na gníomhaíochtaí seo a leanas, múna mbíonn baint acu leo uilig, ar bhonn laethúil: ag dearadh, ag bualadh le cliaint, ag aimsiú conarthaí, ag réiteach fadhbanna, ag meas costas, ag bualadh le comhairleoirí, ag tarraingt líníochtaí (ar pháipéar agus ar phacáistí bogearraí), ag cur smaointe i láthair, ag cur le cheile sonraíochtaí, ag tabhairt faoi thairiscintí, ag tabhairt cuairte ar láithreáin tógála agus ar ghnólachtaí déantúsaíochta.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ ÉAGSÚLA

Caithfidh an t-ailtire réimse leathan gníomhaíochtaí a láimhseáil, mar sin de caithfidh sé/sí bheith: cruthaitheach, léirshamhlaitheach, teicniúil, cumasach ó thaobh eagair de agus sóisialta. Ba chóir go mbeadh cúrsaí dearaidh meallacach acu, íogair i dtaca le léirshamhlú agus ábalta machnamh i dtrí thoise, chun fadbanna casta a anailísiú agus teacht ar réitigh chruthaitheacha.

Tá roinnt saintréithe atá luachmhar, mar atá i ngairm ar bith, ina measc eagar maith pearsanta, bheith in inmhe roinnt tascanna a láimhseáil ag an am amháin, measúnú a dhéanamh ar roghanna coimpléascacha agus cinntí soiléire a dhéanamh ina dtaobh, comhoibriú mar bhall foirne, riachtanais daoine eile a thuigbheáil agus do chuid féin smaointe a chur in iúl go héifeachtach – le cois seasmhachta agus gnáthchiall iontaofa. Is annamh a fhaightear na cáilíochtaí seo ar fad i nduine amháin, ach tá deiseanna laistigh den ghairm do dhaoine le láidreachtaí éagsúla an ailtireacht a chleachtadh ar bhealaí difriúla.

RIACHTANAIS IONTRÁLA

Éilítear croí-ábhair ar bhunús na gcúrsaí agus fócas ar an Bhéarla agus ar mheascán de na healaíona agus na heolaíochtaí. Cé nach gá i gcónaí staidéar a dhéanamh ar an ealaíon, ba chóir go mbainfeadh iarrthóirí sult as líníocht saorláimhe agus suim bheith acu i rudaí a dhéanamh. Mura bhfuil fianaise ag iarratasóiríar thaithí acadúil san ealaíon iarrann roinnt ollscoileanna ar mhic léinn punann a ullmhú ina bhfuil sceitsí, péintéireacht, grianghraif agus ábhar cruthaitheach eile dá gcuid le haghaidh a scrúdaithe mar chuid den phróiseas iontrála.

Ina lán tíortha tá teorainn dhlíthiúil ar úsáid an ainm nó an teidil 'ailtire'. Sa Phoblacht caithfidh gach ailtire bheith cláraithe le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) nó le Bord Cláraithe Ailtirí (ARB) sa Ríocht Aontaithe (RA). De ghnáth glacann sé ar a laghad seacht mbliana chun an taithí agus na cáilíochtaí cuí a bhaint amach le haghaidh cláraithe ach glacann sé roinnt eile blianta i ndiaidh an phróisis chláraithe sula mbíonn ailtire go hiomlán inniúil ar an cheird.

AG DÉANAMH STAIDÉIR

An mhuintir ar mian leo clárú caithfidh siad i dtús báire staidéar a dhéanamh ag scoil ailtireachta atá aitheanta ar leibhéal ollscoile. Is é an bunphrionsabal atá ann, le go gcáileodh duine mar ailtire, go gcaithfidh sé/sí teacht fríd thrí chéim nó 'trí chuid', mar a ghlaoitear orthu.

Sa RA, agus bunchéim san ailtireacht críochnaithe (de ghnáth glacann sin 3 nó 4 bliana, bíodh sí ina B.A., B.Sc., nó B.Arch.) faigheann iarrthóirí díolúine *(exemption)* ó Chuid I ARB/RIBA. Leantar de sin le tréimhse fostaíochta le pá (bliain amháin de ghnáth) a chaitheann siad in oifig ailtireachta ag fáil taithí oibre.

Ansin críochnaíonn an t-iarrthóir cúrsa ollscoile iarchéime, a mhaireann dhá bhliain de ghnáth, chun Dioplóma Iarchéime a bhaint amach (Dip. Arch.) Máistreacht (M. Arch.) nó B. Arch. Arna chríochnú an chúrsa sin daofa, faigheann na hiarrthóirí díolúine ó Chuid II den phróiseas ARB/RIBA. Caithfidh siad tabhairt faoi thréimhse eile Oiliúint Phraiticiúil a thugann chomh fada le dhá bhliain taithí iar-Chuid I iad sula dtig leo an scrúdú deireanach ARB/RIBA Cuid III a shuí i gCleachtas agus Bainistíocht Ghairmiúil. Nuair atá an trí chuid comhlíonta go rathúil acu is féidir leo clárú mar ailtirí.

Is féidir go mbeadh fócas difriúil go maith ó Scoil Ailtireachta amháin go chéile. Díríonn roinnt acu ar na healaíona, agus cinn eile ar ghnéithe teicniúla. Ba thábhachtach go dtabharfadh iarrthóirí cuairt ar Scoil le linn Laethanta Oscailte nó Seónna Céime le blas a fháil ar an Scoil áirithe sin. Bíonn meascán de léachtaí agus oideachas stiúideo-bhunaithe i gceist sa staidéar. Is gné thábhachtach eile é an taisteal agus tairgeann mórchuid na gcúrsaí deis do mhic léinn dul ar scéim mhalartaithe le hinstitiúidí thar lear.

TUARASTAL

Bíonn réimse leathan i gceist sa scála tuarastail d'ailtirí ag brath ar thaithí agus ar cá háit agus cén dóigh a n-oibríonn siad. Athraíonn tuarastal chomh maith ag brath ar mhéid agus ar shuíomh an chleachtais ina n-oibríonn siad. Go traidisiúnta bhraith an pá ar choinníollacha áitiúla eacnamaíocha ach, de bharr an domhandaithe ghasta atá ag titim amach, is lú an tábhacht a bhaineann leis an fhachtóir sin sna hinstitiúidí móra idirnáisiúnta. Ní thugann an RIAI eolas reatha ar thuarastail i gcleachtais phríobháideacha in Éirinn ach luann siad na nithe seo a leanas ar an suíomh idirlín:

Scálaí Tuarastail na Státseirbhíseach (Roinn Rialtais) do 2007 (Braitheann an leibhéal tuarastail laistigh de gach réimse ar cháilíochtaí agus fad seirbhíse ag an leibhéal áirithe sin): Príomh-Ailtire €144,000; Príomh-Ailtire Cúnta €80,000 - €101,000; Ailtire Sinsearach €60,000 - €82,000; Ailtire €37,000 - €67,000. Bheadh na rátaí pá níos ísle anois.

Scálaí Tuarastail na nÚdarás do 2007 (Braitheann an leibhéal tuarastail laistigh de gach réimse ar cháilíochtaí agus fad seirbhíse ag an leibhéal áirithe sin):.Ailtire Cathrach/Contae €78,000 - €96,000; Ailtire Sinsearach €73,000 - €87,000; Príomh-Ailtire Sinsearach Feidhmeannach €62,000 - €78,000; Ailtire Feidhmeannach €46,000 - €66,000; Ailtire Cúnta €40,000 - €57,000; Ailtire Iarchéime €31,000 - €38,000. Arís bheadh na rátaí pá níos ísle anois.

SUIRBHÉIREACHT

Sula dtig ailtire ar an láthair caithfear suirbhéireacht a dhéanamh ar an talamh agus caithfear a chur sa mheá na himpleachtaí imshaoil a bhaineann leis an fhoirgneamh atá molta agus na dóigheanna a gcomhlíonann sé na rialacháin phleanála. Tá dhá chlár céime in DIT a thraenálann céimithe don chineál seo oibre a chuimsíonn suirbhéireacht talún agus bainistíocht phleanála agus imshaoil. Is thart ar 280-310 pointe a theastaíonn le cáiliú don dá chúrsa seo.

An uair amháin a bhíonn an foirgneamh deartha ag an ailtire déanfaidh suirbhéir cainníochta anailís ar an dearadh le haghaidh phleanáil chostas, chóras tairiscintí iomaíocha *(competitive offers system)*, costas agus rialú foirgníochta. Tairgeann DIT agus Luimneach cúrsaí céime ceithre bliana i suirbhéireacht chainníochta agus bíonn 280 agus 330 pointe ag teastáil orthu sin faoi seach.

BAINISTÍOCHT TÓGÁLA

Baineann seo le conarthaí a eagrú le haghaidh saothair, ábhar, innealra, agus idirbheartaíocht *(negotiations)* le conraitheoirí.Tá céimeanna ag leibhéal a 8 ar fáil in IT Phort Láirge, IT Luimní agus IT Gaillimh-Mhaigh Eo. Is sa réimse thart ar 250 - 300 pointe a chaithfidh mic léinn bheith do cheann ar bith de na cláir sin. Daofa siúd ar suim leo an cheantalaíocht ofrálann DIT gnáthchéim agus teastaíonn tuairim agus 230 pointe lena dhéanamh.

STAIDÉAR FOIRGNÍOCHTA

Maidir le mic léinn a bhfuil suim acu in oiliúint leathan agus traenáil theicniúil i bprionsabail agus teicnící na tógála tá cúrsaí teastais i staidéar tógála dhá bhliain ar fáil in 10 IT. Is iad sin Áth Luain, Ceatharlach, Corcaigh, Dún Dealgan, Leitir Ceanainn, Gaillimh-Maigh Eo, Sligeach, Trá Lí, Luimneach agus Port Láirge.

ROINNT GAIRMEACHA

Eadránaí, Léirmheastóir Ailtireachta, Dearthóir Grafaicí, Grianghrafadóir Ailtireachta, Pleanálaí Oidhreachta, Cláraitheoir Ailtireachta, Maisitheoir, Scáthú Ailtireachta, Dearthóir tionsclaíoch, Dearthóir Intí, Ailtire Tírdhreacha, Comhordaitheoir DRC (Dearadh Ríomhchuidithe nó CAD), Pleanálaí Campais, Déantóir Mionsamhlacha, Cearpantóir, Ailtire Buirge, Cartagrafaí, Dearthóir Léiriú Ríomhaire, Déantóir Priontaí, Córais Ríomhaireachta, Anailísí, Ollamh, Caomhnóir, Measúnóir Sealúchais, Cigire Tógála, Foilsitheoir, Bainisteoir Tógála, Gníomhaí Eastáit, Conraitheoir, Bainisteoir Tionscadail, Bainisteoir Fhoireann Tógála, Dearthóir Seite, Forbróir, Innealtóir Struchtúrtha, Dearthóir Doiciméid, Scríbhneoir Teicniúil, Pleanálaí Imshaoil, Léiritheoir Teilifíse/Scannáin, Dearthóir Troscáin, Pleanálaí Uirbeach, Tógálaí Tinteán, Bríceadóir, Saor Adhmaid, Leictreoir, Gloineadóir, Pluiméir, Píopadóir, Táthadóir *(welder)*, Siúntálaí Píopaí, Oirtheoir Gáis *(gas fitter)*, Slinneadóir *(slater)* agus Tíleadóir Dín, Tuíodóir *(thatcher)*, Suirbhéir Talaimh, Suirbhéir Luachála *(valuation surveyor)*, Ailtire, Teicneoir Ailtireachta, Innealtóir Struchtúrtha nó Sibhialta, Teicneoir Innealtóir Sibhialta, Línitheoir *(draughtsperson)*, Teicneoir Tógála, Suirbhéir Cainníochta, Teicneoir Suirbhéir Cainníochta, Dearthóir Intí *(interior designer)*, Ceantálaí *(auctioneer)*, Péintéir agus Dearthóir, Plástrálaí, Measúnóir, Draenálaí, Inslitheoir, Pleanálaí Baile Mór, Soláthraithe Tógála *(builder providers)*, Saor Cloiche *(mason)*, Tógálaí Cruaiche *(steel erector)*, Gobán Spuaice *(steeplejack)*, Déantóir caibinéad, Meaisíneoir Adhmaid, Cumhdaitheoir *(upholsterer)*, Maisitheoir Adhmaid, Tíleadóir Urláir/Balla, Teicneoir Teasa *(heating technician)*, Cúntóir Tógála *(building operative)*.

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Bíonn cumas teicniúil agus scileanna maithe cumarsáide de dhíth ort le haghaidh gairme atá oifig-bhunaithe.
- Bíonn pá den chéad scoth ann.
- Bíonn an obair ar an láithreán lasmuigh faoi gach cineál aimsire agus is féidir léi bheith callánach agus contúirteach.
- Níl mórán deiseanna ann do chuid smaointe féin a chur chun tosaigh ach amháin mar ailtire nó innealtóir.
- Tig leis na huaireanta oibre bheith iontach mírialta.
- Bíonn deiseanna taistil ann agus faill obair a dhéanamh thar sáile.
- Is deacair an obair a aimsiú nuair a mhoillíonn ar an ghnó sa gheilleagar.
- Tá an obair ar fáil chóir bheith áit ar bith.
- Obair iontach fisiceach atá ann agus tá láidreacht de dhíth chomh maith le ciall don bhinn le haghaidh oibre ar an láithreán.
- Obair chruinn mhionsonraithe de dhíth ag gach leibhéal.

16

GNÓ, RÚNAÍOCHT AGUS CUNTASAÍOCHT

C a i b i d i l 1 6

Gnó, Rúnaíocht agus Cuntasaíocht

Bhí tionchar ollmhór ag an domhandú *(globalisation)* ar Éirinn. Dúradh gurb í Éire an náisiún is domhandaithe sa domhan. Go príomha ciallaíonn sé sin go mbíonn fíorbheagán teorainneacha ar chaipitil bheith ag bogadh isteach agus amach as an tír agus tá rochtain gan teorainn ar mhargaí agus ar sheirbhísí le cois saorshreabhadh faisnéise *(free flow of information)*. Cad chuige a mbeadh suim agatsa ina leithéid sin. Mar go gciallaíonn sé gur lonnaigh réimse mór éagsúil comhlachtaí a gcuid oibríochtaí abhus in Éirinn ach nach as seo bunús an ghnó a mbíonn baint acu leis.

Mar sin de is féidir le banc Gearmánach mórfhoinsí airgid bheith ar a chúl, a chuir an pobal sa Ghearmáin i dtaisce, ach is in Éirinn a shocraítear infheistíocht, luacháil agus rialú an chiste airgid sin. Nó is féidir le comhlacht árachais Meiriceánach a chuid éileamh a phróiseáil 'thar oíche' fríd úsáid a bhaint as an difríocht ama idir an dá thír. Mar gheall ar dhea-chumarsáid agus lucht saothair tiomanta agus margadh neamhshrianta le cáin íseal chorparáideach is bunáit idéalach í Éire do na seirbhísí idirnáisiúnta trádála seo.

Bhíodh a lán den obair seo lonnaithe sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta i nDuganna Bhaile Átha Cliath ar dtús agus tá oibríochtaí ansin ag a lán de na hainmneacha gnó is mó ar an phláinéad. Níorbh é an lárionad sin an t-aon láthair tharraingteach in Éirinn áfach mar go bhfuil a lán eile anois lonnaithe i mbailte agus i gcathracha cúige eile.

CAILLTEANAIS MHÓRA

Ach go ginearálta mar gheall ar an chúlú eacnamaíochta d'fhulaing gnóthaí go mór. Bhuail sé na bainc agus an earnáil airgeadais go háirithe mar a raibh caillteanais mhóra ann de dheasca iasachtaí cama agus bearta neamhiontaofa airgid agus ina lán cásanna chaill daoine a bpost ar fad. Tá an geilleagar nua-aoiseach tógtha ar shaorshreabhadh airgid agus seirbhísí ar fud an domhain agus is amhlaidh is féidir le himeachtaí i gcuid amháin den domhan an-drochthoradh bheith acu ar thíortha eile.

Tá cúrsaí gnó go fóill mór in Éirinn áfach, bíodh sé bainte le comhlachtaí áitiúla nó domhanda agus tá a lán oibríochtaí ar lorg foireann oiriúnach. Más mian leat sainchumas a bhaint amach i ngairm ar leith (cuntasóireacht, achtúire, nó margaíocht mar shampla) i ndiaidh duit staidéar tríú leibhéal a chríochnú is iad scrúduithe proifisiúnta na n-institiúidí éagsúla, de ghnáth, an bealach le dul. Maidir le gnó go

ginearálta is é atá i gceist go dtoisíonn tú agus go dtéann tú ina cheann. Níl cáilíocht ghnó de dhíth le dul i mbun gnó, glactar gach céimí san áireamh. Mórán de na daoine gnó is fearr dá bhfuil ann, thoisigh siad le céim san Ealaín, san Eolaíocht nó san Innealtóireacht. Bíonn comhlachtaí ag cuardach intinn thraenáilte agus fonn bheith ar an duine sainghnéithe a ngnó a fhoghlaim. B'fhéidir gur thoisigh tú le fealsúnacht agus stair nó le saineolas i rud amháin ach is iad d'intleacht shuntasach, d'éirim neamhghnách agus do dhíocas chun oibre a chuirfidh tú go gasta a dhreapadh suas an dréimire chorparáidigh.

ROINNT GAIRMEACHA

Cléireach Poist, Cléireach Seolta *(dispatch clerk)*, Cléireach Táirgeachta, Cléireach Tuarastal, Gearr-chlóscríobhaí, Cuntasóir, Eacnamaí, Gníomhaí Árachais, Innealtóir Tionsclaíoch, Oifigeach Bainc, Oifigeach Ceannaigh, Oifigeach Cléireachais *(Státseirbhís)*, Oifigeach Cléireachais Údarás Áitiúil, Oifigeach Pearsanra, Rialú Creidmheasa *(credit control)*, Rúnaí Comhlachta, Stocbhróicéir, Teicneoir Cuntasóireachta, Achtúir *(actuary)*, Anailísí Ríomhaireachta, Cláraitheoir Ríomhairí, Cléireach Áirithintí Paisinéara *(passenger booking clerk)*, Cléireach Árachais, Cléireach Chomhlacht Gáis, Cléireach Chomhlacht Loingseoireachta *(shipping)*, Cléireach Chumann Tógála, Cléireach-clóscríobhaí, Cléireach Costas, Cléireach Custaim, Cléireach Dlí, Cléireach Ginearálta Oifige, Cléireach Gníomhaireacht Taistil, Cléireach Iompair

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Obair mhionsonraithe chruinn, go háirithe ar chuntais agus ar chonarthaí.
- Tá scileanna maithe cumarsáide barrthábhachtach.
- Aistrítear scileanna go réidh ó phost amháin go post eile.
- A lán den sórt seo oibre ar fáil.
- Pá iontach maith ag na leibhéil is airde.
- Go leor scóip do do chuid smaointe féin.
- Uaireanta rialta oibre.
- Ag obair faoi bhrú
- Ag baint sprioc-amanna, targaidí agus spriocdhátaí amach.
- Deiseanna maithe ar ardú céime bunaithe ar obair agus chumas.
- A lán oibre déanta ar an ríomhaire agus ar na nua-theicneolaíochtaí.

17 MÍOCHAINE, PARAIMHÍOCHAINE AGUS ALTRANAS

Caibidil 17

Míochaine, Paraimhíochaine agus Altranas

Is é misean an altranais sa tsochaí cuidiú le daoine aonair, le teaghlaigh agus le grúpaí a gcumas iomlán fisiceach, meabhrach agus sóisialta a oibriú amach agus a bhaint amach, agus sin a dhéanamh laistigh de chomhthéacs dúshlánach na timpeallachta ina mbíonn siad ag maireachtáil agus ag obair. Chun sin a dhéanamh caithfidh altraí feidhmeanna a fhorbairt agus a chur i gcrích a bhaineann le cur chun cinn agus cothabháil na sláinte chomh maith le cosc a chur ar easláinte. Baineann an t-altranas fosta le pleanáil agus cur i bhfeidhm an chúraim le linn tinnis agus athshlánúcháin *(rehabilitation)*, agus cuimsíonn sé gnéithe fisiceacha, meabhracha agus sóisialta an tsaoil faoi mar a théann siad i gcion ar shláinte, ar thinneas, ar mhíchumas agus ar an bhás.

Is é an t-altranas soláthar cúraim d'indibhidí, do theaghlaigh agus do ghrúpaí i rith réise iomlán a saoil – ón ionchollú go dtí an bás. Fanann na feidhmeanna sin buan, is cuma cén áit (baile, ionad oibre, scoil, ollscoil, príosún, campa géibhinn, ospidéal, clinic chúram sláinte príomhúil agus suíomhanna eile) nó cén t-am ina dtugtar cúram altranais, is cuma fosta cén stádas sláinte atá ag an duine nó an ghrúpa a bhfuiltear le freastal air, nó na háiseanna a bhíonn ar fáil. Baineann na feidhmeanna seo le soláthar agus bainistiú altranas díreach praiticiúil…bíodh sin spreagthach, coisctheach, athshlánaitheach, nó bainte le tacaíocht, do dhaoine aonair, do theaghlaigh nó do ghrúpaí.

CÓIR LEIGHIS

Baineann na gairmeacha seo le bheith ag tabhairt cóir leighis do dhaoine, ag tabhairt aire is cúraim daofa agus á leigheas. Bíonn tú ag cuidiú le daoine sa dóigh is dírí agus is féidir agus go minic bíonn a saol ag brath ar an chúnamh sin. Meallann an réimse seo oibre a lán daoine agus is amhlaidh a bhíonn líon ard pointí ag dul leis na cúrsaí iontrála chun traenáil a fháil. Do gach cúrsa san achar seo tá tuiscint iontach de dhíth ar na heolaíochtaí go ginearálta, intinn thuisceanach *(understanding attitude)* agus caithfidh tú bheith ábalta déileáil leis an hurla burla a bhaineann le daoine atá i bpian agus ag fulaingt.

Is minic ár n-aird ar shaincheisteanna sláinte sa nuacht. Is tosaíocht do rialtas ar bith an tseirbhís sláinte is fearr a fháil don phobal ach is iomaí achrann sna straitéisí éagsúla leis an aidhm sin a bhaint amach. Tá a oiread sin leasanna dílsithe *(vested interest)* ann a bhíonn ag iarraidh a ról agus a dtábhacht féin a chosaint go mbíonn cinntí faoi chomhréitigh báite le tuairisceáin, cáipéisí straitéise, aighneachtaí agus achainíocha, rud a fhágann aon dul chun cinn mall agus deacair.

Is é an bac is mó nach bhfuil barr feabhais éifeachtúlachta *(high level of efficiency)* curtha go fóill ar chúrsaí riaracháin sa tseirbhís sláinte. Bíonn liostaí fada feithimh go fóill ann agus a lán othar fágtha ar thralaithe nó chathaoireacha cheal leapacha sna haonaid Timpistí agus Éigeandála (A&E), is amhlaidh a théann daoine a lorg cóir leighis phríobháideach, má bhíonn siad ina hacmhainn.

CÚRSAÍ IARCHÉIME

Tá na cúrsaí iarchéime míochaine ar fáil anois i gColáiste Ríoga na Máinlianna agus in Ollscoil Luimní. Má theipeann ort pointí arda a bhaint amach le fochéim leighis a dhéanamh in Éirinn tá rogha na hiarchéime ar fáil anseo anois. Is féidir le duine a fuair 2:1 in aon chéim clárú anois don Triail Inniúlachta Míochaine agus, má éiríonn leis, féadann sé ansin tabhairt fán iarchéim sa mhíochaine. Má roghnaíonn tú staidéar a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe is gá Triail Inniúlachta Míochaine a dhéanamh le háit a fháil ar an chúrsa fochéime.

Is cúrsa fochéime ceithre bliana anois é an cúrsa Altranais. Is féidir cúrsa comhchéime a dhéanamh mar Bhean Ghlúine *(midwife)* nó Altra do Pháistí Tinne, sin nó é a dhéanamh mar iarchéim i ndiaidh duit an chéim a chríochnú. Bhí ganntanas banaltraí ann go háirithe i réimse an dianchúraim nó altraí obrádlainne. Leis na folúntais seo a líonadh, rinneadh earcaíocht thar sáile go háirithe sna hOileáin Philipíneacha. Bíonn na haltraí síciatracha anois ag obair lasmuigh de na hinstitiúidí móra in aonaid bheaga phobail-bhunaithe ach tá éileamh mór go fóill orthu.

Tá scothdheiseanna ann do na fisiteiripeoirí, na radagrafaithe *(radiographers)* agus na teiripeoirí urlabhra agus ceirde *(speech and occupational therapists)*. Fanann na pointí iontrála go fóill ard go maith do na cúrsaí míochaine agus paraimhíochaine ar fad. Is é Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte an chorparáid náisiúnta sláinte atá freagrach as gnóthaí sláinte na tíre a fheabhsú, ar a n-áirítear an turas a dhéanann othair /cliaint chun na seirbhísí agus an soláthar agus freastal a gheobhaidh siad le linn a seala sna hionaid chomh maith le timpeallacht níos fearr agus níos folláine do na foirne éagsúla cúram sláinte.

CÓGAISÍOCHT

Oibríonn cógaiseoirí *(pharmacists)* in ospidéil agus i siopaí cógaisíochta miondíola, ag tabhairt amach míochaine agus ag déanamh oideas. Oibríonn siad fosta i dtionscal na cógaisíochta atá ag méadú go fíorghasta ag táirgeadh agus ag forbairt drugaí nua. Soláthraíonn Coláiste na Tríonóide céim sa Chógaisíocht chomh maith le Coláiste Ríoga na Máinlianna (RCSI) agus Ollscoil na hÉireann, Corcaigh. Bíonn thart ar 580 pointe de dhíth le háit a fháil ar cheann de na cúrsaí sin.

FIACLÓIREACHT

Tá cúrsaí ar fáil i bhFiaclóireacht in dhá choláiste, UCC agus Coláiste na Tríonóide. De ghnáth roghnaíonn go leor mac léinn, thart ar 250, an cúrsa seo agus bíonn suas le 70 áit ar fáil. Iarrann an dá choláiste idir 570 agus 580 pointe. Is cúrsaí céime cúig bliana iad agus bíonn an dúrud oibre i gceist. Caitear an chéad dá bhliain ag staidéar eolaíocht mhíochaine agus na trí bliana deiridh faigheann mic léinn an seans bheith ag obair, faoi mhaoirseacht dhian, i gceann de na hospidéil fiaclóireachta ceangailte den dá ollscoil.

De ghnáth, i ndiaidh daofa céim a bhaint amach, is ball de chuid Chumann Fiaclóireachta na hÉireann iad agus oibríonn siad i gcleachtas fiaclóireachta nó le bord sláinte. Bíonn an tuarastal fíormhaith go hiondúil. Creidtear go forleathan gur sa chleachtas príobháideach a bhíonn an t-ioncam is fearr, ach is costasach an rud é do ghnó féin a thoiseacht, agus deir fiaclóirí go n-ídíonn coinneáil an chleachtais *(maintenance costs of the practice)* agus díol na bhforchostas ginearálta gnó agus riaracháin go n-ídíonn sin go mór an tuarastal.

I dtaca le daoine ar suim leo an fhiaclóireacht lasmuigh den réimse ardphointí, tá cúrsa i Sláintíocht Fiaclóireachta agus cúrsa i dTeicneolaíocht Fiaclóireachta ag Coláiste na Tríonóide. Fosta is féidir Teastas a dhéanamh in Altranas Fiaclóireachta ach thart fá 380 pointe a fháil.

OPTAIMÉADRACHT *(Optometry)*

Níl ach rogha fhíortheoranta cúrsaí sa Stát a cháilíonn mic léinn mar optaiméadraí nó radharceolaí oftalmach *(ophthalmic optician)*. Glacann DIT 24 mac léinn isteach ar a gcúrsa gach bliain ach iad thart ar 520 pointe a fháil. Ar an ábhar go bhfuil fíorbheagán daoine ag céimniú leis an cháilíocht seo, is mó an seans go mbeidh slí bheatha réasúnta maith le baint acu aisti. Tugann an cúrsa seo in DIT a lán roghanna do mhic léinn agus bíonn ceachtanna teanga mar chuid de.

Le cois staidéar leathan a dhéanamh ar ábhair cosúil le bitheolaíocht agus ceimic, díríonn an cúrsa ar staidéar gnó agus dlí. Ullmhaítear mic léinn sa chúrsa seo le bheith ina n-optaiméadraithe. Ciallaíonn sin go dtig leo cóir leighis a thabhairt amach agus scrúduithe súl a dhéanamh. Is gá áfach idirdhealú soiléir a dhéanamh idir a ról siúd agus ról dochtúra a oibríonn sa réimse oftalmach. Ní bhíonn an méid sin oibre ar fáil i dtús báire.

TEIRIPE SHAOTHAIR *(Occupational Therapy)*

Oibríonn teiripeoirí saothair nó ceirde leofa siúd a gcuirtear isteach ar a ngnátheispéireas maireachtála *(life experience)* mar gheall ar mhíchumas, gortú fisiceach nó tinneas, fadhbanna forbartha, fadhbanna síceolaíocha agus constaicí sóisialta agus timpeallachta. Tugann an teiripeoir saothair iarraidh cuidiú leo cáilíocht na beatha a bhíonn acu ó lá go lá a fheabhsú trína spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí struchtúrtha nó i gceirdeanna. Tá cúrsaí ar fáil sa réimse seo oibre in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Corcaigh chomh maith le Coláiste na Tríonóide agus teastaíonn suas le 500 pointe le tabhairt faoi.

TEIRIPE URLABHRA AGUS TEANGA

Sainaithníonn teiripeoirí urlabhra agus teanga *(speech and language therapy)* daoine a bhfuil neamhord gutha, urlabhra agus teanga acu, agus forbraíonn siad cláir chóireála *(treatment programs)* daofa. Tá cúrsaí dó seo le fáil in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Corcaigh chomh maith le Coláiste na Tríonóide agus teastaíonn suas le 525 pointe do cheann ar bith acu.

FISITEIRIPE

Úsáideann fisiteiripeoirí modhanna fisiceacha ar nós aclaíochta, gluaiseachta, láimhsithe *(manipulative)* agus suathaireachta *(massage)* le hothair a leigheas ó phian a bhíonn orthu de dheasca gortaithe nó míchumais. Tairgeann ceithre choláiste fisiteiripe. Glacann UCD, RSCI, TCD agus UL mic léinn isteach ar thuairim agus 530-540 pointe. Bíonn taithí acu i gclinic sa dara bliain de chúrsa 4 bliana agus gairm acu ar deireadh mar fhisiteiripeoir proifisiúnta a oibríonn i gcleachtas príobháideach, in aonad athshlánúcháin *(rehabilitation unit)* nó in ospidéal.

RADAGRAFAÍOCHT

Tá dhá achar oibre i gceist leis an radagrafaíocht *(radiography)*: diagnóiseach a bhaineann le bheith ag úsáid foirmeacha éagsúla íomháineachais *(imagery)*, ar a n-áirítear x-ghathanna, scanadh míochaine MRI agus scanadh ultrafhuaime, chun íomhánna a chruthú den chorp; agus teiripeach mar a dtugtar cóir leighis thar thréimhse ama fhada in aghaidh galar ar nós ailse. Glacann TCD agus UCD mic léinn isteach ar a gcúrsaí le tuairim agus 500 pointe.

ROGHANNA MAR (BHAN)ALTRA

Tá gairm an altranais ceangailte go dlúth leis an saol. Baineann an t-altranas le páirt a ghlacadh i saol daoine eile, agus cúram a dhéanamh dó, ach baineann sé fosta le do shaol pearsanta féin. Caitheann tú ceithre bliana de do chuid ama ag baint amach cáilíocht ghairmiúil, agus céim, a dtig a lán blianta aoibhne ina ndiaidh sa todhchaí agus tú ag tógáil slí bheatha duit féin atá fiúntach agus a bhfuil sásamh ag baint léi.

Is imreoir ríthábhachtach é an t-altra gairmiúil ar fhoireann a chuireann scothchláir shláinte ar fáil do gach duine sa phobal; ón té is óige go dtí an duine is sine, ón té is saibhre go dtí an duine is boichte, ón mhuintir is mó buanna sa tsochaí go dtí na daoine is mó a bhfuil dúshláin fhisiceacha, síciatracha agus meabhracha rompu ina saol. San altranas tá tú i lár an aonaigh ag an bhreith agus tá tú i lár an aonaigh ag an bhás – agus ag gach nóiméad a chuireann feabhas ar an saol idir eatarthu.

Más rún leat gairm ina mbíonn tú ag cuidiú le daoine eile go príomha, tá an t-altranas ar na roghanna beatha is mó luaíocht agus is mó a chomhlíonann an duine. Fréamhaíonn sé cruthaitheacht phraiticiúil sa chóras ardoideachais a chothaíonn meon fiosrach, i dtimpeallacht ina n-aithnítear éachtaí agus ina dtugtar luach saothair ar a son.

Is féidir le haltraí obair a dhéanamh i réimse éagsúil comhthéacsanna agus oiliúint a fháil i sainachair ar nós altranas ginearálta, altranas leanaí, cnáimhseachas *(obstetrics)*, altranas síciatrach, nó altranas do dhaoine le míchumas intinne.

CÚIG CHLÁR OILIÚNA

Tá tóir mhór go fóill ar oideachas agus oiliúint altraí sna hinstitiúidí tríú leibhéal agus, go ginearálta, bíonn na pointí ag ardú bliain in aghaidh bliana. Cuireann gnáthiarratasóirí a n-iarratas fríd chóras na Lároifige Iontrála (CAO), bunaithe ar na pointí a bhaineann siad amach san Ardteist. Tá cúig chlár oiliúna ann, gach ceann acu a mhaireann ceithre bliana (seachas an oiliúint chomhtháite *(integrated training)* d'altranas leanaí/ginearálta): altranas leanaí comhtháite le haltranas ginearálta; cnáimhseachas; altranas do dhaoine le míchumas intinne; altranas síciatrach; agus altranas ginearálta.

Tagraítear do na cúrsaí seo mar chúrsaí réamhchláraithe/céime. Tá gach cúrsa réamhchláraithe-céime in altranas páistí agus ginearálta (RCN), cnáimhseachas (RN), altranas do dhaoine le míchumas intinne (RNID), altranas síciatrach (RPN) agus altranas ginearálta (RGN) ag leibhéal a 8, Baitsiléir Eolaíochta

Onóracha (BEol). Tá 44 clár ann ar fad agus 1880 áit san altranas agus sa chnáimhseachas ag leibhéal seo an réamhchláraithe. Déantar na cúrsaí céime seo sna hinstitiúidí ardoideachais i gcomhar leis na príomháisíneachtaí chúram sláinte (ospidéil/láithreáin chliniciúla).

Is san earnáil ghinearálta (RGN) is mó a bhíonn áiteanna ar fáil, 1057 ar fad agus an 823 roinnte idir na ranna eile. Is féidir breathnú ar na pointí a bhíonn de dhíth do na cúrsaí seo ach tagairt don suíomh idirlín Lárionad Gairmeacha Altranais (NCC).

BREISOIDEACHAS

Do mhic léinn nach bhfaigheann na pointí riachtanacha sin, ach ar mian leo go fóill leanstan de ghairm an altranais, glacfaidh roinnt de na hinstitiúidí ardoideachais le sainchúrsaí de chuid Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna *(FETAC)* ag leibhéal a 2, le sainmhodúil mar riachtanas iontrála mar an gcéanna. Déantar an t-iarratas fríd an ghnáthmhodh leis an CAO.

Mar chuid dá gcúrsa, téann ábhair altraí amach ar socrúcháin chliniciúla *(clinical placements)* éagsúla. Tarlaíonn an chéad cheann acu sin go luath sa chúrsa. Is é a bhíonn sa cheann deireanach socrúchán cliniciúil/intéirneacht *(internship)* leanúnach le huainchlár a mhaireann 36 seachtain. Le linn an tsocrúcháin sin, tugtar 80% de thuarastal Phointe 1 ar scála pá na n-altraí don mhac léinn. Faigheann na haltraí foghlama na gnáth-theidlíochtaí *(usual entitlements)* agus coinníollacha a théann le deontas de réir tástáil acmhainne *(means tested grant)*.

IARRATASÓIRÍ CHÓD AOSAITHE (LÁNFHÁSTA)

Is iarratasóir aosaithe aon duine a bhíonn 23 nó thairis ar 1 Eanáir roimh bhliain iontrála an chúrsa. Cuirtear cuóta áiteanna i leataobh, suas le 15% san altranas ghinearálta, le haghaidh iarratasóirí lánfhásta gach bliain. Déanann iarratasóirí lánfhásta measúnú scríofa agus cuirtear faoi agallamh iad. Is féidir breathnú ar an mheasúnú is deireanaí ar shuíomh idirlín NCC.

Ní leor a thuilleadh an toradh foirfe san Ardteist de 600 pointe le háiteanna i gcúrsaí míochaine a chinntiú. Suíonn mic léinn anois Teist Iontrála Gairmithe Sláinte (HPAT) mí sula dtugann siad faoi na scrúduithe scoile ar chor ar bith. An mhuintir a scórálann sa 20% is airde bíonn siad muiníneach, ach meánmharc láidir pointí de thuairim agus 550 a fháil, go bhfuil seans maith acu áit a fháil.

Is buntáiste do bhuachaillí an teist inniúlachta seo óir éiríonn níos fearr go ginearálta leis na cailíní san Ardteist lánmharcanna a bhaint amach ach ní hamhlaidh don scrúdú bhreise seo agus fágann sé gur cailíní iad 52% de na hiontrálacha anois seachas 60% mar a bhí roimhe seo. Tugadh an teist seo isteach sna cúig scoil mhíochaine OÉ Gaillimh, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Chorcaí, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn. Bíonn an teist ar siúl i lárionaid i gCorcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Sligeach agus Port Láirge.

CAD É A DHÉANTAR SA SCRÚDÚ HPAT?

Is scrúdú dhá uair go leith é ina mbíonn trí mhodúl nó rannóg, le ceisteanna ilroghnacha sa réasúnaíocht loighciúil *(logical reasoning)*, san fhadhbfhuascailt, sa tuiscint idirphearsanta, agus sa réasúnaíocht neamhbhriathartha *(non-verbal reasoning)*. Bíonn an meáchan céanna le gach rannóg. Is féidir breathnú ar cheisteanna samplacha ar an suíomh idirlín **www.hpat-ireland.acer.edu.au** ach an táille a dhíol don phacáiste, sin nó seanchóip duine éigin eile a fháil, más féidir.

IMRÉITEACH GARDAÍ *(Garda vetting)*

Ba chóir go dtuigfeadh iarratasóirí ar chúrsaí ar leith de chuid na Lároifige Iontrála go mbeidh orthu le dul fríd phróiseas seiceála de chuid an Gharda Síochána sula bhfaighidh siad áit ar an chúrsa. Ní bhaineann an próiseas seo le mórchuid na gcúrsaí sa CAO ach is den riachtanas é i roinnt eile. Má thairgtear áit duit ar chúrsa in achair ar nós, míochaine, cúram sláinte, altranas, obair shóisialta nó múinteoireacht beidh ort imréiteach a fháil ó Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin *(Central Vetting Unit)* an Gharda Síochána.

Beidh mic léinn a ghlacann áit ar cheann ar bith de na cúrsaí sin in áit na hiontaofachta *(position of trust)* le mionaoisigh agus le haosaigh shoghonta *(vulnerable adults)*. Ní ligfidh na hinstitiúidí ardoideachais (IAO) ach d' iarratasóirí oiriúnacha tabhairt faoi na cláir seo.

Caithfidh gach duine a dtugtar tairiscint dó, is cuma cé acu, lucht fágála scoile, iarratasóirí lánfhásta nó iarratasóirí neamhchaighdeánacha eile iad, caithfidh gach duine Foirm Imréitigh an Gharda Síochána a fháil agus a chomhlánú. An rud a tharlaíonn go seolann an Institiúid Ardoideachais atá ag tabhairt tairisceana d'iarratasóir ar chúrsa bainteach le cás, seolann sí foirm chucu chomh maith ina gcuirfidh siad a n-ainm, a ndáta breithe agus gach seoladh inar chónaigh siad ó tháinig siad ar an saol. Iarrfar orthu fosta a nochtadh cé acu a ciontaíodh iad in aon choir nó nár ciontaíodh. Seolann an IAO an fhoirm ar aghaidh ansin chuig na Gardaí le haghaidh a himréitigh. Cuireann Aonad Grinnfhiosrúcháin na nGardaí na foirmeacha ar ais nuair a bhíonn siad próiseáilte – d'fhéadfadh go nglacfadh an próiseas sin 3 mhí ar fad.

CÚRAM AN CHNÁIMHSEACHAIS

Ciallaíonn an téarma bean chabhrach 'bheith le bean eile'. Baineann an cnáimhseachas *(obstetrics)* le soláthar cúraim agus tacaíochta do mhná le linn a dtoirchis, a luí seoil agus na breithe, agus do mhná agus a gcuid páistí i ndiaidh na breithe. Tá ról lárnach ag na mná glúine i gcur chun cinn na sláinte agus an oideachais do mhná, dá gcuid páistí agus dá muintir dhílis féin. Tá dearcadh fealsúnach taobh thiar den chúram cnáimhseachais ina bhféachtar ar thoircheas mar chuid de thimthriall an tsaoil, teagmhas normálta sláintiúil é. Tá coincheap na páirtíochta idir an bhean agus an bhean chabhrach bunúsach do chleachtas an chnáimhseachais agus tá sé bunaithe ar chomhurraim, ar thacaíocht agus ar chomhoibriú. Bíonn soláthar an chúraim chnáimhseachais ag athrú go leanúnach le freastal ar riachtanais athraitheacha na mban in Éirinn agus a dteaghlach. Tugann mná cabhracha cúram in ospidéil/aonaid mháithreachais, na hionaid nuafhorbartha ina mbíonn an cúram faoi cheannas na mban glúine agus níos mó ná riamh trí sholáthar seirbhísí faoi cheannas na mban glúine sa phobal é féin. Oibríonn na mná cabhrach i gcomhar le cnáimhseoirí *(obstetrician)* agus baill eile den fhoireann chúram sláinte i soláthar an chúraim, go háirithe i gcás na mban a bhfuil deacracht éigin acu lena dtoircheas.

Is gnáthimeachtaí saoil iad toircheas agus breith agus tugann siad mórathruithe i saol ban agus a gclann. Is cuid rílárnach de ról na mná glúine é go mbíonn siad ábalta cuidiú le bean ullmhú do agus déileáil leis na hathruithe móra seo. Is féidir sin a dhéanamh ar bhonn duine le duine agus i ranganna grúpa.

OIDEACHAS DE DHÍTH

Bíonn oideachas de dhíth ar bhean, go háirithe más é a céad toircheas é, ar an rud a gcaithfidh sí bheith ag súil leis le linn a toirchis, a tinnis chlainne agus bhreith an pháiste. Caithfidh sí fáil amach fá na hathruithe a thiocfaidh ina corp féin agus an dóigh a mbeidh a fhios aici go bhfuil a híona (a ham) tagtha. Déanann an bhean ghlúine faireachán chomh maith ar shláinte agus leas na mná agus ar shláinte agus fhás a babaí a bhíonn ag forbairt le linn di bheith ag súil – tugtar aireachas réamhbhreithe *(ante-natal care)* air sin.

Is féidir go mbeadh buarthaí agus imní ar an bhean thorrach agus tugann an bhean ghlúine deis di na buarthaí seo a phlé. Ardaíonn sí a muinín ina cumas a leanbh a thabhairt ar an saol agus a leanbh a mhuirniú *(to nurse)* agus a chothú. Is féidir le bean agus lena páiste sa bhroinn cuimhneamh ar a n-eispeireas toirchis agus breithe ar feadh a saoil agus is amhlaidh a bhíonn obair na mná glúine barrthábhachtach ag cinntiú gur taithí dhearfach a bhíonn acu araon.

Bíonn baint mhór ag na mná glúine le seirbhísí for-rochtana pobail *(outreach services)* a chuireann a lán ospidéal ar fáil anois agus baineann sin le foireann acu bheith ag tabhairt cúram réamhbhreithe agus iarbhreithe do mhná sa phobal. Soláthraítear an tseirbhís seo i gclinicí réamhbhreithe i lárionaid sláinte agus le linn cuairteanna baile ar mhná agus a mbabaithe i ndiaidh daofa aistriú abhaile ón ospidéal go luath i ndiaidh na breithe.

ALTRANAS GINEARÁLTA

Díríonn altraí ar riachtanais an othair aonair seachas ar thinneas. Cuidíonn siad leis an duine aonair agus a dteaghlach saol níos compordaí a chaitheamh fríd chúram, comhairle agus cluas le héisteacht a thabhairt.

Tá cúram an altra sa lá ata inniu ann éagsúil go maith ag brath ar an réimse cleachtais a roghnaíonn gach altra aonair. Oibríonn an t-altra go ginearálta le duine aonair nó le grúpa othar agus oibríonn sé mar ghairmí féinrialaithe *(autonomous professional)* laistigh d'fhoireann ildisciplíneach ina mbeadh mar shampla altraí eile, dochtúirí, fisiteiripeoirí, diaitéitigh *(dieticians)*, oibrithe míochaine agus sóisialta. Forbraíonn altraí foghlama a gcuid scileanna cliniciúla faoi stiúir foireann altranais chliniciúil agus Comhordaitheoir Cleachtas Cliniciúil a chinntíonn go n-aithnítear spriocanna foghlama gach ábhar altra agus go mbaineann sé iad amach.

I ngach achar cleachtais bíonn an t-altra go leanúnach agus go córasach ag measúnú, ag pleanáil, ag cur i bhfeidhm agus ag luacháil cúram othar-lárnaithe i rith an lae. Leis sin a dhéanamh ní mór don altra tarraingt as a dhúshraith eolais san altranas, bitheolaíoch agus síceolaíoch agus sna heolaíochtaí sóisialta.

GÉARCHÚRAM SLÁINTE

Is tasc an-chasta é soláthar an ghéarchúraim shláinte *(acute healthcare)* agus braitheann sé ar chomhordú éifeachtach neart seirbhísí riachtanacha. Ag an leibhéal is bunúsaí baineann sé le cinntiú go gcothaítear othair, go nitear iad, go dtugtar chuig an leithreas iad, go dtugtar aire dá gcneácha *(wounds)*, go múchtar a bpian, agus go bhfaigheann siad go leor codlata agus suaimhnis i dtimpeallacht atá glan, te, geal, aeráilte agus araile.

Le freastal ar na riachtanais shíceolaíocha agus mhothúchánacha a bhíonn ag othair caithfidh straitéisí bheith ag altraí le cuidiú leis na hothair déileáil le raon nó réimse leathan staideanna síceolaíocha agus mothúchánacha *(psychological and emotional states)* ar a n-áirítear imní, strus, díomua *(depression)*, fearg agus mearbhall nó suaitheadh intinne *(mental confusion)*.

Leis sin a dhéanamh, forbraíonn agus cothaíonn an t-altra páirtíocht i soláthar an chúraim trína chumas chun gach othar a thuiscint agus caidreamh a dhéanamh leo. Glacann sé go leor ama lena leithéid de chaidreamh a thógáil chun go mbeidh se éifeachtach. Caithfidh an t-altra an tsaincheist sin a mheá in aghaidh an ama a bhíonn ar fáil aici go háirithe mar a bhaineann sé le riachtanais othar eile.

ALTRANAS LEANAÍ

Is iontach linn, go minic, cad chuige a n-éiríonn leanaí agus naíonáin tinn ach is amhlaidh a éiríonn agus bíonn aire speisialta uathu. Tugtar naíonáin agus leanaí chun an ospidéil agus ní fhanann siad ach amháin má bhíonn siad iontach tinn. Mar sin de tugann altraí leanaí aire do naíonáin, do thachráin bheaga, do pháistí scoile agus do dhéagóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu de bharr a dtinnis.

Goilleann tinneas i naíonáin, i leanaí agus i ndéagóirí orthu féin agus ar a dteaghlaigh agus dá réir sin tá traenáil ar leith de dhíth ar altraí ionas go n-aithneoidh siad agus go dtuigfidh siad a riachtanais speisialta agus go mbeidh siad in inmhe cuidiú leo. Caithfidh altraí leanaí cuimhneamh fosta go mbíonn riachtanais éagsúla ag déagóirí óir ní leanaí ná daoine fásta iad.

Ar deireadh agus iad ag obair le leanaí agus a dteaghlaigh, is féidir go gcaithfeadh altraí cuidiú leo déileáil le ceann de na dúshláin is déine sa saol, an tinneas agus a iarmhairtí, agus aghaidh a thabhairt ar an todhchaí. Bíonn gach lá difriúil, bíonn na hothair ar fad difriúil agus baineann ról an altra le hobair a dhéanfaidh foireann ildisciplíneach, ag tabhairt tacaíochta, ag cumarsáidiú agus ag tabhairt moltaí don bhabaí, don pháiste, don déagóir agus don teaghlach.

Tá réimse an-leathan speisialtóireachtaí ina dtig le haltraí leanaí bheith ag obair, obrádlann, míochaine, aonaid mháinliachta agus dó *(surgical and burn units)*, ranna timpistí agus éigeandála, aonaid oinceolaíocha agus duánacha *(oncological and renal units)*, aonaid dianchúraim *(intensive care units)* agus altranas pobail. Is féidir leis an lá oibre bheith strusmhar agus fada agus ní rogha éasca é cúram a dhéanamh de naíonáin, páistí agus déagóirí. Tiocfaidh biseach ar roinnt acu, ní thiocfaidh ar roinnt eile agus is féidir go bhfaigheadh roinnt daofa bás, ach bíonn na luaíochtaí chomh mór sin gur fiú uilig é.

ALTRANAS DO DHAOINE LE MÍCHUMAS INTINNE

Is féidir le haltraí atá cláraithe sa tsainroinn seo an mhíchumais intinne (RNID), is féidir leo cuidiú le daoine le míchumas intinne gnáthscileanna na beatha a fhorbairt. Maireann an mhórchuid dínn gan smaoineamh fiú ar na scileanna coimpléascacha a bhaineann le gnáth-thascanna laethúla a dhéanamh.

Glacaimid leis go díreach go mbímid ábalta ar chupa tae a dhéanamh, dul ar bhus nó cairdeas a dhéanamh le daoine eile. Ach bíonn a leithéidí sin deacair ag an duine a bhfuil míchumas intinne air.

Tá thart ar 26,700 duine de gach aois le míchumas intinne i bPoblacht na hÉireann agus tá a gcuid riachtanas an-éagsúil agus in amanna an-chasta. Is féidir le míchumas intinne bheith éadrom nó domhain *(severe)*, agus is féidir go mbeadh míchumas fisiceach ar dhaoine aonair nó an iliomad míchumas. Oibríonn an t-altra Míchumas Intinne le cliaint indibhidiúla, teaghlaigh, páistí agus daoine fásta sa bhaile s'acu féin, i dtithe altranais, in aonaid faoisimh, lárionaid lae agus ina gcuid scoileanna agus ionad oibre. Bíonn siad ag comhoibriú le cliaint, teaghlaigh agus lucht cúraim le leas mothúchánach, fisiceach, agus sóisialta na gcliant a chur chun cinn, agus ag an am cheanna ag taispeáint measa do agus ag gníomhú ar son a gceart agus a ndínite.

ALTRANAS SÍCIATRACH

Is iad trí phríomhsprioc an altranais shíciatraigh: sláinte mheabhrach a chur chun cinn; tinneas meabhrach a chosc; agus cúram agus tacaíocht iomlánaíoch a sholáthar do dhaoine atá ag fulaingt de bharr easláinte mheabhrach *(mental ill-health)*.

Is féidir le duine ar bith fulaingt de bharr deacrachtaí meabhairshláinte ag am ar bith ina saol. Is féidir le fadhbanna meabhairshláinte deacrachtaí a chruthú i saol an duine sa ghearr-, sa mheán- nó san fhadtéarma. Tig na deacrachtaí sin óna lán foinsí éagsúla. Thiocfadh dó gur slí mhaireachtála a bheadh i gceist, tosca fostaíochta, gnóthaí sóisialta agus baile, taithí phearsanta nó comhdhéanamh géiniteach *(genetic make-up)* an duine a spreagfadh tinneas meabhrach.

Baineann cosc príomhúil *(primary prevention)* le sláinte mheabhrach a chur chun cinn. Leis sin a dhéanamh caithfear daoine aonair, teaghlaigh agus grúpaí a oiliúint i dtaobh na mbagairtí féideartha atá ann dá sláinte a spreagfadh easláinte mheabhrach. Oibríonn altraí síciatracha i gcomhar le grúpaí deonacha, áisíneachtaí reachtúla agus aonaid áitiúla sláinte leis an teachtaireacht seo a chur trasna i measc an phobail trí chéile.



FADHBANNA MEABHAIRSHLÁINTE

Baineann an soláthar tánaisteach le déileáil leis na fadhbanna meabhairshláinte nuair a thagann siad aníos. Má aithnítear na deacrachtaí go luath agus an idirghabháil chuí *(necessary intervention)* a dhéanamh laghdaítear ar an chur isteach ar shaol pearsanta, teaghlaigh agus oibre an duine aonair. Oibríonn altraí síciatracha in ospidéil lae, in aonaid othar isteach *(in-patient units)* agus sa bhaile leis an fheidhm seo a chur i gcrích.

Baineann an cosc treasach *(tertiary prevention)* le daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte leanúnacha orthu a choinneáil i mbarr a sláinte. Faoi mar a chruthaíonn galair fhisiceacha ar nós diaibéiteas dúshláin do dhaoine maidir lena sláinte ar feadh a saoil, caithfidh daoine eile in amanna foghlaim an dóigh le maireachtáil le deacrachtaí meabhairshláinte fad saoil. Soláthraíonn altraí síciatracha tacaíocht do na daoine sin ina mbaile, in ionaid lae agus in aonaid chónaitheacha

CLÁR AN BHOIRD ALTRANAIS

Tá ocht gcodanna bainte leis an Chlár a choinníonn an Bord Altranais. Tá cúig chlár ann ag an leibhéal réamhchláraithe:

TEIDEAL	BLIANTA	I DTREO CLÁRAITHE
Altranas Ginearálta	4	Altra Ginearálta Cláraithe (RGN)
Altranas Míchumas Intleachta	4	Altra Míchumas Intleachta Cláraithe (RNID)
Altranas Síciatrach	4	Altra Síciatrach Cláraithe (RPN)
Cnáimhseachas	4	Cnáimhseachas Cláraithe (RM)
Altranas Ginearálta agus Altranas Leanaí (comhtháite)	4 ½	Altraí Leanaí Cláraithe (RCN) & Altraí Ginearálta Cláraithe (RGN)

COSÁIN GHAIRME

Tairgtear cláir in Altranas Leanaí (nach bhfuil comhtháite le haltranas ginearálta) agus cláir Cnáimh-seachais ag an leibhéal iarchláraithe. Níl na cláir Oidí Altranais, Altranas Sláinte Phoiblí ná Altraí Oideas le fáil ach ag an leibhéal iarchláraithe.Tá na Cláir Chéim Onóracha Réamhchláraithe (NQAI leibhéal a 8) ar fad le fáil i 13 d'institiúidí Ardoideachais i gcomhar le 56 príomháisíneacht Chúram Sláinte (Ospidéil, Suíomhanna Cliniciúla). Is iad na cláir chéime atá ann Altranas Ginearálta (RGN), Altranas Míchumas Intleachta (RNID), Altranas Síciatrach (RPN), Cnáimhseachas (RM) agus Altranas Leanaí Agus Altranas Ginearálta (Comhtháite: RCN & RGN). Tá 42 clár ann agus 1880 áit le fáil in Altranas agus i gCnáimh-seachas ag an leibhéal réamhchláraithe.

- Altranas Ginearálta: 4 bliana i dtreo BSc móide RGN. 14 Clár, le líon iomlán de 1057 áit, sna 13 Institiúid Ardoideachais i gcomhar le 21 príomháisíneacht Chúram Sláinte.
- Altranas Míchumas Intleachta: 4 bliana i dtreo BSc móide RNID. 8 gClár, le líon iomlán de 240 áit, in 8 nInstitiúid Ardoideachais i gcomhar le 10 bpríomháisíneacht Chúram Sláinte.
- Altranas Síciatrach: 4 bliana i dtreo BSc móide RPN. 12 Clár, le líon iomlán de 343 áit, i 12 Institiúid Ardoideachais i gcomhar le 14 príomháisíneacht Chúram Sláinte.
- Cnáimhseachas: 4 bliana i dtreo BSc móide RM. 6 Chlár, le líon iomlán de 140 áit, i 6 Institiúid Ardoideachais i gcomhar le 7 bpríomháisíneacht Chúram Sláinte.
- Altranas Leanaí agus Altranas Ginearálta (Comhtháite): 4.5 bliana i dtreo BSc móide RCN & RGN. 4 Chlár, le líon iomlán de 100 áit, i 4 Institiúid Ardoideachais i gcomhar le 4 phríomháisíneacht Chúram Sláinte.

Tá réimse leathan suíomhanna ina dtig leis an altra/bean chabhrach oibriú, sa phobal agus sna suíomhanna ospidéil/cónaithe, mar aon le hiliomad sainréimsí. B'fhéidir gur mhaith leis an altra/bean

chabhrach leanúint de bhreisoideachas. Is féidir le haltra/bean chabhrach difear an-mhór a dhéanamh i saol duine, ag obair ar an líne thosaigh agus ag déanamh cinntí a bhfuil tábhacht mhór leo. Tá an an tuarastal reatha tosaigh don altra/bhean chabhrach nuachláraithe os cionn €31,000. Baineann na haltraí sinsearacha amach tuarastal de €35,000.

ROINNT GAIRMEACHA

Dochtúir, Teicneoir leictreacardagraim *(ECG technician)*, Oifigeach Sláinte Chomhshaoil, Riarthóir Ospidéil, Grianghrafadóirí Míochaine, Rúnaí Míochaine, Altra, Teiripeoir Ceirde *(occupational therapist)*, Optaiméadraí, Cógaiseoir, Cógaseolaí *(pharmacologist)*, Fiseolaí, Fisiteiripeoir, Altra Síciatrach, Radagrafaí, Teiripeoir Urlabhra, Oibrí Sóisialta, Seirbhísí Teicniúla, Printíseach, Radagrafaí Teiripeach, Síceolaí Cliniciúil faoi oiliúint, Teicneoirí Saotharlainne Míochaine le speisialtóireacht i mbaictéareolaíocht, imdhíoneolaíocht *(immunology)*. Freastalaí Deonacháin Fola *(blood donor attendant)*, Tiománaí Otharchairr, Cúram Leanaí, Coslia *(chiropodist)*, Glantóirí, Oifigigh chléireachais, Clóscríobhaithe, Oifigeach Leasa Pobail, Banaltra Fiaclóireachta, Cúntóir Liachtlann Fiaclóra *(dental surgery assistant)*, Fiaclóir, Radagrafaí Diagnóiseach *(diagnostic radiographer)*, Diaitéiteach, Radharceolaí Dáileacháin *(dispensing optician)*

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Bíonn tú ag déileáil go díreach leis an phobal mar sin de teastaíonn scileanna maithe sóisialta agus idirphearsanta.
- Freagracht ollmhór ag baint leis an obair agus má dhéantar aon mheancóg tig léi bheith ina trúig bháis.
- Tá an obair fisiceach agus éilitheach *(demanding)*.
- Uaireanta oibre mírialta, le roinnt sealoibre
- Oibríonn tú go minic ar feadh uaireanta an-fhada faoi bhrú.
- Go minic bítear ag plé le fuil, le cneácha agus le daoine atá ag fulaingt agus i bpian mhór.
- Is obair intleachtúil í.
- Bíonn go leor den sórt seo oibre ar fáil.
- Bíonn an pá agus na coinníollacha oibre iontach maith.
- Níl a lán oibre ann do dhochtúirí i réimsí áirithe.
- Obair iontach mionsonraithe í a éilíonn ardchruinneas.

18

EALAÍN AGUS DEARADH



Caibidil 18

Ealaín agus Dearadh

Bíonn gairmeacha sa réimse seo bunaithe ar chruthaitheacht agus ar ghiniúint smaointe nua, réitigh nua agus stíleanna nua. Éilíonn d'fhís chruthaitheach *(creative)* a lán díograise agus díchill is cuma cén méid den ghinias atá ionat. Ní hé amháin go gcaithfidh tú bheith i do ghinias uair amháin ach caithfidh tú a dhéanamh arís agus arís eile ag an chaighdeán a éilíonn tú féin agus do chuid cliant.

Tá borradh faoi chúrsaí ealaíne as siocair an rathúnais a bhí sa tír roinnt blianta ó shin. Spreag sin suim i gcúrsaí ealaíne agus chuidigh an phróifíl idirnáisiúnta atá ag roinnt dár n-ealaíontóirí. Is féidir mórthaispeántais ealaíne a sheoladh agus a bhreathnú sa Dánlann Náisiúnta, in Iarsmalann na Nua-Ealaíne agus i nGailearaí Hugh Lane. Lena chois sin tá lárionaid ealaíne ar fud na tíre agus dánlanna príobháideacha ag tabhairt na n-ealaíon i láthair pobal níos leithne agus is mó deis anois ná riamh ag ealaíontóirí a gcuid oibre a thaispeáint go forleathan.

Tá sé go fóill an-deacair, áfach, do bheatha a thabhairt go hiomlán i dtír mar ealaíontóir. Ní ceist tallainne amháin é ach fosta caithfidh tú aitheantas a thuilleamh agus meas bheith ar na hiarrachtaí cruthaitheacha sin a bhaineann a oiread ama asat. I ndiaidh duit do chúrsa ealaíne a chríochnú, is iomaí gairm is féidir a leanstan seachas bheith i d'ealaíontóir amháin. Má smaoiníonn tú go cruthaitheach is féidir go leanfá ar aghaidh mar dhearthóir suíomh idirlíon *(website designer)*, dearthóir taispeántais, maisitheoir leabhar nó lámhcheardaí cártaí *(card handcrafter)*.

Tá tionscal na gceirdeanna ag leanstan ar aghaidh go maith. Tá fás sa turasóireacht agus bíonn na cuairteoirí níos oilte agus iad ar lorg rud éigin níos sofaisticiúla ná leipreacháin phlaisteacha. Tá earraí ceardaíochta chun tosaigh i gcúrsaí turasóireachta agus tá dearcadh nua ag teacht chun cinn gur tír chruthaitheach shamhlaíoch agus fiú nuálaíoch *(innovative)* í Éire.

CUMHDACH SAOTHAIR

Bíonn tallann ag na hiarrthóirí nó ní chuirfeadh siad isteach ar na cúrsaí. Úsáideann na coláistí ealaíne agus na hinstitiúidí ardoideachais nósanna roghnaithe sa bhreis ar an Ardteist le scoláirí a mheas. Bíonn ar na hiarrthóirí go leor ama a chaitheamh píosa maith roimh ré ag ullmhú chumhdach ealaíontóra *(portfolio)* le cur i láthair ag am an iarratais.

Beidh cumhdach de dhíth ort do chóir a bheith gach cúrsa ealaíne. Is bailiúchán é sin den 10 nó den duisín saothar críochnaithe is fearr atá agat maille le do chuid sceitsí tacaíochta agus d'obair ullmhúcháin. Bhéarfaidh na coláistí na riachtanais bheachta duit roimh ré. Ná fág go dtí an bhliain deiridh é le do chumhdach a dhéanamh réidh nó beidh thiar ort. Ní bhronntar áiteanna in NCAD de réir phointí na hArdteiste. Tá an roghnú bunaithe go díreach ar mheasúnú punann ealaíne *(art portfolio)* go díreach d'iarratasóirí a théann ar aghaidh díreach chuig an choláiste. Déantar roghnú fríd mheasúnú punainne **agus** agallamh do na hiarratasóirí a théann fríd an CAO.

ARDTEIST NÓ CUMHDACH SAOTHAIR?

Cuirtear an cheist an bhfuil an cumhdach ealaíontóra seo níos tábhachtaí ná an Ardteist féin. Braitheann sin ar na coláistí difriúla. Iarrann Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh (NCAD) mar shampla, bunriachtanais iontrála san Ardteist agus ansin rangaítear iarrthóirí de réir a gcuid marcanna ón chumhdach a ullmhaíonn siad. Cuireann cinn eile marcanna ón chumhdach (suas le 600) leis na pointí a ghnóthaíonn mic léinn san Ardteist. Sin an fáth a mbíonn scóir ar nós 745 nó 945 ar roinnt cúrsaí.

De ghnáth is riachtanas é go mbeadh Ealaín nó Líníocht Theicniúil ag mic léinn le dul ar chúrsaí ealaíne agus dearaidh. Tá an Ealaín de dhíth le dul ar an chúrsa (Céim Onórach, leibhéal 8) mar shampla, Amharcealaíona *(visual arts)* agus Dearaidh Amharc-Chumarsáid *(visual communications)* atá ag IT Phort Láirge. Dá gcúrsa sa Dearadh Grafach, iarrann IT Leitir Ceanainn ar iarrthóirí teist chruthaitheachta a shuí i mí Aibreáin mura bhfuil an ealaín acu san Ardteist.

RÉIMSE LEATHAN SAINCHÚRSAÍ

Os a choinne sin, tá cead isteach ag dhá chúrsa dearaidh atá in IT Leitir Ceanainn, Dearadh Táirge agus Meáin Dhigiteacha Chruthaitheacha, gan ealaín san Ardteist ná gan an teist chruthaitheachta seo. Tairgeann IT Cheatharlach cúrsaí céime ag leibhéil 7 agus 8 san ealaín, agus iarrtar cumhdach ealaíontóra sa dá chás. Níl an cumhdach ag teastáil áfach do na cúrsaí Dearadh Tionsclaíoch (leibhéal 7) agus Nuálaíocht Dearadh Táirge (leibhéal 8) a thairgeann IT Cheatharlach.

Tairgeann an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha sainchúrsaí sa Cheirmeach *(ceramics)*, Gloine, Miotal/Seodra, Faisean, Teicstílí agus Amharc-Chumarsáid ina Dhámh Deartha agus Meáin, agus ansin Mínphrionta, Péintéireacht agus Dealbhóireacht *(sculpture)* i nDámh na Mínealaíon *(Fine Arts Department)*.

Bíonn an chéad bhliain chéanna ag baint leis na speisialtóireachtaí ar fad agus punann le hullmhú ag mic léinn. Caitear na foirmeacha iarratais a sheoladh go díreach chuig an choláiste roimh 28 Eanáir. Mar sin de ní chuig an CAO a théann an t-iarratas seo. Tá dhá chlár céime acu a dhéantar fríd an CAO: Dearadh Tionsclaíoch daofa siúd a bhfuil suim acu bheith ag dearadh táirgí le haghaidh na déantúsaíochta agus Oideachas Ealaíne agus Deartha daofa siúd ar mian leo gairm mar mhúinteoir ealaíne.

Is féidir cáilíocht mhúinteora a fháil fosta fríd chéim a chríochnú san ealaín agus dearadh de chéaduair agus ansin an Dioplóma Iarchéime a ghlacadh in Oideachas Ealaíne agus Deartha ag NCAD nó an Dioplóma do mhúinteoirí Ealaíne agus Deartha a thairgeann roinnt Institiúidí Teicneolaíochta.

DÚN LAOGHAIRE

Tairgeann Institiúid Ealaíne Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ocht gclár laistigh dá scoil Ealaíne, Deartha agus Meán, cúig chéim Onóracha Bhaitsiléara sna réimsí seo a leanas: Beochan *(animation)*, Grianghrafadóireacht, Amharc-Chumarsáid (Prionta, Scáileán agus Spásúlacht 3T), Cleachtadh Amharcealaíne dírithe orthu siúd atá ag triail bheith ina n-ealaíontóirí reatha, agus Léiriúchán *(production)* Scannán agus Teilifíse dírithe ar mhic léinn ar rún leo bheith ina stiúrthóirí, léiritheoirí, scriptscríbhneoirí, eagarthóirí, oibreoirí ceamara, forbróirí láithreán gréasáin nó ina speisialtóirí maisíocht digiteach *(digital effects)* i dtionscal na scannánaíochta.

Tairgeann siad ghnáthchúrsa Baitsiléara amháin i nDéanamh Samhaltán *(model-making)* agus Dearadh daofa siúd ar suim leo seachmaill ealaíonta *(artistic illusions)* agus cúrsaí maisíochta *(special effects)*. Lena chois sin, déanann siad dhá Ardteastas i gCraoltóireacht Raidió agus Smideadh le haghaidh Scannánaíochta, Teilifíse agus Amharclannaíochta. Tá measúnú punainne ag roinnt le gach ceann de na hocht gcláir sin a dhéantar i mí Mhárta agus an t-agallamh, má bhaineann sé le hábhar, i mí Aibreáin.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA

Tairgeann Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ceithre chlár céime onóracha laistigh de Dhámh na hEalaíne Feidhmí: Dearadh Intí agus Troscáin, Dearadh in Amharc-Chumarsáid, (dírithe orthu siúd ar mian leo bheith ina ndearthóirí grafaice, ina gclóghrafóirí, ina maisitheoirí agus ina ndearthóirí sna meáin dhigiteacha), Mínealaín (daofa siúd atá ag lorg gairme mar ealaíontóirí sa phéintéireacht, sa dealbhóireacht agus sna meáin chlóite), agus Grianghrafadóireacht. Tairgeann siad chomh maith Teastas i dTaispeántas Deartha daofa siúd atá ag iarraidh gairme mar dhearthóirí taispeántais sa tionscal miondíola *(retail industry)*.

Tá na cláir sin uilig le fáil i mBaile Átha Cliath. Lasmuigh den phríomhchathair is féidir clár céime onóracha a dhéanamh in Institiúid Teicneolaíochta Átha Luain i nDearadh in Amharc-Chumarsáid. Déantar fosta ansin Céim Bhaitsiléara sa Chumarsáid, faoi mar a dhéantar in IT Chorcaí do dhaoine ar suim leo Ealaín agus Dearadh.

EALAÍONTÓIRÍ GAIRMIÚLA

Do na daoine a bhfuil suim acu bheith ina n-ealaíontóirí gairmiúla, tá cláir Chéim Bhaitsiléara ar fáil in IT i gCorcaigh, Ceatharlach, Sligeach agus Luimneach. Má tá suim ag mic léinn i gcúrsaí troscáin tá dhá chlár ar fáil fríd IT Gaillimh-Maigh Eo ar champas Leitir Fraic, Dearadh agus Déantús Troscáin agus Caomhnú agus Athchóiriú Troscáin.

Tá líon beag cúrsaí ealaíne agus deartha ann nach bhfuil teorainn leo maidir leis an spriocdháta 1 Feabhra. Is iad sin Dearadh Táirgí ag DIT agus Ollscoil Luimní, Bainistíocht Phriontála ag DIT, Dearadh sa Chumarsáid ag IT Phort Láirge, Dearadh Grafaice ag IT Leitir Ceanainn, Dearadh Tionsclaíochta ag IT Cheatharlaigh, Shligigh agus Leitir Ceanainn agus Ealaín ag IT Phort Láirge.

ROINNT GAIRMEACHA

Dearthóir Faisin, Pearsanra Smididh *(make-up personnel)*, Cóiritheoir Fuinneog *(window dresser)*, Seitheadóir *(taxidermist)*, Criadóir *(potter)*, Péintéir Gloine, Athchóiritheoir (pictiúr, srl.), Tatuálaí *(tattooist)*, Bláthadóir *(florist)*, Coimeádaí *(curator)*, Dearthóir Intí *(interior designer)*, Déantóir Priontaí *(print maker)*, Ceannaí Ealaíne, Ceanglóir Leabhar *(book binder)*, Ealaíontóir Taispeántais *(display artist)*, Péintéir agus Dealbhóir, Dearthóir Comhsaoil *(environmental designer)*, Déantóir uirlisí, Buailteoir Copair, Dearthóir Seit, Cartúnaí, Mangaire Seandachtaí *(antique dealer)*, Eitseálaí *(etcher)*, Greanadóir *(engraver)*, Múinteoir Ealaíne, Maisitheoir *(illustrator)*, Ealaíontóir Grafaicí, Dearthóir Cumarsáide, Dearthóir Teicstíle, Fíodóir *(weaver)*, Seodóir, Déantóir Ceirmeach, Gloineadóir, Oibrí Leathair agus Snoíodóir adhmaid *(wood carver)*, Gabha Airgid *(silversmith)*.

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Is í an tallann seachas an t-oideachas a shocraíonn cad é chomh rathúil agus a bheidh tú.
- Is beag an bhaint a bhíonn agat leis an phobal.
- Deiseanna ag éirí níos fearr go ginearálta san earnáil seo.
- Is deacair athrú go post eile mura n-oibríonn rudaí amach go maith duit de chéaduair.
- Obair chruthaitheach
- Obair laistigh den chuid is mó gan mórán contúirte
- Obair an-éagsúil agus brú ort teacht aníos le smaointe nua, leagain amach úra
- Obair i d'aonar nó le cúpla duine eile.
- Uaireanta mírialta go maith, is féidir go dtiocfadh an inspioráid ag am ar bith.
- Éagsúlacht mhór san ioncam ón fhíorbhochtaineacht go hairgead mór

19

STÁTSEIRBHÍS AGUS RIALTAS ÁITIÚIL

Caibidil 19

Státseirbhís agus Rialtas Áitiúil

Baineann gairmeacha sa réimse seo le bheith ag obair le buanrialtas na tíre. Tig na hionadaithe poiblí chun cinn agus imíonn siad siar as radharc ag brath ar na toghcháin éagsúla ach fanann an státseirbhís in áit agus tugann an leanúnachas leis an tír a reáchtáil agus tacaíocht agus eolas a thabhairt le haghaidh cinntí na n-Airí.

Níor éirigh go maith le scéim an díláraithe cé go bhfuil roinnt státseirbhíseach ag súil le héalú ó strús na cathrach ach tá mórán eile atá drogallach go leor faoi. Tá céimeanna eile glactha ag an Státseirbhís áfach sa mhéid is gur thionscain siad cleachtais nua oibre ar nós uaireanta oibre solúbtha, sosanna gairme, roinnt poist agus saoire scoilbhliana mar thionscnaimh a thacaíonn le teaghlaigh agus le cothromaíocht idir obair is saol *(work-life balance)* a éascú.

Rinneadh leasuithe mar an gcéanna ar chóras na n-arduithe céime agus ní bhraitheann sin a thuilleadh ar shinsearacht ach ar thallann agus ar fhiúntas. Níl oiread sin pá ag dul le roinnt de na gráid ísle ach is tarraingteach an rogha iad mar sin féin as siocair go mbíonn an post buanseasmhach agus go bhfuil fíorsheans ar ardú céime in am trátha. Agus tú ag dul suas na gráid méadaíonn na freagrachtaí, an t-ualach oibre agus an luach saothair agus thiocfadh leat bheith ag obair ar feadh uaireanta fada agus faoi bhrú in achair a bhaineann le saincheisteanna tábhachtacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

TAITHÍ LUACHMHAR

Tá an taithí a fhaightear sa réimse sin chomh luachmhar gurbh éigean na tuarastail san earnáil phoiblí a ardú de réir an phróisis tagarmharcála *(benchmarking process)* le go mbeadh siad cosúil le tuarastail san earnáil phríobháideach óir bhí siadsan ag mealladh chucu na ndaoine is fearr. Tá na tuarastail sin go mór faoi bhagairt, áfach, ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta.

Má amharcann tú fríd an rannóg stáit san eolaí teileafóin gheobhaidh tú tuairim mhaith ar leithead na seirbhísí agus na ngairmeacha atá ar fáil sna hinstitiúidí stáit. Oibríonn na Státseirbhísigh i ranna rialtais ag riar ar dhlíthe, scéimeanna agus rialúcháin agus ag plé go díreach leis an phobal. Os a choinne sin ní bhíonn fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí ag obair go díreach leis an rialtas ach go hindíreach i bpoist cosúil le múinteoireacht, na gardaí, lucht múchta dóiteáin srl. Sa dá sheirbhís roinntear an fhostaíocht idir lucht riaracháin (cléirigh, feidhmeannaigh srl.) agus foireann theicniúil (innealtóirí, ailtirí agus pleanálaithe srl.)

RÉIMSE OLLMHÓR DEISEANNA

Tugann an Státseirbhís réimse ollmhór deiseanna, ag fostú chóir a bheith 30,000 duine in os cionn tríocha roinn/oifig éagsúla a thugann seirbhísí don Rialtas agus thar a cheann. Is é an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, www.publicjobs.ie, an soláthraí lárnach earcaíochta, measúnaithe agus seirbhísí roghnúcháin don Státseirbhís.

Oibríonn na státseirbhísigh sna ranna rialtais éagsúla mar shampla Airgeadas, Oideachas agus Eolaíocht, Fiontraíocht, Trádáil agus Fostaíocht, Sláinte agus Leanaí agus Iompar. Ta ról fíorthábhachtach acu i saol eacnamúil agus sóisialta na hÉireann, agus iad ag cur i bhfeidhm polasaithe agus ag soláthar seirbhísí don phobal agus ag cuidiú le beartais nua rialtais a dhréachtú.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL	
Rúnaí Ginearálta	**Oifigeach Riaracháin**
Rúnaí Cúnta	**Ard-Oifigeach Feidhmeannach**
Príomhoifigeach	**Príomhfheidhmeannach**
Príomhoifigeach Cúnta	**Oifigeach Foirne**
	Oifigeach Cléireachais

Bíonn an Státseirbhís ag plé le saincheisteanna saoil an phobail gach lá agus athraíonn siad go síoraí. Dá bharr sin, tig forbairtí agus leathnú laistigh den eagraíocht chun seirbhís níos fearr a chur ar fáil don phobal. Chun an obair seo a dhéanamh go héifeachtúil caithfidh muid tallann nua a chur lenár bhfoireann – daoine tiomanta, uaillmhianacha a bhfuil suim acu cur leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal in Éirinn.

Tá an-éagsúlacht go deo sa réimse deiseanna a bhíonn ar fáil sa Státseirbhís, ón chuntasóireacht go hacmhainní daonna go seirbhísí custaiméara. Is cuma cén réimse saineolais atá agat, caithfidh go bhfuil jab Státseirbhíse éigin ann a mbeadh suim agat ann. Bíonn scileanna riaracháin, bainisteoireachta, gairmiúla agus teicniúla ag teastáil i dtólamh.

Is gairm dhúshlánach agus shásúil í bheith ag obair don státseirbhís. Spreagtar daoine sa státseirbhís lena spriocanna gairme a bhaint amach, cibé acu a bhaineann sin le dul chun cinn sa ghairm nó athrú go gairm eile. Ofrálann sí scoth na hoiliúna agus na ndeiseanna forbartha chun freastal ar riachtanais aonair agus eagraíochta. Bíonn deiseanna nua ag teacht aníos go leanúnach agus bíonn an tsolúbthacht ann do chosán gairme féin a fhorbairt agus a leanstan.

Le dul chun cinn na gairme, méadaíonn ar do chuid freagrachtaí, d'ualach oibre agus do chuid íocaíochta dá réir agus is féidir go dtabharfaí do dhúshlán i réimsí a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag roinnt leo. Ba cheart duit machnamh ar phost sa Státseirbhís má tá tú sa tóir ar ghairm fhiúntach.

ROINNT GAIRMEACHA

Cléireach an Phoist, Teileafónaí, Oifigeach Cléireachais sa Rialtas Áitiúil, Cléireach-clóscríobhaí *(clerk typist)*, Comhraiceoir Dóiteáin *(fire fighter)*, Cléireach Baile Mhóir, Oifigeach Talmhaíochta, Cigire Tionsclaíochta, Cúntóir Rialaithe Aerthráchta *(air traffic control assistant)*, Teicneoir Ailtireachta, Coillteoir, Eolaí Fóiréinseach, Teicneoir Saotharlainne, Innealtóir Sibhialta sa Státseirbhís, Cigire Cúnta Talmhaíochta, Scrúdaitheoir Tiomána, Cigire Cánach, Oifigeach Cúnta Meitéareolaíochta, Meitéareolaí, Oifigeach Preasa, Clóscríobhaí agus Gearrscríobhaí *(shorthand typist)*, Cigire Sláinte, Cúntóir Leabharlainne, Oifigeach Riaracháin, Oifigeach Cléireachais, Cúntóir Cléireachais, Adhlacóir *(coroner)*, Oifigeach Feidhmitheach, Oifigeach Cúnta Custaim agus Mál *(customs and excise officer)*, Ard-Oifigeach Cánach, Cléireach Cúirte Dúiche, Gearrscríobhaí Cúirte *(court stenographer)*, Cigire Cánach, Tríú Rúnaí i nGnóthaí Eachtracha, Oifigeach Leasa Shóisialta, Oifigeach Cartagrafach faoi oiliúint *(cartographical trainee)*

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Obair mar bhall foirne.
- Obair faoi bhrú ag cloí le spriocdhátaí.
- Cinnteacht iontach fostaíochta.
- Obair intleachtúil.
- Ag déileáil go díreach leis an phobal.
- Deiseanna maithe ardú céime.
- Tá an obair ar fáil anois ina lán ceantar in Éirinn agus ní san ardchathair amháin
- Bíonn an obair rialta de ghnáth ach corruair éileoidh sprioc-amanna nó saincheisteanna áirithe uaireanta malla oibre.
- Is gnách go n-aistríonn scileanna anonn is anall sa státseirbhís.
- Bíonn an pá íseal sna gráid ísle ach éiríonn sé níos fearr de réir mar a bhogtar suas an dréimire.

20

MÚINTEOIREACHT, NAÍSCOLAÍOCHT AGUS CÚRAM LEANAÍ

Caibidil 20

Múinteoireacht, Naíscolaíocht & Cúram Leanaí

Tá ardsuim á cur ag mic léinn sna dioplómaí iarchéime san oideachas le haghaidh na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta. Cad é atá á mealladh? Bhuel is ceann de na fachtóirí is mó an chothromaíocht a bhíonn idir obair agus saol sa ghairm seo mar a thugann tú aird do ghníomhaíochtaí do shaoil oibre ar láimh amháin agus ar an lámh eile do thiomantas *(commitment)* don saol teaghlaigh. Tugann saol na múinteoireachta deis iontach do dhaoine an-chothromaíocht obair-saoil a bheith acu, agus is iomaí múinteoir a tarraingíodh ó shaol gnó agus tionscail isteach sa seomra ranga dá réir.

Lena chois sin, creidtear gurb í an mhúinteoireacht an ghairm is mó ina dtig leat tionchar a imirt. Cinnte, is féidir níos mó airgid a dhéanamh i gcúrsaí leighis, dlí nó gnó ach ní thugann aon ghairm eile an oiread scóip duit dul i gcion ar dhaoine óga agus iad a mhúnlú agus a spreagadh agus a thugann an teagasc.

Tá mionlach de dhrochmhúinteoirí ann ar ndóigh atá falsa agus ar nós cuma liom ach tá a leithéidí sin de dhochtúirí agus dlíodóirí ann chomh maith. An fáth a dtarraingíonn na múinteoirí seo oiread airde go bhfuil siad in áit a dtig leo tionchar mór a imirt ar shaol daoine agus é a athrú chun donais nó a mhalairt. Is iad na múinteoirí spreagthacha áfach a fhágfaidh lorg domhain dearfach agus buan ar chách a thagann fána gcoimirce.

TIONCHAR

Tá an lorg seo le brath sa tsochaí fosta mar gurb é ceann de na cúiseanna ar tharla an borradh geilleagrach in Éirinn go raibh lucht saothair dea-oilte ar fáil againn. Faoi mar a bhí san am a caitheadh, is amhlaidh a bheidh muid ag súil san am atá le teacht go gcuirfidh daoine óga dea-oilte bonn faoin eacnamaíocht seo an eolais a thabharfaidh na deiseanna is fearr d'Éirinn sa todhchaí. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear caighdeán oideachais an lucht saothair a ardú agus is amhlaidh a bheidh fócas níos mó ar mhúinteoirí mar gurb iad tiománaithe na todhchaí seo.

Cuidíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta le proifisiúntacht na gairme a chur chun tosaigh.
Is gá a rá áfach go bhfuil dúshláin mhóra ann i gcónaí i dtaca leis an easpa mheasa a bhíonn ar mhúinteoirí go ginearálta agus ar gach pearsa údaráis sa tsochaí.

CEITHRE LEIBHÉAL

Is féidir teagasc ag ceann ar bith de cheithre leibhéal. Ag an leibhéal réamhscoile, ullmhaíonn múinteoirí na páistí don fhoghlaim fhoirmiúil a thiocfaidh ag an bhunscoil fríd churaclam súgartha a spreagann agus

a fhorbraíonn na scileanna sóisialta agus na cumais fhisiceacha. Bíonn pointí arda de dhíth do mhúinteoirí bunscoile – tá cúrsaí oiliúna ar fáil ó dheas agus ó thuaidh sna príomhcholáistí oiliúna uilig. Ta cúrsa iarchéime bliana ar fáil do mhúinteoirí meánscoile i gColáiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste.

Don teagasc ag an iar-bhunleibhéal caithfidh céim leibhéal 8 bheith agat in ábhar a theagasctar ag an mheánscoil agus Dioplóma Iarchéime san Oideachas. Tá an rogha ar fáil i roinnt coláistí comhchéim a dhéanamh ina bhfaigheann tú do chéim teagaisc agus tú ag dul de chúrsa in achair ar nós: Corpoideachas, Teicneolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Reiligiún, Ealaín nó Eolaíocht. Don tríú leibhéal, de ghnáth, bíonn Máistreacht (leibhéal 9) nó Dochtúireacht (leibhéal 10) de dhíth, agus déanfaidh tú taighde agus teagasc ansin.

OIDEACHAS NA LUATHBHLIANTA

Tá roinnt céimeanna i Staidéar/Cúram/Oideachas na Luathbhlianta ar tairiscint ag Coláiste Mhuire Gan Smál, ag Ollscoil Chorcaí, ag Institiúid Shligigh, ag Institiúid Cheatharlach, agus ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Síneann na pointí do na cúrsaí sin ó 300 ag campas Loch Garman go 415 ag DIT.

MÚINTEOIREACHT BHUNSCOILE

Tá cúig choláiste againn sa Phoblacht a thairgeann céim Bhaitsiléir Oideachais agus bíonn os cionn 2,500 iarratasóir arb é an cúrsa seo a gcéad rogha gach bliain. Téann 10% de na háiteanna atá ar fáil do mhuintir na Gaeltachta gach bliain. Tairgtear an clár céime seo i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath; Coláiste Mhuire, Marino, Baile Átha Cliath; Coláiste Froebel, Cnoc Siáin, Baile Átha Cliath agus Coláiste Eaglais na hÉireann, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath. Is i gcomhar le Coláiste na Tríonóide a thairgeann na trí choláiste deiridh sin a gcéim.
Is cúrsa trí bliana é clár céime an B. Oid.

Is céim onórach trí bliana a dhéantar i gColáiste Mhuire gan Smál agus i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Bíonn gnáthchéim ar fáil ag Coláiste Mhuire, Froebel agus Coláiste Eaglais na hÉireann, agus is féidir céim onóracha a fháil chomh maith ach an ceathrú bliain a dhéanamh i ndiaidh duit céimniú.

Daofa siúd a dhéanann fochéim in aon disciplín agus a shásaíonn na híosriachtanais iontrála sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic, tá cosán iontrála is féidir a ghlacadh le dul isteach sa mhúinteoireacht bunscoile. Is gá agallamh a dhéanamh le cur isteach ar an chlár seo a mhaireann ocht mí dhéag agus a thoisíonn i mí Feabhra de ghnáth. Tairgeann Coláiste Hibernia rogha eile iontrála iarchéime ar líne chun na múinteoireachta bunscoile agus aithníonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta í sin agus iad ag ceapadh múinteoirí bunscoile.

Ligtear mic léinn Ghaeltachta isteach ar na cúrsaí sin faoi seach ach thart ar 435 pointe a bheith acu. Ní féidir le mic léinn áit a fháil ar cheann ar bith de na cúrsaí thuas mura mbíonn C3 nó leibhéal níos airde acu san Ardteist Ghaeilge, Ardleibhéal. Mura mbíonn go leor iarratasóirí ann a bhfuil leibhéal C3 acu, glacann Coláiste Eaglais na hÉireann le grád D.

OIDEACHAS DARA LEIBHÉAL

De ghnáth glacann daoine a bhfuil suim acu san oideachas dara leibhéal bunchéim sna healaíona, in Eolaíocht nó i gCúrsaí Gnó, agus ansin tugann siad faoi IarDhioplóma san Oideachas *(Post Graduate Diploma)*, agus níl sé furasta áit a fháil air sin ach oiread. Sin nó is féidir go roghnódh iarratasóirí sainchéim leithéidí an Chorpoideachais ag Ollscoil Luimní, mar a gcaithfidh mic léinn pas a fháil i dteist chumais ghluaiseachta. I measc na roghanna eile luaitear Eolaíocht, Adhmadóireacht agus Innealtóireacht le hOiliúint Mhúinteoirí.

Is iad na cúrsaí atá ag Institiúid Mater Dei Teagasc Reiligiúnda le Béarla nó le Stair nó le Ceol. Ag Naomh Pádraig, Dúrlas Éile, déantar Staidéar Reiligiúnda agus Staidéar Gnó le hOideachas. Ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath is féidir Oideachas a dhéanamh le Bitheolaíocht agus Corpoideachas nó le Ceimic agus Fisic. Ag Ollscoil Chorcaí tá rogha ann ar chúrsa Ceimice agus Fisic agus Réaltfhisic.

Is féidir le mic léinn cosán an teagaisc a roghnú leis an dá chúrsa sin i gCorcaigh ón dara bliain ar aghaidh. Ag Coláiste Aingeal, Sligeach déantar Eacnamaíocht Bhaile le Bitheolaíocht; le hOideachas Reiligiúnda; le Gaeilge (agus agallamh) agus le hEacnamaíocht agus Staidéar Tomhaltóireachta *(Consumer Studies)*. Bíonn teanga iasachta riachtanach le haghaidh iontrálacha sa chéim Eacnamaíocht Bhaile ag Coláiste Naomh Aingeal.

ROINNT GAIRMEACHA

Teagascóir Oiliúna, Speisialtóir Oiliúna, Múinteoir Gairme, Oiliúnaí Óige, Oifigeach Leasa Oideachais, *(educational welfare officer)* Rúnaí Scoile, Comhairleoir Gairmthreorach, Múinteoir Montessori, Múinteoir Ceoil, Múinteoir Bunscoile, Múinteoir Naíscoile, Múinteoir Corpoideachais, Múinteoir Tacaíochta Foghlama, Múinteoir Iar-bhunscoile, Múinteoir Daoine faoi Mhíchumas *(Teacher of Disabled)*, Múinteoir Ábhair Theicniúil (miotalóireacht, adhmadóireacht, líníocht theicniúil), Múinteoir Caiticeasmaice, Múinteoir Eacnamaíocht Bhaile, Múinteoir Ealaíne, Múinteoir Froebel, Múinteoir Gaelscoile, Múinteoir Teagmhála Baile Scoile, Síceolaí Oideachais, Speisialtóirí éagsúla teagaisc, Léachtóir/Ollamh, Leabharlannaí

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Obair an-fhreagrach ina mbíonn fíordheiseanna agat difríocht a dhéanamh i saol daoine óga.
- Níl a lán deiseanna ann arduithe céime a fháil.
- Obair ar fáil go forleathan.
- Pá maith agus coinníollacha maithe oibre.
- Aistríonn na scileanna go maith anonn chuig réimsí eile oibre.
- Caithfidh tú bheith muiníneach, tuisceanach, foighdeach agus ábalta grúpa a rialú agus a smachtú.
- Obair intleachtúil le go leor scóipe do do chuid smaointe féin.
- Deimhneacht mhaith *(security)* fostaíochta.
- Teagmháil dhíreach le daltaí agus le tuismitheoirí .
- Uaireanta rialta oibre le saoirí fada ach is minic an múinteoir ag obair faoi bhrú san oíche fosta.

21

NA MEÁIN AGUS CUMARSÁID

Caibidil 21

Na Meáin agus Cumarsáid

Ag uair amháin ba iad na mórmheáin *(mass media)* a bhí i dtreise ach anois tá sin ag briseadh ina lán 'mionmheán' *(mini media)*. Tá a lán roghanna ag an tomhaltóir anois (raidió, DD, iPod, idirlíon, cluichí ríomhaireachta, teilifís talaimh, teilifís dhigiteach srl.) ach is amhlaidh is deacra ag an mhuintir a bhíonn ag plé leis na meáin sin lucht féachana a choinneáil. Déanann daoine a gcuid clár teilifíse a thaifead anois ar fhístéip, Dhiosca Digiteach Ilúsáide (DVD), nó ar thiomántán crua agus breathnaíonn siad air níos moille nó faigheann siad a gcláir raidió mar phodchraoladh.

Is deacair a oibriú amach mar sin de cé atá ag coimhéad na teilifíse agus cá huair. Chomh maith leis an aistriú ama seo tá aistriú áite ag titim amach fosta agus daoine ag amharc ar a gcuid clár thar an bhanda leathan nó ag fáil fístéipe ar iarratas ar an idirlíon. Chomh maith leis sin, beidh na físeáin shoghluaiste ar fáil go luath ar na líonraí gutháin phóca. Tá tóir mhór ar an teilifís ardghléine *(high definition)* anois agus scáileáin 35 orlaí aici. Mar sin de, is léir go bhfuil an nua-theicneolaíocht sna hilmheáin ag síorchruthú deiseanna agus dúshláin nua fostaíochta.

FÓGRÓIRÍ AGUS LUCHT FÉACHANA

Maidir leis an léiritheoir meáin caithfidh sé ar dtús dul i gcion ar na tomhaltóirí lena chuid ábhair agus ansin an lucht féachana sin a dhíol leis na fógróirí. Is deacair lucht féachana a choinneáil nuair a bhíonn a oiread sin roghanna ar fáil ag daoine agus lucht fógraíochta á mealladh leis an ioncam a choinneáil réasúnta. Ní leor é anois smaoineamh maith bheith ag duine ar chlár ceoil den scoth, is é an dúshlán is mó an pobal a thabhairt leat. Tá an teicneolaíocht ar fáil agus bíonn sé saor go leor an clár a reáchtáil ach cén áit agus cén dóigh a bhfaighidh tú lucht féachana agus cad é mar a chuirfidh tú na láidreachtaí sin in iúl d'fhógróirí chun go maoineofaí do sheó?

Chruthaigh an méadú sna meáin níos mó deiseanna agus gairmeacha. Bíonn gairm sna meáin iontach tairbheach ag roinnt réaltaí móra ach ní dhíoltar an chuid eile chomh maith sin. Níl céim i Staidéir sna Meáin de dhíth le haghaidh poist sna meáin. An rud a bhíonn de dhíth tallann agus an t-ádh. Bí ag súil fosta le huaireanta fada, obair chrua agus a lán cáinte *(criticism)* agus ná síl go ndéanfaidh tú do shaibhreas ann in am gairid.

SCANNÁNAÍOCHT

Bíonn ról lárnach ag an Rialtas i gcur chun cinn na meán sa stát. Is é an Rialtas a éascóidh an t-aistriú ón teilifís analógach go teilifís dhigiteach ar an mhórchóir. Is é is mó fosta a chuirfidh Éire chun cinn mar shuíomh scannán le cúiteamh cánach. Tá an iomaíocht maidir le láthair scannán agus cúrsaí airgeadais an-ghéar. D'éirigh le toscaireacht trádála Éireannach mar sin féin conradh a shocrú leis na déantóirí scannán is mó sa domhan "Bollywood" i Mumbai na hIndia go mbeadh Éire acu mar láthair choimhthíoch i roinnt scannán Indiach. Tá margadh láidir baile ag teacht chun cinn in Éirinn a dhéanann scannáin do lucht féachana Éireannach go príomha agus tá rath nach beag air.

Tá an raidió digiteach ar fáil agus bhéarfaidh sin rogha níos leithne, ní hamháin sin ach tá lear mór stáisiúin raidió áitiúla ann atá ag déanamh gnó maith agus stáisiúin eile neamhspleácha náisiúnta a bhíonn in iomaíocht le RTÉ. Tá raidió satailíte anois ag teacht chun cinn chomh maith. Faigheann na stáisiúin satailíte a gcuid airgid ó shíntiúis mar sin de tá siad saor ó fhógraíocht agus ó chinsireacht.

Is féidir do raidió stáisiúin féin bheith agat ar an idirlíon gan mórán trioblóide ná costais. Is féidir leat fríd an mheán seo toiseacht a chraoladh do lucht éisteachta a roghnaíonn tú féin. Tá na mílte stáisiún ann cheana agus is féidir leatsa podchraoladh a dhéanamh chomh maith ach bí cúramach agus cinntigh go bhfuil tú clúdaithe maidir le saincheisteanna cóipchirt.

IRISEOIREACHT

Bíonn na riachtanais iontrála don iriseoireacht ard de ghnáth. Tá céim ar tairiscint thar 4 bliana ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath san iriseoireacht agus an Ghaeilge mar mheán agus ag DIT le teanga eile, Gaeilge nó Fraincis de ghnáth. I measc na n-ábhar a chlúdaítear áirítear teicneolaíocht na meán, meáin chlóite *(print media)*, tuairisciú nuachta, an dlí, gné-ailt *(feature articles)* agus iriseoireacht raidió. Bíonn socrúcháin oibre mar chuid den tríú agus den cheathrú bliain sa chúrsa céime.

CUMARSÁID

Déanann DCU céim sa chumarsáid a cháilíonn céimithe le haghaidh gairme sna meáin, i dTeicneolaíocht an Eolais, fógraíocht, margaíocht, caidrimh phoiblí, agus seirbhís phobail agus phoiblí. Tá a lán iomaíochta ann le haghaidh iontrálacha ar an chúrsa seo agus suas le 430 pointe ag teastáil.

STAIDÉAR SNA MEÁIN

Tá roinnt coláistí a thairgeann céimeanna i Staidéar sna Meáin. Bíonn traenáil phraiticiúil theagmhálach i léiriúchán agus láithreachas *(production and presentation)* raidió agus teilifíse i gceist sa chúrsa a dhéantar in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus cúrsaí acadúla mar chuid de i réimsí ar nós anailís shóisialta ar stair na meán agus na scannán.

ROINNT GAIRMEACHA

Eagarthóir – Nuachtán, Iris, Ciclipéid, Iriseán, Foclóir, Foilsitheoir, srl., Nuachtánaí, Díoltóir Nuachtán, Grianghrafadóir, Teicneoir Fótagrafach, Duine Ceamara faoi Oiliúint, Eagarthóir Scannán, Iriseoir Nuachta, Dearthóir Seit, Foireann Feistis, Fo-eagarthóir, Cúntóir Léiriúcháin, Stiúrthóir, Leabharlannaí, Clódóir, Clóchuradóir *(typesetter)*, Clódóir Scáileáin *(screen printer)*, Oibrí Innill Phriontála, Ceanglóir Leabhar, Oibrí Gilitín, Tuairisceoir, Scríbhneoir Teicniúil, Údar, Scáthscríbhneoir *(ghostwriter)*, Iriseoir - spóirt, airgeadas, faisean, míochaine, polaitíocht, léirmheas srl., Oibrí Teilifíse faoi oiliúint, Láithreoir Leanúnachais *(announcer)*, Ceirneoir *(disc jockey)*, Teicneoir Solais agus Fuaime, Bainisteoir Urláir, Léiritheoir, Beochantóir *(animator)*.

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Tig leis na huaireanta oibre bheith mírialta, le roinnt sealoibre agus obair faoi bhrú go minic.
- Tig leat bheith ag obair le daoine i gcásanna éigeandála agus i suíomhanna géarchéime.
- Bíonn síorbhrú ann ardchaighdeáin chruthaitheacha a choinneáil.
- Níl mórán den sórt seo oibre ar fáil.
- Níl an pá ró-iontach ach amháin do na “réaltaí”.
- Is tionscal iontach iomaíoch é tionscal na meán.
- Is féidir go mbeadh níos mó jabanna ann ach níos lú airgid de thoradh an mhéadaithe sna roghanna (satailít, cábla, digiteach).
- Riachtanas le bheith i gcónaí ag uasghrádú scileanna le teacht na nua-theicneolaíochtaí.
- Is beag cinnteacht fostaíochta *(security of employment)* atá ann.
- Is obair chruthaitheach í agus bíonn tréan scóipe ann do do chuid smaointe féin.

22

DÍOLACHÁIN, MARGAÍOCHT AGUS CAIDREAMH POIBLÍ

Caibidil 22

Díolacháin, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí

Tá na díolacháin ag croí mhórchuid na bhfiontar. Go bunúsach caithfidh tú do tháirge nó do sheirbhís a dhíol agus custaiméirí a fháil ar ais le fanacht i mbun gnó. Mura dtig siad ar ais beidh tú ag brath ar chustaiméirí nua gach lá agus is féidir leis sin éirí iontach deacair. Mar sin de is cuid de ghnó an ghnó dílseacht a thógáil le do chuid custaiméirí ionas go dtiocfaidh siad ar ais arís.

Bíonn comhlachtaí de shíor sa tóir ar dhíoltóirí maithe. Bíonn mórchuid na n-ionad miondíola *(retail outlets)*, idir bheag agus mhór, ag lorg foireann díolacháin. Ag am amháin b'obair ar bheagán pá é seo ach tá na coinníollacha i bhfad níos fearr anois. Tá na huaireanta an-solúbtha, an traenáil níos fearr agus na deiseanna ardú céime feabhsaithe go mór. Sna hollsiopaí bíonn arduithe céime ceangailte leis na scéimeanna traenála agus dul chun cinn. Más féidir leat a chruthú go bhfuil tú fóirsteanach, fuinniúil agus fonnmhar is féidir dul suas go dtí an barr in am an-ghairid.

IDIRLÍON

Tá an t-idirlíon ar ndóigh ag réabhlóidiú an mhodh siopadóireachta a bhíonn ag daoine. Is é sin ba chúis lena lán siopaí móra ceoil druidim, mar shampla, nó tá daoine ábalta ar a gcuid dioscaí a cheannach ar líne nó a íoslódáil go furasta. Tá spás ann go fóill áfach, don siopa bheag ceoil a bhíonn á reáchtáil ag daoine a bhfuil saineolas speisialaithe agus díograis ar leith acu agus tá rath mór orthu. A dhála sin leis na háisíneachtaí taistil a d'fhulaing go mór mar gheall ar a éasca atá sé anois do shaoire féin a chur in áirithe ar an líne ach arís tá roinnt acu ag fanacht ar an saol cionn is go gcuireann siad seirbhís bhreise ar fáil fríd phacáistí saoire faoi leith a chur le chéile agus a thairiscint.

Achar amháin a bhfuil fás rábach ann is ea na suíomhanna ceantála idirlín agus tig leat teacht ar gach rud chomh fánach le comhlaí do raidiónna briste go bronntanais bhreithlae nach bhfuiltear a iarraidh. Tá speisialú déanta ag daoine áirithe in achair ar leith agus d'éirigh chomh maith sin leo go raibh siad ábalta éirí as a ngnáthphost lae agus teacht isteach maith a bheith acu ar eBay. Mar is gnách, bíonn meas mór ar chustaiméirí leantacha *(repeat)* agus tugtar deis daofa moltaí agus marcanna a thabhairt ar an tseirbhís mar sin de caithfidh tú a dhéanamh i gceart le go n-éireoidh leat. Tá comhlachtaí eile ann a thairgeann seirbhís ar líne le cur lena gcuid siopaí ar an tSráid. Tá an tsiopadóireacht ar líne an-chosúil le siopadóireacht as catalóg ach anois go bhfuil catalóg ollmhór ar líne ag daoine le roghnú aisti.

SIOPADÓIREACHT

Níor stad teacht na siopaí ar líne, níor stad siad an fhíorshiopadóireacht áfach. Chóir a bheith gach mí bíonn lárionad nua siopadóireachta nó páirc nua mhiondíola ag oscailt áit éigin sa tír. Is gníomhaíocht phríomha siamsaíochta anois í an tsiopadóireacht, leoga thiocfadh a rá gur mórghníomhaíocht chultúrtha anois í. Ghlac an tsiopadóireacht áit na seilge a rinne na chéad daoine - is í an tsiopadóireacht anois seilg an duine nua-aimseartha (ar ndóigh is iad na mná is mó a bhíonn amuigh sna siopaí ag dul den tseilg nua seo). Téann fir agus mná i gceann an turais seilge nó siopadóireachta seo ar bhealaí difriúla fosta.

Is minic a théann na fir i gceann na hoibre ina n-aonar, is maith leo dul díreach isteach sa tseilg, an rud atá uathu a aimsiú, a cheannach agus imeacht láithreach. Téann na mná amach i ngrúpaí, triaileann siad na féidearthachtaí éagsúla, malartaíonn siad tuairimí lena chéile, tugann comhairle dá chéile, meabhraíonn siad air thar chupán caife agus caitheann am dochreidte ag plé leis an cheannach. Ní gá a rá gur thug lucht na siopaí na nósanna seo fá deara agus gur fhreastail siad ar an dá chineál grúpaí agus ar a riachtanais fríd a gcuid siopaí agus lárionad siopadóireachta a dhearadh dá réir.

Agus leanann an rogha ar aghaidh ag éirí níos mó i gcónaí; lárionaid siopadóireachta, páirceanna miondíola, siopaí monarchan agus trádstóras lascaine *(factory discount outlets)*, siopadóireacht mhall, oscailt Dé Domhnaigh, oscailt 24 huaire agus lascainí, díolacháin agus sladmhargaí. Tá siopaí is mó arís ag teacht chun cinn, áit a mbíonn daoine ag troid go fírinneach le bheith ar na chéad daoine isteach sna stórais nua-oscailte. Bailíonn na sluaite lena sladmhargadh leacphaca *(flat pack)* a cheannach ag IKEA, mar shampla, a iompraíonn siad féin abhaile ansin le cur i gceann a chéile leo féin sa teach.

MIONDÍOLTÓIREACHT

Sa mhiondíoltóireacht bíonn tú ar líne thoisigh na dturasanna siopadóireachta seo agus is mór le fostóirí díograis agus garaíocht *(helpfulness)* thar scileanna eile. Táthar ann fiú a bhíonn ag lorg cairdiúlacht nádúrtha sa duine agus a éasca agus a réidhe a thig le díoltóir aoibh a' gháire a chur orthu féin. Ar chúl na líne toisí bíonn na taighdeoirí margaidh *(market researchers)* agus an fhoireann dáileacháin *(distribution team)*. Tugann na poist mhargaíochta seo deiseanna iontacha do dhaoine óga ach is deacair dul isteach iontu. Is amhlaidh don dáileachán agus do na slabhraí soláthair *(supply chains)* chomh maith.

Tá méadú mór tagtha le deireanas ar an teileamhargaíocht .i. ag díol earraí ar an ghuthán i dteanga na ndaoine a scairteann isteach. Le post a fháil leis na comhlachtaí seo ní mór go mbeadh pearsantacht thaitneamhach agat, guth maith cainte agus cumas sna teangacha. Bíonn traenáil intí *(in-house)* ar fáil de ghnáth do ghairmeacha sa mhiondíoltóireacht ach reáchtálann FÁS roinnt cúrsaí chomh maith ina measc Ionadaí Díolaíochta, Traenáil agus Miondíol. Tá cúrsaí PLC ann fosta sa teileamhargaíocht agus tacaíocht. Tairgeann chóir a bheith gach coláiste tríú leibhéil cúrsaí sa mhargaíocht.

ROINNT GAIRMEACHA

Bainisteoir Margaíochta; Feidhmeannach Margaíochta Idirnáisiúnta; Oifigeach Ceannaigh, Bainisteoir Ábhar, Coinneálaí Stórais *(storekeeper)*, Ealaíontóir Taispeántais, Seodóir, Freastalaí Seirbhísí Artola, Mangaire Dramhaíola *(scrap dealer)*, Ionadaí Díolacháin Teicniúil, Mórdhíoltóir *(wholesaler)*, Margálaí Réadmhaoine *(property negotiator)*, Oifigeach Árachais, Gníomhaí Árachais, Bróicéir Tráchtearraí *(commodity broker)*, Iompórtálaí, Easpórtálaí, Bróicéir Loinge, Ceannaí, Bainisteoir Stóras, Oifigeach Caidreamh Poiblí, Báicéir/ Milseogair *(confectioner)*, Dearthóir, Bainisteoir Branda, Bainisteoir Táirge, Anailísí Taighde Mhargaíochta *(market research analyst)*, Ceantálaí *(auctioneer)*, Gníomhaí Eastáit, Luachálaí *(valuer)*; Nuachtánaí, Díoltóir bláthanna, Mangaire iasc *(fishmonger)*, Grósaeir, Éadaitheoir; Ionadaí Díolacháin, Díoltóir Carr, Díoltóir Veain; Feidhmeannach Cuntas *(accounts executive)*, Cóipscríbhneoir *(copywriter)*

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- A lán oibre déanta agus a lán ama caite ag plé le daoine ar an ghuthán.
- Go leor deiseanna ann teanga choimhthíoch a úsáid.
- Tréan scóipe le haghaidh do chuid smaointe féin.
- Bíonn brú ann i gcónaí teacht aníos leis, nó dul thar, na targaidí/spriocanna díolacháin.
- Uaireanta an-mhírialta.
- Timpeallacht oibre an-iomaíoch nó an-chomórtasach.
- Caithfidh tú bua agus dóigh nádúrtha bheith agat ag déileáil le daoine eile.
- Deiseanna maithe ar ardú céime.
- Obair ar fáil go forleathan.
- Tuarastal ceangailte go minic le díolacháin; mar is mó a dhíolann tú, mar is mó a shaothraíonn tú.

23

OBAIR SHÓISIALTA, SÍCEOLAÍOCHT & COMHAIRLEOIREACHT

Caibidil 23

Obair Shóisialta, Síceolaíocht & Comhairleoireacht

Tig le daoine meancóga móra a dhéanamh ina saol féin agus gach cineál castachta agus amaidí a tharraingt anuas orthu féin. Ag amanna áirithe cuirtear iad chuig daoine sna gairmeacha seo le comhairle a chur, le cinneadh a dhéanamh agus le réiteach a mholadh maidir leis na fadhbanna a bhíonn acu. Cuidíonn na gairmeacha seo le daoine bogadh ar aghaidh as sáinn trí bhíthin modhanna míochaine, praiticiúla nó dleathacha nó in amanna go díreach fríd chuidiú leo a neart agus a dtuiscint féin a fhorbairt le dul i gceannas ar a saol arís. Is gá nach mbeifeá ag tabhairt faoi ghairm acu seo ar mhaithe le do shaol féin nó do dheacrachtaí féin a réiteach.

Baineann na gairmeacha sa chatagóir seo le cuidiú le daoine eile ar dhóigh dhian agus phearsanta agus ar bhealaí a thig dul i gcion go mór ar a saol. Éilíonn gach gairm sa réimse seo aibíocht shuntasach agus tuiscint ar leith. Is minic a bhaineann siad le cinntí móra a ghlacadh ar shaincheisteanna a thig dul i bhfeidhm ar shaol daoine eile nó bheith ag tacú leo agus iad ag tabhairt faoi ghníomh áirithe agus is féidir leis sin, ar a sheal, bheith an-dian ort féin go pearsanta freisin. Ní mór duit bheith iontaofa i mbun breithiúnais *(sound judgement)* agus dea-thraenáil bheith faighte agat.

SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

Is mór an t-éileamh atá ar oibrithe sóisialta sna Seirbhísí Sláinte, agus i gcarthanais (eagraíochtaí carthanachta) agus i ngrúpaí gníomhaíochta pobail. Is iad na hOibrithe Sóisialta na bainisteoirí a dhéanann measúnú ar dhaoine a bhíonn i gcruachás ina saol agus a chuidíonn leo fríd idirghabháil oiriúnach *(suitable intervention)* a eagrú daofa.

Bíonn raon leathan cásanna ann, cuir i gás, páistí bheith i bpriacal mí-íde nó faillí (neamart), seandaoine gan chúnamh, daoine gan dídean, lucht siúil agus imircigh, príosúnaigh agus daoine a bhfuil andúil acu i ndrugaí, alcól nó geallghlacadóireacht agus iad siúd eile a bhíonn thíos leis na nósanna seo. Le fírinne tagann na hoibrithe seo ar an láthair nuair a bhíonn smacht caillte ag daoine ar a saol féin agus cuidíonn siad leo an drochdhóigh atá orthu a shárú nó an drochshuíomh ina bhfuil siad a láimhseáil.

BALL FOIRNE

Oibríonn siad de ghnáth i bhfoireann faoi cheannas Oibrí Sóisialta Sinsearach agus sna Seirbhísí Sláinte agus is féidir go mbeadh cumhachtaí móra acu, ina measc leanbh a ghlacadh óna dteaghlach má bhíonn sé i bpriacal drochíde nó faillí, agus ar ndóigh caithfidh siad bheith ábalta na céimeanna sin a ghlactar a chosaint sa chúirt. Seachas sin bíonn oibrithe sóisialta ag déileáil le háisíneachtaí i réimsí uchtú páistí *(child adoption)*, drochíde alcóil nó drugaí, meabhairshláinte, lucht siúil agus príosúnaigh. Oibríonn Oibrithe i gCúram Sóisialta le hógchiontóirí, daoine le riachtanais speisialta nó seandaoine ar bhealaí atá díreach agus praiticiúil agus de ghnáth déanann siad sin i suíomhanna cónaithe (baile, clinicí pobail, árais, lárionaid chúraim speisialta agus araile). Cuidíonn Oibrithe Cúram Pobail le grúpaí áitiúla agus pobail tionscnaimh féinchabhrach agus tograí forbartha a eagrú daofa féin.

OIBRITHE SÓISIALTA

Oibríonn oibrithe sóisialta le daoine aonair, le teaghlaigh, le grúpaí agus le pobail agus é de rún acu tacaíocht, eolas agus comhairle a chur ar fáil a chuirfidh le caighdeán saoil daoine. De ghnáth, is mian le daoine oibrí sóisialta a fheiceáil nuair a bhíonn deacrachtaí tuismitheoireachta acu, mar shampla, nó ina saol pearsanta.

Ní bhíonn aon dá lá go díreach mar an gcéanna san obair shóisialta. I measc na ngníomhaíochtaí is coitianta a dhéantar, áirítear: obair thacaíochta agus chomhairleoireachta le daoine aonair agus le teaghlaigh, ag bualadh le gairmigh eile chun seirbhísí a chomhordú, ag déanamh measúnaithe m.s. cosaint leanaí, agus cruinnithe foirne nó maoirseacht ó do bhainisteoir líne. I bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, bíonn freagracht dhlíthiúil ar oibrithe sóisialta páistí a chosaint ó neamart agus ó dhrochíde.

Úsáidtear na scileanna seo a leanas sa phost seo: scileanna comhairleoireachta agus cumarsáide mar shampla éisteacht agus ionbhá; féinfheasacht ar eispéiris do shaoil féin, scileanna éascú grúpa, anailís pholaitiúil ar an bhochtaineacht agus ar an dóigh a mbíonn grúpaí áirithe imeallaithe m.s. lucht siúil; agus scileanna eagrúcháin, cosúil le measúnú agus scríobh tuairiscí. Is í an luaíocht a bhaineann le post mar oibrí sóisialta baint bheith agat le tacaíocht a thabhairt do dhaoine agus iad a chumasú chun go ndéanfaidh siad athruithe dearfacha ina saol féin.

CÁILÍOCHT NÁISIÚNTA NA hOIBRE SÓISIALTA

Tá dhá chosán a fhad le Cáilíocht Náisiúnta na hOibre Sóisialta: Fochéimí: UCC (do mhic léinn aibí amháin) agus TCD. Iarchéimí: Tairgeann TCD, UCC, UCD agus UCG cúrsaí dhá bhliain (de ghnáth bíonn céim in eolaíocht shóisialta ag iarratasóirí). Tá an cosán gairme seo ag forbairt go leanúnach agus is féidir leis críochnú le hobair shóisialta shinsearach, ceannaire foirne agus poist phríomha a bhfuil dualgais bhainistíochta ag dul leo, chomh maith le poist chleachtóirí sinsearacha ina dtugtar aitheantas do shaineolas i réimse ar leith de chleachtas na hoibre sóisialta.

Is é Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte príomhfhostóir na n-oibrithe sóisialta agus tá poist acu a bhaineann le cosaint leanaí, altramas agus obair phobail. Tá poist eile le fáil in ospidéil, i scéimeanna promhaidh, leis an húdaráis áitiúla agus eagraíochta deonacha mar shampla, ag obair le daoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, agus meabhairshláinte leanaí agus dhéagóirí.

Aistrítear anonn is anall idir réimsí éagsúla na hoibre sóisialta go réidh ar an ábhar go bhfuil an cháilíocht maith mar dhúshraith do chineál ar bith oibre i suímh dhifriúla a bhaineann le daoine. Is é an réimse leathan roghanna seo an chúis is mó go socraíonn mic léinn ar chúrsa in obair shóisialta a dhéanamh.

TUARASTAL

Is féidir leis an obair seo bheith strusmhar agus in amanna baineann frustrachas leis an easpa acmhainní a bhíonn ar fáil leis an jab a dhéanamh go héifeachtach mar shampla: gan go leor áiteanna altramais bheith ann. Tosaíonn scála don Obair Shóisialta Ghairmcháilithe ag €39,899 suas go €52,850. Baineann na gráid shinsearacha amach tuarastal de €73,097.

Tháinig méadú mór ar phoist san obair shóisialta le blianta beaga anuas, rud a d'fhág gur mhéadaigh an líon áiteanna a bhí ar fail ar chúrsaí ollscoile. Is rogha mhaith ghairme í an obair shóisialta dóibh siúd ar suim leo bheith ag obair le daoine ar bhealaí teiripeacha agus tacúla. Is fiú go mór roinnt obair dheonach a dhéanamh le fáil amach an luíonn do spéis dáiríre sa chineál seo oibre.

SÍCEOLAITHE

Déanann Síceolaithe staidéar ar iompraíocht daoine agus déanann siad measúnú orthu, á dtreorú agus á gcomhairliú. Oibríonn Síceolaithe i réimse éagsúil suíomhanna ó scoileanna go tionscail agus i gcleachtas príobháideach. Déanann síciatraithe mórán den rud chéanna ach tugann siad cóir leighis dá gcliaint fosta. Caithfear a rá i luathbhlianta an staidéir nach bhfuil an ghairm seo chomh suimiúil agus a mhaítear (agus baineann a lán mata agus staitisticí léi) ach feabhsaíonn sin sna blianta a leanann go háirithe i dtaca leis an staidéar iarchéime, is rud é an staidéar iarchéime a chaitear a dhéanamh le gairm a bheith agat sa réimse seo.

Bíonn Oifigigh Phromhaidh *(probation officers)* ag obair leis an cúirteanna, ag déileáil le ciontóirí a fuair tairbhe nó faoiseamh as an Acht Promhaidh agus bítear de shíor ag lorg tuilleadh foirne san earnáil seo. Mar gheall ar an bhrú phearsanta a chuireann na poist seo ar dhaoine a oibríonn san earnáil seo, is gá go mbeadh gníomhaíocht éigin eile ag duine lasmuigh dá shaol oibre le cothromaíocht a chur ina shaol (spórt, ceol, damhsa srl.) le beagán den chian agus den bhrú mheabhrach agus mhothúchánach a thógáil.

ROINNT GAIRMEACHA

Oibrí Pobail agus Óige, Oibrí Sóisialta, Oifigeach Leasa Shóisialta sa Roinn Dlí agus Cirt, Oifigeach Leasa Tithíochta *(housing welfare officer)*, Socheolaí *(sociologist)*, Síceolaí (Oideachais, Cliniciúil, Leanaí, Gairme, Cónaithe) Teiripeoir Ceirde *(occupational therapist)*, Polaiteoir, Buime /Gúcamán, Cúntóir Máthar, Au Pair, Múinteoir Teagasc Creidimh, Comhairleoir Treoir Phósta, Oibrí Forbartha Foirithinte thar sáile *(relief development worker overseas)*, Fisiteiripeoir, Teiripeoir Urlabhra, Oifigeach Gairmthreorach, Oifigeach Socrúcháin FÁS, Oifigeach Gairme agus Ceapacháin Ard-Oideachais, Treoirchomhairleoir *(guidance counsellor)*

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Obair strusmhar agus faoi bhrú.
- Uaireanta oibre mírialta.
- Tá go leor den sórt seo oibre ar fáil.
- Bíonn na coinníollacha oibre agus pá go maith de ghnáth.
- Bíonn go leor scóipe ann le do chuid smaointe féin a chur chun cinn.
- Is obair iontach freagrach í ó tharla go mbíonn tú ag plé le saol daoine eile.
- Caithfidh tú féin go pearsanta bheith socair agus stuama i dtaca le do chuid mothúchán.
- Obair iontach mothúchánach agus éilitheach.
- Bíonn tú ag déileáil le fulaingt dhaonna agus na fadhbanna a chruthaíonn daoine ina saol féin.
- Is gá scileanna daonna den scoth bheith agat le bheith éifeachtach sa sórt seo oibre.

24

FÁILTEACHAS AGUS TURASÓIREACHT

Caibidil 24

Fáilteachas agus Turasóireacht

Níl a leithéid de rud ann agus gnáthlá i dtionscal na Turasóireachta agus an Fháilteachais agus is é sin an rud is aoibhne a bhaineann leis an tionscal. Bíonn gach lá difriúil lena chéile, cibé cé acu a oibríonn tú i gcistin bhialainne atá an-ghnóthach, mar fháilteoir in óstán fuadrach, nó sa roinn díolaíochta in ionad comhdhála – níl aon dá lá mar an gcéanna mar gur daoine difriúla i gcónaí na haíonna agus na cuairteoirí a bheidh ag teacht chugat.

Cé go mbaineann an fhostaíocht in earnáil na turasóireachta agus an fháilteachais go traidisiúnta le hóstáin, bialanna, beáir, áisíneachtaí taistil agus lárionaid oidhreachta, tá poist eile anois san earnáil a bhaineann le rogha i bhfad níos leithne, ina measc beáir fíona, gastra-phubanna, ionaid siamsaíochta agus spóirt, sólanna, caifí idirlín agus tarraingtí turasóireachta bunaithe ar théama éigin. D'athraigh na poist chomh maith le freastal ar an hathruithe seo, mar sin de, ní chaithfidh tú bheith i do chócaire nó i do fhreastalaí, ach b'fhéidir i d'fháilteoir, i do chomhordaitheoir imeachtaí, i do bhainisteoir díolaíochta nó i do bhainisteoir ionaid.

Tá post ann do gach cineál duine cibé cé acu is breá leat bheith i lár an aonaigh nó is fearr leat bheith ag obair sa chúlra; níl de réamhriachtanas ann ach bheith i d'imreoir foirne. Ba bhreá le roinnt daoine fáilte a chur roimh ghrúpa bainise chuig teach príobháideach tuaithe agus cuidiú leis an lá foirfe a chruthú do lánúin nuaphósta, b'fhearr le daoine eile bheith ag cruthú béilí aitheantais i mbialann faoi réalta Michelin. Mar bhainisteoir óstáin b'fhéidir go bhfaighfeá inspreagadh as bheith ag gríosú agus ag treorú d'fhoirne bainistíochta nó mar bhall foirne ag cuidiú le ceann de na rannóga difriúla ag obair le cuntais nó le Teicneolaíocht na Faisnéise. Tá rud éigin do gach duine i dTionscal na Turasóireachta agus an Fháilteachais.

CÁILÍOCHTAÍ AGUS CÚRSAÍ

As siocair go n-aithnítear na cáilíochtaí ar fud na hEorpa agus go bhfuil taithí oibre le híocaíocht mar chuid lárnach de bhunús na gclár Turasóireachta agus Fáilteachais, faigheann mic léinn láithreach na scileanna gairmiúla a theastaíonn uathu chun dul chun cinn go gasta ina ngairm sa bhaile nó thar sáile.

Is féidir teacht ar ghairm bhainistíochta in óstán agus lónadóireacht ar roinnt bealaí. Is é an modh is coitianta áfach céim i mbainistíocht óstáin agus lónadóireachta nó cáilíocht i ndisciplín atá bainte leis sin. Tairgeann Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre chomh maith le roinnt coláistí príobháideacha cláir chéime agus téitear isteach iontu sin tríd an CAO, mar is gnách. Chomh maith leis sin sna hInstitiúidí Teicneolaíochta is féidir réimse de chláir lánaimseartha 1 agus 2 bhliain a roghnú sa Chócaireacht Ghairmiúil, in Oibríochtaí Beáir agus sa Turasóireacht. Níl le déanamh ach dul i dteagmháil leis an choláiste is fearr leat le haghaidh tuilleadh eolais.

Tairgeann Coláiste na Sionainne Céim Staidéar Gnó i mBainistíocht Óstán Idirnáisiúnta agus céim sa Tráchtáil ina gcaitheann mic léinn an ceathrú bliain in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Le dul isteach i gColáiste na Sionainne, caithfear na pointí cuí CAO a fháil agus dul faoi agallamh.

Chomh maith leis sin, tairgeann Fáilte Éireann réimse de chúrsaí gearrthéarmacha in oiliúint scileanna ar nós Scileanna Beáir, Scileanna Bialainne, agus Scileanna Cócaireachta a reáchtáiltear thar 13 agus16 seachtainí i Lárionaid Oiliúna Fháilte Éireann. Ansin is féidir le mic léinn tabhairt faoi thraenáil Choláiste-bhunaithe lánaimseartha.

ARDÚ CÉIME

Daofa siúd ar suim leo é ofrálann earnáil na turasóireachta deiseanna maithe le haghaidh ardú céime níos gasta do dhaoine níos óige. De nádúr, tá tionscal na turasóireachta á thiomáint ag daoine agus is bainisteoirí óga atá ar thús cadhnaíochta sa mhéid sin, agus iad ag tabhairt scothsheirbhíse don phobal. Braitheann na tuarastail ar an áit a n-oibríonn tú agus na daoine a n-oibríonn tú daofa, de ghnáth bíonn siad íseal agus tú ag tosú amach agus tú ag traenáil ach níl aon teorainn leis an mhéid is féidir leat a shaothrú nuair a chuireann tú an obair isteach. Is é an meántuarastal atá ag bainisteoirí in óstáin 5 réalta €42,410 agus ag príomhchócairí €28,500.

Le teacht na Slabhraí Óstán Idirnáisiúnta ar nós Radisson agus Ritz Carlton tá an tionscal i ndiaidh éirí i bhfad níos gairmiúla agus tairgeann a lán díobh dreasachtaí *(incentives)* ar nós béilí, cultacha, ballraíocht i ngiomnáisiam agus rátaí foirne don chóiríocht agus don bhia i gceann ar bith dá n-óstáin ar fud an domhain (ar phraghas chomh beag le €25.00 an duine). Sa bhreis air sin is fearr leis na slabhraí óstán seo earcaíocht inmheánach a dhéanamh agus is minic a aistríonn siad a bhfoireann shároilte chuig óstáin eile ar fud an domhain.

TIONSCAL MÓR

Ar na rudaí is mó a mheallann daoine go hÉirinn, áirítear a muintir, a radharcra agus a luas réchúiseach *(easygoing pace)* agus is iad na daoine i dtionscal na n-óstán agus na lónadóireachta cuid de na daoine is tábhachtaí a bhuailfidh leo. Is í an turasóireacht intíre .i. líon mór de mhuintir na hÉireann iad féin bheith go minic ag glacadh briseadh nó saoire bheag, is í sin an ghné is mó fás san earnáil seo.

Is í an turasóireacht an tionscal is mó ar an domhan anois agus éilíonn sí teagmháil phearsanta agus seirbhís phearsanta go fóill. Sa tionscal seo, is duine d'fhoireann thú a thugann seirbhís do chustaiméirí agus tá sé ríthábhachtach go mbeidh dea-chuimhne acu ar a seal ar cuairt nó ar a mbéile agus iad faoi do chúram.

In ainneoin lagthrá i gcúrsaí geilleagair na tíre ní stadann daoine de bheith ag sóisialú agus bíonn saoire de chineál éigin i gcónaí le glacadh, más féidir é ar chor ar bith. Mar sin de, tá tionscal turasóireachta na hÉireann tábhachtach agus is iomaí cuairteoir atá tagtha chun na tíre le deireanas.
Bhí fás sa líon daoine a tháinig ó mhór-roinn na hEorpa ar feadh roinnt mhaith blianta, agus chuir na táillí ísle aeir agus na bealaí maithe farantóireachta *(ferry routes)* leis sin. Tháinig méadú ar an mhargadh Áiseach agus laghdú sa cheann Mheiriceánach de dheasca laige an dollair.

Réitíonn sé sin an éiginnteacht a bhí sa mhargadh roimhe seo nuair a bhíothas ag brath ar shaoirí séasúracha amháin agus is ionad maith saoire anois í Éire i rith na bliana ar fad. Tháinig fás mór ar líon na n-óstán ar feadh roinnt blianta agus is mó an iomaíocht a bhíonn eatarthu dá réir agus iad ag tairiscint pacáistí le 'gach rud san áireamh' ar shosanna gearrchónaithe *(short stays)* chomh maith le níos mó saoráidí ar nós spánna agus lárionaid cóireáil sláinte *(health treatment centres)*. Is ceann scribe iad na hóstáin iad féin anois seachas an áit ina bhfuil siad lonnaithe.

TURAIS GHAIRIDE

Is mó an claonadh atá ag daoine anois gearradh siar ar shaoirí fada agus cloí ina n-áit sin le sraith de thurais ghairide abhus in Éirinn nó thar lear. Is iad an mhuintir atá thíos leis seo, is cosúil, an dream a bhíonn i mbun Leaba agus Bricfeasta, is iad sin a bhí mar chnámh droma sa tionscal turasóireachta s'againn ar feadh i bhfad ach tá na hóstáin á mbrú amach as an mhargadh anois lena gcuid rátaí ísle agus lóistín cosúil le teach ósta acu ar chostas saor.

Ach fiú nuair nach mbímid ar laethe saoire, tá sé de nós againn níos minice anois bheith ag ithe amuigh agus is amhlaidh a tháinig fás mór ar thionscal na lónadóireachta, idir ithe go costasach agus ithe go saoráideach *(convenience meals)*. Ciallaíonn sé seo ar ndóigh go bhfuil i bhfad níos mó jabanna ar fáil. Is tionscal seirbhíse é seo agus ní féidir le hinnill é a chomhlíonadh, leoga éilíonn sé an teagmháil phearsanta.

Bíonn suas le 6000 iontrálaí nua sa bhliain ag teastáil ón tionscal seo agus ní beag sin i margadh saothair chomh fuinniúil le ceann na hÉireann. Tá an t-éileamh chomh mór sin go mbíonn fostaithe idirnáisiúnta i gceist i gcónaí leis na folúntais seo a líonadh. Is mian leis an tionscal an fhoireann a cheapann siad a choinneáil áfach agus mar sin de d'fhorbair na hóstáin srl. scéimeanna chun feabhas a chur ar na coinníollacha oibre agus an ráta coinneála foirne *(retention of staff)* a bhíonn acu.

ARDLEIBHÉAL SÁSAIMH

Thóg Cónaidhm Óstáin na hÉireann struchtúr gairme laistigh den tionscal a ligeann d'fhostaithe arduithe céime a fháil. Bíonn scéimeanna dílseachta ag óstáin eile agus tairgeann siad buntáistí difriúla lena bhfoireann a choinneáil agus iad sásta i mbun a bpoist – is é an toradh a bhíonn ar na hiarrachtaí seo go mbíonn ardleibhéal sásaimh le baint ag oibrithe as an obair agus eispéiris saoire níos pléisiúrtha ag custaiméirí dá réir. Ar ndóigh rinne an cosc ar chaitheamh tobac difear ollmhór sna tithe tábhairne, sna bialanna agus sna hóstáin agus tá siad níos sláintiúla agus níos taitneamhaí mar ionaid oibre agus ionaid só do chách.

I measc na dtréithe is mó a mheallann daoine chuig an tionscal seo luaitear an deis taistil agus oibre thar lear agus fosta an fhaill a thugann sé do dhuine a fhiontar féin a thoiseacht. Aon uair amháin a thuigeann oibrí fiontraíoch cad é a thaitníonn leis an turasóir nó an té a bhíonn ag ithe amuigh, tig leis tabhairt fána thionscnamh beag féin sa tionscal. Spreagúil, éilitheach *(demanding)* agus ag síorathrú go díreach ar nós na turasóireachta í féin, beidh gairmeacha san earnáil seo á n-athnuachan féin go síoraí seasta.

ROINNT GAIRMEACHA

Póirtéir Cistine, Treoraí Turasóireachta, Aistritheoir/Ateangaire, Freastalaí, Cléireach Gníomhaí Taistil, Oibrithe Mearbhia *(fast food operators)*, Cúntóir Fáilteachais *(hospitality assistant)*, Cúiréir *(courier)*, Taispeántóir, Teicneoir Bia, Treoraí, Cigire Sláinte, Freastalaí Campa Saoire, Cúntóir Teach Óstáin, Coimeádaí Óstáin *(hotel housekeeper)*, Bainisteoir Óstáin, Fáilteoir Óstáin, Óstach *(hostess)*, Freastalaí Beáir, Buitléir, Bainisteoir Lónadóireachta, Díoltóir Trealamh Lónadóireachta *(catering equipment salesperson)*, Príomhchócaire.

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Tairgeann mórchuid na bhfostóirí béilí agus lóistín nó síob abhaile.
- Is obair chruthaitheach í ina mbíonn scóip do do chuid smaointe féin.
- Uaireanta fada agus in amanna a lán brú ag an obair.
- Tugann sé deiseanna maithe duit ar ardú céime nó do ghnó féin a thoiseacht
- Bíonn tú ag déileáil leis an phobal agus tig leis sin bheith iontach tuirsiúil.
- Tig leis na huaireanta oibre bheith mírialta, le hobair san oíche, ag deirí seachtaine agus le linn saoirí.
- Sláine réasúnta fostaíochta ach in amanna bíonn an obair séasúrach.
- Is scileanna iontacha a bhíonn agat a ligeann duit bheith ag obair nó ag taisteal thar sáile.
- Scothdheiseanna oibre ar fáil.
- Pá maith agus coinníollacha maithe oibre.

25

FÓRSAÍ COSANTA, DLÍ & SLÁNDÁIL

Caibidil 25

Fórsaí Cosanta, Dlí agus Slándáil

Más mian leat aicsean i do shaol is iad seo na gairmeacha ar cheart duit smaoineamh orthu. Fágtar cúram agus cosaint ár bpearsan, ár maoine agus ár stáit faoi choimirce na muintire a oibríonn san earnáil seo. Titeann sé ar chrann na bhFórsaí Cosanta an stát a chosaint ó ionsaí seachtrach, ag cabhrú leis an chumhacht shibhialta (leithéidí ag comóradh airgead briste atá á aistriú i veain slándála nó ag glacadh seilbhe ar bhád smuigleála drugaí) agus ag glacadh páirte in iarrachtaí ilnáisiúnta leis an tsíocháin a choinneáil agus a chur i bhfeidhm.

Oibríonn Fórsaí Cosanta na hÉireann mar bhreathnóirí agus lucht síochána. Ach is iomaí deis chorraitheach a bhíonn in Éirinn fiú mura bhfuil tú ag obair thar sáile. Beidh tú ag úsáid roinnt den armra is forbartha dá bhfuil ann agus is féidir tabhairt faoin treodóireacht, dreapadh carraige nó tumadóireacht scuba.

Thiocfadh leat leanstan le traenáil bhreise féacháil an bhfuil tú cliste, aclaí agus cróga go leor le dul i rannóg éilít na bhFiannóglach *(rangers)* san Arm nó sna tumadóirí Cabhlaigh. Is cinnte go mbeidh agat le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin, agus misneach, éirim agus cumas breithiúnais a léiriú agus tú in aon ghairm sna Fórsaí Cosanta

Luíonn freagracht slándála laistigh den stát (Poblacht na hÉireann) leis na Gardaí. Cuireann siadsan an dlí i bhfeidhm, coisceann siad coiriúlacht agus cúisíonn siad daoine as coireanna a dhéanamh. Earcaíonn na Gardaí gach bliain chóir a bheith ach tá stop leis sin anois fosta. Is é an raon aoise 18 go 34, mar sin de is iomaí deis a bhíonn ann dul isteach iontu. Is maith leis na Gardaí iarratasóirí aibí bheith acu agus cuirtear duine ar bith a bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal acu ar phointe níos airde ar an scála tuarastail.

AONAID SPEISIALAITHE

Aon uair amháin a bhíonn an bhuntraenáil críochnaithe agat agus beagán taithí taobh thiar díot is féidir cur isteach ar na haonaid speisialaithe ar nós Scuad na nDrugaí, Aonad Práinnfhreagartha *(emergency response unit)* nó an bhrainse Speisialta agus cuirtear traenáil speisialta ar fáil don eitleoireacht nó bheith ag obair le capaill agus madraí.

Tá Cúltaca na nGardaí faoi lán seoil anois mar fhórsa deonach agus tá sin ag cuidiú leis na Gardaí chomh maith le bealach eile a chruthú isteach san fhórsa ghairmiúil. Cinneadh go mbeadh níos mó traenála le hairm tine do Ghardaí agus go mbeadh siad ag caitheamh veisteanna piléardhíonacha nó sádhíonacha *(stab-proof)* níos minice agus iad i mbun dualgas. Níl aon phlean áfach go dtabharfaí ar Ghardaí atá faoi éide arm a iompar, ach bíonn airm ag a lán de na haonaid speisialta.

Is iad na saoithe dlí, na haturnaetha agus na habhcóidí, a dhéanann cásanna a phróiseáil fríd na cúirteanna. Nuair atá an bhreith tugtha ag na breithiúna agus má bhíonn duine daortha is é seal an oifigigh phríosúin nó an oifigigh phromhaidh seilbh a ghlacadh ar an chás agus an phianbhreith *(sentence)* a chur i bhfeidhm.

MEASÚNÚ PEARSANTACHTA

Baineann a lán cumhachta leis na gairmeacha seo uilig agus mar sin de bíonn measúnú pearsantachta agus imréiteach slándála *(security clearance)* ag teastáil sula nglactar le hiontrálacha. Le bheith i d'aturnae nó i d'abhcóide caithfidh céim tríú leibhéal agus oiliúint ghairmiúil bheith agat agus is amhlaidh chomh maith leis na daltaí sna Fórsaí Cosanta agus is mór an cuidiú cáilíocht tríú leibhéal bheith taobh thiar duit le dul sna Gardaí fosta.

Más amhlaidh go bhfuil táillí arda agus tuarastail ollmhóra na ndlíodóirí agus na n-abhcóidí do do mhealladh i dtreo gairme sa dlí cuimhnigh go bhfuil a lán proifisiúnach dlí atá ag streachailt lena mbeatha a thabhairt i dtír. Is bealach fada é is cuma cén dóigh a théann tú ina cheann. Is féidir roinnt de na cáilíochtaí gairmiúla a bhaint amach anois i gCorcaigh chomh maith le Baile Átha Cliath. Bíonn deacrachtaí go leor ag ábhair abhcóidí áiteanna traenála a fháil mar sin de ba ghá duit beagán taighde a dhéanamh ar cá ndéanfá do chuid traenála.

AG OBAIR MAR DHLÍODÓIR

Tá roinnt slite iontrála isteach i ngairm an dlí. Ní gá go ndéanfá staidéar ar an dlí ag ollscoil le bheith i do dhlíodóir. Má tá céim agat i ndisciplín ar bith is féidir leat na scrúduithe iontrála a shuí (ar a dtugtar FE-1) don Scoil Dlí ag Plás Blackhall mar a dtiteann an oiliúint ghairmiúil do dhlíodóirí amach. Caithfidh duine dul trí na scrúduithe seo fiú má bhíonn céim sa dlí aige/aici.

Tá mic léinn áirithe ann, atá fostaithe anois mar dhlíodóirí, a rinne staidéar ar na healaíona, cuir i gcás, nó tráchtáil nó síceolaíocht sula ndeachaigh siad leis an dlí. Tá buntáistí áfach le staidéar domhain a dhéanamh ar an dlí san ollscoil, ar chúrsa ar nós chéim Bhaitsiléara sa Dlí Chorparáideach in Ollscoil

na hÉireann, Gaillimh, óir tugann sin faill duit na hábhair éagsúla a scrúdú go mion seachas bheith ag iarraidh gach cás a léamh in aon bhliain amháin don scrúdú iontrála.

Teagasctar duit chomh maith machnamh ar dhóigh ar leith agus foghlaimíonn tú an dóigh le tabhairt faoi gach fadhb ar dhóigh anailíseach loighciúil. Más mian leat an dlí a chleachtadh i roinnt dlínsí thar sáile m.s. Nua Eabhrac caithfidh an fhochéim bheith agat sa dlí.

An dlíodóir a bheadh ag obair le banc, cuir i gcás, bheadh roinnt de na rudaí seo a leanas ag titim amach gach lá: comhairliú gutháin le cliaint nó le dlíodóirí eile, cruinnithe, dréachtú cáipéisí dlíthiúla, ar nós doiciméid iasachta agus slándála, ag ullmhú le haghaidh agus ag freastal ar chruinniú comhlánaithe agus ag déanamh taighde dlíthiúil. Chríochnódh an gnáthlá oibre ar thart ar 7:00 i. n. ach, in amanna, thiocfadh bheith ag obair níos moille, go háirithe dá mbeadh slánú idirbhirt *(transaction completion)* i gceist.

DLÍODÓIR BEARTAÍOCHTA

Más dlíodóir beartaíochta thú, is institiúidí airgeadais is mó a bheidh mar chliaint agat agus mian acu tionscadal áirithe a mhaoiniú m.s. tógáil óstáin. Tá se barrthábhachtach go dtuigeann an dlíodóir beartaíochta cad é is mian lena chliaint a bhaint amach agus cuidiú leo é a bhaint amach trí fhadhbanna féideartha a aithint agus iad a chosc. I measc na scileanna a éilítear áirítear: scileanna maithe dréachtaithe, scileanna idirbheartaíochta, aird ar mhionsonraí agus ardchumas eagrúcháin.

Tá an obair idirbheartaíochta taitneamhach cionn is go bhfuil sí éagsúil, dúshlánach agus go dtugann sí deiseanna bheith ag obair ar thionscadail thábhachtacha a chlúdaítear go minic sna meáin. Nuair a thaitníonn an dlí leat taitneoidh staidéar ar an dlí leat chomh maith agus ansin bainfidh tú sult as bheith ag cur na bprionsabal sin i bhfeidhm agus i ngníomh. Tugann gairm sa dlí deiseanna do dhuine bheith ag bualadh de shíor le daoine nach bhfaca tú riamh agus ag cur aithne orthu. Cé go mb'fhéidir nach n-éireoidh tú an-saibhir mar dhlíodóir is gairm í a bhfuil dea-íocaíocht ag dul léi.

CÚRSA OILIÚNA

Nuair a éiríonn leo pas a fháil sna Scrúduithe Iontrála caithfidh céimithe cúrsa oiliúna a aimsiú in oifig dhlíodóra agus cur isteach ar áit i bPlás Blackhall mar dhlíodóir foghlama. Maireann an cúrsa oiliúna sin 32 mí agus clúdaíonn sé tréimhsí de thraenáil in-oifige agus tréimhsí staidéir ag Scoil an Dlí nuair a shuíonn an té atá faoi oiliúint scrúduithe agus comhlíonann sé/sí roinnt tascanna. Tugtar Cúrsa Chleachtas Gairmiúil a 1 (PPC1) agus Cúrsa Chleachtas Gairmiúil a 2 (PPC2) ar na tréimhsí sin i Scoil an Dlí. Is iad na scrúduithe a shuíonn dlíodóirí foghlama lena linn seo an FE2 agus an FE3 faoi seach. De bhrí go dtéann daoine a thaisteal, mar shos thall is abhus, is é 26 an mheánaois ag a mbíonn dlíodóir cáilithe na laethe seo.

Oibríonn bunús na ndlíodóirí i gcomhlachtaí beaga. Tá a lán díobh a roghnaíonn bheith ag obair mar dhlíodóir inmheánach do chomhlacht ar leith agus iad ag feidhmiú mar chomhairleoir dlí don chomhlacht sin. Tá cinn eile a thugann faoi phost le comhlachtaí móra dlí tráchtála. Tá na réimsí seo den earnáil an-sainiúil agus bíonn comhlachtaí roinnte ina ranna difriúla ar nós rannóg na dlíthíochta *(litigation)*, na cánach, na réadmhaoine agus na tráchtála/na baincéireachta.

Tá na scileanna a fhorbraíonn dlíodóir an-so-aistrithe agus is iomaí dlíodóir a bhogann anonn chuig cúrsaí gnó, na meáin, an pholaitíocht nó a dhéanann obair le heagraíochtaí neamhrialtais. Má roghnaíonn tú leanúint de ghairm sa dlí is féidir dul chun cinn agus ardú céime a fháil mar pháirtí i gcomhlacht dlí. Sin nó is féidir bualadh amach agus do chleachtas féin a bhunú.

TUARASTAL

Is iad seo a leanas na scálaí tuarastail a mholtar do dhlíodóirí foghlama: Roimh PPC1: is é an ráta a mholann an Cumann Dlí €16,200; I ndiaidh PPC1 íoctar íosmhéid de €20,600. I ndiaidh dóibh PPC2 a dhéanamh tugtar tuarastal de €24,600 do dhlíodóirí foghlama. Is iomaí oifig áfach a dhíolfaidh píosa maith thar an ráta a mholann an Cumann Dlí. Tá an-éagsúlacht idir na rátaí pá a fhaightear i ndiaidh do dhlíodóirí cáiliú. Braitheann na rátaí sin, dáiríre ar an chineál oibre a mbíonn siad bainte léi, a dtaithí agus a gcumas. Is é €44,500 an gnáth-thuarastal ag dlíodóirí atá ag obair le roinnt blianta ag meánleibhéal. Más páirtí i gcomhlacht thú áfach thiocfadh leat bheith ag tuilleamh suas le €80,000 sa bhliain.

Nuair a bhíonn cáilíocht agat mar dhlíodóir is bun maith é le bogadh isteach in earnálacha eile agus is cáilíocht í a thig leat a thabhairt leat ar fud an domhain. Más suim leat gairm mar dhlíodóir corparáideach ba cheart duit tuiscint bheith agat gurb ionann sin agus rogha stíl mhaireachtála chomh maith le bheith ina rogha ghairme mar go bhfuil strus ag baint leis agus go dtig leis bheith éilitheach go maith.

AG OBAIR MAR ABHCÓIDE

Caitheann abhcóide *(barrister)* a chuid ama ag ceistiú finnéithe, ag déanamh aighneachtaí dlíthiúla, ag idirbheartú réiteach, ag dréachtú doiciméad dlíthiúil mar ullmhúchán do chásanna ag tabhairt barúlacha ar fhadbanna ar leith, comhairle bheartach agus eile maidir le cásanna atá ar leanúint, ag déanamh tráil ar chásanna agus Reachtanna le haghaidh freagraí ar fhadhbanna dlíthiúla.

Tá caighdeán Scríbhneoireachta tábhachtach mar caitheann Abhcóidí a lán dá gcuid ama ag cumadh próis de chineál amháin nó eile. Is bunriachtanas é idirbheartaíocht le haghaidh gairm mhaith ag an Bharra agus bheith ábalta ar chomhréiteach réasúnta agus praiticiúil ar aighnis a aithint. Bíonn scileanna anailíseacha de dhíth mar baineann cuid mhaith den dlí le fadhbfhuascailt. Baintear mórchuid na gcásanna de thoradh dea-ullmhúcháin seachas ceist mharfach spontáineach, mar a fheictear ar an teilifís.

Tugtar buillí marfacha sa chúirt go rialta ach tig siad de thoradh ullmhúchán soiléir críochnúil. Is dócha gurb í scil idirphearsanta an ghné is lú a dtugtar aird uirthi sa ghairm seo, mar is fearr a éireoidh leat le cineálacha difriúla daoine, mar is fusa a thiocfaidh ról an abhcóide chugat. Bíonn na páirtithe ag iarraidh gur tusa a dhéanfaidh na cinntí tábhachtacha. Uaireanta is é a bheas ann comhairle thomhaiste, uaireanta eile caithfidh tú smaoineamh go gasta agus freagra a thabhairt in áit na mbonn.

SÁSAMH OIBRE

Cé nach dtarlaíonn sé sna luathbhlianta de ghnáth, ba chóir go dtabharfadh gairm rathúil ag an Bharra luach maith saothair in imeacht ama. Tugann gearradh agus saighdeadh na habhcóideachta ina chosamar méid áirithe aidréanailín agus an sásamh a bhaineann le dul i ngleic leis an fhreasúra agus le breithiúna. Tá luaíochtaí ollmhóra bainte le bheith ag déileáil le daoine.

Is minic a fheiceann abhcóidí daoine ag an am is measa ina saol, nó ag an am is mó strus, nó is troime mothúchán. Baineann cuid den jab le hiad a chur ar a suaimhneas, chomh maith le bheith ag iarraidh do dhícheall a dhéanamh ar a son. Níl gach cás ina fheasach úrnua dlíthiúil ach tá a leithéidí ann. Is eispéireas iontach é bheith bainte le himeall an eolais i gcúrsaí an dlí, más guagach féin é.

Faoi láthair is é an t-aon mhodh le dul isteach sa ghairm, dul fríd an chúrsa céime Abhcóide ag Kings Inn. Tá, os a choinne sin, roinnt bealaí a thig leat a ghlacadh le dul a fhad leis an chúrsa. Caithfidh gach mac léinn na scrúduithe seo a shuí anois ach tá trí phríomhbhealach ann chuig an chúrsa céime.

LE CÁILIÚ I D'ABHCÓIDE

Is é an cosán is giorra le cáiliú i d'abhcóide ná céim sa dlí a dhéanamh a mhaireann trí bliana agus dhá bhliain ag Kings Inns agus beidh tú cáilithe i ndiaidh 5 bliana. Sa chéad bhliain déantar obair an diabhail, gan íocaíocht, d'abhcóide atá bunaithe – faigheann tú taithí agus déanann tú teagmhálacha (déanann roinnt abhcóidí obair an diabhail don dara bliain – de ghnáth is socrú níos scaoilte a bhíonn i gceist leis sin). Bíonn na chéad bhlianta ag an Bharra dian nó glacann sé tamall maith sula dtiocfaidh an obair isteach agus de ghnáth bíonn an t-airgead cúpla bliain eile ina dhiaidh sin arís. Éiríonn le daoine áirithe bun a dhéanamh níos gasta ná a chéile. Is í an fhoighne is eochair don rathúnas. Ó bhliain a 5 ar aghaidh ba chóir go dtosódh abhcóide a fheiceáil torthaí lena chuid oibre agus slí mhaireachtála shásúil bheith aige/aici ach ní scéal cinnte é.

Is féidir a bheith ag obair sa saol acadúil, ag léachtóireacht agus ag scríobh. Is féidir a bheith ag plé le headráin *(mediation)* agus réiteach ailtéarnach aighnis. Is abhcóidí iad Ombudsmananna an Árachais agus na Baincéireachta. Is féidir a bheith ag déanamh obair Intí i Ranna Rialtais, mar shampla in Oifig an Aturnae Ghinearálta nó in Údarás na hIomaíochta. Tá sé ag éirí níos coitianta a bheith ag déanamh obair Intí le Comhlachtaí Abhcóideachta, mar shampla comhlachtaí Árachais, cleachtais chomh-mheasctha agus comhlachtaí móra.

Ní bhíonn teacht go díreach ag Abhcóidí ar an phobal. Ní féidir leo fógraíocht a dhéanamh ná canbhásáil a dhéanamh a lorg gnó. Tá sreabhadh *(flow)* na hoibre, seachas i gcorrchás eisceachtúil, ag brath go hiomlán ar an dlíodóir (nó aturnae) ag coinneáil an Abhcóide ar mhaithe leis an chliant. Roghnaíonn a lán Abhcóidí sainréimse amháin den chleachtas – Coiriúil, Teaghlaigh, Gortuithe Pearsanta, Fostaíocht. I ngach ceann de na cineálacha difriúla cleachtais sin bheadh na scileanna agus an tascanna laethúla mar an gcéanna, ach is eispéireas saoil agus slí mhaireachtála iomlán éagsúil a bhaineann leo.

TUARASTAL

Is daoine féinfhostaithe iad na hAbhcóidí agus ní bhíonn tuarastal acu dá réir. Tá an-éagsúlacht sa chineál pá a fhaigheann daoine. Athraíonn minicíocht an phá chomh maith ó dhuine go duine – téann ioncam fiach suas síos go mór idir na blianta agus le linn na bliana. Caithfidh an tAbhcóide a thuairisceáin ioncaim agus CBL féin a dhéanamh agus buiséadú ar a son. Tá smacht i gcúrsaí airgeadais ríthábhachtach.

Tá an gnáth-olltuarastal d'abhcóidí féinfhostaithe sa réimse ó €25,000 - €150,000 sa bhliain nuair a bhíonn siad ag an Bharra le cúig bliana. Bíonn an gnáth-thuarastal a fhaightear ag an leibhéal sinsearach, sula mbaintear cáin agus íocaíochtaí dlísheomraí de, sa réimse ó €65,000 - €1,000,000 sa bhliain nuair atá deich mbliana déanta acu ag an Bharra.

ROINNT GAIRMEACHA

Rúnaí Dlí, Abhcóide, Garda, Oifigeach Príosúin, Printíseach san Aerchór *(air corps apprentice)*, Dalta san Aerchór, Dalta san Arm, Saighdiúir, Oifigeach Slándála, Bleachtaire Stórais agus Óstáin, Cléireach Dlí, Aturnae, Oifigeach Sábháilteacht Tine, Dalta sa tSeirbhís Chabhlaigh *(naval service cadet)*, Breitheamh, Cláraitheoir Contae, Dréachtscríobhaí Parlaiminte *(parliament draftsperson)*, Teachtaire Cúirte, Oifigeach Promhaidh *(probate officer)*, Cigire Pleanála, Máistir Cánach *(taxing master)*, Bleachtaire Príobháideach, Oifigeach Slándála, Fear Patróil, Maor/Maoirseoir Páirce *(park ranger)*, Maor Tráchta.

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Ní mór duit taifid chruinne a choinneáil.
- Níl aon spás le do chuid smaointe féin a fhorbairt seachas ag an bharr.
- Éilíonn poist san Arm agus sna Gardaí teacht aniar fisiceach *(physical stamina)* iontach sa duine.
- Bíonn an obair slándála lasmuigh i dtimpeallacht a bhíonn callánach agus contúirteach in amanna.
- Tig leis na huaireanta oibre bheith iontach mírialta, le sealobair agus obair fríd an oíche.
- Tá an obair ar fáil go forleathan.
- Bíonn an pá agus na coinníollacha oibre go maith ann.
- Is beag oscailt faoi láthair atá ann d'abhcóidí agus do dhlíodóirí.
- Is féidir le tréimhsí fada díomhaointis (neamhghníomhaíocht) bheith ann agus ansin tréimhsí diana gairide aicsin.
- Is obair mhionsonraithe chruinn a theastaíonn an t-am ar fad.

26

SIAMSAÍOCHT AGUS SPÓRT

Caibidil 26

Siamsaíocht agus Spórt

Tá sé dodhéanta a rá go cinnte go mbeidh rath ort sa ghnó seo is cuma cá mhéad am a bhíonn agat ar an aer nó cén tionscnóir draíochtúil atá taobh thiar díot. Uaireanta, gan aon chúis speisialta, go díreach ní éiríonn le duine. Mar sin de más mian leat gairm a bheith agat i gceann ar bith de na hachair seo bí réidh le huaireanta fada a chur isteach.

Beidh a lán tallainne de dhíth ort, a lán seasmhachta agus sciorta den ádh, nó meascán den triúr acu. Má dhéanann tú é ar an ábhar go bhfuil dúil mhór agat ann bainfidh tú sult as ach más ar mhaithe le hairgead atá tú ag tabhairt faoi agus le bheith saibhir, bí cinnte go mbíonn plean cúltaca agat fosta, gach seans go mbeidh sé uait.

Faigheann réaltaí in Hollywood na milliúin as páirt a ghlacadh i scannán, ach tá mórchuid na n-aisteoirí in Éirinn ag saothrú níos lú ná €500 sa tseachtain nuair a bhíonn páirt acu. Bíonn bunús na n-aisteoirí dífhostaithe. Éilíonn aisteoirí na hÉireann lamháltas (nó laghdú) cánach ar a n-ioncam faoi mar a bhíonn ag scríbhneoirí nó ealaíontóirí nach ndíolann cáin ar bith ar dhílseachtaí *(loyalties)* ar shaothair dá gcuid a bhfuil luach cultúrtha ag dul leo.

TUARASTAL

Tá an meántuarastal a bhíonn ag cleachtóirí amharclainne (léiritheoirí, teicneoirí, drámadóirí, aisteoirí srl.) idir €450 - €550 in aghaidh na seachtaine. Is é an ráta is airde pá sa tseachtain don aisteoir a bhfuil bonn maith faoi agus taithí go leor aige idir €750 - €850. Fiú má éiríonn tú clúiteach i sraith teilifíse ní thuillfidh tú na múrtha agus b'fhéidir fiú go laghdódh sé do sheansanna ar obair eile a fháil mar go bhfuil buanaithne ort *(to be typecast)* sa ról sin.

Tá laghduithe cánach anois ar fáil do lucht an spóirt a thuilleann a mbeatha fríd spórt gairmiúil in Éirinn. Is féidir leo cuid mhór den cháin a dhíol siad fríd airgead a shaothraigh siad ina gcuid spóirt a éileamh ar ais (seachas urraíocht) nuair a chríochnaíonn siad den spórt. Ní bhaineann an lamháltas *(concession)* seo leofa sin a chónaíonn thar lear ach tuilleann siadsan oiread sin airgid nach mbíonn lamháltas cánach

ag teastáil uathu. Ciallaíonn an scéim sin go dtig linn tacú le himreoirí gairmiúla spóirt faoi mar atá inár gcuid Clubanna Rugbaí agus ligeann siad don tallann mhaith fanacht in Éirinn.

Tá obair ar siúl anois chun laghduithe cánach a thabhairt isteach don chumann spóirt is mó sa tír – CLCG. Gné amháin a bhaineann le gairmeacha spóirt gur gairid a mhaireann siad go háirithe má tharlaíonn taisme. Má roghnaíonn tú dul le spórt mar sin de, déan beagán pleanála don am nuair a bheas na laethe glórmhara thart dó lá na coise tinne nó nuair nach mbeidh na scileanna, an tallann nó an t-ádh ort a bhíonn de dhíth.

DEISEANNA CEOIL

Tá réimse breá leathan roghanna céime daofa siúd a bhfuil rún acu tabhairt faoi ghairm sa cheol. Más suim leat múinteoireacht dara leibhéal go háirithe tá Oideachas Ceoil ar fáil i gColáiste na Tríonóide in IT Bhaile Átha Cliath agus Oideachas, Reiligiún agus Ceol in Mater Dei. Más mian leat rogha oscailte bheith agat déanann Má Nuad, UCD agus UCC ábhar singil ealaíne sa chéad bhliain sa chéim ealaíne/ceoil agus ansin is féidir cinneadh a dhéanamh ar an chosán is fearr leat.

Tá rogha in Ollscoil Chorcaí ar chúrsa ceoil ceithre bliana agus rogha eile ar chúrsa Ealaíne agus Ceoil a mhaireann trí bliana agus ina ndéantar dhá ábhar ealaíne sa chéad bhliain. Tugtar céimeanna onóracha baitsiléara in UCD, TCD, DIT, Acadamh Ríoga na hÉireann, IT Dhún Dealgáin, IT Phort Láirge agus IT Chorcaí a bhfuil measúnú ag dul don léiriú agus don agallamh mar chuid de.

Daofa siúd ar mó a suim sa cheol traidisiúnta, tá rogha i gCeol agus Damhsa na hÉireann a bhfuil an-tóir ag muintir na Gaeltachta uirthi in Ollscoil Luimní. Chomh maith leis sin i dtaca le Teicneolaíocht an Cheoil is féidir céim onóracha a dhéanamh in Ollscoil Mhá Nuad, in Ollscoil Luimní, agus in IT Thrá Lí, céim bhaitsiléara in IT Luimní agus Dioplóma in IT Átha Luain. Baineann na cúrsaí sin le taifeadadh an cheoil, innealtóireacht fuaime agus gnéithe gnó an cheoil.

STAIDÉAR AMHARCLANNAÍOCHTA

Tá trí chlár céime ar fáil sa réimse seo, Drámaíocht agus Staidéar Amharclannaíochta i gColáiste na Tríonóide agus in UCC, agus Léiriúchán Drámaíochta ag IT BhÁC nach bhfuil teoranta ag an spriocdháta 1 Feabhra.

ROINNT GAIRMEACHA

Amhránaí, Dearthóir Seit, Léiritheoir, Teicneoir Solais, Teicneoir Fuaime, Galfaire, Giolla gailf, Eachaí *(jockey)*, Léimneoir Taispeántais, Imreoir Snúcair, Freastalaí Linn Snámha, Rothaí Gairmiúil, Soláthraí Trealamh Spóirt, Taibh-ealaíontóir *(circus artist)*, Puipéadóir, Cóiréagrafaí *(choreographer)*, Teilgeoir *(projectionist)*, Uiséir *(usherette)*, Gníomhaí Amharclainne, Éachtóir *(stunt person)*, Ceirneoir *(disc jockey)*, Bainisteoir Siamsaíochta, Riarthóir Spórt, Peileadóir, Dornálaí, Aisteoir/Banaisteoir, Bainisteoir Stáitse, Damhsóir, Ealaíontóir Cabaret, Fuirseoir *(comedian)*, Ceoltóir, Orgánaí, Buíoncheoltóir Airm, Máistir Cóir *(choir master)*

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Bíonn síorbhrú ann an chuid is fearr den saothar a chruthú a thig leat.
- Bíonn an-éagsúlacht oibre ann ach ní bhíonn seo i gcónaí sásúil nó tairbheach.
- Níl aon deimhneacht fostaíochta ann.
- Is obair iontach cruthaitheach í agus bíonn tréan fairsinge agat le do chuid smaointe féin a fhorbairt.
- Ardsásamh ag baint leis nuair a oibríonn rudaí amach go maith.
- Is féidir leis an obair agus an chlú, nó a n-easpa, tionchar trom a bheith acu ar do shaol pearsanta
- Níl mórán den sórt seo oibre ar fáil.
- Is drochairgead a fhaigheann an chuid is mó de na daoine san earnáil seo ach faigheann mionlach beag airgead atá iomarcach ar fad.
- Bíonn an obair i dtimpeallachtaí éagsúla agus is féidir léi bheith contúirteach scaití.
- Tig leis na huaireanta oibre bheith mírialta.

27

IOMPAR

Caibidil 27

Iompar

Chuir forbairtí i gcúrsaí iompair go mór lenár gcuid eolais ar an domhan agus is amhlaidh atáimid anois in inmhe na haigéin is doimhne a thaiscéaladh chomh maith leis an chianspás *(outer space)*. Ba é an t-iompar a thug leis an trádáil, an tionsclaíocht, an malartú cultúrtha/ turasóireacht agus mórchlaochlú *(transformation)* i saol daoine. Is féidir linn muid féin, ár gcuid earraí agus seirbhísí a iompar go dtí chóir a bheith áit ar bith sa domhan anois ach bíonn costas air sin maidir leis an lorg carbóin a fhágaimid agus an plódú tráchta a bhíonn in áiteanna má bhíonn rótharraingt orthu.

Fiú amháin le linn chúlú sa gheilleagar ní stadtar de thógáil an infrastruchtúir iompair. Ar an ábhar go mbíonn an tionsclaíocht/an déantúsaíocht go ginearálta ag feidhmiú ar bhonn 'díreach in am' maidir le soláthairtí bíonn deiseanna maithe fostaíochta ann do bhainisteoirí loighistice *(logistics)* agus do tharlóirí bóthair *(road haulers)*.

AERLÍNTE

Tá ardsuim in aerlínte agus na cónascthaí *(amalgamations)* agus na tairiscintí táthcheangail *(takeovers)* a ghabhann leo. As siocair gur aontaigh an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Meiriceá ar an scéim 'Spéartha Oscailte', tugadh saoirse sa mhargadh trasatlantach d'aerlínte ó Stáit Aontaithe Meiriceá nó ón Aontas Eorpach eitilt isteach agus amach as aon aerfort ar mheas siad a bhfaigheadh siad custaiméirí ann. D'ísligh roinnt aerlínte a gcuid costas ach chuir siad fiacha nua ar bhagáiste agus áirithintí *(reservations)*.

Ní dhíolann aerlínte as traenáil na bpíolótaí agus cé nach bhfuil an oiliúint sin saor is féidir í uilig a dhéanamh anois in Éirinn. Tá a údarás féin anois ag gach aerfort. Bíonn na haerfoirt bheaga réigiúnacha ag iarraidh ar na haerlínte móra a gcuidne seirbhísí a úsáid fosta le go mairfidh siad.

COGADH TÁILLÍ

Ní hamháin go bhfuil cogadh na dtáillí ar siúl san aer, tá a leithéid ar siúl ag na báid farantóireachta ar an fharraige fosta. Bíonn gach ceann á moladh féin (tabhair an carr leat, seachain na scuainí, teorainn ar

bith ar bhagáiste, agus coinnigh an teaghlach le chéile le linn an turais). Rinne Irish Ferries seachfhoinsiú *(outsourcing)* ar an obair chriú ar fad le háisíneachtaí níos saoire agus le hoibrithe ó Oirthear na hEorpa. Lena linn seo, leanann na báid farantóireachta orthu ag éirí níos mó, níos compordaí agus níos teicniúla.

Tá stoc nua traenacha ar fáil anois ar na bóithre iarainn agus deiseanna réasúnta fostaíochta sa réimse sin go háirithe i gceantair na hardchathrach mar a bhfuiltear ag forbairt an mhearchóras iarnród cathrach le seirbhísí breise LUAS agus Meitreo chun freastal ar an aerfort agus ar an daonra ollmhór tomhaltóirí agus lucht saothair. Maidir leis na bóithre, is iad an M50 agus an Tollán faoi Bhaile Átha Cliath an dá thionscadal bóthair is mó tábhacht. Is gá i gcónaí idir dhaoine agus earraí a bhogadh ó áit go háit agus tá an iliomad gairmeacha ar fáil i gcúrsaí iompair sa stát agus lasmuigh de, ó thiomáint go loighistic.

ROINNT GAIRMEACHA

Oifigeach Innill, Sparánaí, Oifigeach Raidió, Fir Innill, Innealtóir Leictreach, Cócaire/ Príomhchócaire, Maor/Banóstach, Mairnéalach, Cléirigh Áirithinte, Foireann ghinearálta Bhainisteoireachta/Chléireachais/Rúnaíochta i margaíocht, láimhseáil lastais, imréiteach custaim, airgeadas, oiliúint, acmhainní daonna.

Bainisteoirí, rúnaithe agus cléirigh i margaíocht, airgeadas taighde agus acmhainní daonna, Innealtóirí agus teicneoirí leictreacha, meicniúla agus sibhialta, Feisteoir, Leictreoir, Tiománaí, Cócaire/Príomhchócaire, Freastalaí.

Póilíní Aerfoirt, Oifigigh Dóiteáin Aerfoirt, Innealtóirí Sibhialta, Innealtóirí Leictreacha, Innealtóirí Meicniúla, Teicneoirí Innealtóireachta, Maor Aeir agus Talaimh, Píolóta, Poist chléireachais agus bhainisteoireachta i réimsí na n-áirithintí eitiltí nó lastais, Margaíocht, Airgeadas, Staidreamh agus Acmhainní Daonna, Rialaitheoirí Aerthráchta *(air traffic controllers)*

Innealtóir meicniúil agus leictreach, bainisteoir iompair, bainisteoir trádstórais *(warehouse manager)*, cléireach seolta lasta *(freight dispatcher)*, pleanálaí bealaí farraige *(route planner)*, Foireann Bhainisteoireachta/ Chléireachais i réimsí na margaíochta, na díolaíochta, an airgeadais, an gheilleagair, na hoiliúna, na n-acmhainní daonna, printíseach meicneora, buailteoir painéil agus spraephéintéir,

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Níl mórán den sórt seo oibre ar fáil.
- Tá deiseanna ann do thiománaithe tacsaí.
- Bíonn an obair míshláintiúil agus caithfidh tú bheith aclaí agus i mbarr do shláinte.
- Tig leis na huaireanta oibre bheith mírialta, le sealobair agus obair faoi bhrú.
- Bíonn síorbhrú ann de dheasca plódú tráchta nó fadhbanna a bhaineann leis an aimsir.
- Is gá i gcónaí nósanna imeachta sábháilteachta a leanstan.
- Caitear tréimhsí fada go minic ar shiúl as baile agus i bhfad ó do dhaoine muinteartha.
- Is tionscal iontach iomaíoch é tionscal an iompair.
- Is obair mhionsonraithe chruinn í de ghnáth a bhíonn ag brath cuid mhór ar chúrsaí ama.
- Is féidir go mbeifeá ag obair ar feadh tréimhsí fada i d'aonar.

28

FAISEAN AGUS CÚRAM SCÉIMHE

Caibidil 28

Faisean agus Cúram Scéimhe

Bíonn an-éileamh ar lucht na scéimhe agus na gruagairí fiú le linn lagthrá eacnamaíochta óir is mian le daoine dea-chuma bheith orthu, b'fhéidir go háirithe le linn an drochshaoil. Caithfidh tú bheith nádúrtha le daoine, discréideach agus tuisceanach maidir lena gcuid máchail agus laigí nó is beag a cheiltear ó sciamheolaí nó ó ghruagaire. Cé go mbíonn tú ag obair ar an dromchla is féidir le do chuid scileanna idirphearsanta an duine a bhogadh agus a leigheas taobh istigh chomh maith. Má thugann tú seirbhís mhaith do dhaoine leanfaidh siad orthu go dílis ag pilleadh ar ais ar do sciamhlann *(beauty salon)*.

Athróidh na baill eile éadaí a bhíonn i do vardrús, gach séasúr de réir an fhaisin is deireanaí chomh maith le hathruithe i ndathanna na huaire. Cibé cad é a léiríonn na treochtaí reatha, caithfimid an paradacsa faisin a réiteach gur mian linn bheith difriúil ach, ag an am chéanna, an stíl chéanna le gach duine eile a chaitheamh. Is dócha gurb í do chulaith scoile an t-aon bhall éadaigh a chaithfidh tú go dtí go mbeidh sí caite, mar a déarfá. Cuireann an chulaith scoile i gcuimhne dúinn go bhfuil úsáid eile le héadaí seachas faisean, insíonn siad rud fá do stádas agus coinníonn siad te nó fionnuar tú.

TEIRIPE SCÉIMHE AGUS SMIDEADH

Tairgeann Coláistí Breisoideachais a lán cúrsaí Iar-Ard-Teistiméireachta mar theiripeoir scéimhe agus mar mhaisitheoir smididh. I roinnt de na cúrsaí is féidir comhrogha a dhéanamh m.s. gruagaireacht agus teiripe scéimhe i gColáiste Breisoideachais an Chabháin. Lena chois sin, tairgeann roinnt coláistí tríú leibhéal cúrsaí ata níos sainiúla m.s. in Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire is féidir cúrsa a dhéanamh i ngnóthaí smididh don scannánaíocht agus don teilifís.

Bíonn an-éagsúlacht i saol an teiripeoir scéimhe ó lá go lá ag brath ar cé acu a oibríonn sé/sí i salón, in óstán nó ar bord loinge. Oibríonn mórchuid na dteiripeoirí ó 9:00 a.m. go 5:00p.m. ach sa lá ata inniu ann is iomaí duine a bhíonn ag iarraidh cóireála ar a mbealach chun na hoibre agus thiocfadh leat bheith ag obair óna 7:00 a.m. go háirithe más sa chathair atá tú lonnaithe.

Thiocfadh le maisitheoir smididh bheith ag obair i suíomhanna chomh héagsúil le salón go seit scannáin nó i stóras mór ilranna. Má tá an t-ádh ort agus tú ag obair mar mhaisitheoir smididh do réalta éigin

thiocfadh leat bheith ag taisteal a lán, agus go leor airgid a fháil as do chuid oibre, ach is féidir leis na huaireanta bheith an-fhada.

DEA-CHUMARSÁID

Chomh maith leis na scileanna teicniúla a fhoghlaimeoidh tú ar chúrsaí teiripe scéimhe, teastaíonn scileanna maithe daonna ó na teiripeoirí scéimhe, na teiripeoirí iomlánaíocha agus na healaíontóirí smididh. Is rud fíorthábhachtach agus bunúsach é bheith ábalta dea-chumarsáid a dhéanamh le do chuid cliant fána gcuid riachtanas féin chomh maith le bheith ina chuid shuimiúil spraíúil den phost. Mura bhfuil dúil agat i ndaoine ná bac le bheith i do theiripeoir scéimhe.

Athraíonn an tuarastal ó áit go háit ach, don mhuintir uaillmhianach, tá an deis ann i gcónaí do shalón féin a oscailt agus bheith i d'fhostóir seachas bheith i d'fhostaí. Bhí an meántuarastal do theirpeoirí scéimhe sa bhliain 2010 sa réimse idir €20,000 agus €25,000.

Ag an tús is féidir nach mbeadh an tuarastal an-ard. Os a choinne sin áfach, is mór an seans dul chun cinn a dhéanamh go gasta san earnáil seo, agus cuimhnigh, fiú le linn duit bheith ag traenáil, faigheann tú síntí beaga láimhe nó aiscí gach lá ata mar bhónais bhreise agat. Déan cinnte go roghnóidh tú cúrsa a thabharfaidh cáilíocht aitheanta duit. Má tá suim agat freastal ar Choláiste Breisoideachais déan teagmháil leis an Choiste Gairmoideachais nó leis an scoil is gaire duit a thugann cúrsaí PLC.

TIONSCAL DOMHANDA

Is tionscal domhanda é an faisean rud a chiallaíonn margadh domhanda agus is beag an difear sa lá atá inniu ann idir an rud a chaitear in Éirinn agus an rud atá faiseanta i Nua Eabhrac nó i Nua-Shéalainn.

Is rogha tharraingteach í an ghairm mar mhainicín ach le fírinne ní mar a shíltear a bhítear – ní scéimhe agus draíocht uilig í ar chor ar bith. Tá roinnt comhlachtaí ann a dhéanann trál ar fud na tíre a lorg tallann nua agus a shocraíonn "roghnuithe" *(castings)* mar a bpioctar mainicíní nua. Leanann siad orthu ansin ag cur le chéile cumhdach de ghrianghraif róchostasacha de na 'mainicíní nua' agus díolann siad cúrsa grúmaeireachta leo sula gcuireann siad amach iad a thaisteal go hidirnáisiúnta le bualadh le stiúrthóirí páirteanna eile gan aon íocaíocht a thabhairt daofa, ag súil go dtiocfaidh siad ar ais le haghaidh fótasheisiúin eile nó cúrsaí breise oiliúna.

Níl cuid ar bith de na nósanna casta imeachta seo riachtanach. Más suim leat dul le mainicíneacht gabh a fhad le háisíneacht mhainicíní mheasúil agus cuirfidh siad in iúl duit cé acu atá an tallann agat dul leis

an ealaín seo nó nach bhfuil. Ar an dea-uair, chuir a lán tíortha agus seónna faisin cosc ar mhainicíní atá róthanaí. Cuirfidh seo cúl, táthar ag súil, leis na gnáis anaireicse a bhíonn ag roinnt cailíní lena ndéanamh féin tanaí agus taispeánfar níos mó d'fhíorchruth cuartha na mban seachas uillinneacha géara.

DEA-CHUMA

Bíonn go leor daoine (mná is mó, caithfear a rá) sásta fulaingt ar mhaithe le dea-chuma bheith orthu – déantar seo, mar a luadh, fríd dhul ar aiste bia, fríd chéir a chur orthu féin *(waxing)* nó fríd bhróga amaideacha a chaitheamh. Is iad na dearthóirí a thiomáineann agus a chruthaíonn faisean agus stíl go háirithe má éiríonn leo tacaíocht na gceiliúrán *(celebrity endorsement)* a fháil lena gcuid táirgí a mholadh nó a chaitheamh. Is mar sin a shocraítear an stíl. Tá se chomh doiligh céanna bheith i do dhearthóir ag an bharr agus atá sé bheith i do cheiliúrán clúiteach.

Fiú amháin nuair a éiríonn le duine barr an dréimire a bhaint amach, tá gnó an fhaisin chomh rothlach agus chomh guagach sin go dtiocfadh leat bheith 'chomh anuraidh' laistigh de bhliain. Caithfidh tú bheith i mbarr do mhaitheasa ó thaobh aschuir agus ag obair dhá shéasúr chun cinn ort féin le fanacht i rás an timpealláin. Bíonn aird na meán uilig ar bharrscoth na n-éadaí cé gur beag duine a bhíonn ábalta na héadaí táilliúrtha lámhdhéanta sin a cheannach ach ina dhiaidh sin is sna héadaí daora, faiseanta atá an t-airgead mór le déanamh agus na dearaidh a leanann uathu nuair a théann na treochtaí *(trends)* i dtreise i measc an phobail trí chéile.

Is iad na tomhaltóirí a shocraíonn ar deireadh cé na héadaí a bheidh sna stórais ilranna nó sna búitíceanna agus na siopaí éadaigh faiseanta. Más duine tú atá ábalta ar na treochtaí a aithint agus eolas bheith agat ar na rudaí ba rogha le do chuid custaiméirí dhá shéasúr chun cinn, seans gurb é seo an ghairm duitse. Is dócha go gcaithfeá toiseacht ar urlár an tsiopa ach má bhíonn ciall agat don stíl, tuiscint don ghnó agus súil do na treochtaí faisin, féadann tú dul chun cinn gasta a dhéanamh.

ROINNT GAIRMEACHA

Gruagaire, Lámhcheardaí *(handicraft worker)*, Seodóir, Déantóir Lása, Suathaire mná/fir *(masseuse)*, Lámh-mhaisitheoir *(manicurist)*, Ealaíontóir Smididh, Meaisíneoir Fuála *(sewing machinist)*, Bainisteoir Fóillíochta *(recreation manager)*, Oibrí le Feirm Shláinte/ Spá, Tatuálaí, Dearthóir Teicstíle, Fíodóir, Cóiritheoir Fuinneog *(window dresser)*, Comhfhreagraí /Grianghrafadóir Faisin, Oibrí i Stiúideo Sláinte, Ceannaí Faisin, Eagarthóir Faisin agus Scéimhe, Comhairleoir Scéimhe, Teiripeoir Scéimhe, Ceannaí, Coslia *(chiropodist)*, Comhairleoir cosmaidí *(cosmetician)*, Cosmaideolaí *(cosmetologist)*, Taispeántóir Táirgí Cosmaideacha, Díoltóir cosmaidí, Máinlia cosmaideach, Gearrthóir, Dearthóir sa Tionscal, Cúntóir éadaitheoireachta *(drapery assistant)*, Leictrealaí *(electrolyst)*, Dearthóir Faisin, Mainicín Faisin,

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Níl mórán oibre ar fáil seachas ag na gruagairí.
- Pá agus ioncam an-éagsúil, ní bhíonn sé an-ard ach amháin ag an bharr.
- Tionscal an-iomaíoch.
- Bíonn gá ann i gcónaí saothar maith nua a chruthú.
- Is beag seasmhacht fostaíochta atá ann.
- Rachaidh athruithe i dtreochtaí faisin i bhfeidhm ar d'ioncam.
- Obair chruthaitheach í agus scóip ann do chuid smaointe féin a fhorbairt.
- De ghnáth bítear ag obair cúpla séasúr chun cinn .i. ag obair ar bhailiúchán an chéad Gheimhridh eile san Earrach.
- Éilíonn sciamh agus áilleacht obair chrua agus a lán íobairtí.
- Is deacair ar fad a thomhas cad é an rud a rachaidh an pobal sa tóir air maidir le stíl agus faisean.

29

TALMHAÍOCHT AGUS GAIRNEOIREACHT

Caibidil 29

Talmhaíocht agus Gairneoireacht

Baineann na gairmeacha seo uilig leis an dúlra. Bíonn tú lasmuigh cuid mhaith den am is cuma cad é a chuireann timthriall na haimsire chugainn. In amanna bíonn an aimsir garbh agus gach cineál stoirme, tuile, galair a chaitheamh linn. Is tú de ghnáth an saoiste ort féin agus cé go mbíonn na huaireanta fada agus an obair éilitheach, is féidir sásamh agus tairbhe an-mhór a bhaint as ach nach mbíonn na torthaí sin i gcónaí cinnte.

Is tionscal mór í an talmhaíocht in Éirinn agus bíonn idir sheandúshláin agus dhúshláin úra roimpi i gcónaí. I measc na seancheisteanna a bhíonn ag cur as d'fheirmeoirí tá an aimsir, aicídí, margaí ag síorathrú agus rótháirgeadh nó ganntanais *(gluts or shortages)*; áirítear ar na nuadhúshláin láimhseáil na bhfóirdheontas laghdaithe, teorainneacha ar ghníomhaíochtaí ceadaithe agus iomaíocht na dtáirgí allmhairithe *(imported products)*.

AG ATHRÚ

Le cois na ngníomhaíochtaí traidisiúnta tá an talmhaíocht ag aistriú chuig achair nua ar nós barraí breosla bithfhuinnimh agus soláthróidh sin deiseanna nua ach nach fios cad é mar a réiteoidh an rud ar fad leis na Ceantair Chaomhnaithe Speisialta. Tá monarcha bhithdhíosaile *(biodiesel)* i dtuaisceart Corcaigh agus tá na margaí ag méadú i rith an ama do bharra breosla.

Tá an iomaíocht ghéar ag brú na bpraghsanna síos agus tá roinnt de na feirmeoirí ar ghnách leo glasraí a sholáthar do na hollmhargaí ag éirí as anois cionn is nach fiú é a thuilleadh ach tá daoine eile ina measc atá ábalta maireachtáil sa timpeallacht nua seo. Tá tionchar fiú ag gluaiseacht na nGlasach ar na cúrsaí seo ar fad agus coincheap 'na mbiamhílte' (cá fhad ab éigean do do bhia taisteal sular tháinig sé chuig do phláta) ag teacht aníos go ndéanann daoine níos mó machnaimh anois, agus roghnaíonn siad bia a tháirgtear go háitiúil.

MARGAÍ FEIRMEOIRÍ

Anois, caithfidh bialanna agus ollmhargaí a léiriú cá as a dtáinig a gcuid feola - díríonn sin aird fosta ar tháirgí áitiúla. Tá sásamh mór le baint ag feirmeoirí as na margaí feirmeoirí atá ag forbairt go mór le tamall nó ní hamháin go soláthraíonn siad an bia ach is iad chomh maith a bhíonn i mbun díolachán agus dáileadh na dtáirgí éagsúla agus cuireann sin lena smacht ar an mhargadh agus lena gcuid ioncaim ar ndóigh.

Tá dhá chur chuige fhéideartha in earnáil an bhia, bíodh sin sa ghairneoireacht *(horticulture)* nó sa talmhaíocht. Tig le duine tabhairt faoi tháirgeadh ar an mhórchóir *(large scale)* le gach cineál innealra agus próiseáil thionsclaíoch rud a ghinfeadh barainneachtaí scála *(economy of scales)*, é sin nó is féidir dul ar mhalairt slí le táirgí ceirde íostoirte *(low volume)* a mbaineann ardchostas agus ardcháilíocht leo nó fiú dul i gceann táirgí orgánacha. Tá an chuma air go mbeidh dhá rud cinnte, beidh níos lú daoine fostaithe san earnáil agus beidh oideachas nó oiliúint riachtanach feasta.

CÁILÍOCHT FHOIRMIÚIL

Ar an dea-uair, tá an traenáil sin ar fáil faoi láthair ó Teagasc agus ó na hInstitiúidí Ardoideachais. Ní bhfaighidh tú an deontas fearais ná go leor de na deontais eile a bhaineann le feirmeoireacht gan cáilíocht fhoirmiúil san fheirmeoireacht. Ach lasmuigh de sin beidh cáilíochtaí de dhíth ort le d'fheirm a reáchtáil mar fhiontar brabúsach agus fios agat ar phleanáil agus ar bhainistíocht bhuiséid.

Bíonn cúrsaí leibhéal 5 ag na coláistí Talmhaíochta, leibhéal 6 ag na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus leibhéal 8 ag na hollscoileanna. Mura féidir leat freastal ar aon cheann acu sin is féidir leas a bhaint as an nua-theicneolaíocht agus cuid de do chuid cáilíochtaí a fháil ar líne fríd an e-choláiste atá ag Teagasc.

Sa ghairneoireacht thráchtála fástar barra le haghaidh bia (agus anois i dtáirgeadh breosla) agus faoi mar a chonacthas sa talmhaíocht is féidir an cur chuige táirgeadh tionsclaíoch ardtoirte *(high volume)* a roghnú nó dul i mbun táirgí ceirde íostoirte ar luach ard. Tá deiseanna iontacha ag baint leis an dá mhodh a fhad is go mbíonn pleanáil chuí fiontraíochta déanta agat. An rogha eile atá ann an ghairneoireacht thaitneamhach (ag obair i bpáirceanna, i ngarraithe agus in ionaid phoiblí) nó an cur chuige tráchtála a bhaineann leis sin sna lárionaid ghairneoireachta atá ag borradh aníos ar fud na tíre.

TRÉIDLIACHT

Cé gurb í an fheirmeoireacht an phríomhshlí bheatha a bhaineann le hainmhithe, ní hí is mó a mbíonn tóir uirthi ag daoine atá tugtha d'ainmhithe. Tá tréidliacht, mar a mbíonn tú ag plé le hainmhithe tinne agus gortaithe, ar na cúrsaí is airde cáilíochtaí sa tír. Níl ach an cúrsa amháin in UCD, tá sé cinn sa Ríocht Aontaithe agus tá cinn ar fáil san Ungáir anois mar a dteagasctar cúrsaí fríd Bhéarla. Cuidíonn altraí tréidliachta leis an tréidlianna agus tá oiliúint don ghairm sin ar fáil in UCD chomh maith agus in IT Átha Luain.

Tá tionscal na gcapall ag méadú i gcónaí agus tá deiseanna ag gach leibhéal san earnáil seo ach bíodh a fhios agat go bhfuil uaireanta fada agus obair chrua i gceist. Má tá tú beag, láidir agus cróga tig leat iarracht a dhéanamh bheith i do mharcach ach is beag uilig a n-éiríonn leo dul go dtí barr na gairme seo. Fosta caithfidh tú do shaol ag coimhéad do mheáchain agus ag tabhairt aire do chnámha briste. I measc gairmeacha nua le hainmhithe, luaitear grúmaeireacht pheataí, sciamheolaí peataí, oibrithe coinéil *(kennel staff)* nó fiú síceolaithe peataí.

ROINNT GAIRMEACHA

Freastalaí Páirce, Cúntóir Siopa Peataí, Teicneoir Éanlaithe, Diallaiteoir *(saddler)*, Anailísí Síolta, Tréadaí, Grúmaeir Stábla, Fostaí Graífheirme *(stud farm employee)*, Ceannaí Adhmaid, Tréidlia, Maor Zú, Oibrí Innealra, Tiománaithe, Bainteoir Torthaí, Eachaí, Fear bainne, Déantóir Suibhe, Oibrí Garraíodóireachta, Tógálaí Eallaigh, Conraitheoir Talmhaíochta, Innealtóir Talmhaíochta, Meicneoir Talmhaíochta, Oibritheoir Innealra Talmhaíochta, Díoltóir Táirgí Talmhaíochta, Oifigeach Talmhaíochta, Altra Cúnta Ainmhithe, Oibrí Chumann Leasa Ainmhithe, Iompróir Capall *(horse transporter)*, Oiliúnaí Capall, Gairneoir, Cigire Talmhaíochta, Cigire Gairneoireachta agus Beachaireachta, Oibrí Draenála Talaimh, Tírdhreachóir *(landscapist)*, Garraíodóir Margaidh *(market gardener)*, Cigire Talmhaíochta Cúnta, Déantóir Ime agus Cáise, Bainisteoir Uachtarlainne, Coimeádaí Beach, Bainisteoir Feirme, Crúdóir *(farrier)*, Foraoiseoir, Grósaeir, Coimeádaí Páirce, Oibrí Gorlainne *(hatchery worker)*.

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Obair a bhfuil a lán rudaí le hathdhéanamh ann agus roinnt brú
- Leibhéil éagsúla ioncaim, an-mhaith blianta áirithe, an-olc blianta eile.
- Obair throm fhisiceach
- Obair lasmuigh is cuma cén séasúr agus cén aimsir a bhíonn ann.
- Obair a thig bheith bréan, cáidheach agus contúirteach in amanna.
- Ag obair i d'aonar de ghnáth nó le cúpla duine eile anois is arís.
- Uaireanta mírialta sna poist ar fad nach mór.
- Tá titim ag teacht go ginearálta ar an líon deiseanna san earnáil seo.
- Ag úsáid a lán innealra agus uirlisí
- Contúirt go gcuirfí cealg ionat, go mbainfí greim asat nó scríob nó ciceanna ag ainmhithe
- Contúirtí a bhaineann le toirisc slabhra, lomairí agus tarracóirí.

30

GNÓ MUIRÍ, IASCAIREACHTA AGUS UISCE

Caibidil 30

Gnó Muirí, Iascaireachta agus Uisce

Is tionscal ollmhór domhanda í an loingseoireacht agus déantar mórchuid earraí an domhain a iompar thar farraige. Is amhlaidh a bhíonn féidearthachtaí móra ag roinnt le gairmeacha sa loingeas tráchtála *(commercial shipping)*. Eitleoidh do chomhlacht thú as Éirinn go fiú chuig an áit as a mbeidh do long ag imeacht. Nuair a bheidh tú ar bord thiocfadh leat bheith ag obair go leanúnach ar feadh seachtainí ach os a choinne sin faigheann tú saoire chladaigh *(shore leave)* ar feadh cúpla mí chomh maith. Dóigh iontach leis an domhan a fheiceáil agus sult a bhaint as an dúlra.

Is í an fharraige an acmhainn is mó ar an phláinéad seo. Tairgeann an fharraige fhiáin sin neart gairmeacha. Tig leat seilg a dhéanamh sa mhuir mar iascaire, feirmeoireacht uirthi sa dobharshaothrú *(aquaculture)* nó í a úsáid mar mhótarbhealach. Iompraítear 90% de tháirgí uirthi agus go leor leor taistealaithe fosta.

ACMHAINN OLLMHÓR

An bhfuil a fhios agat go bhfuil achair mhara na hÉireann naoi n-uaire níos mó ná achar dromchla an talaimh inti? Is léiriú é sin gurb acmhainn ollmhór againn í. Is tionscal é tionscal na mara a fhostaíonn os cionn 44,000 duine agus ar fiú thar €3 billiún don gheilleagar é. Tá an fhlít long á tógáil agus á hathnuachan ar bhonn leanúnach againn ach bíonn teorainn á cur ar chuótaí srl. ag an Aontas Eorpach leis an stoc iasc a chaomhnú.

De bharr na gclár athnuachana Eorpach agus rialtais tá flít nua-aimseartha éifeachtúil don iasc gheal ann anois a thugann an deis d'iascairí na hÉireann dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta. Tá soithí úra anois ann in áit na seansoithí a bhíodh in úsáid ach tá teorainn ar an mhéid iasc a cheadaítear a mharú agus ar an líon laethanta a thig le hiascairí a mbád a chur chun farraige.

CAOMHNÚ STOIC

Tá an caomhnú stoic *(stock conservation)* ina cheist dhomhanda. Cé go bhfuil na hacmhainní againn le hollghabhálacha iasc a mharú, le fírinne tá an t-éiceachóras an-leochaileach agus ba ghá do na náisiúin

éagsúla aontú ar theorainneacha iascaireachta leis an stoc a chaomhnú. Rinneadh ró-iascaireacht ar na scoileanna móra troisc *(cod)* amach ó chósta Thalamh an Éisc agus de bhrí go bhfuil an t-iasc sin chóir a bheith imithe i léig anois tá cosc iomlán ar iascaireacht sa cheantar.

Tá bagairt á cur ar éisc eile chomh maith agus de bharr an chuóta is éigean do na hiascairí dul níos faide ó bhaile lena ngabháil a fháil nó le speicis úra nach bhfuil i mbaol a mharú agus iarracht a dhéanamh margadh a chruthú daofa.

Tá an margadh don iasc ag borradh i gcónaí agus is mó a bhíonn daoine á ithe mar chuid dá ngnáthaiste bia. Tá tábhacht mhór leis an tionscal próiseála óir is féidir, fríd na próisis dhifriúla, breis luacha a thabhairt don iasc atá ceaptha. Ar na mallaibh is é an tuinnín *(tuna)* is mó atáthar a mharú agus a dhíol ar mhargadh na hÉireann. As siocair na huiscí bheith níos teo is mó speiceas neamhchoitianta a tharraingíonn ar ár gcóstaí anois ach is mó stoirmeacha garbha a bhíonn ann fosta de bharr an teasa a chuireann as do thionscal na hiascaireachta.

Tá an rialtas tiomanta go fóill don tionscal agus tugadh coimisiún d'Fhoras na Mara le staidéar a dhéanamh ar na stoic iasc. Tá dhá long mhóra ag an institiúid seo, an Explorer agus an Voyager, agus tá roinnt de na saotharlanna is iontaí agus is fearr ar domhan acu. Is cuid den Phlean Náisiúnta Mara é sin agus na forbairtí móra a rinneadh sa Lárionad Réigiúnach Iascaigh i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Contae Chorcaigh a bhfuil trealamh úrnua acu agus sa Choláiste Náisiúnta Iascaigh ar an Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall ar cuireadh síneadh mór leis.

TAIGHDE

Tá taighde ar siúl fosta féacháil an féidir leas a bhaint as cumhacht ollmhór leanúnach na farraige fríd thionscnaimh bunaithe ar fhuinneamh tonnta agus taoidí. Tá áiseanna úrscothacha fosta ag an Choláiste Náisiúnta Muirí in IT Chorcaí a chuimsíonn insamhladh iomlán *(full simulation)* ar dhroichid long, scotháiseanna ríomhaireachta agus oiliúint mhuirbhunaithe. Is é an coláiste seo is mó a fhreastalóidh ar an éileamh mhór ar phearsanra cáilithe i réimse na mara.

Bunaíodh An Bord um Imscrúdú Taismí Mara *(Marine Casualty Board)* le hanailís agus fiosrúcháin mhiona a dhéanamh ar thimpistí mara. Tá an fharraige ar na háiteanna is fairsinge, is fiáine agus is áille amuigh ach tá sí diamhair agus contúirteach chomh maith. Bí cinnte go bhfuil an traenáil déanta, an trealamh leat agus an meon cuí agat ó thaobh sábháilteachta de le tairbhe a bhaint as a féile.

ROINNT GAIRMEACHA

Tumadóir, Oifigeach Raidió Muirí, Feirmeoir Breac, Bitheolaí Muirí, Fear Gheata Duga, Póilíní an Chuain, Coinneálaí Loic *(lock keeper)*, Dugaire, Sparánaí Loinge, Pearsanra Chomharchumann Iascaireachta, Ailtire agus Teicneoir Muirí, Dalta sa tSeirbhís Chabhlaigh, Grádú sa tSeirbhís Chabhlaigh, Máistir Cuain *(harbour master)*, Pearsanra Rige Ola ar Muir, Iascaire, Maor Loinge *(boatswain)*, Innealtóir Muirí, Criú Bád Tarrthála, Loingseoir *(light shipman)*

BUNTÁISTÍ AGUS MÍBHUNTÁISTÍ

- Ag maireachtáil cóngarach do na daoine céanna ar feadh tréimhsí fada ag an am.
- Obair leanúnach ar feadh seachtainí as a chéile, ach leantar de sin le tréimhsí fada saoire ar tír.
- Níl mórán oibre ar fáil i gcúrsaí iascaireachta, ach tá a lán sa loingseoireacht.
- Braitheann an pá ar mhéid na gabhála, sin nó is féidir obair chonartha a fháil.
- Tig leis na huaireanta oibre bheith mírialta, le sealobair agus uainí ag coimhéad nó ag faire.
- Ceathrúna cónaithe *(living quarters)* cúnga ar bord long nó bád.
- Deis cuairt a thabhairt ar a lán tíortha difriúla i roinnt gairmeacha ar an fharraige.
- Is obair iontach fisiceach í; caithfidh tú bheith gasta, beacht agus cúramach.
- Is obair an-chontúirteach í.
- Drochdheimhneacht ar fhostaíocht.

ROINN 3

BLAISEADH DEN FHOSTAÍOCHT

31

IARRATAS AR PHOST



Caibidil 31

Iarratas ar phost

IARRATAS AR IDIRLÍON

Cé go n-iarrann roinnt comhlachtaí go fóill iarratas sa phost, lorgóidh formhór na gcomhlachtaí agus na n-áisíneachtaí earcaíochta uilig anois go gcuirfí iarratais chucu fríd an ríomhphost nó ar a suíomh idirlín. Déanfar an CV agus na sonraí a théann leis a stóráil ar bhunachar sonraí. Má bhíonn tú ag déanamh iarratais ar líne is tábhachtach cuimhneamh ar na pointí seo thíos.

Cuir uimhir thagartha nó teideal an phoist sa bhearna *'subject'* ar litir thoisigh do ríomhphoist. Mura ndéanfaidh tú sin thiocfadh dó go rachadh d'iarratas ar strae sa phróiseas earcaíochta.

Cé go mbeidh CV ginearálta agat, beidh agat lena nuashonrú nó lena athrú de réir riachtanais an fholúntais a bhfuil tú ag cur isteach air. Aibhseoidh tú dá réir sin an taithí speisialta atá agat a fhreagraíonn don phost. Cuimhnigh gurb é an CV an uirlis is tábhachtaí margaíochta atá ann agus ní hé ról an Bhainisteora Acmhainní Daonna bheith ag léamh idir na línte ag iarraidh a thuiscint cad é atá tú a rá.

Cuirtear i gcónaí nóta clúdaigh leis an iarratas ríomhphoist. Coinnigh an nóta gairid agus cuimsitheach agus seol é chuig seoladh an teagmhálaí a tugadh san fhógra. Ba chóir go luafá sa nóta seo eolas fá cá huair a bheifeá ar fáil don agallamh, an fógra scoir/imeachta a chaithfeá a thabhairt do d'fhostóir reatha agus do shúilíocht *(expectation)* maidir le tuarastal.

Bí cinnte go gceanglaíonn tú do C.V. leis an litir – is minic a dhéanann daoine dearmad de seo agus a sheolann siad ar aghaidh a n-iarratas gan an C.V. bheith leis. Cuireann sin droch-chuma ar do scileanna eagrúcháin ón chéad lá!

SCAIRT GHUTHÁIN

B'fhéidir ag pointe éigin le linn an phróisis go gcaithfeá scairt ghutháin a chur ar an chomhlacht le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an phost nó le hagallamh a shocrú. Bí cinnte go bhfuil tú réidh don ghlao seo agus go bhfuil a fhios agat cé atá tú a iarraidh. Bíodh a fhios agat cá huair atá tú ar fáil don agallamh agus más féidir bíodh an fógra nó an tsonraíocht phoist *(job specification)* os do chomhair ar eagla go gceistítear thú mar gheall air.

Más ar ghuthán póca atá tú ag scairteadh, cinntigh go bhfuil tú in áit chiúin a bhfuil clúdach maith ar fáil inti agus go bhfuil do shá creidmheasa *(enough credit)* agat leis an scairt a dhéanamh.

IARRATAIS SCRÍOFA

Uaireanta go fóill, iarrfaidh comhlachtaí áirithe iarratas bheith curtha sa phost. Tarlaíonn seo go príomha i bpoist Rialtais ar nós na Státseirbhíse, na bhFórsaí Cosanta srl. Lena aghaidh seo, beidh agat le do CV a phriontáil amach agus litir chlúdaigh a chur leis a shíníonn tú i do lámh féin. Cuimhnigh go mbíonn rialacha diana i bhfeidhm maidir le dáta druidte d'iarratais phoist agus nach nglacfar le hiarratais mhalla.

FOIRMEACHA IARRATAIS

Is ceart i gcónaí foirmeacha iarratais a fhótachóipeáil agus ceann a líonadh amach go garbh de chéaduair mar dhréacht. Níl aon rud is measa ná foirm iarratais a fháil atá clúdaithe le marcanna leachta ceartaithe *(correction fluid)*. Bí cinnte go n-úsáideann tú an dath ceart pinn agus go líonann tú an fhoirm le bloclitreacha más é sin a iarrtar. Má bhíonn tú ag cur leathanach breise le d'fhoirm, bí cinnte go gceanglaíonn tú le stápla é nach gcaillte é nuair a bhaineann sé an comhlacht amach. Is smaoineamh maith é a iarraidh ar chara nó ar ghaol leat d'iarracht a léamh agus leasuithe nó moltaí a dhéanamh.

TEISTIMÉIREACHTAÍ

Ar fhormhór na bhfoirmeacha iarratais agus na gCVnna, iarrtar ainm agus uimhir theagmhála bheirt mholtóirí. B'fhéidir agus tú ag toiseacht, nach bhfuil a leithéid de dhuine agat le tuairim a thabhairt, cuir i gcás, ar do chumas oibre. Sa chás seo, tugtar de ghnáth ainm duine a bhfuil aithne aige ort ar bhonn oideachais agus moltóir eile atá ábalta labhairt ar do charachtar (.i. garda a bhfuil aithne acu ort nó eile).

Cinntigh leis na daoine ar dtús sula dtabharfaidh tú a n-ainmneacha mar mholtóirí, mínigh daofa go mb'fhéidir go bhfaigheadh siad glaoch gutháin agus déan seiceáil go bhfuil a gcuid sonraí mar is ceart agat.

CURRICULUM VITAE

Is den tábhacht go gcoinneoidh tú do CV chomh gairid agus chomh hachomair agus is féidir, go ginearálta is cáipéis dhá leathanach a bhíonn ann ach mar is faide a bhíonn tú ag obair mar is faide a bheas sé. Agus tú ag toiseacht amach ar do shaol oibre beidh níos mó fócais ar do chuid éachtaí oideachais sa CV ach de réir a chéile beidh gá le níos mó béime a chur ar do thaithí oibre agus do chuid teastais theicniúla/thionsclaíocha. Ba cheart é a chlóscríobh agus roinnt cóipeanna a dhéanamh d'fhostóirí difriúla. De ghnáth leagtar amach é ina chúig rannóg a liostaítear thíos:

1. **SONRAÍ PEARSANTA**
   Ainm, Seoladh, Dáta Breithe, Uimhir ghutháin, Guthán póca, Seoladh ríomhphoist.
2. **CÁILÍOCHTAÍ**
   Ainm na hiar-bhunscoile ar fhreastail tú uirthi agus dátaí, torthaí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteiste agus cáilíochtaí scoilbhunaithe.
3. **TAITHÍ AGUS SCILEANNA EILE**
   Is rannóg an-tábhachtach í seo a dtugann daltaí meas faoina luach air go minic. Déan cur síos gairid ar phost ar bith samhraidh nó ghníomhaíochtaí deonacha a raibh baint agat leo; luaigh aon scil speisialta a bhfuair tú máistreacht uirthi m.s. tiomáint, ríomhaireacht, ealaín nó rud ar bith praiticiúil. Ní leor é a rá go raibh tú ag obair san uachtarlann áitiúil don samhradh – luaigh go beacht na tascanna a rinne tú, na freagrachtaí a bhí agat agus na míreanna oibre a bhí faoi do chúram. Is í seo an rannóg a dhéanfaidh difear idir tú féin agus iarratasóirí eile.

4. **SUIMEANNA AGUS ÉACHTAÍ**
Léiríonn tú anseo cad é mar is fearr leat do chuid am fóillíochta a chur isteach. Is maith le fostóirí fáil amach an dóigh a gcaitheann tú d'am saor, cad iad na cluichí a imríonn tú agus na caithimh aimsire a bhíonn agat. Déan cur síos gairid ar do chuid éachtaí neamhacadúla agus do phríomhshuimeanna.

5. **MOLTÓIRÍ**
Aimsigh agus abair le duine freagrach éigin a bhfuil an dea-aithne acu ort agus atá sásta focal a thabhairt ar do shon. B'fhéidir gurb é an bainisteoir a bhí agat le linn an tsamhraidh i bpost páirtaimseartha nó áit ar chuidigh tú le daoine go deonach. Iarrfaidh fostóirí teistiméireacht scoile de ghnáth chomh maith.

Amharc ar **www.office.microsoft.com/en-us/templates** faoin roinn ar Your Career, agus gheobhaidh tú a lán résumé snasta nó na suímh earcaíochta **www.loadzajobs.ie**, **www.monster.com**, **www.irishjobs.ie** le haghaidh tuilleadh leideanna ar phoist a aimsiú agus cur isteach orthu.

LITREACHA

In ainneoin ríomhphoist agus na modhanna leictreonacha le hiarratas a chur isteach, is minic a iarrann comhlachtaí fosta go scríobhfá litir chucu, le d'iarratas poist. Bíonn teimpléad nó treoir le haghaidh litir a scríobh ar an chuid is mó de na pacáistí bogearraí. Cé go mbíonn coinbhinsiúin bainte le scríobh litreacha de ghnáth seachas rialacha diana, is fearr, áfach, cloí le treoirlínte áirithe. Is ceart páipéar bán A4 gan línte a bheith agat ar dtús.

- Má tá tú ag scríobh na litreach, ba cheart peann dubh a úsáid, is minic áfach a iarrann comhlachtaí go gclóscríobhfaí iad – cinntigh san fhógra cad é atáthar a lorg uait.
- Ba cheart go mbeadh litreacha iarratais gairmiúil. Bain úsáid as focail choitianta, ag coinneáil do chuid abairtí gairid agus gonta.
- Socraíonn an rogha chúramach focal a phiocann tú tuin do litreach agus cuidíonn siad leat dul i bhfeidhm ar dhaoine go dearfach ón tús le go mbeidh dea-bharúil acu díotsa, de do chuid scileanna, láidreachtaí, cumas agus nósanna oibre.
- Roghnaigh focail ghnímh.
- Níor cheart do do litir bheith níos faide ná aon leathanach, más féidir. Is fearr abairtí a thoiseacht le dobhriathra ama leithéidí, "Le linn an tsamhraidh … ", "Le dhá bhliain anuas …", " Anuraidh …", seachas iad a thoiseacht le "Bhí mé …"

- Tosaítear an litir le ‘A dhuine uasail/bhean uasal’.
- Is é an gnáthdheireadh a chuirtear ar litir “Is mise le meas,” más chuig oifigeach éigin atá tú a scríobh nó “Is mise le dúthracht” más chuig duine ainmnithe atá tú a scríobh.

LEAGAN AMACH LITREACH

Uimhir do Thí agus Ainm do Shráide
An Baile Mór/Cathair
An Contae
An Cód Poist

Dáta an lae inniu

Ainm an Duine
Post
Eagraíocht/Comhlacht
Seoladh

Tag: Teideal an Phoist/ Folúntas/Uimhir Thagartha (mar atá san fhógra)

A (ainm an duine), a dhuine uasail,

Ba cheart go luafá i do chéad alt cad chuige a bhfuil tú ag scríobh .i. ag cur isteach ar phost ar leith agus cá bhfaca tú é fógartha.

Ba chóir go spreagfadh d’alt lárnach suim ionat féin, déan measartha soiléir é go bhfuil tú tógtha fán phost seo agus gur suim leat é go mór agus cothaigh an mhian sa léitheoir agallamh a chur ort. Tabhair sonraí fá do chúlra a thaispeánfaidh cad chuige ar cheart éisteacht a thabhairt duit, agus tú ag tagairt do do cháilíochtaí ginearálta, do do thaithí oibre nó do shuimeanna atá agat a bhaineann leis an phost.

San alt deiridh s’agat tagair do roinnt gnéithe ar do C.V. iniata. Abair go gcuirfear tuilleadh sonraí ar fáil, ach iad a iarraidh.

Is mise le meas,
*Do Shíniú*_____
D’ainm PRIONTÁILTE

32

AGALLAIMH

Caibidil 32

Agallaimh

Fán am a mbaineann tú an pointe seo amach, tá tú níos mó ná leath bealaigh ann le do phost a fháil, anois níl le déanamh agat ach a chur ina luí ar an chomhlacht gur tú an duine is fearr don jab.
Ta an chéim seo an-tábhachtach agus is anseo go ginearálta a éiríonn daoine rómhuiníneach agus a ligeann siad iad féin síos ar an ábhar nach gcuireann siad am i leataobh le hullmhú don agallamh.

ULLMHÚCHÁN

Ba chóir go mbeadh sonraíocht iomlán poist ar eolas agat a liostaíonn an réimse scileanna agus inniúlachtaí pearsanta atá riachtanach don phost do gach ról a dtéann tú faoi agallamh dó. Bíodh eolas mion agat ar an tsonraíocht phoist *(job specification)* sa dóigh go dtig leat do chuid taithí oibre féin a cheangal leis na scileanna atá siad a lorg. Labhair le duine éigin sa chomhlacht le fáil amach fá chultúr an chomhlachta – an suíomh oibre neamhfhoirmiúil é nó an bhfuil siad ag féacháil le hiarratasóirí níos foirmiúla a fhostú.

Nuair a iarrtar chun agallaimh thú, fiafraigh díobh cén stíl agallóireachta a úsáidtear nó an mbeidh teist theicniúil srl. le déanamh. Féadfaidh agallamh bheith bunaithe go príomha ar do C.V. – agallamh beathaisnéise - nó níos struchtúrtha agus bunaithe ar do chuid cumas.

Bíonn se i gcónaí inmholta spléachadh a thabhairt ar shuíomh gréasáin an chomhlachta agus eolas maith a chur ar a gcuid táirgí nó seirbhísí. Cinntigh go bhfuil tú ar an eolas fosta fán tionscal ina bhfeidhmíonn siad agus cé acu a bhí siad sa nuacht le deireanas maidir le duais ar bith a ghnóthaigh siad nó eile. Léireoidh an taighde seo a rinne tú ar a gcúlra go bhfuil suim agat sa ról agus b'fhéidir go dtabharfadh sin toiseach duit ar na hiarrthóirí eile atá faoi agallamh.

Má bhíonn ceisteanna maithe agat fán ról, léiríonn sé go bhfuil machnamh déanta agat agus gur mian leat an post a chomhlíonadh go héifeachtach agus go dtig leat tú féin a fheiceáil i mbun an róil cheana. B'fhéidir go gcuirfeá ceisteanna fá na táirgí atá acu nó fána gcuid polasaithe/ beartas fostaíochta sa chás go n-éireodh leat san agallamh.

AN tAGALLAMH É FÉIN

Bí cinnte an lá roimh an agallamh go mbíonn sonraíocht iomlán an phoist agat, go bhfuil a fhios agat an seoladh beacht agus go bhfuil ainm teagmhála agus teideal an té a bhfuil tú le bualadh leis agat. Má tá an comhlacht i gceantar nach bhfuil tú an-chinnte de, tabhair sciuird ghasta amach chun na háite agus aimsigh cá gcaithfidh tú dul – níor mhaith leat bheith a dhéanamh sin faoi strus le linn buaicthráth *(rush hour)* tráchta.

Tabhair tréan ama duit féin. Ní leor a rá go raibh brú tráchta ann, má bhíonn tú mall ag d'agallamh. Más ag dul ar iompar poiblí atá tú, bí cinnte go bhfuil go leor airgid agat le haghaidh tacsaí sa chás nach dtiocfadh an bus nó an traein in am.

Bíonn tábhacht i gcónaí leis an chéad bharúil a bhíonn ag daoine duit – gléas tú féin go sciobalta néata i dtólamh le haghaidh agallaimh. Ná smaoinigh mar gheall ar chultúr comhlachta éigin go dtig leat gnáthbhríste géine a chaitheamh ag agallamh, ná gabh sa tseans, is féidir na héadaí neamhfhoirmiúla a chaitheamh nuair a bheas an jab agat! Cinntigh go bhfuil do chuid éadaí don agallamh nite agus iarnáilte cúpla lá roimh ré.

Éiríonn gach duine beagán neirbhíseach roimh agallamh, mar sin de, déan cinnte go bhfaigheann tú oíche mhaith chodlata roimh ré. Cuirfidh an scíste níos mó ar do shuaimhneas thú agus éireoidh níos fearr leat dá réir.

LE LINN AN AGALLAIMH

Bíonn a lán agallamh ar siúl ag comhlachtaí na laethe seo agus cé go mbíonn na hagallóirí níos cairdiúla anois bíonn siad níos gairmiúla chomh maith. Meancóg a dhéanann iarrthóirí go minic is ea go n-éiríonn siad ró-réidhchúiseach *(too laid back)* leis an phainéal agallaimh – cuimhnigh go bhfanann tú féin cairdiúil, oscailte agus gealgháireach ach foirmiúil agus guaim agat ort féin.

Ar dhul isteach sa tseomra duit, croith lámh le baill an phainéil agus gabh buíochas leo as tú a roghnú le haghaidh agallaimh. Ar dtús, míneoidh cathaoirleach an phainéil duit fán agallamh agus fá na róil atá i gceist, am srl. a thabhairt deise duit bheith ar do shuaimhneas. Cuimhnigh ar an riail 80/20 .i. tusa ag déanamh cainte ar feadh 80% den am agus an t-agallóir an chuid eile. Ná bíodh freagraí 'Sea/Ní hea' ar bith agat, i gcónaí sín amach do fhreagra go hiomlán nuair a chuirtear ceist ort. Déan iarracht fosta teagmháil leanúnach súl a choinneáil le lucht do cheistiúcháin agus bíodh do theanga choirp oscailte dearfach.

Má chuirtear ceist ort agus nach bhfuil a fhios agat an freagra, is fearr duit gan cur i gcéill, bí ionraic agus inis an fhírinne don phainéal á rá go bhfuil eolas teoranta agat agus go mbeidh áthas ort níos mó a fhoghlaim fán cheist. Samhlaigh dá mbéarfaí ort ag inse bréag le linn agallaimh.

Déan iarracht do chuid ama le linn an agallaimh a úsáid le cur in iúl cad iad na bealaí atá tusa oiriúnach don phost agus cad iad na héachtaí a rinne tú a bhaineann le hábhar (is minic nach mbíonn daoine maith ag maíomh astu féin ach dáiríre is é sin a theastaíonn le linn agallaimh). Ag an deireadh is maith má bhíonn ceist nó dhó ullmhaithe agat féin le cur orthu agus is maith de ghnáth fiafraí díobh cad é an chéad chéim eile sa phróiseas.

Coinníonn a lán comhlachtaí a gcuid aiseolais agallaimh ar comhad le haghaidh iarratas amach anseo, mar sin de, fiú mura n-éiríonn leat san agallamh le comhlacht áirithe is den tábhacht é go gcaitheann tú go gairmiúil leis an aiseolas seo, nó is féidir go mbeifeá oiriúnach do phost eile san am atá le teacht.

SCÉIM MHARCÁLA

Tugann agallóirí gairmiúla marcanna go minic faoi na ceannteidil thíos de réir rúibric bunaithe ar dhuilleog mheasúnaithe ar nós an chinn thíos:

5 = SCOTH 4 = AN-MHAITH 3 = GO MAITH 2 = LAG 1 = NÍL SÉ/SÍ SA REICNEÁIL

1. **OIDEACHAS/INNIÚLACHT DON RÓL**
   Tchím go ndearna tú Gnó don Ardteist. An dtiocfadh leat a rá
   Cad é a d'fhoghlaim tú agus cén dóigh a mbeadh sin oiriúnach don phost seo?

2. **TAITHÍ ÁBHARTHA**
   Inis dúinn fán taithí oibre a bhí agat le Banc Aontas Éireann?
   Ar úsáid tú aon bhogearra ar leith sa rannóg TEC a chuideodh leat anseo?

3. **EOLAS AR AN tSONRAÍOCHT PHOIST**
   Cad chuige, dar leat, a bhfuil scileanna maithe eagrúcháin tábhachtach do phost sa bhanc seo?

4. **EOLAS AR AN CHOMHLACHT AGUS TAIGHDE CHÚLRA**
   Cad é a mheall tú le hobair a lorg linne anseo? An dtig leat beagán a rá liom fá na táirgí agus na seirbhísí a thairgeann an comhlacht seo dár gcustaiméirí?

5. **CAD CHUIGE TUSA – SCILEANNA DON PHOST/DEARCADH**
   Beimid ag bualadh inniu le triúr iarratasóirí eile don phost seo –
   an dtig leat a rá linn cad chuige ar chóir dúinn tusa a fhostú seachas duine eile?

6. **LEIBHÉAL SUIME AGUS DÍOGRAISE LÉIRITHE**
   Dá bhfostóimis thú, cad é an plean pearsanta 3 bliana a bheadh agat duit féin sa chomhlacht seo?

7. **CUR I LÁTHAIR AGUS SCILEANNA CUMARSÁIDE**
   Labhair linn fá chur i láthair a rinne rú ar scoil/ar an choláiste ar na mallaibh agus cad é mar a d'éirigh leat.

SCILEANNA

Tagraíonn scil do rud a bhfuil tú maith aige. B'fhéidir nach bhfuil a fhios agat é, ach ag an staid seo i do shaol beidh réimse leathan scileanna so-aistrithe forbartha agat, de bhreis ar do chuid scileanna acadúla. Bíonn fostóirí ag cuardach na scileanna seo ina gcuid oibrithe níos mó ná riamh na laethe seo. Ba cheart ag an phointe seo go mbeifeá ábalta ar iad a liostú ar do C.V. ar a laghad.

Beidh taithí áirithe ag roinnt agaibh ar shaol na hoibre fríd obair pháirtaimseartha nó obair shaoire; nó taithí oibre san Idirbhliain. Faightear scileanna so-aistrithe ní hamháin fríd an taithí oibre ach fosta fríd bhaint bheith agat le clubanna spóirt agus cumainn ar scoil. I measc na scileanna a bhfuiltear ag trácht orthu luaitear scileanna praiticiúla ar nós bheith ábalta tiomáint, ríomhaire a úsáid, teanga eile a labhairt, srl. agus scileanna idirphearsanta a bhaineann leis an dóigh a mbíonn tú ag plé le daoine eile.

Is iomaí duine óg nach dtuigeann oiread scileanna atá acu; is minic ag agallaimh go mbíonn daoine ró-umhal agus nach ndéanann a mhór dá gcuid buanna agus tallann. Mar sin de glac d'am agus smaoinigh ar na scileanna difriúla ar fad atá forbartha agat, scileanna cosúil le cumarsáid, solúbthacht, cean-naireacht, cumas fadhbfhuascailte, tionscantach, sóisialta agus obair foirne. Ansin déan iarracht oibriú amach cé acu de na scileanna sin ba mhaith leat a fhorbairt a thuilleadh agus a úsáid i do shaol oibre.

33

CEARTA OIBRITHE, CÁNACHA & ÍOCAÍOCHTAÍ LEASA SHÓISIALTA

Caibidil 33

Cearta Oibrithe, Cánacha & Íocaíochtaí Leasa Shóisialta

Tá sé iontach tábhachtach agus tú ag toiseacht amach a dh'obair go mbíonn go leor eolais agat fá do chearta fostaíochta, mar shampla, do theidlíochtaí saoire *(holiday entitlements)*, do chearta sláinte agus sábháilteachta srl. Ba chóir go dtabharfaí an chuid is mó den eolas sin duit le linn do thraenáil ionduchtaithe leis an chomhlacht.

Ba chóir go gcloífeadh gach comhlacht leis na dlíthe seo agus is é an chéad chéim atá le déanamh acu maidir leis sin conradh fostaíochta a thabhairt duit laistigh de thrí mhí ó thús d'fhostaíochta leo. Tá sé tábhachtach go léifeá an cháipéis seo go mion sula síneofá í sa dóigh is go mbeidh tú ar an eolas fá bheartais nó pholasaithe na heagraíochta, agus tú ag breathnú chun cinn is maith fios bheith agat cad é an fógra scoir a chaithfí a thabhairt sa chás go roghnófá ar athrú poist níos faide anonn.

Tá roinnt cineálacha post faoi dhlí na hÉireann. Fostaítear bunáite na ndaoine mar oibrithe buana faoin scéim ÍMAT (PAYE) ach is féidir leat obair a dhéanamh mar oibrí féinfhostaithe chomh maith, mar chonraitheoir, mar fhostaí ar théarma socraithe, mar oibrí páirtaimseartha nó mar oibrí sealadach ÍMAT. Cé go mbaineann bunús na gceart fostaíochta le gach cineál poist is féidir go mbeadh éagsúlachtaí beaga ann ag brath ar an chatagóir fostaíochta lena mbaineann tú.

Le cois do chuid ceart difriúil i dtaca le huaireanta oibre, saoirí srl., bíonn cearta agat fosta maidir le do shláinte agus do shábháilteacht san ionad oibre. Tá sé fíorthábhachtach go mbíonn an jab a dhéanann tú agus an timpeallacht ina mbíonn tú ag obair slán sábháilte. Ní mór do gach comhlacht 'Ráiteas Sábháilteachta' bheith acu agus is féidir leis an Údarás um Shláinte agus Sábháilteacht (ÚSS) a iarraidh ar chomhlacht an beartas seo a thaispeáint daofa in am ar bith agus a iarraidh go ndéanfaí leasuithe air.

CEARDCHUMAINN

Tháinig na ceardchumainn chun cinn ag tús an chéid seo caite le freastal ar bhuarthaí a bhain le sábháilteacht agus coinníollacha oibre d'fhostaithe. Clúdaíonn dlí na hÉireann a lán den chosaint sin sa lá atá inniu ann ach tá na ceardchumainn ann i gcónaí le freastal ar riachtanais agus chearta eile oibrithe. Déanann siad ionadaíocht agus idirghabháil dá mbaill ar shocruithe pá, uaireanta oibre agus cosaint ar

